# Ceacht.ie

Cúrsa Gaeilge d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

## Treoir don mhúinteoir

**Aoife Ní Chonchúir • Úna Nic Gabhann**
Comhairleoir: Siuán Ní Mhaonaigh



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Ceacht.ie

## Cúrsa Gaeilge d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

### Treoir don mhúinteoir




Údair: Aoife Ní Chonchúir, Úna Nic Gabhann
Comhairleoir don suíomh: Siuán Ní Mhaonaigh

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Ar an 28ú Meán Fómhair 2012 sheol Naoise Ó Muirí, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an suíomh www.ceacht.ie.
I bhfómhar na bliana 2015 a foilsíodh an treoirleabhar do mhúinteoirí den chéad uair le haghaidh
**An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta**
35 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
www.cogg.ie

Dearadh agus leagan amach: Denis M-Baker, www.tudco.ie

Grianghraif: Ducklings: Peggy2012CREATIVELENZ. Princess Kate: Ricky Wilson - https://www.flickr.com/photos/rlwilsonphotography/13773362623. Enda Kenny: Pete Souza (Executive Office of the President of the United States of the United States) - whitehouse.gov. Portrait of Angela Merkel: http://commons.wikimedia.org/wiki/User:Christoph_Braun. Marlyn Monroe: http://en.wikipedia.org/wiki/20th_Century_Fox. Elvis Presley: https://www.flickr.com/photos/117123465@N06/12439301195. 04C: "President Barack Obama" by Official White House Photo by Pete Souza - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:President_Barack_Obama.jpg. Gabriel Byrne: By Ian Smith from London, England (Flickr) [CC BY-SA 2.0 (http://creativecommons.org/licenses/by-sa/2.0)], via Wikimedia Commons. President Higgins: https://www.flickr.com/photos/labourparty/6292087598/. "Dog" by Olympic1981 - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:My_dog_-_Sierak%C3%B3w_-_at_home_in_summer.jpg. Cartoon dog by: Johnny_automatic. https://openclipart.org/user-detail/johnny_automatic. Victoria Beckham: https://www.flickr.com/photos/jingdianmeinv1/4016979206. 'The Americans': logo by Supernino - Self created. - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:The_Americans_logo.png. Facebook logo courtesy of Facebook. "Debate Logo" via Wikipedia - http://en.wikipedia.org/wiki/File:Debate_Logo.svg#/media/File:Debate_Logo.svg. MABS logo, courtesy of MABS. "Participantes do Enem" by Wilson Dias/ABr - http://www.agenciabrasil.gov.br/media/imagens/2007/08/26/1425WD9825.jpg/view. "LazyGirl6" by Maria Raquel Cochez - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:LazyGirl6.jpg#/media/File:LazyGirl6.jpg. "Donkeys at farm sanctuary" by Dave Crosby - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Donkeys_at_farm_sanctuary.jpg#/media/File:Donkeys_at_farm_sanctuary.jpg. Trocaire logo courtesy of Trocaire. "Irish stew" By charles Haynes - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Irish_stew.jpg#/media/File:Irish_stew.jpg. Recycling image. http://en.wikipedia.org/wiki/Recycling#/media/File:Recycling_symbol.svg. "Electric car charging Amsterdam" by Ludovic Hirlimann - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Electric_car_charging_Amsterdam.jpg#/media/File:Electric_car_charging_Amsterdam.jpg. "Socket 5" by Firstfreddy - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Socket_5.jpg#/media/File:Socket_5.jpg. "Children at School" - Lucélia Ribeiro https://www.flickr.com/photos/lupuca/8720604364. Symbol: Cyberbullying By Petar Milošević: http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Phone_photography.jpg.

Arna chlóbhualadh in Éirinn ag Walsh Colour Print

## Cad é Ceacht.ie?

Is tionscadal nua é **www.ceacht.ie** atá dírithe ar mhúinteoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelcholáistí, ach is féidir le gach múinteoir Gaeilge úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ann. Tá an t-ábhar bunaithe ar shaol an duine óig agus baintear úsáid as ábhar nua-aimseartha agus tarraingteach ann.

## Ábhar don Teastas Sóisearach

Faoi láthair tá sé chaibidil nó sé thopaic ann agus gach ceann acu roinnte i bhfothopaicí.

## An Cineál Ábhair atá ann

Cuirtear ábhar na ndaltaí i láthair i bhfoirm Powerpoint. Bíonn tascanna labhartha, scríofa, éisteachta agus tuisceana le déanamh acu, agus tugtar píosaí litríochta agus filíochta dóibh freisin.

Mar aon leis sin, cuirtear plean ceachta cuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí le smaointe agus treoracha faoi conas an t-ábhar a úsáid go héifeachtach le gach rang; ag an am céanna, fágtar solúbthacht ag an múinteoir an plean a chur in oiriúint don rang atá aici/aige.

Tá ábhar físe agus fuaime ann le daltaí i nGaelcholáistí taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, iad ag caint fúthu féin, nó i mbun díospóireachta, nó ag freagairt ceisteanna. Tugann sé seo deis do dhaltaí ar fud na tíre éisteacht lena bpiaraí agus na canúintí a chur i gcomparáid lena chéile.

## Caighdeáin éagsúla

Úsáidtear dathanna éagsúla le caighdeáin na bhfothopaicí a léiriú: glas do na topaicí bunúsacha, oráiste do thopaicí atá measartha dúshlánach agus dearg dóibh siúd atá dúshlánach.

**Bunúsach**

**Measartha dúshlánach**

**Dúshlánach**



# Innéacs


**1. Saol na scoile** — **7**

**A.** Ábhair scoile (Jaic) 8
**B.** Ábhair scoile (Nicole) 11
**C.** Ábhair scoile (Pádraig) 13
**D.** Ábhair scoile sa saol (Measartha dúshlánach) 17
**E.** Ábhair scoile sa saol (Dúshlánach) 21
**F.** Bunscoil vs Meánscoil 25
**G.** An scrúdú cainte Gaeilge (Dúshlánach) 31
**H.** An Scoil i gCúba (Dúshlánach) 35
**I.** Scoil Thrítheangach (Réasúnta dúshlánach) 40
**J.** Tar éis am scoile (Dúshlánach) 46
**K.** Fócas ar theanga: i. Litriú (caol & leathan) 50
ii. An aimsir láithreach 52
iii. Na bunuimhreacha (1 - 10) 56

**2. Saol sóisialta** — **58**

**A.** Am saor (Aoife & Liam) 59
**B.** Am saor (Bertie) 63
**C.** Saol sóisialta 67
**D.** Nuair a bhí mé i mo dhéagóir (Réasúnta dúshlánach) 70
**E.** Díospóireachtaí Uí Chadhain (Dúshlánach) 76
**F.** Déagóirí agus sástacht (Measartha dúshlánach) 81
**G.** Déagóirí agus sástacht (Dúshlánach) 85
**H.** Dán – Fear Lasta Lampaí (Réasúnta dúshlánach) 90
**I.** Iris na Scoile 94
**J.** Fócas ar theanga: i. Litriú 97
ii. Na tuisil 100
iii. Uimhreacha 105

**3. Mo mhuintir agus mo chairde** — **107**

**A.** Ag cabhrú timpeall an tí (Réasúnta dúshlánach) 108
**B.** Ag cur aithne ar dhaoine 114
**C.** Ag tabhairt comhairle (Dúshlánach) 120
**D.** Mo sheanmháthair (Dúshlánach) 126
**E.** Mo theaghlach (Réasúnta dúshlánach) 131
**F.** Tréithe daoine (Réasúnta dúshlánach) 138
**G.** Tuismitheoirí bochta (Réasúnta dúshlánach) 143
**H.** Fócas ar theanga: i. An tuiseal gairmeach 147
ii. An modh ordaitheach 149
iii. An t-ainm briathartha 152

**4. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht** **156**
**A.** Ag sealbhú Gaeilge (Dúshlánach) 157
**B.** An Ghaeilge agus mé féin 163
**C.** An Ghaeilge thar lear (Measartha dúshlánach) 167
**D.** An tOireachtas (Dúshlánach) 173
**E.** Coimhthígh le chéile 178
**F.** Na teangacha Ceilteacha (Dúshlánach) 184
**G.** Réaltaí na Gaeilge (Measartha dúshlánach) 191
**H.** Fócas ar theanga: i. Inscne 197
ii. 'sa' agus 'i' 200

**5. Mé féin in Éirinn** **202**
**A.** An teilifís 203
**B.** Facebook (Measartha dúshlánach) 208
**C.** Ceol 215
**D.** An bochtanas (Dúshlánach) 221
**E.** An béal bocht (Dúshlánach) 227
**F.** Mé féin agus scrúduithe (Measartha dúshlánach) 233
**G.** Ocáidí móra (Dúshlánach) 238
**H.** Fócas ar theanga: i. An tuiseal gairmeach 244
ii. 'ró' agus 'an-' 246

**6. Mé féin sa saol mór** **248**
**A.** An duine agus an nádúr (Measartha dúshlánach) 249
**B.** An tríú domhan (Dúshlánach) 255
**C.** An tríú domhan ar lean (Dúshlánach) 261
**D.** Béasaí an domhain (Dúshlánach) 268
**E.** Cúrsaí comhshaoil 273
**F.** Inimirce (Measartha dúshlánach) 278
**G.** Me féin agus an Eoraip (Measartha dúshlánach) 284
**H.** Fócas ar theanga: i. An aimsir fháistineach 289
ii. An briathar saor 291
iii. Céimeanna comparáide na haidiachta 292

# Caibidil 1:
# **Saol na Scoile**

**A.** Ábhair scoile (Jaic)
**B.** Ábhair scoile (Nicole)
**C.** Ábhair scoile (Pádraig)
**D.** Ábhair scoile sa saol (Measartha dúshlánach)
**E.** Ábhair scoile sa saol (Dúshlánach)
**F.** Bunscoil vs Meánscoil
**G.** An scrúdú cainte Gaeilge (Dúshlánach)
**H.** An Scoil i gCúba (Dúshlánach)
**I.** Scoil Thrítheangach (Réasúnta dúshlánach)
**J.** Tar éis am scoile (Dúshlánach)
**K.** Fócas ar Theanga:
- i. Litriú
- ii. An aimsir láithreach
- iii. Uimhreacha



# 1A. Ábhair scoile (Jaic): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile |
| Stór focal | Ábhair scoile |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ón gcéad bhliain ag rá cad iad na hábhair atá ar bun aige. Tá an mhír éasca agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✓ Tabhair deis do na daltaí féachaint ar an liosta ábhar atá ar an sleamhnán seo agus na ceisteanna atá thíos i mbun an tsleamhnáin a phlé.
- ✓ Tá sé inmholta an ghníomhaíocht Fócas ar Theanga, Ábhair scoile (litriú) a úsáid in éineacht leis an ngníomhaíocht seo ón uair go ndírítear aird ar an riail litrithe ‘caol le caol agus leathan le leathan’. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daltaí an córas litrithe atá ann sa Ghaeilge agus is mór an chabhair dóibh an riail sin a bheith acu.

## Éisteacht

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le duine ón gcéad bhliain ag rá cad iad na hábhair atá ar bun aige agus go mbeidh orthu na bearnaí a líonadh.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a chur in oiriúint do leibhéal níos airde cumais, d’fhéadfá gan an sleamhnán sin a thaispeáint agus ceisteanna ginearálta a chur ar an gclár dóibh.
- ✓ Taispeáin an chéad sleamhnán eile don rang ina bhfuil na bearnaí líonta le feiceáil an raibh na freagraí cearta acu.

## Iarphlé


- ✓ Pléigh an chéad cheist leis an rang iomlán. Beidh a fhios acu gur ó Chiarraí é Jaic ón mblas atá aige agus ón uair go n-úsáideann sé focail ar nós ‘seinnim’.
- ✓ Iarr ar na daltaí leaganacha eile den mbriathar ‘seinn’ a chur ar fáil duit (m.sh. cas).
- ✓ Leag béim mhór ar phointe 3 ar an sleamhnán seo. Mínigh an tslí a n-úsáidtear pé briathar atá i gceist chun freagra ‘yes/no’ a thabhairt. Ní úsáidtear ‘sea/ní hea’ ach amháin más é an briathar ‘Is’ atá faoi chaibidil (e.g. An Éireannach tú? Sea/Ní hea; An múinteoir tú? Sea/Ní hea ***ach*** An itheann tú feoil? Ithim/Ní ithim; An ólann tú bainne? Ólann / Ní ólann etc.).

## Iarphlé 2

- ✓ Tabhair cúpla nóiméad do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh. Ceartaigh cuid de na habairtí a bheidh acu leis an rang ar fad.

# 1A. Ábhair Scoile (Jaic)

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Na hÁbhair Scoile** Réamhobair<br>Féach ar na hábhair scoile seo thíos. An bhfuil siad ar fad ar fáil i do scoil féin?<br>Adhmadóireacht<br>Eacnamaíocht Bhaile<br>Teicneolaíocht<br>Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil<br>Mata<br>Gaeilge<br>Tíreolaíocht<br>Gearmáinis<br>Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte<br>Reiligiún<br>Fraincis<br>Stair<br>Staidéar Gnó<br>Spáinnis<br>Ealaín<br>An bhfuil aon ábhar nach bhfuil sa liosta?<br>An ndéanann tú féin agus an duine in aice leat na hábhair chéanna? | **Stór focal bunúsach:** na hábhair scoile. Obair bheirte, plé ar na hábhair. |
| Sleamhnán 2 | **Na hÁbhair Scoile** Éisteacht<br>Éist le Jaic ag cur síos ar na hábhair scoile a dhéanann sé agus líon na bearnaí.<br>Aoife: Tá tú sa chéad bhliain anois, a Jaic.<br>Jaic: Táim.<br>Aoife: An bhfuil i bhfad níos mó ábhar á dhéanamh anseo agat anois ná mar a bhí sa bhunscoil?<br>Jaic: Tá i bhfad níos mó ábhar. _______________, ealaín, P.E., _______________, _______________, nó _______________.<br>Aoife: An ndéanann tú eacnamaíocht bhaile?<br>Jaic: Ní dhéanaim.<br>Aoife: Ní dhéanann? Cad a dhéanann tú ina ionad?<br>Jaic: Déanaim ceol.<br>Aoife: Ó ceol. An-mhaith. An seinneann tú aon _______________ tú féin?<br>Jaic: Seinnim an _______________. | **Tasc éisteachta:** taifeadadh simplí. Bearnaí le líonadh isteach ar an script. |
| Sleamhnán 3 | **Na hÁbhair Scoile** Éisteacht<br>Éist le Jaic arís, an raibh an ceart agat?<br>Aoife: Tá tú sa chéad bhliain anois, a Jaic.<br>Jaic: Táim.<br>Aoife: An bhfuil i bhfad níos mó ábhar á dhéanamh anseo agat anois ná mar a bhí sa bhunscoil?<br>Jaic: Tá i bhfad níos mó ábhar. Eolaíocht, ealaín, P.E., adhmadóireacht, teicneolaíocht nó ceol.<br>Aoife: An ndéanann tú eacnamaíocht bhaile?<br>Jaic: Ní dhéanaim.<br>Aoife: Ní dhéanann? Cad a dhéanann tú ina ionad?<br>Jaic: Déanaim ceol.<br>Aoife: Ó ceol. An-mhaith. An seinneann tú aon uirlis tú féin?<br>Jaic: Seinnim an pianó. | **Féincheartú:** éisteacht arís agus ceartú. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte, tasc labhartha: aithint canúintí. Stór focal. Feasacht teanga – conas “yes” agus “no” a rá i nGaeilge.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte, tasc scríofa: cur síos ar dhá ábhar scoile.</td>
</tr>
</table>

# 1B. Ábhair scoile (Nicole): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile |
| Stór focal | Ábhair scoile |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ón gcéad bhliain ag caint ar na hábhair atá ar bun aici. Tá an mhír réasúnta éasca agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✔ Déan iarracht plé a chothú ar na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo. Beidh tú ábalta an leibhéal plé a chur in oiriúint don dream daltaí atá agat. Is deis atá ann dóibh machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht mar chainteoirí Gaeilge / daltaí i gcóras tumoideachais Gaeilge.

## Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé

- ✔ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Mura bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna atá ann.

# 1B. Ábhair scoile (Nicole)

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Na hÁbhair Scoile** Réamhobair<br><br>**Déan do mhachnamh ar na ceisteanna seo thíos agus pléigh iad mar rang iomlán.**<br><br>Nuair a deir tú le daoine (strainséirí nó cairde) go bhfuil tú ag fáil do chuid oideachais trí mheán na Gaeilge, cad a deir siad leat?<br><br>Cad iad na tuairimí a bhíonn acu ina leith?<br><br>Conas a bhraitheann tusa faoina gcuid tuairimí? | **Plé ranga:** oideachas trí Ghaeilge, tuairimí na ndaltaí faoi. |
| Sleamhnán 2 | **Na hÁbhair Scoile** Éisteacht<br><br>Ar ball, beidh tú ag éisteacht le Nicole, dalta ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, ag labhairt faoi na hábhair is fearr léi. Agus tú ag éisteacht léi, aimsigh an t-eolas seo a leanas:<br><br>1. Cad a thaitníonn le Nicole faoin ealaín?<br>2. Cad iad na huirlisí ceoil a sheinneann sí?<br>3. Cad iad na hábhair is dúshlánaí, dar léi? Cén fáth? | **Tasc éisteachta:** Ceisteanna gairide le freagairt. |
| Sleamhnán 3 | **Na hÁbhair Scoile** Plé<br><br>Pléigh na ceisteanna seo:<br><br>• Is í an ealaín an t-ábhar is fearr le Nicole. Cén t-ábhar is fearr leat féin? Cad a thaitníonn leat faoi?<br>• An seinneann tusa aon uirlis cheoil?<br>• Deir an t-agallóir le Nicole go bhfuil sé sa dúchas aici a bheith go maith ag an ealaín. Cad atá i gceist leis sin?<br>• Chuaigh Nicole go dtí bunscoil lán-Ghaeilge. An ndeachaigh tusa go dtí bunscoil Ghaeilge nó Bhéarla?<br>• Is fearr le Nicole a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge seachas trí Bhéarla. Cad fútsa?<br>• Deir Nicole go bhfuil cuid den téarmaíocht san eolaíocht agus sa tíreolas deacair. Cad iad na deacrachtaí a bhíonn agatsa agus tú ag foghlaim trí mheán na Gaeilge? | **Iarphlé, obair ghrúpa nó plé ranga:** Tuairim na ndaltaí faoi na hábhair scoile; tuairim na ndaltaí faoi bheith ag foghlaim trí Ghaeilge. |

# 1C. Ábhair scoile (Pádraig): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile |
| Stór focal | Ábhair scoile |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ón gcéad bhliain ag caint ar na hábhair atá ar bun aige. Tá an mhír réasúnta éasca agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✓ Is féidir leis na daltaí triail a bhaint as an ngníomhaíocht seo ina mbeirteanna. Ná tabhair na freagraí go fóill dóibh – abair leo féachaint an raibh an ceart acu agus iad ag éisteacht leis an mír.

## Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé 1

- ✓ D'fhéadfaí na ceisteanna seo a phlé mar rang iomlán agus nathanna nó abairtí nádúrtha do gach ceist a scríobh ar an gclár de réir mar a bhogann an plé ar aghaidh (féach Freagraí thíos).

## Iarphlé 2

- ✓ Abair leis na daltaí tabhairt faoi seo ina mbeirteanna nó ina n-aonar. Pléigh na freagraí leis an rang ar fad ag an deireadh. Is féidir leat an cleachtadh a fhágáil mar atá .i. gan aon mhíniú gramadaí a thabhairt ar na freagraí, nó má tá rang níos cumasaí agat, d'fhéadfá níos mó mínithe a thabhairt ar ainmfhocail sa tuiseal ginideach (féach Freagraí thíos).

## *Freagraí*

### Réamhobair

1. Project: tionscnamh
2. too hard: ródheacair (tabhair faoi deara nach gcuirtear fleiscín idir 'ró' agus consan)
3. a heavy load: ualach trom
4. last year: anuraidh / an bhliain seo caite
5. scared: scanraithe

## Iarphlé 1

Abairtí úsáideacha nó nathanna nádúrtha le freagraí a thabhairt ar na ceisteanna seo:

1. Faighimid i bhfad Éireann an iomarca. / Faighimid barraíocht. / Ní fhaighimid leath ár ndóthain!
2. Díríonn sé an aigne ar a bhfuil déanta sa rang. / Daingníonn sé an obair ranga. / Treisíonn sé an obair ranga. / Níl maitheas ar bith ann. / Is cur amú ama é.
3. Bíonn an-leisce orm tabhairt faoin obair bhaile tráthnóna. / Caitheann mo thuismitheoirí iachall a chur orm an obair bhaile a dhéanamh. / Ní chuireann sé aon stró orm an obair bhaile a dhéanamh. / Ní thógaim aon cheann de. / Ní chuireann sé isteach ná amach orm.

## Iarphlé 2

| | | |
|---|---|---|
| 1. | An seomra (+ ceol): | an seomra ceoil |
| 2. | An halla (+ spórt): | an halla spóirt |
| 3. | An seomra (+ stóras): | an seomra stórais |
| 4. | An seomra (+ ealaín): | an seomra ealaíne |
| 5. | An seomra (+ eolaíocht): | an seomra eolaíochta |
| 6. | An seomra (+ adhmadóireacht): | an seomra adhmadóireachta |
| 7. | An seomra (+ cócaireacht): | an seomra cócaireachta |
| 8. | An seomra (+ ríomhaireacht): | an seomra ríomhaireachta |
| 9. | Oifig (+ an Príomhoide): | Oifig an Phríomhoide |
| 10. | Oifig (+ an scoil): | Oifig na scoile |
| 11. | Oifig (+ an Rúnaí): | Oifig an Rúnaí |

Breis eolais, más gá:


Sa tuiseal ginideach caolaítear go leor ainmfhocal atá firinscneach e.g. ceol – ceoil; spórt – spóirt; stóras – stórais.

Sa tuiseal ginideach cuirtear 'a' le hainmfhocail a chríochnaíonn le (e)acht e.g. eolaíocht – eolaíochta.

Go minic sa tuiseal ginideach cuirtear 'e' ag deireadh ainmfhocal baininscneacha agus bíonn siad caol chomh maith e.g. ealaín – eala<u>íne</u>; oifig – oifi<u>ge</u>.

## 1C. Ábhair scoile (Pádraig)

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Na hÁbhair Scoile** Réamhobair<br>Sula n-éisteann tú le Pádraig ag caint ar na hábhair is fearr leis, déan iarracht Gaeilge a chur ar na rudaí seo a leanas:<br>• *project:* ____________________<br>• *too hard:* ____________________<br>• *a heavy load:* ____________________<br>• *last year:* ____________________<br>• *scared:* ____________________ | **Obair bheirte, stór focal:** focail le haistriú ó Bhéarla. |
| Sleamhnán 2 | **Na hÁbhair Scoile** Éisteacht<br>Éist le Pádraig ag caint ar na hábhair scoile agus freagair na ceisteanna seo:<br>• Cén t-ábhar is fearr le Pádraig agus cén fáth?<br>• Cén t-ábhar is measa le Pádraig agus cén fáth?<br>• Cé mhéad ama a thógann sé ar Phádraig an obair bhaile a dhéanamh?<br>• Cad a deir Pádraig mar gheall ar an rang mata ag deireadh an agallaimh? | **Tasc éisteachta:** Ceisteanna simplí ar an mhír éisteachta. |
| Sleamhnán 3 | **Na hÁbhair Scoile** Plé<br>An síleann tusa go bhfaigheann tú an iomarca obair bhaile le déanamh? Cén fáth?<br>An bhfuil buntáistí ann don dalta obair bhaile a fháil le déanamh? Cad iad?<br>An ndéanfá thusa d'obair bhaile gach tráthnóna mura gcuirfí brú ort é a dhéanamh? | **Plé ranga:** Obair bhaile. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | <br>**An tuiseal ginideach** cleachtadh<br>Caithfidh an feighlí ainmneacha a chur ar na seomraí éagsúla sa scoil. Cabhraigh leis...<br>1. An seomra (+ ceol):<br>2. An halla (+ spórt):<br>3. An seomra (+ stóras):<br>4. An seomra (+ ealaín):<br>5. An seomra (+ eolaíocht):<br>6. An seomra (+ adhmadóireacht):<br>7. An seomra (+ cócaireacht):<br>8. An seomra (+ ríomhaireacht):<br>9. Oifig (+ an Príomhoide):<br>10. Oifig (+ an scoil):<br>11. Oifig (+ an Rúnaí): | **Obair bheirte/aonair:** pointe gramadaí. Tuiseal ginideach, an seomra _____. |

# **1D. Ábhair scoile sa saol:** Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile sa saol |
| Stór focal | Ábhair scoile sa saol |

| |
|---|
| Straitéisí Múinteoireachta Molta |

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír darb ainm *Fócas ar an Stair* a fuarthas ar *iTunes* ar shuíomh COGG. Ní téacs ródheacair é de bhrí gur múinteoir í an cainteoir ag déanamh cur síos ar cad is stair ann. Caint phragmatach atá ann murab ionann agus comhrá nádúrtha.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Soiséarach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá an script tugtha chomh maith agus is féidir í a úsáid le rang atá níos laige.

## Réamhobair

- ✔ Is féidir na treoracha a léamh leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin ligean dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin.
- ✔ Téigh siar ar gach abairt sa bhosca ar dheis áfach má cheapann tú nach bhfuil siad ar eolas ag an rang.

## Réamhobair 2

- ✔ Ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach go dtuigeann na foghlaimeoirí an stór focal ach tá sé chomh tábhachtach céanna go ndírítear aird na bhfoghlaimeoirí ar a bpróiseas foghlama féin – feasacht fhoghlama.
- ✔ Léigh na pointí leo ag tabhairt tuilleadh samplaí más gá.
- ✔ Tabhair seans dóibh féin brí na bhfocal a aimsiú sula gcuireann tusa an leagan Béarla ina láthair.

## Éisteacht

- ✔ Cuir an mhír ar siúl agus iarr orthu na ceisteanna 1-3 a fhreagairt. Cuir stop leis an mír tar éis gach píosa eolais más gá, ag brath ar leibhéal an ranga.
- ✔ Feasacht teanga atá i gceist le ceist 4. Is fiú go mór comparáidí a dhéanamh idir an Béarla agus an Ghaeilge chun struchtúr na Gaeilge a shoiléiriú. Sa chás seo, tagann an aidiacht tar éis an ainmfhocail sa Ghaeilge agus a mhalairt atá i gceist leis an mBéarla.

## Iarphlé

- ✔ Cuir gach beirt ag obair le chéile. Tabhair ‘Rólghníomhaíocht – duine 1’ agus Ról A do dhuine 1 agus tabhair ‘Rólghníomhaíocht – duine 2’ agus Ról B do dhuine 2.

- ✔ Tá ar dhuine 1 an script faoi Ról A a léamh amach do dhuine 2 agus caithfidh duine 2 na bearnaí a líonadh i 'Rólghníomhaíocht – duine 2'.
- ✔ Iarr orthu na rólanna a mhalartú ansin – caithfidh duine 2 an script faoi Ról B a léamh agus caithfidh duine 1 na bearnaí a líonadh i 'Rólghníomhaíocht – duine 1'.
- ✔ Nuair atá sé déanta acu iarr ar dhaoine éagsúla an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.

## Freagraí

### Réamhobair 1

| | |
|---|---|
| An Eacnamaíocht Bhaile | Ag bácáil cáca milis deas do do mháthair ar Lá na Máithreacha. |
| Oideachas Reiligiúin | Ag déanamh plé ar na difríochtaí idir an Caitliceachas agus an Búdachas. |
| An Tíreolaíocht | Ag insint do thurasóirí cá bhfuil cathair na Gaillimhe. |
| An Fhraincis | Ag ceannach aráin i mbácús i mbaile beag i ndeisceart na Fraince. |
| An Béarla | Ag féachaint ar an scannán is fearr leat agus ag léamh Harry Potter. |
| An Teicneolaíocht | Ag scríobh aiste ar an ríomhaire agus ag cur téacs chuig do chara. |
| An Eolaíocht | Ag bruith / ag beiriú uisce le do phasta a chócaireacht ann. |
| An Ghaeilge | Ag labhairt le do chairde sa sos. |
| An Corpoideachas | Ag imirt cluichí amuigh faoin aer le do chuid cairde. |
| An Mata | Ag roinnt bille le cara tar éis caife a ól i lár an bhaile. |

### Réamhobair 2

go léir – *all*
ócáidí speisialta - *special occasions*
saoire thaitneamhach – *nice holiday*
ócáidí brónacha - *sad occasions*
imeachtaí tábhachtacha – *important events*
i bhfad i gcéin - *far away*
formhór – *majority*
dúnmharú – *murder*
tuirling – *to land*
An Dara Cogadh Domhanda – *The Second World War*
an buama adamhach – *the atomic bomb*
eachtraí - *incident / event*
na céadta bliain – *hundreds of years*
ag éirí aníos – *growing up*

# 1D. Ábhair scoile sa saol

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
Ábhair scoile sa saol — Réamhobair 1<br><br>
Cén t-ábhar scoile (ar chlé) atá i gceist agus na himeachtaí sa bhosca ar dheis á ndéanamh agat? Féach cad atá ag an duine in aice leat nuair atá tú críochnaithe.<br><br>
<table>
<tr><th>An t-ábhar</th><th>Cur síos ar an ábhar</th></tr>
<tr><td>An Béarla</td><td>Ag bácáil cáca milis deas do do mháthair ar Lá na Máithreacha.</td></tr>
<tr><td>An Corpoideachas</td><td>Ag déanamh plé ar na difríochtaí idir an Caitliceachas agus an Búdachas.</td></tr>
<tr><td>An Eacnamaíocht Bhaile</td><td>Ag insint do thurasóirí cá bhfuil cathair na Gaillimhe.</td></tr>
<tr><td>An Eolaíocht</td><td>Ag ceannach aráin i mbácús i mbaile beag i ndeisceart na Fraince.</td></tr>
<tr><td>An Fhraincis</td><td>Ag féachaint ar an scannán is fearr leat agus ag léamh Harry Potter.</td></tr>
<tr><td>An Ghaeilge</td><td>Ag scríobh aiste ar an ríomhaire agus ag cur téacs chuig do chara.</td></tr>
<tr><td>An Mata</td><td>Ag bruith / ag beiriú uisce le do phasta a chócaireacht ann.</td></tr>
<tr><td>Oideachas Reiligiúin</td><td>Ag labhairt le do chairde ag am sosa.</td></tr>
<tr><td>An Teicneolaíocht</td><td>Ag imirt cluichí amuigh faoin aer le do chuid cairde.</td></tr>
<tr><td>An Tíreolaíocht</td><td>Ag roinnt bille le cara tar éis caife a ól i lár an bhaile.</td></tr>
</table>
</td>
<td>Tuiscint: stór focal, obair bheirte.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
Ábhair scoile sa saol — Réamhobair 2<br><br>
Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na focail thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An bhfuil siad ar eolas agaibh?<br><br>
go léir<br>
saoire thaitneamhach<br>
imeachtaí tábhachtacha<br>
formhór<br>
tuirling<br>
an buama adamhach<br>
na céadta bliain<br>
ócáidí speisialta<br>
ócáidí brónacha<br>
i bhfad i gcéin<br>
dúnmharú<br>
An Dara Cogadh Domhanda<br>
eachtraí<br>
ag éirí aníos<br><br>
Cad a dhéanann tú nuair nach bhfuil focal ar eolas agat? Ceist a chur ar an múinteoir? Dul i muinín foclóra? Seo thíos cúpla pointe chun cabhrú leat focal nach bhfuil ar eolas agat a aimsiú:<br><br>
✓An bhfuil an focal cosúil le haon fhocal atá ar eolas agat i dteanga eile, mar shampla: seic agus cheque?<br><br>
✓An bhfuil an focal san uatha nó san iolra, mar shampla: tábla agus táblaí?<br><br>
✓Má tá ceannlitreacha ar an bhfocal, b'fhéidir gur imeacht nó duine tábhachtach atá ann, mar shampla: An tUachtarán nó An Gorta Mór.<br><br>
✓Féach an bhfuil aon chuid den fhocal atá cosúil le focal eile, mar shampla: fóta<u>chóip.</u><br><br>
✓An briathar é an focal?
</td>
<td>Tuiscint: stór focal; feasacht teanga: ciall na bhfocal a oibriú amach mura dtuigtear iad.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
Ábhair scoile sa saol — Éisteacht<br><br>
Éist leis an mír anois agus freagair na ceisteanna.<br><br>
1. Tugann an cainteoir samplaí éagsúla dúinn den stair. Breac síos cúpla sampla faoi na teidil thíos:<br><br>
<u>Ócáidí Pearsanta</u><br>
______________________________________<br>
______________________________________<br><br>
<u>Imeachtaí tábhachtacha a tharla sna 60í</u><br>
______________________________________<br>
______________________________________<br><br>
<u>Imeachtaí tábhachtacha a tharla sna 40í</u><br>
______________________________________<br>
______________________________________<br><br>
2. Cén sainmhíniú a thugann an cainteoir ar an stair ag deireadh na míre?<br><br>
3. Éist leis an mír arís agus breac síos cad a tharla le linn na mblianta seo:<br><br>
1963: 1969:<br>
1935: 1945:<br><br>
4. Mínigh difríocht amháin idir an Béarla agus an Ghaeilge sna samplaí seo ón mhír:<br><br>
imeachtaí tábhachtacha vs important events<br>
buama adamhach vs atomic bomb
</td>
<td>Éisteacht: ceisteanna le freagairt; feasacht teanga: difríocht idir Gaeilge agus Béarla.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Ábhair scoile sa saol** Iarphlé 1<br>**Rólghníomhaíocht** **Duine 1**<br>Tá mé féin sa Tríú Bliain ar scoil. Is é an t-ábhar is fearr liom ná an ____________. Is maith liom an tíreolaíocht mar tá an múinteoir ____________. Déanaimid staidéar ar a lán rudaí éagsúla – an domhan mar atá sé; na ____________ ar fad; an difríocht idir ceantair tuaithe agus ____________; léarscáileanna agus ____________. Ní thaitníonn ____________ liom in aon chor, bím caillte sa rang. Nuair a bhíonn cluaistuiscint á déanamh againn sa rang, ____________ focal. An labhraíonn na Francaigh chomh tapa sin i gcónaí? | **Obair bheirte**: éisteacht agus bearnaí le líonadh. |
| Sleamhnán 5 | **Ábhair scoile sa saol** Iarphlé 2<br>**Rólghníomhaíocht** **Duine 2**<br>Clíona is ainm dom agus tá mé ag déanamh an Teastais Shóisearaigh ____________. Is breá liom ____________ ar fad, go háirithe an Spáinnis agus an Ghaeilge. Tá Gaeilge agus Béarla ____________ agam agus ceapaim go gcabhraíonn sé sin liom teanga eile a fhoghlaim. ____________ liom an Mata chomh maith mar nuair a thuigeann tú rud éigin tá sé éasca ansin na cleachtaí a dhéanamh. Déanaimid ____________ ailgéabar, ar ____________ agus ar gheoiméadracht agus a lán eile. | **Obair bheirte**: éisteacht agus bearnaí le líonadh. |
| Sleamhnán 6 | **Ábhair scoile sa saol** Iarphlé 3<br>**Ról A**<br>Clíona is ainm dom agus tá mé ag déanamh an Teastais Shóisearaigh i mbliana. Is breá liom na teangacha ar fad, go háirithe an Spáinnis agus an Ghaeilge. Tá Gaeilge agus Béarla líofa agam agus ceapaim go gcabhraíonn sé sin liom teanga eile a fhoghlaim. Is maith liom an Mata chomh maith mar nuair a thuigeann tú rud éigin tá sé éasca ansin na cleachtaí a dhéanamh. Déanaimid staidéar ar ailgéabar, ar staitisticí agus ar gheoiméadracht agus a lán eile.<br>✂ - - - - - - - - - - - - - - - -<br>**Ról B**<br>Tá mé féin sa Tríú Bliain ar scoil. Is é an t-ábhar is fearr liom ná an tíreolaíocht. Is maith liom an tíreolaíocht mar tá an múinteoir an-mhaith. Déanaimid staidéar ar a lán rudaí éagsúla – an domhan mar atá sé; na tíortha ar fad; an difríocht idir ceantair tuaithe agus ceantair uirbeacha; léarscáileanna agus grianghraif. Ní thaitníonn an Fhraincis liom in aon chor, bím caillte sa rang. Nuair a bhíonn cluaistuiscint á déanamh againn sa rang, ní thuigim focal. An labhraíonn na Francaigh chomh tapa sin i gcónaí? | Freagraí ar shleamhnáin 4 agus 5. |

# 1E. Ábhair scoile sa saol: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile sa saol |
| Stór focal | Ábhair scoile sa saol |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír darb ainm *Fócas ar an Stair* a fuarthas ar *iTunes* ar shuíomh COGG. Ní téacs ródheacair é de bhrí gur múinteoir í an cainteoir ag déanamh cur síos ar cad is stair ann. Caint phragmatach atá ann murab ionann agus comhrá nádúrtha.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Soiséarach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ Léigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin lig dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin. Mar shampla:

  An Mata 8

  An Ghaeilge 4

  An Béarla 5

  An Tíreolaíocht 1

  An Fhraincis 7

  An Eolaíocht 2

  An Teicneolaíocht 3

  Oideachas Reiligiúin 6

  *"Is fuath liom an mata, tá sé an-deacair ar fad. Is breá liom an tíreolaíocht mar ceapaim go bhfuil sé suimiúil agus is maith liom bheith ag léamh léarscáileanna. Ní maith liom an Fhraincis ach an oiread..."* agus mar sin de.

- ✓ Tabhair deis dóibh na ceisteanna a chur ar a chéile i mbeirteanna nó i ngrúpaí, ag brath ar chumas an ranga.

## Éisteacht 1

- ✓ Bí cinnte go dtuigeann siad an stór focal. Déan iarracht an t-eolas a fháil ó na foghlaimeoirí féin ar dtús sula gcuirfidh tú an leagan Béarla ar fáil dóibh.
- ✓ Léigh na ceisteanna leo agus cuir an mhír ar siúl faoi dhó. Iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt tar éis dóibh éisteacht leis an mír. Murar éirigh leo na ceisteanna ar fad a fhreagairt cuir an mhír ar siúl arís, ag cur stop léi tar éis an eolais chuí.
- ✓ Feasacht fhoghlama atá i gceist leis an dá cheist dheireanacha – déan iarracht i gcónaí aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar a bpróiseas foghlama féin.

## Éisteacht 2

- ✓ Ceacht é seo ar an aimsir láithreach agus ar an tuiseal ainmneach. Caithfidh na foghlaimeoirí an leagan ceart den fhocal a roghnú ó leathanach ‘Éisteacht 2b’.
- ✓ Iarr orthu na freagraí a sholáthar gan éisteacht leis an mír agus cuir an mhír ar siúl ansin leis na freagraí a sheiceáil.

## Iarphlé

- ✓ Léigh na treoracha ar an mbileog ar fad agus iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.

## Moltaí eile

- ✓ Is féidir cúpla eachtra i stair na hÉireann a bhreacadh ar an gclár bán agus seans a thabhairt do gach beirt, nó do gach grúpa, 3 nó 4 phointe eolais faoi gach eachtra a phlé le chéile. An Gorta Mór mar shampla.
- ✓ Is féidir iarraidh ar gach beirt nó gach grúpa 3 nó 4 eachtra nó imeacht a tharla ina gceantair féin a bhreacadh síos agus a phlé. Buachan Chraobh na hÉireann sa pheil ghaelach mar shampla.
- ✓ Is féidir ‘Stair – Éisteacht 2’ a úsáid leis féin mar thacaíocht ar aon cheacht eile a phléann an aimsir láithreach.

# 1E. Ábhair scoile sa saol

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>

**Ábhair scoile sa saol** **Réamhobair**

**Tú féin:**

1. Breac síos na hábhair scoile atá á staidéar agat. Bí cinnte go bhfuil siad litrithe i gceart.
2. Cuir in ord tosaíochta iad anois trí uimhir 1 a chur in aice leis an ábhar is fearr leat, uimhir 2 in aice leis an dara hábhar is fearr leat agus mar sin de.
3. Bí in ann a rá cén fáth a dtaitníonn nó nach dtaitníonn na hábhair leat!

**Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuir na ceisteanna seo ar a chéile:**

1. Cad iad na hábhar scoile is fearr leat? Cén fáth?
2. Cad iad na hábhair scoile nach maith leat in aon chor? Cén fáth?
3. Cad iad na hábhair a mbaineann na pictiúir thíos leo, cén fáth?





</td>
<td>

**Tasc scríofa:** ábhair scoile; **obair bheirte:** comparáid a dhéanamh le do pháirtí.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>

**Ábhair scoile sa saol** **Éisteacht 1**

**Sula n-éisteann tú leis an mír féach ar na focail seo thíos. Cad is brí leo?**

i bhfad i gcéin<br>formhór<br>dúnmharú<br>tuirling<br>An Dara Cogadh Domhanda<br>ag éirí aníos

**Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:**

1. Cad iad na samplaí ar fad den stair a luaitear sa mhír?
2. Cad é an sainmhíniú a thugann an cainteoir ar an stair?

**Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:**

1. An raibh sé éasca an cainteoir a thuiscint? Cén fáth?
2. An raibh aon chuid den mhír nár thuig tú?
3. Ar chuidigh na focail Bhéarla leat an mhír a thuiscint?

</td>
<td>

**Stór focal; Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt; **feasacht foghlama:** cumas tuisceana.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>

**Ábhair scoile sa saol** **Éisteacht 2a**

**Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den fhocal:**

Cad a bhíonn á dhéanamh againn agus staidéar á __________ (1) ar an stair againn? Is cuimhin linn go léir rudaí a tharla dúinn san am atá thart. Is cuimhin leis an gcuid is mó againn ócáidí speisialta __________ (2) áthas orainn, __________ (3) lá againn ar scoil cuir i gcás nó saoire thaitneamhach nó __________ (4). Bíonn cuimhní againn ar ócáidí brónacha chomh maith, ar thimpiste nó ar bhás duine den teaghlach againn. Ní hamháin go __________ (5) muid ag féachaint siar ar eachtraí a tharla lenár linn féin ach b'fhéidir go mbeadh cuimhne againn ar imeachtaí tábhachtacha (important events) a tharla inár gceantar féin, inár dtír féin nó in áiteanna i bhfad i gcéin sa domhan chomh maith.

Dá n-iarrfá ar do mhuintir liosta a __________ (6) d'imeachtaí móra bheadh cuimhne acu ar a lán imeachtaí a tharla lena linn féin. Is dócha go mbeadh cuimhne ag an bhformhór ar dhúnmharú an Uachtaráin, J.F. Kennedy, i mí na Samhna, míle naoi gcéad seasca trí, agus ar an gcéad uair a thuirling duine ar an ngealach, mí Iúil, míle naoi gcéad seasca naoi.


Bheadh cuimhne ag do sheanmhuintir ar rudaí a tharla i bhfad níos faide siar san am atá thart. B'fhéidir go mbeadh cuimhne acusan ar an lá a thosaigh an dara cogadh domhanda agus an lá a scaoileadh an chéad bhuama adamhach (atomic bomb), ar Hiroshima na Seapáine, Lúnasa, míle naoi gcéad ceathracha a cúig.

Féachaint siar ar an am atá thart ar an tslí sin, mar sin a __________ (7) staidéar ar an stair. Ní hamháin go __________ (8) an stair dúinn conas mar a bhí an saol nuair a bhí ár muintir agus ár seanmhuintir ag éirí aníos. __________ (9) sé dúinn chomh maith conas mar a bhí an saol ag daoine na céadta bliain ó shin.

</td>
<td>

Éisteacht; Gramadach: aimsir láithreach, tuiseal ainmneach

</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | <br>**Ábhair scoile sa saol** **Éisteacht 2b**<br>1. dhéanamh — déanamh — ndéanamh<br>2. cuireann — gcuireann — chuireann<br>3. gcéad — chéad — céad<br>4. an Nollaig — na Nollag — an Nollag<br>5. bíonn — bhíonn — mbíonn<br>6. déanaim — dhéanta — dhéanamh<br>7. déantar — dhéantar — ndéantar<br>8. dtaispeánann — thaispeánann — thaispeáin<br>9. Insím — Insíonn — Insítear | Éisteacht; Gramadach: aimsir láithreach, tuiseal ainmneach |
| Sleamhnán 5 | <br>**Ábhair scoile sa saol** **Iarphlé**<br>**A. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:**<br>1. Cén sainmhíniú a thabharfá féin ar an stair?<br>2. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach staidéar a dhéanamh ar an stair?<br>**B. Breac síos na hábhair scoile atá á staidéar agat arís. Anois, scríobh abairt amháin in aice le gach ábhar, a dhéanann cur síos ar an ábhar sin. Mar shampla:**<br>Mata: Déanaimid staidéar ar uimhreacha agus **ar ch**omhaireamh.<br>*Ná déan dearmad go mbíonn séimhiú ar an bhfocal tar éis 'ar' go minic!<br>**C. Léigh amach gach sainmhíniú a scríobh tú don duine in aice leat gan a insint dó nó di an t-ábhar. Caithfidh an duine sin buille faoi thuairim a thabhairt agus a rá cén t-ábhar atá i gceist. Mar shampla:**<br>Duine A: Déanaimid staidéar ar uimhreacha agus **ar ch**omhaireamh.<br>Duine B: Mata.<br>Malartaígí rólanna ansin. | **Obair bheirte:** stair, ábhair scoile. |

# 1F. Bunscoil vs. Meánscoil: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / comparáid idir an bhunscoil agus an mheánscoil |
| Stór focal | An bhunscoil agus an mheánscoil |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ón gcéad bhliain ag déanamh comparáide idir an saol sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Tá an mhír éasca go leor agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✔ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le dalta ag caint ar a shaol sa bhunscoil i gcomparáid lena shaol sa mheánscoil (sleamhnán 1).
- ✔ Tá dhá aidhm le sleamhnán 2: stór focal a leathnú agus díriú ar an struchtúr a bhaineann le céimeanna comparáide na haidiachta. Is féidir leat díreach an méid atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh leis an rang nó más maith leat, d'fhéadfá breis samplaí a chur ar fáil do na daltaí.
- ✔ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad (féach Freagraí thíos).

## Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé 1

- ✔ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun an chéad chleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Muna bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna atá ann.
- ✔ Ba cheart go mbeadh go leor samplaí de chéimeanna comparáide na haidiachta ag teacht chun cinn go nádúrtha sa chaint. Nuair a bheidh an plé thart, leag béim ar na samplaí a tháinig chun cinn ach ní gá ceacht gramadaí a bhunú orthu.
- ✔ Leag béim ar an nath cainte 'braithim uaim...' Bí cinnte go dtuigeann na daltaí conas é a úsáid. Tá sé tábhachtach mar is minic a úsáideann daoine 'misseáilim...' seachas 'braithim uaim...' Má theastaíonn uait dúshlán breise a thabhairt don rang abair leo na rudaí seo a leanas a rá as Gaeilge duit: *you miss...*(braitheann tú uait); *he misses...* (braitheann sé uaidh); *she misses...* (braitheann sí uaithi); *we miss...* (braithimid uainn); *you (pl) miss...* (braitheann sibh uaibh); *they miss...* (braitheann siad uathu).

## Iarphlé 2

- Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Muimhneach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.

## Iarphlé 3

- An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná luach a thabhairt do dhaltaí ar leaganacha fatacha na Gaeilge seachas iad a bheith ag úsáid focal ar nós 'actually', 'just', 'really' in ionad.
- Tá focail eile ann a bhfuil an ról céanna sa teanga acu is atá ag 'dheara' (féach Freagraí thíos).

## Iarphlé 4

- Earráid an-chomónta i gcaint na ndaltaí is ea "an dara bhliain". Gan amhras, níor cheart an séimhiú sin a bheith ann. Mínigh dóibh nach leanann séimhiú aon cheann de na horduimhreacha seachas 'an chéad'.
- Abair leo an cleachtadh a dhéanamh le chéile agus ceartaigh ansin é (féach Freagraí thíos).
- Ceartaigh na daltaí gach uair a chloisfidh tú iad ag déanamh na hearráide sin as seo amach!

## *Freagraí*

### Réamhobair

6. níos fearr / níos measa
7. níos deacra / níos éasca (níos furasta / níos fusa)
8. níos faide / níos giorra
9. níos suimiúla / níos leadránaí

### Iarphlé 2

1. An babhta deireanach: *an uair* ***dh****eireanach (le séimhiú ar* deireanach *toisc* uair *a bheith baininscneach)*
2. Sin difríocht millteach ar fad: *Sin difríocht an-mhór go deo*
3. Sinne na leanaí óga atá sa scoil: *Muidne na páistí óga atá sa scoil*
4. Bíonn siad thíos faoin mbaile: *bíonn siad thíos i lár an bhaile / sa bhaile*
5. Cluiche caide: *cluiche peile*

### Iarphlé 3

Leaganacha eile den bhfocal 'dheara':

mhuise

muis

leoga

(B'fhéidir go bhfuil cinn eile agat féin)

## Iarphlé 4

| | |
|---|---|
| First year: | an chéad **bh**liain |
| Second year: | an dara bliain |
| Third year: | an tríú bliain |
| Fourth year: | an ceathrú bliain |
| Fifth year: | an cúigiú bliain |
| Sixth year: | an séú bliain |

# 1F. Bunscoil v. Meánscoil

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Bunscoil vs. Meánscoil**<br>Ar ball, beidh tú ag éisteacht le Pádraig, dalta ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, ag labhairt faoi na difríochtaí atá idir an saol sa bhunscoil agus an saol sa chéad bhliain sa mheánscoil. Sula n-éisteann tú leis, tabhair faoin gcleachtadh seo a leanas...<br> | Réamhrá |
| Sleamhnán 2 | **Bunscoil vs. Meánscoil** réamhobair<br>Cuir ar fáil a mhalairt de rud thíos...<br>Sampla: níos mó / níos lú<br>1. níos fearr/ níos ...?<br>2. níos deacra/ níos ...?<br>3. níos faide / níos ...?<br>4. níos suimiúla / níos ...?<br> | **Stór focal:** céimeanna comparáide na haidiachta. |
| Sleamhnán 3 | **Bunscoil vs. Meánscoil** Éisteacht<br>Éist le Pádraig, dalta ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, agus aimsigh freagraí na gceisteanna seo a leanas:<br>1. Cé mhéad duine a bhí i mbunscoil Phádraig, ar an iomlán?<br>2. Cé mhéad duine a bhí sa rang in éineacht leis sa bhunscoil?<br>3. Cé mhéad duine atá sa rang in éineacht leis sa mheánscoil anois?<br>4. Cad iad na rudaí a bhraitheann Pádraig uaidh ón mbunscoil?<br>5. Cad nach bhfuil cead ag an gcéad bhliain a dhéanamh fós? Cad a dhéanann Pádraig agus a chairde ina ionad? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Bunscoil vs. Meánscoil** Iarphlé 1<br>**I do chás féin, an bhfuil na rudaí seo a leanas níos fearr nó níos measa sa mheánscoil ná mar a bhí sa bhunscoil?**<br>1. cairde<br>2. múinteoirí<br>3. an t-atmaisféar sa scoil<br>4. na háiseanna atá sa scoil<br>5. an cleachtadh agus an spraoi<br>**An mbraitheann tú aon rud uait ón mbunscoil? Cad é?**<br>***Braithim uaim...***<br>***Ní bhraithim uaim...*** | **Obair bheirte/ghrúpa:** plé ar na difríochtaí idir bunscoil agus iar-bhunscoil; Céimeanna comparáide na haidiachta; **nath cainte:** braithim uaim; |
| Sleamhnán 5 | **Bunscoil vs. Meánscoil** Iarphlé 2<br>**Conas a deir tusa é?**<br>Bíonn difríochtaí sna canúintí go minic sa Ghaeilge. An bhfuil slite eile agatsa chun na rudaí seo a rá?<br>"An babhta deireanach..."<br>"Sin difríocht millteach ar fad.."<br>"Sinne na leanaí óga atá sa scoil."<br>"Bíonn siad thíos faoin mbaile."<br>"Cluiche caide" | **Feasacht teanga:** na canúintí. |
| Sleamhnán 6 | **Bunscoil vs. Meánscoil** Iarphlé 3<br>Úsáideann Pádraig an focal 'dheara'... agus é ag caint (mar a úsáideann gach cainteoir i gCorca Dhuibhne).<br>Cén ról atá ag an bhfocal 'dheara' sa chaint?<br>Do mhuintir na nGaeltachtaí eile agus na nGaelscoileanna:<br>An bhfuil leagan eile den bhfocal 'dheara' i do chanúint áitiúil féin? Cad é? | **Feasacht teanga:** Béarla a sheachaint, Gaeilge a shaibhriú. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Bunscoil vs. Meánscoil** Iarphlé 4<br><br>Earráid chomónta!<br>Is minic a chloisfeá foghlaimeoirí Gaeilge ag rá ‘an dara bhliain’. Ta sé sin mícheart! Ceapann siad toisc go ndeirtear ‘an chéad bhliain’ gur cheart dóibh séimhiú a chur ann. Ní mar sin atá. Cad é an rud ceart, mar sin? Pléigh leis an duine in aice leat conas na rudaí seo a rá i gceart:<br><br>First year<br>Second year<br>Third year<br>Fourth year<br>Fifth year<br>Sixth year | **Feasacht teanga:** earráid chomónta – an dara bhliain (ní cóir h a chur isteach) |

# 1G. Comhairle don Scrúdú Cainte: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / an scrúdú cainte |
| Stór focal | An scrúdú cainte |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir Gaeilge ag cur comhairle maidir leis an scrúdú cainte don Teastas Sóisearach. Tá an chaint réasúnta tapa agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán chomh fada le pointe (a) leis na foghlaimeoirí agus ansin lig dóibh cleachtadh (a) a dhéanamh leo féin ar feadh nóiméad nó dhó.
- ✔ Abair leis na daltaí cuid de na freagraí ó phointe (a) a roinnt leat agus cuir cuid acu ar an gclár.
- ✔ Abair leo scaoileadh faoi chleachtadh (b) ansin. Níor cheart go dtógfadh sé sin ach nóiméad orthu.
- ✔ Pléigh tuairimí na ndaltaí leis an rang ar fad.

## Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Tá an mhír fada, mar sin ní féidir í a sheinm ilbhabhtaí ach cuir ar siúl píosaí ar leith cúpla uair, más gá.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé 1

- ✔ Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Muimhneach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.

## Iarphlé 2

- ✔ Tá na frásaí atá ar an sleamhnán seo réasúnta deacair ach an-úsáideach. Pléigh ó bhéal leis an rang ar dtús iad. Déan iarracht míniú orthu a fháil ó na daltaí ar dtús sula gcuireann tú féin ar fáil iad.

- Má cheapann tú go bhfuil an rang in ann do dhúshlán breise, abair leo abairt amháin leo féin a chumadh agus a scríobh síos do gach frása. D'fhéadfaí gach beirt a chur ag cabhrú le chéile chun é seo a dhéanamh. Pléigh a gcuid abairtí leo ansin.

## Iarphlé 3

- Is éard atá sa sleamhnán seo ná péirí frásaí a bhfuil cuma an-chosúil orthu ach ciall éagsúil (féach Freagraí thíos).
- An aidhm atá leis an dara pointe ar an sleamhnán ná a chur ar a súile do na daltaí an úsáid is féidir a bhaint as an bhfrása 'glacaim leis'.

## Iarphlé 4

- Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Muna bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna.

## Freagraí

### Iarphlé 1

10. "**D'fhreagraíos gach aon** cheist": D'fhreagair mé chuile cheist / achan cheist / gach ceist.
11. "An rud ba thábhachtaí ná go **rabhas ábalta** rud éigin a lorg": ...ná go raibh mé in ann.
12. "Tá **ábhairín** Fraincise agam": Tá beagán / rud beag Fraincise agam.



### Iarphlé 2

6. Tabhairt faoi rud: *to attempt something*
7. Glacadh le rud éigin: *to accept or presume something*
8. Níor mhór rud a dhéanamh: *something should be done*
9. Leisce a bheith ort rud a dhéanamh: *to be reluctant to do something*
10. Rud a bheith i gceist: *something to be the case / involved*
11. Tú féin a chur in iúl: *to express yourself*
12. Rud éigin tinneas a chur ort: *something to bother you*
13. A bheith scanraithe i do bheathaigh: *to be terrified*

### Iarphlé 3

1. Is duine leisciúil é Tomás: *Tomás is a lazy person.*
   Tá leisce ar Thomás dul amach ag rith: *Tomás is reluctant to go out for a run /doesn't feel like going out for a run.*
2. Mhínigh sí dom cad a bhí i gceist leis an aiste: *She explained to me what the essay involved.*
   Mhínigh sí dom cad a bhí i gceist aici: *She explained to me what she meant.*
3. *I presume they'll be here soon*: Glacaim leis go mbeidh siad anseo go luath.
   *I accept your argument:* Glacaim le d'argóint.

# 1G. Comhairle don Scrúdú Cainte

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte: comhairle don scrúdú cainte;</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt; plé ranga: ar na freagraí.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
</td>
<td>Feasacht teanga: canúintí/leaganacha malartacha.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Comhairle don scrúdú cainte** Iarphlé 2<br>Féach ar na frásaí seo bunaithe ar an agallamh le Donncha a bhfuil cló dubh orthu agus pléigh iad le chéile mar rang. An dtuigeann sibh na nathanna atá iontu?<br>1. An dóigh leat gur cheart do dhalta **tabhairt faoin** scrúdú cainte sa Teastas Sóisearach?<br>2. **Glacann tú leis** go bhfuil rudaí áirithe ann ach ní chuimhníonn tú ar rudaí eile.<br>3. **Níor mhór** liosta a dhéanamh de sin.<br>4. An mbíonn **leisce ar** dhéagóirí a bheith ag caint?<br>5. Ní freagraí **atá i gceist** in aon chor le scrúdú béil.<br>6. Is tábhachtaí go bhfuil tú ábalta tú féin **a chur in iúl**.<br>7. Níor chuir sé **aon tinneas faoin spéir orm** an raibh mé cruinn nó nach raibh.<br>8. Cad a déarfá leis an té a bheadh **scanraithe ina bheathaigh** roimh an scrúdú cainte? | **Saibhriú teanga:** frásaí dúshlánacha; **plé ranga:** ar na frásaí. |
| Sleamhnán 5 | **Comhairle don scrúdú cainte** Iarphlé 3<br>An dtuigeann tú an difríocht idir na péirí abairtí seo?<br>• *Is duine leisciúil é Tomás.*<br>• *Tá leisce ar Thomás dul amach ag rith.*<br>• *Mhínigh sí dom cad a bhí i gceist leis an aiste.*<br>• *Mhínigh sí dom cad a bhí i gceist aici.*<br>Sa Bhéarla úsáidtear dhá bhriathar difriúil chun na rudaí seo a chur in iúl:<br>I **presume** they'll be here soon.<br>I **accept** your argument.<br>Conas a chuirtear na rudaí céanna in iúl sa Ghaeilge?<br>(Déanfaidh briathar amháin an gnó.) | **Feasacht teanga:** frásaí comhchosúla; **saibhriú teanga:** glacadh leis |
| Sleamhnán 6 | **Comhairle don scrúdú cainte** Iarphlé 4<br>1. An mbeidh tusa neirbhíseach ag dul isteach go dtí an scrúdú cainte? An mbíonn tú neirbhíseach ag déanamh scrúduithe, de ghnáth?<br>2. Cén teanga iasachta a dhéanann tusa ar scoil? An mbeidh tú neirbhíseach ag tabhairt faoin scrúdú cainte sa teanga sin? Cén fáth?<br>3. Conas atá sé i gceist agat ullmhú don dá scrúdú cainte (Gaeilge agus teanga iasachta)? An bhfuil aon difríochtaí sa tslí a ullmhóidh tú don dá scrúdú? | **Obair bheirte nó plé ranga:** do thuairim faoin scrúdú cainte. |

# **1H. An Scoil i gCúba:** Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ginearálta |
| Stór focal | Saol na scoile |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar shliocht ó dhialann dalta scoile i gCúba. Ní téacs ródheacair é agus tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht ***An Aimsir láithreach*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.

## Réamhobair 1

- ✔ Léigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin lig dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin.
- ✔ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil na freagraí ar eolas acu.
- ✔ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✔ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

## Réamhobair 2

- ✔ Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail sa dá cholún a cheangal le chéile. Cuir béim arís ar na bealaí atá ann chun cuidiú leo an rogha ceart a dhéanamh fiú mura bhfuil an focal ar eolas acu – níos mó ná focal amháin sa fhrása / aidiacht / focail atá cosúil lena chéile sa dá theanga.
- ✔ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✔ Pléigh thusa ansin iad.
- ✔ Iarr ar gach dalta cúpla focal a bhreacadh sa bhosca faoi Chúba, mar shampla: seanghluaisteáin, tír bhocht, tír shóisialach, ceol traidisiúnta, siúcra (cána siúcra), cnónna cócó agus araile.
- ✔ Iarr ar gach beirt a gcuid tuairimí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✔ Pléigh thusa ansin iad.

## Léamh

- ✔ Léigh an t-alt leis an rang ar fad.
- ✔ Téigh siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheadh acu.
- ✔ Iarr ar dhalta éagsúla cuid den léitheoireacht a dhéanamh amach os ard.

## Léamhthuiscint

- ✔ Iarr ar an rang na ceisteanna faoin alt a dhéanamh leo féin ar dtús agus ansin nuair atá siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✔ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.

## Iarphlé

- ✔ Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile. Beidh orthu dul siar ar an alt chun na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✔ Is cinnte go bhfuil deacrachtaí ann daoine óga a chur le chéile chun caint mar seo a dhéanamh ach, is féidir duine lag (nó toirmeascach) a chur in aice le duine níos fearr (scoláire maith). Iarr orthu nótaí a scríobh síos chomh maith a chuideoidh leo a n-intinn a dhíriú ar an gcaint i gceist.
- ✔ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.

## Scríobh

- ✔ Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag scríobh cúpla alt faoin ngnáthshaol scoile ina saol féin.
- ✔ Abair leo an píosa a scríobh san aimsir (ghnáth)láithreach.
- ✔ Abair leo abairtí gearra, simplí a scríobh agus aird faoi léith a dhíriú ar an litriú.

## Moltaí eile

- ✔ Is féidir beirt a chur le chéile chun an t-alt a léamh amach os ard ina mbeirteanna, léitheoir láidir le léitheoir lag mar shampla.
- ✔ Is féidir iarraidh ar dhalta maith cur síos a dhéanamh os comhair an ranga ar ghnáthlá ina scoil féin agus ceisteanna a chur ar na daltaí eile faoi cad a dúirt sé.

## *Freagraí*

### Réamhobair 1

**13.** I Muir Chairib.
**14.** Raúl Castro
**15.** Habana
**16.** Sóisialachas
**17.** An Spáinnis
**18.** Turasóireacht
**19.** Teannasach
**20.** 5 bliana i bpríosún

## Réamhobair 2

| | |
|---|---|
| is ar éigean | *barely* |
| thobair go | *nearly* |
| confach | *furious* |
| bhí rún agam | *I had intended* |
| dúthrachtach | *diligent* |
| cairdeolaí | *cardiologist* |
| bheadh fuath agam ar | *I would hate* |
| cumha | *loneliness / nostalgia* |

## Léamhthuiscint

1. Bréagach (bhí sé ag damhsa salsa i dteach a aintín go mall san oíche).
2. Bréagach (cuirtear lón ar fáil sa scoil).
3. Ní deirtear (cé mhéad ríomhaire a fuarthas).
4. Bréagach (níl se cinnte níos mó).
5. Fíor.
6. Fíor.

# 1H. An Scoil i gCúba

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>

**An scoil i gCúba** Réamhobair 1

Cuir tic in aice leis an bhfreagra ceart.

**1. Cá bhfuil Cúba suite?**<br>◯ i Muir Éireann ◯ i Muir Chairib ◯ sa Mhuir Rua

**2. Cé hé Uachtarán na tíre?**<br>◯ Fidel Castro ◯ Raúl Castro ◯ Fulgencio Batista

**3. Cad í príomhchathair Chúba?**<br>◯ Habana ◯ Buenos Aires ◯ San José

**4. Cén cineál córas polaitíochta atá i gCúba?**<br>◯ Cumannachas ◯ Sóisialachas ◯ Caipitleachas

**5. Cad í an teanga oifigiúil?**<br>◯ An Béarla ◯ An Spáinnis ◯ An Fhraincis

**6. Cad í an tionsclaíocht is mó sa tír?**<br>◯ Caife ◯ Siúcra ◯ Turasóireacht

**7. Cén cineál caidrimh atá idir Cúba agus na Stáit Aontaithe?**<br>◯ an-mhaith ◯ teannasach ◯ trodach

**8. Má úsáidtear an t-idirlíon gan chead gearrtar:**<br>◯ 5 bliana i bpríosún ◯ 5 lá i bpríosún ◯ 5 mhí i bpríosún

Cad a bhí ag an duine in aice leat?
</td>
<td>Obair aonair: tabhairt faoi na ceisteanna a fhreagairt; obair bheirte: freagraí a chur i gcomparáid le chéile; plé ranga: na freagraí a phlé le chéile.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>

**An scoil i gCúba** Réamhobair 2

Beidh tú ag léamh sleachta ó dhialann dalta scoile ó Chúba ar ball. An féidir leat na focail Bhéarla a cheangal leis na focail Ghaeilge? Beidh na focail sa sliocht a léifidh tú.

is ar éigean — cross<br>thobair go — loneliness / nostalgia<br>confach — barely<br>bhí rún agam — cardiologist<br>dúthrachtach — I would hate<br>cairdeolaí — nearly<br>bheadh fuath agam ar — I had intended<br>cumha — diligent

An féidir leat cúpla focal eile a ritheann leat (*comes to mind*) nuair a smaoiníonn tú ar Chúba a bhreacadh sa bhosca.



*Aimsir the,*

Cad a bhí ag an duine in aice leat?
</td>
<td>Stór focal: focail dhúshlánacha a cheangal lena míniú i mBéarla;</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>

**An scoil i gCúba** Léamh

**Dé Céadaoin, 2 Bealtaine 2012**

Is ar éigean ar éirigh mé amach as an leaba ar maidin le freastal ar an scoil, bhí mé tuirseach traochta. Chaith mé an lá ar fad inné ag máirseáil ar son an tsóisialachais i dteannta gach dalta scoile eile i gCúba. Bhí cóisir ag mo theaghlach i dteach m'aintín agus níor éirigh mé as an damhsa salsa go dtí a haon a chlog ar maidin! Thobair gur thit mé i mo chodladh le linn rang na Matamaitice ar maidin, an chéad rang a thosaíonn ar a hocht. Is maith liom an Mhatamaitic ach is féidir leis an múinteoir a bheith confach go leor agus ní raibh sí sásta liomsa inniu.

Ceapaim go bhfuil an lá scoile níos faide i gCúba ná mar atá i dtíortha eile, tosaímid ar a hocht agus críochnaímid ar a ceathair a chlog, agus bíonn lón uair an chloig againn. Cuireann an scoil an lón ar fáil agus is annamh nach mbíonn rís, pónairí agus glasraí againn ach is cuma liom, is breá liom am lóin.

**Déardaoin, 3 Bealtaine 2012**

Bhain mé sup as an lá scoile inniu. Is iad an Eolaíocht; Stair agus Tíreolaíocht idirnáisiúnta; agus an Mheicnic na hábhair is fearr liom agus bhí siad ar fad agam inniu. Seo hiad na hábhair eile atá á staidéar agam: Matamaitic; Spáinnis; Litríocht; Eolaíocht; Stair agus Tíreolaíocht; Ceol; Ealaín; Adhmadóireacht, Béarla agus Spórt. Is iad na hábhair roghnacha ná Cócaireacht, Fuáil agus an Mheicnic. Chomh maith leis sin bhí cúpla uair an chloig againn ar na ríomhairí nua a fuair an scoil anuraidh (ní raibh aon ríomhaire againn roimhe sin in aon chor). B'fhéidir go mbeidh an t-idirlíon againn amach anseo . . .
</td>
<td>Léamhthuiscint: léitheoireacht.</td>
</tr>
</table>

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>

**An scoil i gCúba** — Léamh ar lean

Bhí rún agam bheith i mo dhochtúir i gcónaí, ach níl mé cinnte faoi sin anois. Is dochtúir í mo mháthair agus is é m'athair atá i mbun an tí - tá teach 'Leaba agus Bricfeasta' againn. Oibríonn an bheirt acu go dúthrachtach ach saothraítear i bhfad níos mó airgid leis an 'Leaba agus Bricfeasta' ná mar a shaothraíonn mo mháthair, agus chaith sise cúig bliana déag tar éis na meánscoile ag staidéar le bheith ina cairdeolaí. Cén fáth a gcráfainn mo chroí ar feadh na mblianta ag staidéar nuair a shaothróinn tuilleadh airgid ag obair mar fhear tacsaí?

**Dé hAoine, 4 Bealtaine 2012**

Bhí sé ag stealladh báistí ar maidin agus mé ar mo rothar chun na scoile, bhí mé fliuch báite nuair a bhain mé an scoil amach, 8km ón teach! Is fuath liom m'éide scoile, is annamh a oireann sí don aimsir, í i gcónaí róthe agus róthrom. Ach ní agamsa atá an saol is measa, bíonn ar mhuintir na tuaithe freastal ar scoileanna cónaithe toisc iad bheith rófhada ar shiúl ón scoil. Bheadh fuath agam air sin, bheadh cumha millteanach orm! Nuair a smaoiním chomh maith nach bhfuil comhoideachas i dtíortha áirithe agus go gcaithfidh cailíní agus buachaillí bheith scartha óna chéile sna blianta órga! Bheinn féin caillte gan na cailíní, ní hamháin go bhfuil dúil agam iontu ach cuidíonn siad liom mo chuid obair bhaile a dhéanamh go minic. Níl ach seachtain amháin fágtha go dtí go mbaileoidh mé liom leis na daltaí eile i mo rang go dtí feirm mhór i lár na tíre. Bíonn ar gach dalta scoile obair fheirme a dhéanamh ar feadh míosa gach bliain.

</td>
<td>

**Léamhthuiscint:** léitheoireacht.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>

**An scoil i gCúba** — Léamhthuiscint

Léigh na ráitis faoin alt agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás:

1. Bhí an buachaill tuirseach mar bhí sé ag siúlóid an lá roimhe sin.<br>A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
2. Tugann sé ceapairí leis chun na scoile gach lá.<br>A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
3. Fuair an scoil caoga ríomhaire nua anuraidh.<br>A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
4. Ba mhaith leis an mbuachaill a bheith ina dhochtúir.<br>A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
5. Níor mhaith leis bheith ag freastal ar scoil chónaithe mar bheadh uaigneas air.<br>A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
6. Caithfidh sé obair fheirme a dhéanamh ar feadh míosa.<br>A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear

</td>
<td>

**Léamhthuiscint:** ceisteanna le freagairt;

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>

**An scoil i gCúba** — Iarphlé & Scríobh

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Déan liosta de na difríochtaí idir an saol scoile atá agat féin agus an saol scoile atá ag an duine a scríobh an sliocht.
2. An bhfuil aon rud ón saol scoile i gCúba a thaitníonn leat? Cad iad?
3. An bhfuil aon rud ón saol scoile i gCúba nach dtaitníonn leat? Cad iad?
4. An bhfuil an córas oideachais níos fearr i gCúba ná mar atá anseo dar leat? Cén fáth?



Scríobh
a. Léigh an t-alt arís agus cuir líne faoi gach sampla den Aimsir Láithreach*.
b. Scríobh leathanach amháin faoi sheachtain scoile i do shaol féin anois.

</td>
<td>

**Obair bheirte:** freagraí a phlé le chéile; **tasc scríofa:** alt faoi shaol na scoile; **léitheoireacht/ labhairt:** an t-alt a léamh amach os ard.

</td>
</tr>
</table>

# 1I. Scoil thrítheangach: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / gaelscolaíocht |
| Stór focal | An dátheangachas |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt mar gheall ar bhunscoil thrítheangach in Arizona, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá cuid de na habairtí/coincheapa sa téacs deacair ach tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh ar na tréithe a bhaineann le gaelscoil/scoil Ghaeltachta chomh maith le tréithe eile a bhaineann lena scoil féin.
- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu. Is féidir leat iad a chur ag plé na ceiste ina mbeirteanna ar feadh nóiméad nó dhó.
- ✔ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d'fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.

## Réamhobair 2

- ✔ Abair leis na daltaí díriú ar chuid (a) ar dtús ar feadh cúpla nóiméad. Pléigh na freagraí a bheidh acu leis an rang iomlán. Muna mbeidh siad ábalta smaoineamh ar aon tír eile cuir cúpla ceann ar fáil dóibh (An Bhreatain Bheag – An Bhreatnais agus an Béarla / Tír na mBascach – An Bhascais agus an Spáinnis / An Albain – Gaeilge na hAlban agus an Béarla).
- ✔ Pléigh cuid (b) agus (c) leis an rang iomlán ansin le go mbeidh tuiscint acu ar na coincheapa 'mórtheanga' agus 'mionteanga'.
- ✔ Bí cinnte go dtuigeann siad gur mionteanga í an Ghaeilge fiú amháin sa Ghaeltacht.

## Réamhobair 3

- ✔ Tabhair seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo agus nuair a phléifidh sibh mar rang iomlán iad bí cinnte go luafaidh sibh grúpaí éagsúla daoine sna Stáit i.e. na bundúchasaigh (*Native Americans*), daoine de bhunadh Mheiriceá Laidineach, inimircigh eile.
- ✔ Réamhobair 3 ar lean: Mínigh do na daltaí gur seo ainmneacha de threibheanna bundúchasacha i Meiriceá. Is slí é an sleamhnán seo chun na focail 'treibh' agus 'bundúchasach' a chur i láthair na ndaltaí.
- ✔ Bog ar aghaidh go dtí an chéad sleamhnán eile a mhíníonn do na daltaí cad a bheidh i gceist sa chéad tasc eile.

## Léamh

- Cuir na daltaí ag obair le chéile ina mbeirteanna chun an t-alt a léamh.
- Ansin léigh an t-alt leis an rang ar fad ar na sleamhnáin ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheidh acu.

## Léamhthuiscint

- Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.

## Iarphlé



- An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh ar a bhféiniúlacht féin mar dhaoine dátheangacha. Bí cinnte go dtuigeann siad ar fad cad is brí le 'teanga dhúchais / máthairtheanga' .i. an teanga theaghlaigh atá ag duine.
- Cinntigh go dtuigeann siad a bhfuil i gceist leis an 3 rogha agus fiosraigh an bhfuil aon duine sa rang a bhfuil cúlra teanga eile ar fad aige/aici .i. duine nach bhfuil Gaeilge ná Béarla sa bhaile aige/aici.

## Scríobh


- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag ligean orthu féin go mbeidh siad ag scríobh ríomhphoist chuig cara pinn ag déanamh cur síos ar a scoil féin.
- Abair leo tír a roghnú ina bhfuil an cara pinn ina c(h)ónaí agus an ríomhphost a scríobh ina gcóipleabhar. Abair leo go mbeidh deich nóiméad acu ar a mhéid chun an ríomhphost a scríobh.
- Abair leo abairtí gearra, simplí a scríobh agus aird faoi leith a dhíriú ar an litriú. Nuair a bheidh an t-am istigh éist le cuid den mhéid a bheidh scríofa ag daltaí éagsúla.

## 1I. Scoil trítheangach

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Scoil thrítheangach** Réamhobair 1<br>"Abair liom faoi do scoil!"<br><br>Lig ort féin go bhfuil cuairteoir timpeall a chuireann ceist ort faoi do scoil. Cad a déarfaidh tú leis? Smaoinigh – níl tuairim dá laghad aige cad is gaelscoil/scoil Ghaeltachta ann!<br><br>Pléigh é seo leis an duine in aice leat ar feadh cúpla nóiméad. | **Obair bheirte:** cur síos ar do scoil; **feasacht:** cad is Gaelscoil/scoil Ghaeltachta ann. |
| Sleamhnán 2 | **Scoil thrítheangach** Réamhobair 2<br>(a)Smaoinigh anois ar thrí thír eile a bhfuil pobail ina gcónaí iontu a bhfuil teanga dá gcuid féin acu.<br>1. ____________________<br>2. ____________________<br>3. ____________________<br><br>(b) An bhfuil a fhios agat cén rud í mionteanga agus cén rud í mórtheanga?<br>(c) Idir an Ghaeilge agus an Béarla, cé acu ceann an mhionteanga agus cé acu ceann an mhórtheanga? | **Feasacht teanga:** mionteanga vs mórtheanga. |
| Sleamhnán 3 | **Scoil thrítheangach** Réamhobair 3<br>An dóigh leat go bhfuil aon mhionteangacha i Meiriceá?<br><br>Cé hiad na daoine, a déarfá a mbeadh mionteanga á labhairt acu ann? | **Plé ranga:** mionteangacha i Meiriceá. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
</td>
<td>Eolas: treibheanna bundúchasacha i Meiriceá</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte: léitheoireacht.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>
</td>
<td>Eolas: treibheanna bundúchasacha i Meiriceá</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Scoil trítheangach** Léamh ar lean<br><br>" An tuairim a bhí taobh thiar de Puente de Hozho ná áit a chruthú go bhféadfadh daltaí ó chúlraí difriúla teanga agus cultúrtha foghlaim le chéile agus áit nach mbeadh daoine ag ceapadh gur 'fadhbanna' iad cainteoirí mionteanga ach gurb iad croí na scoile iad", a deir Michael Fillerup, Stiúrthóir Oideachas Dátheangach na scoile.<br><br>Faoi láthair, tá ag éirí le formhór na ndaltaí i Puente de Hozho sna scrúduithe stáit agus iad ag foghlaim dhá theanga ag an am céanna.<br><br>Caitheann na daltaí a roghnaigh Spáinnis leath an lae i seomra ranga ina labhraítear Béarla amháin agus an leath eile i seomra ranga ina labhraítear Spáinnis amháin.<br><br>Tá ag éirí chomh maith leis an scoil go bhfuil liosta fada feithimh chun áit a fháil ann. Caitheann siad 80 duine a chur ó dhoras gach bliain.<br><br>Léiríonn taighde go bhfuil buntáistí ann do leanaí a fhoghlaimíonn an dara teanga. Deirtear go mbíonn siad níos fearr ag réiteach fadhbanna agus go bhfuil scileanna cognaíocha níos forbartha acu. | **Obair bheirte:** léitheoireacht. |
| Sleamhnán 8 | **Scoil thrítheangach** Léamhthuiscint<br><br>Freagair na ceisteanna seo a leanas.<br><br>1. Úsáidtear thrí theanga sa bhunscoil Puente de Hozho. Cad iad?<br>2. Cé hiad na mionlaigh is mó atá i Flagstaff?<br>3. Is cainteoir dúchais Diné í an múinteoir Eileen Ryan. Cad a deir sí mar gheall ar chainteoirí Diné sa lá atá inniu ann?<br>4. An bhfuil ag éirí go maith leis an scoil Puente de Hozho? Conas atá a fhios agat?<br>5. An rud maith é cúpla teanga a bheith ag duine, dar leis an alt? Cén fáth? | **Obair aonair agus bheirte:** freagraí a aimsiú agus a phlé; **tasc scríofa:** freagraí a scríobh amach. |
| Sleamhnán 9 | **Scoil thrítheangach** Iarphlé<br><br>(a) Cad is brí le teanga dhúchais / máthairtheanga?<br><br>(b) Cén cur síos is fearr a oireann duitse?<br><br>1. Is cainteoir dúchais Gaeilge mé. Labhraím Gaeilge sa bhaile le mo chlann agus táim líofa sa Bhéarla. Is mionteanga í mo mháthairtheanga.<br>2. Is cainteoir dúchais Béarla mé. Labhraím Béarla sa bhaile le mo chlann ach táim líofa sa Ghaeilge chomh maith. Is mórtheanga í mo mháthairtheanga.<br>3. Is cainteoir dúchais Gaeilge agus Béarla mé. Labhraím Gaeilge le tuismitheoir amháin agus Béarla leis an tuismitheoir eile sa bhaile. Tá mionteanga agus mórtheanga ó dhúchas agam. | **Feasacht teanga:** daltaí a chur ag machnamh ar a bhféiniúlacht féin mar dhaoine dátheangacha. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 10 |  | **Tasc scríofa:** ríomhphost a scríobh ag déanamh cur síos ar an scoil agus ar áit na Gaeilge sa scoil. |

# 1J. Tar éis am scoile – Caoimhe: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / tar éis am scoile |
| Stór focal | Ábhair Scoile / imeachtaí tar éis am scoile |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe i gcanúint Uladh a bhfuil cailín óg ag labhairt inti. Tá an Teastas Sóisearach idir lámha aici.

Moltar an ceacht ***Saol na Scoile – Uimhreacha*** ó 'Fócas ar Theanga' a dhéanamh i dteannta na gceachtanna seo.

## Réamhobair 1

- ✔ Léigh na focail sa dá cholún leis na foghlaimeoirí agus iarr orthu na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail a bhfuil an míniú céanna acu ar dheis.
- ✔ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil na freagraí ar eolas acu.
- ✔ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✔ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- ✔ Mínigh do na daltaí gur cheart dóibh bheith eolach ar fhocail ó chanúintí eile ach nach bhfuil gá ach le leagan amháin a bheith acu féin agus iad ag scríobh.
- ✔ Nuair atá na focail pléite tabhair deis labhartha do na foghlaimeoirí.
- ✔ Léigh na ceisteanna sa cholún ar chlé leo (an cheist) agus abair leo an freagra atá ceart fúthu féin a bhreacadh isteach sa dara colún (Tú féin). Ansin caithfidh siad na ceisteanna sa chéad cholún a chur ar dhuine amháin eile sa rang.
- ✔ Cuir thusa ceisteanna ar dhaltaí éagsúla tar éis tamaill. Bíodh an comhrá mar seo:

**Múinteoir**: A Emma, cé leis a raibh tú ag caint?
**Emma**: Le Máire.
**Múinteoir**: Agus, cé mhéad uair an chloig a chaitheann Máire ag staidéar le linn na seachtaine?
**Emma**: Caitheann sí timpeall trí uair an chloig gach lá ag staidéar.

## Éisteacht 1

- ✔ Léigh na ceisteanna leis an rang agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le cailín ag déanamh cur síos ar cad a dhéanann sí le linn na seachtaine.
- ✔ Cuir an mhír ar siúl ar a laghad dhá uair nó níos mó más gá.
- ✔ Ceartaigh na ceisteanna leis an rang iomlán.

## Éisteacht 2

- ✓ Mínigh do na daltaí cad atá le déanamh agus léigh gach ceist leo.
- ✓ Iarr ar gach dalta an obair a dhéanamh leis féin ar dtús. Ansin iarr orthu a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le dalta eile.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a sheiceáil.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang iomlán.

## Iarphlé

- ✓ Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.
- ✓ Is cinnte go bhfuil deacrachtaí ann daoine óga a chur le chéile chun caint mar seo a dhéanamh ach, is féidir duine lag (nó toirmeascach) a chur in aice le duine níos fearr (scoláire maith). Iarr orthu nótaí a scríobh síos chomh maith a chuideoidh leo a n-intinn a dhíriú ar an gcaint i gceist.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
- ✓ * Féach ***Saol na Scoile – Uimhreacha*** ó 'Fócas ar Theanga'.

## *Freagraí*

### Réamhobair 1

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | e | h | i | f | a | c | j | g | d |

### Éisteacht 2

**1.**

**Caoimhe**: Tá mé ag an am seo ag staidéar deich n-ábhar **le haghaidh** an Teastais Shóisearaigh. Tá **a lán** le staidéar agam agus bím i mo shuí mall san oíche, agus tá súil agam go ndéanfaidh mé go maith mar tá tréan oibre curtha isteach agam ann.

**Caitlín**: Oh, tá sin **an-mhaith**. Cé mhéad uair a mheasann tú féin a chaitheann tú ag staidéar?

**Caoimhe**: Bhuel, ar na laethanta seo a bhím ar scoil, i ndiaidh am scoile caithim **timpeall** trí uair ag staidéar agus ag an deireadh seachtaine ó cúig go sé uair ag staidéar fá choinne an Teastais Shóisearaigh.

**2.**

Bíonn mo mháthair ina suí mall san oíche


Bíonn m'athair ina shuí mall san oíche.

Bíonn mo dheirfiúr ina suí mall san oíche.

Bíonn mo dheartháir ina shuí mall san oíche.

# 1J. Tar éis am scoile - Caoimhe

## Sleamhnán 1



**Tar éis am scoile** **Réamhobair**

Tá canúint Uladh ag Caoimhe, an cailín a mbeidh sibh ag éisteacht léi ar ball. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na leaganacha Ultacha a cheangal leis na leaganacha caighdeánacha?

| Leagan Ultach | Leagan Caighdeánach |
|---|---|
| 1. fá choinne | a) freisin |
| 2. cuid mhór | b) le haghaidh/i gcomhair |
| 3. iontach maith | c) leo |
| 4. thart fá | d) scíth |
| 5. achan | e) a lán |
| 6. fosta | f) gach |
| 7. leofa | g) dom |
| 8. uilig | h) an-mhaith |
| 9. domh | i) timpeall |
| 10. scíste | j) gach uile |

Líon an bosca fút féin ar dtús agus ansin labhair le duine amháin eile sa rang leis an eolas faoin duine sin a fháil.

| An Cheist | Tú féin | Duine eile |
|---|---|---|
| Cé mhéad uair an chloig a chaitheann tú ag staidéar le linn na seachtaine? | | |
| Cé mhéad uair an chloig a chaitheann tú ag staidéar le linn an deireadh seachtaine? | | |
| An ndéanann tú aon imeacht eile tar éis am scoile? | | |

**Stór focal:** canúint Uladh i gcomparáid leis an gcaighdeán; **tasc labhartha:** ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

## Sleamhnán 2




**Tar éis am scoile** **Éisteacht(1)**

**Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna:**

1. Cé mhéad ábhar atá á staidéar ag Caoimhe?
   ____________________________________________
2. An éireoidh go maith léi sna scrúduithe, dar leat? Cén fáth?
   ____________________________________________
3. Cé mhéad uair a chaitheann sí ag staidéar?
   ____________________________________________
4. Cad a dhéanann Caoimhe nuair a bhíonn am saor aici?
   ____________________________________________
5. Cén fáth a luann sí *The Lion King*?
   ____________________________________________
6. An ndéanann mórán daltaí sa scoil bailé?
   ____________________________________________

**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

## Sleamhnán 3



**Tar éis am scoile** **Éisteacht(2)**

1. **Féach ar an sliocht seo ón mír. Líon na bearnaí leis an leagan caighdeánach (nó an leagan atá agat féin) de na focail ón mbosca ó leathanach 'Tar éis am scoile – réamhobair'.**

**Caoimhe**
Tá mé ag an am seo ag staidéar deich n-ábhar __________ an Teastas Sóisearach. Tá __________le staidéar agam agus bím i mo shuí mall san oíche, agus tá súil agam go ndéanfaidh mé go maith mar tá tréan oibre curtha isteach agam ann.
**Caitlín**
Oh, tá sin __________. Cé mhéad uair a mheasann tú féin a chaitheann tú ag staidéar?
**Caoimhe**
Bhuel, ar na laethanta seo a bhím ar scoil, i ndiaidh am scoile caithim __________trí n-uaire ag staidéar agus ag an deireadh seachtaine ó cúig go sé uaire ag staidéar fá choinne an Teastas Sóisearach.

2. **Éist leis an mír arís le feiceáil ar líon tú na bearnaí i gceart. Cuir ceist ar do mhúinteoir le bheith cinnte.**


3. **Féach ar an nath cainte seo ón mír:**

'bím i mo shuí mall san oíche'

**Cad faoi d'athair agus do mháthair féin? Scríobh amach an abairt arís ag tagairt do bhaill éagsúla ó do theaghlach.**

____________________mall san oíche (máthair)
____________________mall san oíche (athair)
____________________mall san oíche (deirfiúr)
____________________mall san oíche (deartháir)

**Tasc éisteachta:** líon na bearnaí; **gramadach:** ina suí / ina shuí.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | <br>**Tar éis am scoile** **Iarphlé**<br>**A. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:**<br>1. Cé mhéad ábhar atá á staidéar agat?<br>2. Cad é an t-ábhar is fearr leat? Cén fáth?<br>3. Cad é an t-ábhar nach maith leat ar chor ar bith? Cén fáth?<br>**B. Féach ar na ceisteanna seo agus breac síos abairt nó dhó atá fíor fút féin.**<br>An ndéanann tú mórán botún agus tú ag labhairt i nGaeilge?<br>An ndéanann tú mórán botún agus tú ag labhairt i mBéarla?<br>Cé acu teanga is deacra duit féin a labhairt – an Ghaeilge nó an Béarla? Cén fáth? | **Obair bheirte:** ceisteanna le plé; **plé ranga:** ceisteanna faoi Ghaeilge agus Béarla. |

# **Fócas ar Theanga** Litriú (caol & leathan): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar litriú na Gaeilge |
| Stór focal | Ábhair Scoile |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|


Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Na hÁbhair Scoile***, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí an riail faoi chaol le caol agus leathan le leathan.

## *Freagraí*

| | |
|---|---|
| Polaiteoir: | Pol-ait-eoir |
| Scoileanna: | Scoil-ean-na |
| Iodáilis: | Iod-áil-is |
| Léitheoireacht: | Léith-eoir-eacht |
| Múinteoir: | Múin-teoir |
| Eolaíocht: | Eo-laí-ocht |
| Leithreas: | Leith-reas |
| Gramadach: | Gram-a-dach |
| Foclóir: | Foc-lóir |

# Fócas ar Theanga: Litriú

Sleamhnán 1



## Litriú
caol & leathan

Cuir na gutaí atá caol agus na cinn atá leathan sa bhosca cuí.

A E I O U

CAOL

LEATHAN

Smaoinigh air seo – caithfidh na gutaí atá ar gach taobh de chonsan a bheith ag teacht le chéile:

✓Má tá guta caol roimh chonsan caithfidh guta caol a bheith ina dhiaidh.
✓Má tá guta leathan roimh chonsan caithfidh guta leathan a bheith ina diaidh.


EOLAÍOCHT
✓tá 'o' ar thaobh amháin den litir 'l'
✓mar sin caithfidh guta leathan a bheith ina dhiaidh – 'a'

FILÍOCHT
✓tá 'i' ar thaobh amháin den litir 'l'
✓mar sin caithfidh guta caol a bheith ina dhiaidh – 'í'

Ná bí buartha faoi cén meascán gutaí atá in aice le chéile – is cuma faoi sin. An rud atá tábhachtach ná cén saghas gutaí atá ar aon taobh den chonsan!

**Gramadach:** Caol le caol, leathan le leathan.

Sleamhnán 2



## Litriú
caol & leathan


1. Féach ar na consain / grúpaí consan thíos atá i gcló dorcha. Cén saghas gutaí atá ar gach taobh dóibh? An bhfuil siad ag réiteach le chéile?

- A**DHM**A**D**ÓI**R**EACHT
- EA**CN**A**M**AÍOCHT BHAI**L**E
- TEI**CN**EO**L**AÍOCHT
- MA**T**A
- GAEI**LG**E
- REI**L**I**G**IÚN
- FRAI**NC**IS
- SPÁI**NN**IS
- EA**L**AÍN

2. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cabhraígí
le chéile chun na hábhair atá ar bun agaibh a scríobh amach i gceart. Bí an-chúramach leis an litriú.

**Gramadach:** Caol le caol, leathan le leathan.

Sleamhnán 3



## Litriú
caol & leathan

Roghnaigh an deireadh ceart (ar dheis) a oireann don chéad chuid den ainmfhocal cuí ar chlé. Ná déan dearmad faoi ord na ngutaí. Cé mhéad siolla atá i ngach focal a chruthaíonn tú?

| Tús an ainmfhocail | Deireadh an ainmfhocail |
|---|---|
| Polait- | -óir / eoir |
| Scoil- | -anna / eanna |
| Iodáil- | -ais / is |
| Léitheoir- | -acht / eacht |
| Múint- | -óir / eoir |
| Eol- | -aíocht / íocht |
| Leith- | -ras / reas |
| Gramad- | -ach / each |
| Focl- | -óir / eoir |

**Gramadach:** Caol le caol, leathan le leathan.

# **Fócas ar Theanga** An Aimsir Láithreach: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Rialacha na haimsire láithrí a mhúineadh do na foghlaimeoirí |
| Stór focal | Ábhair Scoile |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***An scoil i gCúba***, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aimsir láithreach.

## *Freagraí*

### Aimsir láithreach 1

Ceapaim (1 réimniú / 1 pearsa uatha) go bhfuil an lá scoile níos faide i gCúba ná mar atá i dtíortha eile, tosaímid (2 réimniú / 1 pearsa iolra) ar a hocht agus críochnaímid (2 réimniú / 1 pearsa iolra) ar a ceathair a chlog, agus bíonn (1 réimniú / 3 pearsa uatha) lón uair an chloig againn.

### Aimsir láithreach 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ceannaigh<br>Ceannaím<br>Ceannaíonn tú/sé/sí<br>Ceannaímid<br>Ceannaíonn sibh<br>Ceannaíonn siad | Bris<br>Brisim<br>Briseann tú/sé/sí<br>Brisimid<br>Briseann sibh<br>Briseann siad | Foghlaim<br>Foghlaimím<br>Foghlaimíonn tú/sé/sí<br>Foghlaimímid<br>Foghlaimíonn sibh<br>Foghlaimíonn siad | Dún<br>Dúnaim<br>Dúnann tú/sé/sí<br>Dúnaimid<br>Dúnann sibh<br>Dúnann siad |
| Imir<br>Imrím<br>Imríonn tú/sé/sí<br>Imrímid<br>Imríonn sibh<br>Imríonn siad | Roghnaigh<br>Roghnaím<br>Roghnaíonn tú/sé/sí<br>Roghnaímid<br>Roghnaíonn sibh<br>Roghnaíonn siad | Scríobh<br>Scríobhaim<br>Scríobhann tú/sé/sí<br>Scríobhaimid<br>Scríobhann sibh<br>Scríobhann siad | Léigh<br>Léim<br>Léann tú/sé/sí<br>Léimid<br>Léann sibh<br>Léann siad |

## Aimsir láithreach - ceisteanna

An gceannaíonn tú ceapaire gach lá?

An ólann tú?

An gcaithim?

An mbailíonn sibh?

An imíonn siad?

## Aimsir láithreach – Briathra mírialta

*Tá – an aimsir láithreach

**Bí – an aimsir ghnáthláithreach

## Aimsir láithreach – Gníomhaíocht

Iarr ar gach dalta an pictiúr atá fíor fúthu féin a roghnú le haghaidh gach abairt. Bí cinnte go bhfuil an focal ceart acu.

1. Ithim tósta / gránach / bricfeasta friochta don bhricfeasta.
2. Tagaim go dtí an scoil ar mo rothar / ar an mbus / sa charr.
3. Bíonn pasta / ceapaire/ burgar agam don lón.
4. Téim abhaile ar a ceathair / cúig / sé a chlog.
5. Féachaim ar an teilifís / ar *youtube* ar an idirlíon / ar chluichí peile tar éis na scoile.
6. Déanaim m'obair bhaile ar feadh uair an chloig / dhá uair an chloig / trí uair an chloig.

Anois iarr orthu labhairt le ceathrar eile sa rang agus ceisteanna a chur ar a chéile faoin eolas ar an mbileog. Más rang maith atá agat is féidir a rá leo an ghníomhaíocht a dhéanamh. Bí cinnte áfach go bhfuil na ceisteanna cearta ag na daltaí ar fad más rang lag atá agat. Cuir béim ar an bhfreagra gonta:

An itheann tú tósta don bhricfeasta?

Ní ithim. Ithim gránach don bhricfeasta.

***Nó***

An itheann tú tósta don bhricfeasta?

Ithim. Agus bíonn cupán tae agam freisin.

*Féach leathanach 1 – 20 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga:** An Aimsir Láithreach

**Sleamhnán 1**

### An Aimsir Láithreach 1

Féach ar an abairt ag bun an leathanaigh agus cuir líne faoi gach briathar atá san aimsir láithreach. Bí in ann a rá (1) cén pearsa atá i gceist agus (2) an bhfuil siad leathan nó caol! Féach:

**An chéad phearsa uatha**
- aim / - im ***nó*** - aím / - ím (mé)

**An dara pearsa uatha**
- ann / - eann ***nó*** - aíonn / - íonn (tú)

**An tríú pearsa uatha**
- ann / - eann ***nó*** - aíonn / - íonn (sé, sí)

**An chéad phearsa iolra**
- aimid / imid ***nó*** - aímid / - ímid (muid)

**An dara pearsa iolra**
-ann / - eann ***nó*** - aíonn / - íonn (sibh)

**An tríú pearsa iolra**
- ann / - eann ***nó*** - aíonn / - íonn (siad)

Ceapaim go bhfuil an lá scoile níos faide i gCúba ná mar atá i dtíortha eile, tosaímid ar a hocht agus críochnaímid ar a ceathair a chlog, agus bíonn lón uair an chloig againn.

**Gramadach:** An aimsir láithreach, na deirí; **obair aonair:** briathra san aimsir láithreach a aithint.

**Sleamhnán 2**

### An Aimsir Láithreach 2

Roghnaigh na deirí cearta ó leathanach 1 chun na briathra sna boscaí a scríobh amach i ngach pearsa.

Bí cinnte:
1. Go roghnaíonn tú an deireadh oiriúnach don chéad agus don dara réimniú!
2. Nach ndéanann tú dearmad ar an riail 'caol le caol agus leathan le leathan'!

| **Ceannaigh** | **Bris** | **Foghlaim** | **Dún** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Imir** | **Roghnaigh** | **Scríobh** | **Léigh** |
| | | | |

**Gramadach, obair aonair:** briathra éagsúla a chur san aimsir láithreach.

**Sleamhnán 3**

### An Aimsir Láithreach Ceisteanna

Cuir na focail agus na litreacha seo le chéile chun ceist a chumadh san aimsir láithreach:

ceannaíonn lá An gach
tú ceapaire g?

______________________________

Féach ar an seicliosta thíos chun ceisteanna a chumadh san aimsir láithreach:


- ✓ Tosaíonn an cheist le 'An'.
- ✓ Cuirtear urú ar an mbriathar tar éis 'an': 'An dtiteann'.
- ✓ Tagann an forainm díreach tar éis an bhriathair 'An dtiteann tú?'

Cum ceisteanna leis na briathra seo anois:

Ól Caith Bailigh Imigh


**Gramadach:** ceisteanna a chumadh san aimsir láithreach.

Sleamhnán 4





**Gramadach:** freagraí ar cheisteanna san aimsir láithreach.

Sleamhnán 5




**Gramadach:** na briathra neamhrialta san aimsir láithreach.

Sleamhnán 6




**Gramadach:** Abairtí san aimsir láithreach a chríochnú.

# **Fócas ar Theanga** Na bunuimhreacha (1-10): Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
|---|---|
| Spriocanna | Rialacha na mbunuimhreacha |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Tar éis am scoile – Caoimhe***, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na treoracha leis na daltaí. Abair leis na foghlaimeoirí aithris a dhéanamh ar na samplaí tugtha mura bhfuil na rialacha ar eolas acu cheana féin. Déan druil leis na foghlaimeoirí ag cleachtadh rialacha na mbunuimhreacha, mar shampla:

Scríobh a leithéid seo ar an gclár bán agus iarr ar dhaltaí éagsúla an dá fhocal a chur le chéile:

2 + bróg

7 + cathaoir

3 + asal


Is féidir amhlaidh a dhéanamh leis na hainmfhocail mírialta. Is féidir chomh maith iarraidh ar na daltaí abairtí a chumadh leo.

## *Freagraí*

### Bunuimhreacha (1-10)

| | Consain | Gutaí |
|---|---|---|
| 1 | aon bhord amháin<br>aon bhád amháin | aon ábhar amháin<br>aon úll amháin |
| 2-6 | dhá bhord<br>sé bhád | sé ábhar<br>cúig úll |
| 7-10 | ocht mbord<br>naoi mbád | naoi n-ábhar<br>seacht n-ábhar |

# **Fócas ar Theanga:** Na bunuimhreacha

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>



## Bunuimhreacha (1-10)

Rialacha

1. An bhfuil na rialacha a bhaineann le rudaí a chomhaireamh ar eolas agat? Líon na bearnaí sa bhosca thíos leis an duine in aice leat. Bain úsáid as na focail – ***bád*** agus ***úll*** chun na bearnaí a líonadh. Tá sampla déanta.

<table>
<tr><th></th><th>Consain</th><th>Gutaí</th></tr>
<tr><td>1</td><td>aon bhord amháin</td><td>aon ábhar amháin</td></tr>
<tr><td>2-6</td><td>dhá bhord</td><td>sé ábhar</td></tr>
<tr><td>7-10</td><td>ocht mbord</td><td>naoi n-ábhar</td></tr>
</table>

2. Cuir na huimhreacha seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú:

**a dó**<br>**dhá**<br>**a ceathair**<br>**ceithre**
</td>
<td>Gramadach: bunuimhreacha 1 - 10</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>


## Bunuimhreacha (eisceachtaí)

Rialacha

Féach ar na hainmfhocail nach mbaineann na gnáthrialacha leo. Cén fáth a bhfuil na hainmfhocail seo neamhrialta, dar leat?

<table>
<tr><th>Bliain</th><th>bliain amháin<br>1</th><th>dhá bhliain<br>2</th><th>trí bliana<br>3-6</th><th>ocht mbliana<br>7-10</th></tr>
<tr><td>Uair</td><td>uair amháin<br>1</td><td>dhá uair<br>2</td><td>ceithre huaire<br>3-6</td><td>seacht n-uaire<br>7-10</td></tr>
<tr><td>Ceann</td><td>ceann amháin<br>1</td><td>dhá cheann<br>2</td><td>cúig cinn<br>3-6</td><td>naoi gcinn<br>7-10</td></tr>
<tr><td>Seachtain</td><td>seachtain amháin<br>1</td><td>dhá sheachtain<br>2</td><td>sé  seachtaine<br>3-6</td><td>deich seachtaine<br>7-10</td></tr>
</table>
</td>
<td>Gramadach: Bunuimhreacha eisceachtaí.</td>
</tr>
</table>

# Caibidil 2:
# **Saol na Scoile**

**A.** Am saor (Aoife & Liam)

**B.** Am saor (Bertie)

**C.** Saol sóisialta

**D.** Nuair a bhí mé i mo dhéagóir (Réasúnta dúshlánach)

**E.** Díospóireachtaí Uí Chadhain (Dúshlánach)


**F.** Déagóirí agus sástacht (Measartha dúshlánach)

**G.** Déagóirí agus sástacht (Dúshlánach)

**H.** Dán – Fear Lasta Lampaí (Réasúnta dúshlánach)

**I.** Iris na Scoile

**J.** Fócas ar Theanga:
- i. Litriú
- ii. Na tuisil
- iii. Uimhreacha



# 2A. Saol Sóisialta (Aoife & Liam): Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / caitheamh aimsire |
| Stór focal | Ócáidí sóisialta sa scoil agus caitheamh aimsire |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ó Choláiste Íosagáin ag labhairt faoi ócáidí móra sa scoil agus dalta ó Choláiste Eoin ag labhairt faoi cad is maith leis a dhéanamh ina am saor. Tá an mhír réasúnta éasca.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ Tabhair seans do na daltaí féachaint ar na hócáidí scoile agus téigh siar ar mhíniú na bhfocal tar éis tamaill mura bhfuil siad ar eolas acu.
- ✔ Iarr orthu ansin liosta de na himeachtaí a tharlaíonn ina scoil féin a scríobh ina gcóipleabhair agus plé a dhéanamh leis an duine in aice leo faoi na cinn is maith leo agus na cinn nach maith leo.
- ✔ Is féidir dul siar ar an struchtúr seo: *An maith leat Lá Spóirt na Scoile? Is maith / Ní maith*. Déan druil leis an rang ag cleachtadh na ceiste agus déan idirdhealú idir 'is maith liom' agus 'ba mhaith liom'.

## Réamhobair 2

- ✔ Léigh na focail sna boscaí le cinntiú go bhfuil siad ar fad ar eolas ag na foghlaimeoirí.
- ✔ Iarr orthu cúpla líne fúthu féin a scríobh agus cuidigh leo siúd a bhfuil caitheamh aimsire acu nach bhfuil sna boscaí.
- ✔ Téigh timpeall an ranga agus cuir an cheist seo ar dhaltaí éagsúla: Cad a dhéanann tú i d'am saor?
- ✔ Ansin pléigh an cheist agus na freagraí seo leis an rang: An dtaitníonn... leat? Taitníonn / Ní thaitníonn.

## Réamhobair 3

- ✔ Is cleachtadh cainte é seo. Iarr ar na foghlaimeoirí an méid atá fíor fúthu féin a bhreacadh sa cholún faoi 'Tú féin'. Ansin, iarr orthu labhairt le beirt eile sa rang agus an cheist 'An dtaitníonn . . . leat?' a chur orthu faoi gach imeacht.
- ✔ Ba cheart go mbeadh gach dalta in ann abairtí faoin mbeirt ar labhair siad leo a rá amach os ard, abairtí cosúil leis na cinn ag bun an leathanaigh.

## Éisteacht

- Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé

- Cuireann an ceacht seo le stór focal na bhfoghlaimeoirí agus lena scileanna léitheoireachta.
- Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh ina mbeirteanna.
- Pléigh na freagraí leis an rang.
- Abair leo an cheist – 'Cad iad na scannáin is maith leat?' a chur ar chúpla duine sa rang.
- Is féidir ag an bpointe seo béim a chur ar an bhfoirm threise chomh maith. 'Cad iad na scannáin is maith **leatsa**?'

## *Freagraí*

### Iarphlé

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | a | e | d | i | c | h | b | f |

# **2A. Am saor** (Aoife & Liam)

## Sleamhnán 1

### Saol Sóisialta

Réamhobair 1

Ócáidí Móra

Féach ar na hócáidí seo, an bhfuil a fhios agat cad iad?

**Tráth na gceist**

**Tóraíocht Taisce**

**Ceolchoirm**

**Lá Spóirt**

**Seachtain na Gaeilge**

**Seachtain na Leabhar**

Cad iad na hócáidí móra a bhíonn ar siúl i do scoil féin? Scríobh liosta dóibh agus cuir in aice leis na cinn is maith leat agus in aice leis na cinn nach maith leat.

Cad atá ag an duine in aice leat?

**Stór focal:** ócáidí mhóra ar scoil; **tasc scríofa:** ócáidí i do scoil féin; **obair bheirte:** an maith leat...? Is/ní maith.

## Sleamhnán 2

### Saol Sóisialta

Réamhobair 2

Cad iad na rudaí a bhfuil suim agat iontu tar éis am scoile?

| | | | |
|---|---|---|---|
| Is maith liom<br>Is breá liom | dul<br>dul go dtí | ceolchoirmeacha<br>an phictiúrlann<br>ag siopadóireacht<br>caife<br>peil<br>cispheil<br>leadóg<br>ceol<br>amhráin<br>bailé<br>díospóireachtaí | a imirt<br>a ithe<br>a ól (le cairde)<br>a sheinm<br>a dhéanamh<br>a chanadh |

Roghnaigh focail ó gach colún thuas chun abairtí atá fíor fút féin a scríobh. Mar shampla:

Is maith liom caife a ól le cairde.

Féach ar an gceist:

An dtaitníonn bailé leat?

Agus an freagra:

Taitníonn / ní thaitníonn

**Stór focal:** saol sóisialta; **tasc scríofa:** tasc gairid faoina saol sóisialta; **tasc labhartha:** ceisteanna a fhreagairt.

## Sleamhnán 3

### Saol Sóisialta

Réamhobair 3

***An dtaitníonn_______________ leat?***



***Taitníonn / Ní thaitníonn***

| Imeacht | Tú féin | Duine 1 | Duine 2 |
|---|---|---|---|
| Seachtain na Gaeilge | | | |
| Ceolchoirm na Scoile | | | |
| An Eoraifís | | | |
| Craobh na hÉireann | | | |
| Samhain | | | |

***Taitníonn Craobh na hÉireann le Tomás***

***Ní thaitníonn Seachtain na Gaeilge le Síle.***

**Tasc scríofa:** taitníonn/ní thaitníonn; **tasc labhartha:** an dtaitníonn?; taitníonn ... le ...

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
</td>
<td>Stór focal: scannáin; obair bheirte: labhairt faoi scannáin.</td>
</tr>
</table>

# 2B. Am saor (Bertie): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / teilifís agus caitheamh aimsire |
| Stór focal | Teilifís agus caitheamh aimsire |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag rá cad iad na caithimh aimsire atá aige. Tá an mhír réasúnta éasca cé go bhfuil an chaint tapa agus tá canúint Chonnacht ag an gcainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ Tabhair seans do na daltaí an cleachtadh a dhéanamh ar feadh nóiméad nó dhó agus abair leo samplaí a chur ar fáil duit.
- ✔ Iarr orthu ansin brí na bhfocal i mbun an tsleamhnáin a chur ar fáil duit, más féidir leo (féach Freagraí thíos).

## Réamhobair 2

- ✔ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Muna bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna.
- ✔ Cuir cuid den teanga a thiocfaidh chun cinn sa phlé ar an gclár nuair a bheidh siad críochnaithe ag caint. Tá an topaic réasúnta éasca le plé, mar sin, leag béim ar ghramadach chruinn.

## Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé

- ✔ Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Connachtach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.

## Freagraí

### Réamhobair 1

| | |
|---|---|
| láithreoir: | *presenter* |
| léiritheoir: | *producer* |
| stiúrthóir: | *director* |
| craoltóir: | *broadcaster* |
| aoi: | *guest* |
| taighdeoir: | *researcher* |

### Iarphlé 1

**14.** scaití: anois is arís / ó am go chéile

**15.** chuile: gach / achan (Uladh)

**16.** breathnaigh (Connacht): féach (Mumhan) / amharc (Uladh)

# **2B. Am saor** (Bertie)

## Sleamhnán 1

### Am saor
Réamhobair 1

Smaoinigh ar shamplaí de chláracha teilifíse le haghaidh gach saghas cláir thíos.

1. Clár cainte: *sampla* ____________________
2. Clár grinn: ____________________
3. Clár cúrsaí reatha: ____________________
4. Clár faisnéise: ____________________
5. Clár sraithe: ____________________
6. Teilifís réaltachta: ____________________
7. Clár cócaireachta: ____________________
8. Clár tallainne: ____________________
9. Clár taistil: ____________________

**An dtuigeann tú na focail seo?**

| | | |
|---|---|---|
| Láithreoir | Léiritheoir | Stiúrthóir |
| Craoltóir | Aoi | Taighdeoir |

**Stór focal:** cláir theilifíse.

## Sleamhnán 2

### Am saor
Réamhobair 2

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cad iad na cláracha teilifíse is fearr leat faoi láthair?
2. Cad iad na cineálacha cláracha nach maith leat ar chor ar bith?
3. Cé hiad na láithreoirí teilifíse is fearr leat agus cé hiad na láithreoirí teilifíse a chuireann isteach ort?
4. Dá mbeifeá le clár a chur i láthair, cén cineál cláir a mbeadh spéis agat ann?
5. Cé acu is fearr leat, a bheith amuigh faoin aer nó a bheith istigh ag féachaint ar an teilifís?
6. Cad iad na rudaí is maith leat a dhéanamh seachas a bheith ag féachaint ar an teilifís?

**Obair bheirte:** plé ar chláir theilifíse.


## Sleamhnán 3

### Am saor
Éisteacht

Beidh tú ag éisteacht le Bertie Ó Domhnaill ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag rá cad a bhíonn ar bun aige ina chuid am saor. Aimsigh freagraí na gceisteanna seo agus tú ag éisteacht leis:

- Cé mhéad spéise atá ag Bertie sa teilifís?
- Cén fáth a mbíonn sé istigh sa teach luath ag amanna áirithe den bhliain?
- Cad iad na rudaí a thaitníonn le Bertie a dhéanamh?
- Cá bhfuil Bertie ina chónaí?

**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | <br> | **Feasacht teanga:** canúintí. |

# 2C. Saol Sóisialta Bertie agus Anna:
## Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / áiseanna i gceantar |
| Stór focal | Saol Sóisialta / Áiseanna i gceantar |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil beirt ó scoileanna difriúla ag cur síos ar an saol sóisialta a bhíonn ag daoine óga ina gceantar féin. Tá an mhír réasúnta éasca agus tá canúint Chonnacht i gceist leis an gcéad chainteoir agus canúint Uladh i gceist leis an dara cainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

### Réamhobair 1

- ✔ Abair leis na daltaí nótaí a bhreacadh ina gcóipleabhair ar na ceisteanna atá ar an sleamhnán.
- ✔ Pléigh cuid de na freagraí a bheidh acu leis an rang iomlán.

### Réamhobair 2

- ✔ Is éard atá i gceist leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag smaoineamh ar na rudaí éagsúla atá le déanamh ina gceantar féin do dhaoine óga.
- ✔ Cuir ag obair ina mbeirteanna iad chun é a dhéanamh níos éasca dóibh, más gá.
- ✔ Abair le daltaí éagsúla a bpleananna a ghlaoch amach chugat ag an deireadh agus dírigh ar aon earráidí móra a dhéanfaidh siad sa chaint.

### Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✔ Tá an bheirt chainteoirí ar fáil sa mhír chéanna.

### Iarphlé

- ✔ D'fhéadfá a rá leis na daltaí freagraí na gceisteanna seo a scríobh síos ina gcóipleabhair ar dtús.

Pléigh a gcuid smaointe mar rang iomlán ansin agus cuir abairtí deasa a déarfaidh siad ar an gclár. Tarraing aird ar dhea-abairtí agus ar ghramadach chruinn.

## 2C. **Saol sóisialta** – Bertie agus Anna

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Saol Sóisialta** Réamhobair 1<br>**Do cheantar féin**<br>Smaoinigh ar an mbaile a bhfuil tú i do chónaí ann / is cóngaraí duit agus freagair na ceisteanna seo faoi:<br>1. An caife is fearr leat ann:__________<br>2. An tsráid is fearr leat ann:__________<br>3. Na siopaí is deise ann:__________<br>4. Cá mbuaileann daoine óga le chéile ann?__________<br>5. Na háiseanna is fearr leatsa atá ann:__________ | **Obair aonair:** nótaí a bhreacadh faoi do cheantar féin; **plé ranga:** na freagraí a phlé le chéile. |
| Sleamhnán 2 | **Saol Sóisialta** Réamhobair 2<br>Samhlaigh go bhfuil cuairteoir ag teacht chugat ar feadh seachtaine – déagóir ó áit éigin eile sa tír. Cad a dhéanfaidh sibh timpeall na háite gach lá? Déan amach plean agus smaoinigh ar na gnáthrudaí a dhéanann tú féin i gcaitheamh na seachtaine agus na rudaí atá le déanamh i do cheantar féin do dhaoine óga.<br>**Dé Luain:**<br>**Dé Máirt:**<br>**Dé Céadaoin:**<br>**Déardaoin:**<br>**Dé hAoine:**<br>**Dé Sathairn:**<br>**Dé Domhnaigh:** | **Obair bheirte:** saol sóisialta sa cheantar. |
| Sleamhnán 3 | **Saol Sóisialta** Éisteacht<br>Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna.<br>1. An bhfuil Bertie sásta leis an méid rudaí is féidir a dhéanamh ina cheantar féin? Cén fáth?<br>2. Cad a deir sé faoin spórtlann?<br>3. An dóigh le Bertie gur cheart go mbeadh níos mó saoirse ag déagóirí? Cén fáth?<br>4. Cad iad na háiseanna atá ar fáil do dhaoine óga i nGaoth Dobhair, dar le hAnna?<br>5. Cén fáth a dtéann na daoine óga i nGaoth Dobhair go Leitir Ceanainn?<br>6. Cad a deir Anna faoin gclub oíche atá i nGaoth Dobhair? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Saol Sóisialta** Iarphlé<br><br>Pléigh na ceisteanna seo.<br><br>1. Tá Bertie agus Anna ina gcónaí i gceantair tuaithe i gConamara agus i nGaoth Dobhair. Cad fútsa? Déan cur síos ar d'áit chónaithe féin.<br><br>2. Cad iad do chuid tuairimí faoi bheith i do chónaí faoin tuath nó i gcathair? Cad a shíleann tú atá go maith/go holc faoin dá cheann? | **Obair aonair scríofa:** do cheantar féin; **saibhriú teanga:** frásaí deasa le cur síos a dhéanamh. |

# 2D. Nuair a bhí mé i mo dhéagóir:
## Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / blianta na ndéaga |
| Stór focal | Blianta na ndéaga |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil múinteoir Gaeilge ag caint ar an méid saoirse a bhí aici féin agus í ina déagóir. Tá an chaint soiléir agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht ***Na Tuisil*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.

### Réamhobair 1

- ✔ Léigh a bhfuil ar shleamhnán 1 leis na foghlaimeoirí le hinsint dóibh cad atá le teacht.
- ✔ Tá na frásaí ar an sleamhnán Réamhobair 1 le cloisteáil sa mhír. An aidhm atá leis an gcleachtadh seo ná aird na daltaí a dhíriú ar ghnéithe áirithe den teanga (1. séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh agus 2. an tuiseal ginideach). Nuair a bheidh na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** déanta, is féidir ansin ***Na Tuisil*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid. Go fóill, is leor díreach freagraí an chleachtaidh seo a phlé leis an rang (féach Freagraí thíos).

### Réamhobair 2

- ✔ Tá cúpla sampla den aimsir ghnáthchaite le cloisteáil sa mhír agus is minic nach mbíonn an aimsir sin ar bharr a dteanga ag daltaí. Tabhair seans dóibh na freagraí a chur ar fáil duit iad féin, áfach, sula scríobhann tú ar an gclár iad (féach Freagraí thíos).

### Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

### Iarphlé 1

- ✔ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a phlé le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Muna bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna nó eile abair leo cúpla abairt a scríobh do gach ceist ina gcóipleabhair le plé leis an rang ar fad ansin.
- ✔ Níl sé i gceist go mbeadh na freagraí ar cheisteanna 2 agus 3 róphearsanta.

## Iarphlé 2

- ✔ D'fhéadfaí go leor oibre a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo ag brath ar an rang atá agat nó gan bacadh leis in aon chor. Má tá spéis ag an rang ann d'fhéadfaidís oibriú i ngrúpaí air ar feadh tamaill agus ansin cur i láthair an-ghearr a dhéanamh don rang. Nó eile, d'fhéadfaidís cúpla pointe a chur ar fáil duit mar rang iomlán. Braitheann sé ar an ngrúpa daltaí atá agat.

## Iarphlé 3

- ✔ Tá sé léirithe go mbíonn deacrachtaí ag cainteoirí dúchais Gaeilge mothúcháin a chur in iúl sa Ghaeilge toisc easpa stór focal (An Staidéar Cuimsitheach ar Staid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007). An aidhm atá leis an sleamhnán seo agus an chéad sleamhnán eile ná cur le saibhreas cainte na ndaltaí sa réimse sin.
- ✔ Ceistigh na daltaí faoi bhrí na nathanna atá ar an sleamhnán (féach Freagraí thíos). Má tá cinn eile níos oiriúnaí do do chanúint féin úsáid iad sin seachas na cinn atá anseo.
- ✔ Bí cinnte go leagann tú béim ar úsáid na nathanna chomh maith i.e. ní úsáidfeá i gcomhthéacs foirmiúil iad – le múinteoir etc.

## Iarphlé 4

- ✔ Gníomhaíocht éadrom atá anseo ach a chuireann le saibhreas cainte na ndaltaí.
- ✔ Pléigh brí na nathanna leis an rang ar fad (féach Freagraí thíos) agus arís, cuir cinn ón gcanúint áitiúil ina n-áit, más gá.

## *Freagraí*

### Réamhobair 1

| | | |
|---|---|---|
| **21.** | boarding school: | scoil **ch**ónaithe |
| **22.** | a lack of freedom: | easpa saoirse |
| **23.** | during the summer: | i rith an **ts**amhra**i**dh |
| **24.** | during the year: | i rith na **bliana** |

### Réamhobair 2

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | We used to go: | théimis |
| **2.** | We used to have a *walkman*: | bhíodh *walkman* againn |
| **3.** | We used to be really looking forward to: | bhímis ag súil go mór le |
| **4.** | They used to come for three months: | thagaidís ar feadh trí mhí |

### Iarphlé 2

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Lig dom féin: | leave me alone |
| **2.** | Bíodh agat: | suit yourself (ach an-láidir) |
| **3.** | Fág an áit: | go away out of that (má deirtear rud éigin áiféiseach) |
| **4.** | Bailigh leat: | go away |
| **5.** | **Éist do bhéal:** | shut up |

| | | |
|---|---|---|
| **6.** | Dún do chlab: | shut up |
| **7.** | Ná bodhar mo cheann: | don't deafen me (má tá duine éigin ag labhairt ró-ard nó ag rá rudaí nach maith leat.) |
| **8.** | Caith uait do raiméis: | stop talking rubbish |
| **9.** | Tóg bog é, in ainm Dé: | calm down for God's sake |

### Iarphlé 3

1. Bíonn sé cantalach: he's cranky
2. Bíonn sí i gcónaí ag áiteamh ar a thuismitheoirí: he's always arguing with his parents
3. Tá pus air: he's sulking / moody
4. Codlaíonn sé go heatarthu: he sleeps until midday (idir maidin is tráthnóna)
5. Bíonn cuma straoileach uirthi: she looks slobby
6. Bíonn sí náirithe ag a tuismitheoirí : her parents embarrass her
7. Tá sé ceanndána: he's headstrong
8. Bíonn scaimh uirthi nuair a deirtear léi rud éigin a dhéanamh: she puts a face on when she's told to do something.

# 2D. Nuair a bhí mé i mo dhéagóir

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir**<br>I gceann tamaill, beidh tú ag éisteacht le Ciara, múinteoir ó Chiarraí, ag cur síos ar an méid saoirse a tugadh di nuair a bhí sí ina déagóir.<br><br>Sula n-éisteann tú léi, bain triail as na cleachtaí seo... | Réamhrá |
| Sleamhnán 2 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** **Réamhobair 1**<br>Conas a déarfá na rudaí seo as Gaeilge? Scríobh i do chóipleabhar iad agus bí cúramach leis an litriú!<br>**1. boarding school**<br>**2. a lack of freedom**<br>**3. during the summer**<br>**4. during the year** | **Stór focal:** nathanna faoi leith; **gramadach:** séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh; tuiseal ginideach. |
| Sleamhnán 3 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** **Réamhobair 2**<br>Conas a chuirfeá síos ar rudaí a dhéantá fadó? Abair na rudaí seo as Gaeilge:<br>**1. We used to go...**<br>**2. We used to have a *walkman*.**<br>**3. We used to be really looking forward to...**<br>**4. They used to come for three months.** | **Gramadach:** aimsir ghnáthchaite. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** Éisteacht<br>Éist le Ciara agus freagair na ceisteanna seo:<br>1. Cén fáth a raibh níos lú saoirse ag Ciara seachas daoine eile?<br>2. Cén fáth a mbíodh ar Chiara agus a cairde a bheith ag éisteacht le ceol san oíche faoi na pluideanna?<br>3. Cén fáth a mbíodh Ciara ag súil go mór leis na coláistí samhraidh?<br>4. Cé chomh minic is a théadh Ciara go dtí an club oíche?<br>5. Cé chomh minic is a théann déagóirí go dtí an club oíche na laethanta seo? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 5 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** Iarphlé 1<br>Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:<br>1. Bhíodh Ciara ag éisteacht le Wham, Whitney Heuston agus Michael Jackson. Cén saghas ceoil a n-éisteann tusa leis?<br>2. Ceapann Ciara nach raibh mórán saoirse aici nuair a bhí sí ina déagóir. An gceapann tusa go dtugann do thuismitheoirí go leor saoirse duitse?<br>3. An bhfuil rudaí ann ba bhreá leat a dhéanamh ach nach bhfuil cead agat fós? Cad iad? | **Obair bheirte:** ceisteanna le plé (nó obair aonair scríofa le plé ranga ina dhiaidh). |
| Sleamhnán 6 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** Iarphlé 2<br>Is minic a bhíonn tuismitheoirí buartha faoi dhéagóirí. An dóigh leatsa go bhfuil cúis acu? Pléigh leis an duine in aice leat.<br>Ag obair leis an duine in aice leat, scríobh síos cúpla slí a chosnaíonn déagóirí iad féin ó na dainséir seo a leanas:<br>**dainséir ar an idirlíon**<br>**deoch**<br>**drugaí**<br>**'cairde' a bheith gránna leo** | **Obair ghrúpa:** ceisteanna a phlé; **cur i láthair:** gach grúpa ag déanamh cur i láthair don rang. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** **Iarphlé 3**<br><br>Is mó slí atá ann sa Ghaeilge chun déileáil le daoine gránna a bhíonn ag cur isteach orainn. Féach ar na samplaí thíos. An dtuigeann tú cathain a úsáidtear iad?<br><br>**Lig dom féin.**<br>**Bíodh agat.**<br>**Fág an áit.**<br>**Bailigh leat.**<br>**Éist do bhéal.**<br>**Dún do chlab.**<br>**Ná bodhar mo cheann.**<br>**Caith uait do raiméis.**<br>**Tóg bog é, in ainm Dé.**<br><br>Agus na mallachtaí seo...<br>**Fán fada ort.**<br>**Léan léir ort.** | **Saibhriú teanga:** mothúcháin diúltacha a chur in iúl. |
| Sleamhnán 8 | **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir** **Iarphlé 4**<br><br>Deirtear go mbíonn tréithe áirithe ag baint le blianta na ndéaga. Tréithe a bhíonn dúshlánach uaireanta do thuismitheoirí!<br>An dtuigeann tú cad is brí leis na frásaí thíos?<br><br>**1. Bíonn sé cantalach**<br>**2. Bíonn sí i gcónaí ag áiteamh ar a tuismitheoirí**<br>**3. Tá pus air**<br>**4. Codlaíonn sé go heatarthu**<br>**5. Bíonn cuma straoileach uirthi**<br>**6. Bíonn sí náirithe ag a tuismitheoirí**<br>**7. Tá sé ceanndána**<br>**8. Bíonn scaimh uirthi nuair a deirtear léi rud éigin a dhéanamh**<br><br>Bíonn na rudaí thuas fíor faoi dhaoine fásta leis, gan amhras! | **Saibhriú teanga:** cur síos ar dhéagóir. |

# 2E. Díospóireachtaí Uí Chadhain:
## Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / díospóireachtaí |
| Stór focal | Díospóireachtaí |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil beirt chailíní ó scoileanna difriúla ag cur síos ar a bheith i gCraobh na hÉireann do Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain. Tá an mhír réasúnta éasca agus tá canúint Uladh i gceist leis an gcéad chainteoir agus canúint na Mumhan i gceist leis an dara cainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

### Réamhobair 1

- ✔ Tabhair seans do na daltaí an cleachtadh faoi (a) a dhéanamh ar feadh nóiméad nó dhó agus éist le cúpla tuairim a bheidh acu.
- ✔ Cuir na daltaí ag obair ar chuid (b) ansin agus pléigh na freagraí a bheidh acu mar rang iomlán. Bí cinnte go mbeidh focail/frásaí acu ar nós ‘duine atá deisbhéalach’; ‘duine atá go maith á chur féin in iúl’; ‘duine atá muiníneach ag labhairt os comhair daoine eile’; ‘duine atá ábalta argóintí láidre a chur i láthair’; ‘duine atá go maith ag tabhairt daoine leis’.

### Réamhobair 2

- ✔ Pléigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.

### Éisteacht

- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✔ Tá an bheirt chainteoirí ar fáil sa mhír chéanna.

### Iarphlé 1

- ✔ Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Ultach/Muimhneach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.

- ✓ An aidhm atá leis an dara pointe ar an sleamhnán seo ná aird a tharraingt ar réimse úsáide an fhocail 'galánta'. Úsáidtear i gCanúint Uladh é sa chiall 'álainn' / 'an-deas'. E.g. Bhí an t-óstán sin galánta (ní fhuaimnítear an 'á').

## Iarphlé 2

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar nathanna/frásaí a chur le chéile faoin gceithre theideal ar an sleamhnán. An aidhm atá leis an gcleachtadh seo ná cur le stór focal / saibhreas cainte na ndaltaí. Tá samplaí sna Freagraí thíos ach cuir leo tú féin.

## Iarphlé 3

- ✓ Más maith leat, is féidir leat díospóireacht a eagrú sa rang pé slí a dhéanann tú féin de ghnáth é.
- ✓ Ní gá cloí leis an rún atá tugtha, gan amhras. D'fhéadfadh na daltaí ceann eile a roghnú dóibh féin.

## *Freagraí*

### Iarphlé 1

**17.** fosta: *freisin / chomh maith / leis*

**18.** domhsa: *domsa*

**19.** iontach deas: *an-deas*

**20.** Bhain mé sult millteanach as: *bhain mé sult mór as / taitneamh mór as*

**21.** *Ní rinne mé dath ar bith roimhe sin: *Ní dhearna mé rud ar bith / faic in aon chor / tada (*deir sí 'ní rinne mé' ach is 'ní dhearna mé' an leagan caighdeánach).*

**22.** An gcuabhair: *An ndeachaigh sibh*

**23.** Chuamar: *Chuaigh muid*

## Iarphlé 2

*Samplaí*

**Easaontú go láidir le duine:**

Ní thagaim leat ar chor ar bith.

Sin seafóid amach is amach.

Níl an ceart agat ansin in aon chor.

Nach bhfuil a fhios agat go maith nach bhfuil sé sin fíor.

Ná habair liom go gcreideann tú é sin.

**Easaontú go pointe le duine:**

Ní thiocfainn leat céad faoin gcéad ansin.

B'fhéidir go bhfuil smut (cuid) den cheart agat, ach...

Tuigim do phointe ach mar sin féin...

Ní dóigh liom go bhfuil an ceart ar fad agat.

**Aontú go pointe le duine:**

Níl an rud atá tú ag rá as an tslí ar fad.

Tá pointe ansin áit éigin.

Tagaim leat sa mhéid sin.

**Aontú go láidir le duine:**

Tá an ceart ar fad agat.

Tagaim leat céad faoin gcéad sa mhéid sin.

Tá pointe fíormhaith déanta agat ansin.

Tá sé ráite agat.

# 2E. Díospóireachtaí Uí Chadhain

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Díospóireachtaí Uí Chadhain** réamhobair 1<br><br>(a) An bhfaca tú riamh duine a shíl tú a bhí an-mhaith go deo ag labhairt go poiblí? (e.g. Uachtarán éigin, polaiteoir éigin, aisteoir nó fear grinn/bean ghrinn, múinteoir ar scoil, cara duit etc.)<br>Scríobh síos cúpla sampla.<br><br>(b) Cad iad na tréithe a bhíonn ag daoine atá go maith ag díospóireacht?<br>Breac síos trí cinn. | **Obair aonair scríofa:** tuairim a bhreacadh síos; **plé ranga/grúpa:** tréithe a bhaineann le cainteoir maith. |
| Sleamhnán 2 | **Díospóireachtaí Uí Chadhain** réamhobair 2<br><br>(a) Cad atá ar eolas agat faoi Dhíospóireachtaí Uí Chadhain?<br><br>(b) Ar ghlac tusa nó daoine i do rang páirt riamh i ndíospóireachtaí i nGaeilge...?<br>...nó i mBéarla?<br><br>(c) An dtuigeann tú na focail seo:<br>an rún<br>i bhfabhar an rúin<br>i gcoinne an rúin<br> | **Plé ranga:** díospóireachtaí. |
| Sleamhnán 3 | **Díospóireachtaí Uí Chadhain** Éisteacht<br><br>Feicfidh tú beirt chailíní ag caint ar an uair ar ghlac siad páirt i nDíospóireachtaí Uí Chadhain; Ceithleann ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair agus Iseult ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne.<br><br>1. Conas a d'éirigh le foireann Cheithleann sna díospóireachtaí?<br>2. Cad a bhí speisialta faoin gcomórtas do Cheithleann?<br>3. Cén t-athrú atá tagtha ar Cheithleann tar éis di páirt a ghlacadh sa díospóireacht?<br>4. Cad a deir Iseult faoin áit a raibh an babhta ceannais ar siúl?<br>5. Conas a bhraith Iseult nuair a bhí sí ag díospóireacht? Cén fáth ar bhraith sí mar sin? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Díospóireachtaí Uí Chadhain** Iarphlé 1<br><br>**Conas a deir tusa é?**<br>Bíonn difríochtaí sna canúintí go minic sa Ghaeilge. An bhfuil slite eile agatsa chun na rudaí seo a rá?<br><br>"fosta"<br>"domhsa"<br>"iontach deas"<br>"Bhain mé sult millteanach as."<br>"*Ní rinne mé dath ar bith roimhe sin."<br>**agus**<br>"An gcuabhair?"<br>"Chuamar"<br><br>Deir Iseult go raibh an seomra i gColáiste na Tríonóide 'an-ghalánta' ar fad. Is é sin le rá *grand* nó *posh*.<br><br>Cad iad na slite eile atá ann chun an focal sin a úsáid (go háirithe i gCanúint Uladh)? | **Feasacht teanga:** canúintí; **stór focal:** focail ó chanúintí eile a fhoghlaim. |
| Sleamhnán 5 | **Díospóireachtaí Uí Chadhain** Iarphlé 2<br><br>**Ag aontú agus ag easaontú**<br><br>Scríobh síos cúpla nath (pé méid ceann gur féidir leat smaoineamh air) i gcomhair nuair a theastaíonn uait:<br><br>**1. Easaontú go láidir le duine**<br>**2. Easaontú go pointe le duine**<br>**3. Aontú go pointe le duine**<br>**4. Aontú go láidir le duine** | **Stór focal:** nathanna a bhaineann le díospóireachtaí. |
| Sleamhnán 6 | **Díospóireachtaí Uí Chadhain** Iarphlé 3<br><br>Cabhróidh an múinteoir libh anois díospóireacht a eagrú sa rang!<br><br>Seo daoibh an rún:<br><br>**Ba cheart cosc a chur ar éidí scoile i scoileanna na hÉireann.** | **Díospóireacht ranga.** |

# 2F. Déagóirí Sásta: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / gnáthshaol déagóra |
| Stór focal | Gnáthshaol déagóra |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt mar gheall ar shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí in Albain. Is alt é atá bunaithe ar fhíricí agus mar sin tá sé casta go leor ach tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi cad a dhéanann siad ina gcuid am saor.
- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✔ Abair leo an chéad cheist a dhéanamh leo féin ar dtús agus ansin ceist a dó a dhéanamh leis an duine in aice leo. Is cleachtadh cainte é seo agus is fiú nós na cainte a chruthú sa rang ón gcéad lá riamh.
- ✔ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d'fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.

## Réamhobair 2

- ✔ Abair leis na daltaí díriú ar chuid (a) ar dtús ar feadh cúpla nóiméad. Pléigh na freagraí a bheidh acu leis an rang iomlán (féach Freagraí thíos).
- ✔ Pléigh cuid (b) leis an rang agus tabhair nóiméad do gach beirt cúpla abairt a scríobh sna boscaí. Ba cheart go mbeadh comhrá ag dul ar aghaidh idir gach beirt. Siúl timpeall an ranga le cinntiú nach i mBéarla atá an comhrá.
- ✔ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad.

## Léamh

- ✔ Cuir na daltaí ag obair le chéile ina mbeirteanna chun an t-alt a léamh.
- ✔ Ansin léigh an t-alt leis an rang ar fad ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheadh acu.

## Léamhthuiscint

- ✔ Scríobh na ceisteanna thíos ar an gclár bán:

1. As na déagóirí ar fad in Albain a rinneadh suirbhé orthu, cad é an t-aoisghrúpa is sona?
2. Cén fáth a bhfuil na déagóirí seo níos sásta ná déagóirí eile?
3. Ach ní hiad déagóirí na hAlban na déagóirí is sláintiúla, cén fáth?

- ✔ Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✔ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✔ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.

## Iarphlé 1/2

- ✔ Cuir gach beirt ag obair le chéile. Tabhair 'Rólghníomhaíocht – duine 1' do dhuine 1 agus tabhair 'Rólghníomhaíocht – duine 2' do dhuine 2.
- ✔ Bíodh an sleamhnán 'Iarphlé 2' leis na ceisteanna in airde agat agus léigh na ceisteanna leis an rang iomlán.
- ✔ Cuir gach beirt le chéile agus abair leo gurb iadsan anois an duine sa phictiúr.
- ✔ Iarr orthu na ceisteanna a chur ar a chéile ansin. Bí cinnte go bhfuil siad in ann an t-ainmfhocal 'bliain' a láimhseáil go maith. Is féidir úsáid a bhaint as na bileoga ***Bunuimhreacha (-10)*** agus ***Bunuimhreacha (10-)*** i 'Fócas ar Theanga'.
- ✔ Iarr orthu na rólanna a mhalartú ansin.
- ✔ Nuair atá sé déanta acu iarr ar dhaoine éagsúla an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.
- ✔ Roinn an rang i ngrúpaí ansin agus abair le gach grúpa na ceisteanna 1-4 a phlé le chéile. Bí ag siúl timpeall le cuidiú leo más gá.

## Scríobh

- ✔ Iarr ar na daltaí leathleathanach a scríobh faoi na rudaí a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu.

## *Freagraí*

### Réamhobair 1

Déagóir
Taighdeoir
Múinteoir
Péintéir
Ceoltóir
Glantóir
Búistéir

# 2F. Déagóirí agus sástacht

## Sleamhnán 1

**Déagóirí Sásta** — **Réamhobair 1**

1. Féach ar na himeachtaí thíos. Cuir na himeachtaí in ord tábhachta duit féin trí uimhir 1 a chur in aice leis an imeacht is maith leat féin a dhéanamh agus uimhir 10 a chur in aice leis an imeacht nach ndéanann tú ar chor ar bith!

- Caife a ól le cairde ○
- Téacsanna a chur go rialta ○
- Leabhair a léamh ○
- Labhairt le cairde ar an nguthán ○
- Cluichí ríomhaireachta a imirt ○
- Féachaint ar an teilifís ○
- Dul go dtí dioscónna / clubanna ○
- Am a chaitheamh ar *Facebook* ○
- Cluichí spóirt a imirt ○
- Éisteacht le ceol ○

2. Cuir do chuid torthaí i gcomparáid leis an duine in aice leat. Cuir an cheist seo ar an duine sin:

Cad is maith leat a dhéanamh nuair a bhíonn am saor agat?

**Cleachtadh cainte:** freagraí a chur i gcomparáid lena chéile.

## Sleamhnán 2

**Déagóirí Sásta** — **Réamhobair 2**

**A**. Cad is brí leis an bhfocal **déag**? Cuir –óir leis an bhfocal agus cad is brí leis anois?

Cad is brí leis an bhfocal **taighde**? Cuir –óir leis an bhfocal agus cad is brí leis anois?

Roghnaigh an deireadh ceart anois ón mbosca le cur leis na focail sa liosta. Cad is brí leis na focail nua?

Múint- ____________
Péint- ____________
Ceolt- ____________
Glant- ____________
Búist- ____________

| |
|---|
| -eoir<br>-éir<br>-óir |

**B.** Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos cúpla tuairim sna boscaí. Tá sampla déanta daoibh!

| Cad a chuireann áthas ar dhéagóirí? | Cad a chuireann isteach ar dhéagóirí? |
|---|---|
| Pizza a ithe... | Obair bhaile a dhéanamh... |

**Tasc aonair scríofa:** gairmeacha beatha; **obair bheirte:** rudaí a thaitníonn/ nach dtaitníonn le déagóirí a phlé;

## Sleamhnán 3

**Déagóirí Sásta** — **Léamh**

### Na déagóirí is sona san Eoraip

**Tá déagóirí in Albain níos sona ná déagóirí eile na hEorpa de bharr an chairdis atá acu lena bpiaraí (*their peers*).**

De réir suirbhé a rinneadh ar na mallaibh is iad déagóirí na hAlban na déagóirí is sona san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.


Dúirt trí ghrúpa déagóirí a bhain le haoiseanna éagsúla in Albain go raibh siad sona sásta sa saol.

Ba iad na grúpaí a ceistíodh ná na haoiseanna seo a leanas: aon bhliain déag, trí bliana déag agus cúig bliana déag. Dúirt 91% de na déagóirí den aois aon bhliain déag go raibh siad breá sásta leis an saol agus ba iad an dream ba shona. 87% de dhéagóirí trí bliana déag a dúirt go raibh siad sásta agus 84.5% den tríú grúpa (cúig bliana déag) a dúirt go raibh siad sásta.

Is léir ón taighde gurb iad na déagóirí is sona iad na déagóirí a bhfuil cairde maithe agus saol maith sóisialta acu.
Is daoine sóisialta iad déagóirí na hAlban de ghnáth a bhfuil saol maith sóisialta acu, a deir duine de na taighdeoirí, an Dochtúir Jo Inchley.

**Léitheoireacht.**

**Sleamhnán 4**



## Déagóirí Sásta

Léamh 2

### Na déagóirí is sona san Eoraip

Tá níos mó ná triúr cairde maithe ag an gcuid is mó de dhéagóirí (trí bliana déag d'aois) na hAlban agus is amhlaidh atá siad níos sásta ná déagóirí eile ar chomhaois leo fud fad an domhain dá bharr sin.

Is cosúil go gcaitheann déagóirí na hAlban, idir trí bliana déag agus cúig bliana déag, ceithre oíche nó níos mó i gcomhluadar (*company*) a gcairde.


Ach ní dea-scéala amach is amach é. Murab ionann is na grúpaí céanna déagóirí sa Ríocht Aontaithe, tosaíonn déagóirí na hAlban ag caitheamh tobac agus iad níos óige, ní dhéanann siad an méid céanna aclaíochta (*exercise*) nó ní itheann siad an méid céanna torthaí.

As na tíortha ar fad a ndearnadh an suirbhé iontu ólann déagóirí na hAlbain atá cúig bliana déag d'aois níos mó alcóil ná déagóirí in a lán tíortha eile.

Roghnaíodh 7,000 déagóirí go fánach in Albain chun an suirbhé a dhéanamh. Ba iad taighdeoirí ó St. Andrew's University a chur an suirbhé le chéile. Rinne 200,000 duine óg as 43 tír éagsúla an suirbhé.

**Léitheoireacht; tuiscint:** ceisteanna le freagairt – scríobh na ceisteanna ar an gclár bán; (tasc scríofa nó labhartha i mbeirteanna).

**Sleamhnán 5**



## Déagóirí Sásta

Iarphlé 1

**Rólghníomhaíocht** — **Duine 1**


**Ainm:**
Máire Ní Shúilleabháin
**Aois:**
16
**Scoil:**
Pobalscoil Ghleann Cholm Cille
**Am saor:**
ceol, snámh, pictiúrlann agus léamh

**Rólghníomhaíocht** — **Duine 2**

**Ainm:**
Seán Ó Ceallaigh
**Aois:**
17
**Scoil:**
Coláiste Eoin
**Am saor:**
rugbaí, ceolchoirmeacha, dioscónna, clubanna agus leadóg

Priontáil amach an sleamhnán seo agus gearr ina dhá leath é.

**Sleamhnán 6**



## Déagóirí Sásta

Iarphlé 2

**Rólghníomhaíocht** — **Ceisteanna**

**Cad is ainm duit?**

**Cén aois* atá tú?**

**Cén scoil a bhfuil tú ag freastal uirthi?**

**Cad a dhéanann tú i d'am saor?**

Bí ag obair i ngrúpa agus cuir na ceisteanna thíos ar a chéile:

1. Cé atá níos sásta, Máire nó Seán, dar leat? Cén fáth?
2. An ólann déagóirí na hÉireann an iomarca, dar leat? Cén fáth?
3. An bhfuil déagóirí na hÉireann chomh sásta le déagóirí Shasana, dar leat? Cén fáth?
4. An bhfuil déagóirí sa Ghaeltacht níos sásta ná déagóirí nach bhfuil ina gcónaí sa Ghaeltacht, dar leat? Cén fáth?

**Obair bheirte:** ceisteanna a chur ar a chéile; **gramadach:** bliain (aoiseanna)

**Obair ghrúpa:** na ceisteanna a phlé.

**Tasc scríofa:** Leath-leathanach a scríobh faoi na rudaí dhéanann siad nuair a bhíonn siad saor.

# 2G. Déagóirí Sásta: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / gnáthshaol déagóra |
| Stór focal | Gnáthshaol déagóra – caitheamh aimsire agus fadhbanna |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt mar gheall ar shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí in Albain. Is alt é atá bunaithe ar fhíricí agus mar sin tá sé casta go leor ach tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi ghnáthshaol an déagóra. Beidh siad ag obair leo féin do cheist 1 agus ansin beidh said ag caint leis an duine in aice leo do cheist 2, 3 agus 4.
- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✔ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d’fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.
- ✔ Bí cinnte go bhfuil na focail / frásaí thíos ar eolas acu:

- neamhord itheacháin (anoireicse, búilime)
- an murtall
- piarbhrú
- lionn dubh / ísle brí
- fadhbanna óil / drugaí
- andúileach / andúiligh

## Réamhobair 2

- ✔ Iarr ar dhaltaí éagsúla na ceisteanna ar an sleamhnán a léamh amach os ard. Bí cinnte go dtuigeann gach duine gach ceist.
- ✔ Iarr ar gach beirt a bheith ag obair le chéile chun na freagraí cearta a roghnú. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✔ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad tar éis tamaill (féach Freagraí thíos).

## Léamh

- ✔ Cuir na daltaí ag obair le chéile i mbeirteanna chun an t-alt a léamh.
- ✔ Ansin léigh an t-alt leis an rang ar fad ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheidh acu.

## Léamhthuiscint

- Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.
- Iarr orthu ansin na bearnaí a líonadh sna habairtí.
- Téigh siar ar na freagraí leo ansin.

## Iarphlé

- Iarr ar gach foghlaimeoir na bearnaí a líonadh san amchlár leis na himeachtaí a dhéanann siad ag na hamanna éagsúla.
- Abair leo labhairt le cúpla duine eile sa rang le fáil amach cad a dhéanann siadsan nuair a bhíonn am saor acu. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad nótaí a ghlacadh faoi imeachtaí na ndaoine eile mar go mbeidh tusa á gceistiú faoin eolas ar fad a bhailigh siad. Téigh siar ar an aimsir fháistineach roimh an ngníomhaíocht más gá, go háirithe ceisteanna agus freagraí.
- Iarr ar dhaltaí éagsúla an t-eolas a fuair siad a sholáthar os comhair an ranga.

## Scríobh

- Iarr ar na daltaí leathleathanach a scríobh faoi na fadhbanna nó na deacrachtaí is mó a fheiceann siad a bhíonn ag déagóirí na linne seo.

## *Freagraí*

### Réamhobair 2

1. An Tuirc
2. Sasana agus an Ungáir
3. An Spáinn
4. Na Stáit Aontaithe agus an Ghréig
5. Fíor
6. 25-29%
7. 15-19%

### Léamhthuiscint


1. Ar chuala tú an **dea-scéala**? D'éirigh le Michelle sna scrúduithe.
2. Tá fadhb mhór óil ag muintir na hÉireann **de réir** figiúirí a foilsíodh le déanaí.
3. Níl sí chomh sean sin, tá sí **ar chomhaois** liomsa.
4. Foilsíodh an leabhar **ar na mallaibh**, ach níor léigh mé é go fóill.
5. **Is cosúil** nach mbeidh mé ábalta dul ann, tá an iomarca obair bhaile agam.

# 2G. Déagóirí agus sástacht

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Déagóirí Sásta** Réamhobair 1<br>1. Déan liosta de na himeachtaí a dtéann tú chucu nó aon chaitheamh aimsire eile atá agat.<br>2. Cuir an cheist seo ar an duine in aice leat:<br>**Cad is maith leat a dhéanamh nuair a bhíonn am saor agat?**<br>3. Ag obair leis an duine in aice leat scríobhaigí amach na fadhbanna a bhíonn ag déagóirí na linne seo.<br>**Neamhord itheacháin, an murtall...**<br>4. An bhfuil déagóirí na hÉireann sásta, dar libh? | **Tasc aonair scríofa:** imeachtaí sóisialta a bhreacadh síos; **obair bheirte:** comparáid le duine eile; **stór focal:** fadhbanna an déagóra inniu. |
| Sleamhnán 2 | **Déagóirí Sásta** Réamhobair 2<br>**Féach ar thorthaí suirbhé a rinneadh ar dhéagóirí na hEorpa agus ó Mheiriceá Thuaidh. Bhí na déagóirí a bhí i gceist cúig bliana déag d'aois.**<br>1. Cad í an tír a bhfuil na déagóirí is míshona ina gcónaí inti, dar leat?<br>❑An Tuirc<br>❑An Pholainn<br>❑An Iorua<br>2. Deir na buachaillí sna tíortha thíos go bhfuil triúr cairde an-mhaith nó níos mó acu, cad iad an dá thír?<br>❑Sasana agus an Ungáir<br>❑Albain agus an Fhrainc<br>❑An Spáinn agus an Pholainn<br>3. Ní bhíonn mórán teagmhála ag buachaillí i gceann amháin de na tíortha thíos lena gcuid cairde tríd na meáin shóisialta ar nós Facebook, cén tír atá i gceist?<br>❑An Spáinn<br>❑An Fhrainc<br>❑An Ghearmáin<br>4. Deir cailíní i dtíortha áirithe nach bhfuil na cailíní eile ar an scoil an-chairdiúil leo, cén dá thír atá i gceist?<br>❑An Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc<br>❑An Iorua agus an tSualainn<br>❑Na Stáit Aontaithe agus an Ghréig | **Obair bheirte:** tuairimí a thabhairt faoi shástacht déagóirí i dtíortha éagsúla; **ple ranga:** na freagraí a phlé. |
| Sleamhnán 3 | **Déagóirí Sásta** Réamhobair 2<br>5. Tá 50% de chailíní in Albain den bharúil go bhfuil siad róramhar.<br>❑Fíor<br>❑Bréagach<br>6. Cad é an céatadán de bhuachaillí in Albain a deir go n-itheann siad torthaí gach lá?<br>❑40% nó níos mó<br>❑35-39%<br>❑30-34%<br>❑25-29%<br>❑20-24%<br>❑Faoi bhun 20%<br>7. Cad é an céatadán de chailíní in Albain a chaitheann tobac ar a laghad uair amháin sa tseachtain?<br>❑30% nó níos mó<br>❑25-29%<br>❑20-24%<br>❑15-19%<br>❑10-15%<br>❑Faoi bhun 10%<br>**Anois, féach cad a bhí ag an duine in aice leat. Mínigh cén fáth ar roghnaigh tú na freagraí a bhí agat.** | **Obair bheirte:** tuairimí a thabhairt faoi shástacht déagóirí i dtíortha éagsúla; **ple ranga:** na freagraí a phlé. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Saol Sóisialta** Léamh<br>**Na déagóirí is sona san Eoraip**<br>**Tá déagóirí in Albain níos sona ná déagóirí eile na hEorpa de bharr an chairdis atá acu lena bpiaraí (*their peers*).**<br><br>De réir suirbhé a rinneadh ar na mallaibh is iad déagóirí na hAlban na déagóirí is sona san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.<br><br>Dúirt trí ghrúpa déagóirí a bhain le haoiseanna éagsúla in Albain go raibh siad sona sásta sa saol.<br><br>Ba iad na grúpaí a ceistíodh ná na haoiseanna seo a leanas: aon bhliain déag, trí bliana déag agus cúig bliana déag. Dúirt 91% de na déagóirí den aois aon bhliain déag go raibh siad breá sásta leis an saol agus ba iad an dream ba shona. 87% de dhéagóirí trí bliana déag a dúirt go raibh siad sásta agus 84.5% den tríú grúpa (cúig bliana déag) a dúirt go raibh siad sásta.<br><br>Is léir ón taighde gurb iad na déagóirí is sona iad na déagóirí a bhfuil cairde maithe agus saol maith sóisialta acu.<br>Is daoine sóisialta iad déagóirí na hAlban de ghnáth a bhfuil saol maith sóisialta acu, a deir duine de na taighdeoirí, an Dochtúir Jo Inchley. | **Léitheoireacht:** na déagóirí is sona san Eoraip. |
| Sleamhnán 5 | **Saol Sóisialta** Léamh<br>**Na déagóirí is sona san Eoraip**<br><br>Tá níos mó ná triúr cairde maithe ag an gcuid is mó de dhéagóirí (trí bliana déag d'aois) na hAlban agus is amhlaidh atá siad níos sásta ná déagóirí eile ar chomhaois leo fud fad an domhain dá bharr sin.<br><br>Is cosúil go gcaitheann déagóirí na hAlban, idir trí bliana déag agus cúig bliana déag, ceithre oíche nó níos mó i gcomhluadar (*company*) a gcairde.<br><br>Ach ní dea-scéal amach is amach é. Murab ionann is na grúpaí céanna déagóirí sa Ríocht Aontaithe, tosaíonn déagóirí na hAlban ag caitheamh tobac agus iad níos óige, ní dhéanann siad an méid céanna aclaíochta (*exercise*) nó ní itheann siad an méid céanna torthaí.<br><br>As na tíortha ar fad a ndearna an suirbhé iontu ólann déagóirí na hAlbain atá cúig bliana déag d'aois níos mó alcóil ná déagóirí in a lán tíortha eile.<br><br>Roghnaíodh 7,000 déagóirí go fánach in Albain chun an suirbhé a dhéanamh. Ba iad taighdeoirí ó St. Andrew's University a chur an suirbhé le chéile. Rinne 200,000 duine óg as daichead a trí tír éagsúla an suirbhé. | **Léitheoireacht:** na déagóirí is sona san Eoraip. |
| Sleamhnán 6 | **Saol Sóisialta** Léamhthuiscint<br><br>1. Cén fáth ar luadh na céatadáin seo: 91%, 87% agus 84.5%?<br>2. Cad a deirtear san alt faoi dhéagóirí a bhfuil saol maith sóisialta acu?<br>3. Cé mhéad oíche sa tseachtain a chaitheann déagóirí na hAlban lena gcuid cairde?<br>4. Cad iad na fadhbanna a bhíonn ag déagóirí na hAlban?<br>5. An ólann déagóirí na hAlban mórán alcóil?<br><br>**Cuir an focal cuí ón liosta sna bearnaí.**<br>ar chomhaois \| dea-scéala \| is cosúil \| ar na mallaibh \| de réir<br><br>1. Ar chuala tú an __________? D'éirigh le Michelle sna scrúduithe.<br>2. Tá fadhb mhór óil ag muintir na hÉireann __________ figiúirí a foilsíodh le déanaí.<br>3. Níl sí chomh sean sin, tá sí __________ liomsa.<br>4. Foilsíodh an leabhar __________, ach níor léigh mé é go fóill.<br>5. __________ nach mbeidh mé ábalta dul ann, tá an iomarca obair bhaile agam. | **Tuiscint:** ceisteanna ar an léitheoireacht; **obair bheirt:** freagraí a phlé le chéile; **tasc scríofa/ labhartha:** bearnaí a líonadh. |

Sleamhnán 7



**Saol Sóisialta** Iarphlé

Líon na bearnaí leis na himeachtaí a dhéanann tú nuair nach mbíonn tú ar an scoil.

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin |
|---|---|---|---|---|
| Maidin | ar scoil | ar scoil | ar scoil | ar scoil |
| Lón | | | | |
| Iarnóin | ar scoil | ar scoil | ar scoil | ar scoil |
| Tráthnóna | | | | |

| | Dé hAoine | Dé Sathairn | Dé Domhnaigh |
|---|---|---|---|
| Maidin | ar scoil | | |
| Lón | | | |
| Iarnóin | ar scoil | | |
| Tráthnóna | | | |

**Tasc aonair scríofa:** Líon na bearnaí san amchlár; **gramadach:** dul siar ar an aimsir fháistineach; **obair ghrúpa:** na hamchláir a chur i gcomparáid lena chéile agus nótaí a bhreacadh síos; **cur i láthair:** an t-eolas a fuair siad a insint don rang.

**Tasc scríofa:** leathleathanach a scríobh faoi fhadhbanna/dheacrachtaí dhéagóirí na linne seo.

# 2H. Fear Lasta Lampaí: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an dán Fear Lasta Lampaí |
| Stór focal | Mothúcháin agus ag cur síos ar mhothúcháin |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar an dán 'Fear Lasta Lampaí' le Máirtín Ó Direáin. Tá cuid de na habairtí/ coincheapa sa dán deacair ach caithfidh na daltaí dul i ngleic le dánta a léamh agus a thuiscint.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✔ Mínigh do na daltaí nach gá go dtuigfeadh siad gach ní a léann siad an chéad bhabhta, gur leor éirim an dáin a fháil.
- ✔ Iarr orthu an pictiúr a roghnú a dhéanann an cur síos is fearr ar an dán.
- ✔ Abair leo líne a chur faoi na focail nach bhfuil siad cinnte fúthu agus ansin labhairt leis an duine in aice leo le feiceáil cad atá ag an duine sin.
- ✔ Ná pléigh thusa míniú an dáin leo go fóill ach amháin é a léamh amach os ard.

## Léamh

- ✔ Iarr ar gach beirt an dán a léamh le chéile ón sleamhnán a bhfuil an míniú breise air.
- ✔ Cuir ceist ar an rang an dtuigeann siad an dán níos fearr anois.
- ✔ Pléigh an dán leis an rang iomlán.

## Scríobh

- ✔ Mínigh do na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad na mothúcháin ar chlé a cheangal leis an líne cheart den dán ar dheis. Abair leo nach bhfuil aon fhreagra cruinn ceart ann ach féach tú féin ar na freagraí thíos mar threoir.
- ✔ Abair leo cúpla abairt a scríobh faoin dán ag úsáid na mothúchán ag barr an leathanaigh agus na frásaí ag bun an leathanaigh.
- ✔ Pléigh thusa abairtí gach duine tar éis tamaill agus scríobh cuid acu ar an gclár bán más gá.

## Iarphlé

- ✔ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná mothúcháin na ndaltaí a cheangal le mothúcháin an fhile. Tá sé tábhachtach an fhilíocht agus an prós a chur i gcomhthéacs shaol na ndaltaí féin nuair is féidir.

- ✓ Léigh tríd na ceisteanna ar fad le bheith cinnte go bhfuil an méid atá ar an sleamhnán ar eolas acu agus go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.

## Freagraí

### Scríobh

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| d | e | a | b | c |

# **2H. Dán** – Fear Lasta Lampaí

## Sleamhnán 1

**Saol Sóisialta - Dán** Réamhobair

Féach ar an dán seo le Máirtín Ó Direáin. Cuir líne faoi gach focal nach bhfuil tú cinnte faoi. Roghnaigh an pictiúr ceart a léiríonn téama an dáin.

**Fear Lasta Lampaí**

Ní raibh sé mór an fear,
Níor dheas a bhí ach gránna
Is cóip an bhaile mhóir,
Ag fonóid faoi gan náire.
Ach ghluais gan mhairg fós
Is ar chuaillí chuaigh in airde.
Ba dhraíodóir an fear beag,
A raibh solas ina ghlaic,
É ag tabhairt na gile leis,
Ó lampa go lampa sráide.





**Buntuiscint:** an chéad léamh, tascanna éasca, éirim an dain a fháil.

## Sleamhnán 2

**Saol Sóisialta - Dán** Léamh

Léigh an dán arís.

**Fear Lasta Lampaí**

Ní raibh sé mór an fear,
(fear beag a bhí ann)

Níor dheas a bhí ach gránna
(ní raibh sé dathúil)

Is cóip an bhaile mhóir,
(daoine drochbhéasacha)

Ag fonóid faoi gan náire.
(ag magadh faoi)

Ach ghluais gan mhairg fós
(lean sé leis)

Is ar chuaillí (*poles*) chuaigh in airde.
(chuaigh sé suas na cuaillí)

Ba dhraíodóir an fear beag,
(bhí draíocht ag baint leis)

A raibh solas ina ghlaic,
(bhí solas ina lámh aige)

É ag tabhairt na gile leis,
(bhí an solas á thabhairt leis aige)

Ó lampa go lampa sráide.

**Léitheoireacht i mbeirteanna, plé ranga:** ciall an dáin.

## Sleamhnán 3

**Saol Sóisialta - Dán** Scríobh

Ceangail na mothúcháin ar chlé leis na samplaí cuí ar dheis.

| Na mothúcháin | Samplaí |
|---|---|
| 1. Díomá | a) 'Ach ghluais gan mhairg fós / Is ar chuaillí chuaigh in airde' |
| 2. Trua | b) 'É ag tabhairt na gile leis / Ó lampa go lampa sráide' |
| 3. Uaigneas | c) 'Ba dhraíodóir an fear beag' |
| 4. Meas | d) 'Is cóip an bhaile mhóir' |
| 5. Ionadh | e) 'Níor dheas a bhí ach gránna' |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Anois scríobh cúpla líne faoin dán ag úsáid na samplaí thuas agus na struchtúir thíos:


Tá díomá / ionadh ar an bhfile mar deir sé...

Tá uaigneas le mothú sa dán mar...

Is léir go bhfuil meas ag an bhfile ar obair an fhir mar...

Feictear dom go bhfuil trua ag an bhfile don fhear mar...

**Tasc aonair scríofa:** mothúcháin a cheangal le himeachtaí an dáin; abairtí a scríobh faoi na mothúcháin sa dán.

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td><br>
Saol Sóisialta - Dán Iarphlé<br>
1. Roghnaigh an mothúchán is fearr ón mbosca a dhéanann cur síos ar na cásanna éagsúla thíos.<br>
uaigneas brón eagla fearg náire<br>
➢ An chéad lá ar scoil.<br>
➢ Cuireann an duine a bhfuil tú ag dul amach leis/léi deireadh leis an gcaidreamh.<br>
➢ Insíonn do chara is fearr bréag.<br>
➢ Titeann tú os comhair gach duine.<br>
➢ Níl aon duine ag caint leat ag cóisir.<br>
2. Cad a bhí ag an duine in aice leat?<br>
3. Breac síos 3 chás a raibh ceann de na mothúcháin thuas ort féin.<br>
4. Cuir an cheist seo ar an duine in aice leat:<br>
An raibh ___________ ort riamh? Cén fáth?</td>
<td>Comhtháthú: taithí an dalta a cheangal le taithí an fhile; obair bheirte: ceisteanna a phlé; plé ranga: ceisteanna a phlé leis an rang ar fad.</td>
</tr>
</table>

# 2I. Iris na Scoile: Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / imeachtaí sóisialta |
| Stór focal | Imeachtaí sóisialta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar shliocht a scríobh dalta d'iris na scoile i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Is teasc gearr é atá scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin lig dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin.
- ✔ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil na freagraí ar eolas acu.
- ✔ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✔ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

## Léamh

- ✔ Léigh an t-alt leis an rang ar fad.
- ✔ Téigh siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheadh acu.
- ✔ Iarr ar dhalta éagsúla cuid den léitheoireacht a dhéanamh amach os ard.

## Iarphlé 1

- ✔ Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.
- ✔ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad agus na leaganacha malartacha a bheidh acu.

## Iarphlé 2

- ✔ Tabhair deis do na daltaí smaoineamh ar na saghsanna rannóg a bheadh in Iris Scoile (e.g. rannóg spóirt, rannóg imeachtaí scoile, agallaimh le daltaí agus múinteoirí, rannóg litríochta etc).
- ✔ Pléigh a gcuid smaointe leis an rang ar fad maidir leis na saghas alt ba mhaith leo a chur san áireamh in Iris Scoile.

## Scríobh

- ✔ Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag scríobh cúpla alt ar a rogha féin de na topaicí ar an sleamhnán (e.g. dráma a chonaic siad, cluiche spóirt ar ghlac siad páirt ann nó a chonaic siad, turas a thóg siad, gné ar bith dá saol sóisialta agus araile).
- ✔ Abair leo abairtí gearra, simplí a scríobh agus aird faoi leith a dhíriú ar an litriú.
- ✔ Abair le cúpla dalta an méid a bheidh scríofa acu a léamh amach duit.

# 2I. Iris na Scoile

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Iris na Scoile** **Réamhobair**<br><br>I gceann tamaill beidh tú ag léamh ailt a scríobh dalta d'Iris na Scoile i bPobalscoil Chorca Dhuibhne faoi Chomórtas Díospóireachtaí Uí Chadhain. Ar dtús, déan an cleachtadh seo:<br><br>**Conas a déarfá...**<br>1. We were very happy to qualify...<br>2. The second year in a row.<br>3. Our supporters.<br>4. They deserved it. | **Saibhriú teanga, obair bheirte:** nathanna a aistriú ón mBéarla. |
| Sleamhnán 2 | **Iris na Scoile** **Léamh**<br><br>**Díospóireachtaí Uí Chadhain**<br>**le hIseult Ní Lubhaing, Pobalscoil Chorca Dhuibhne**<br><br>Thosaigh an chéad bhabhta de chomórtas díospóireachtaí Uí Chadhain i mí Mheán Fómhair i nGaelcholáiste Chiarraí. Thugamar na cosa linn i gCill Airne agus bhíomar ar mhuin na muice ag dul ar aghaidh go dtí an tríú babhta i Luimneach. B'fhearr ná san go raibh na sinsir in éineacht linn.<br><br>Bhí áthas an domhain orainn cáiliú do Chraobh na hÉireann don dara bliain as a chéile agus chuireamar os ár gcomhair iarracht a dhéanamh é a bhuachan. Bhí an chraobh ar siúl i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir. Bhí caighdeán níos airde ann ná mar a bhí anuraidh. Bhíomar an-neirbhíseach nuair a bhí an díospóireacht ar siúl ach bhí ár lucht tacaíochta agus ár múinteoirí laistiar dúinn an t-am ar fad. Rinneamar ár seacht ndícheall ach ar deireadh thiar thall bhuaigh Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus bhí sé tuillte acu.<br><br>Bhíomar bailithe go maith nár bhuamar an €1000 agus an turas thar lear ach fós fuaireamar duais as a bheith sa chraobh.<br><br>Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil lenár múinteoir a thug treoir agus comhairle dúinn na díospóireachtaí a ullmhú. Táimid fíorbhuíoch den lucht tacaíochta a thaistil go Baile Átha Cliath linn. | **Léitheoireacht ranga:** fuaimeanna a chleachtadh/shoiléiriú, míniú ar fhocail deacra, léitheoireacht os ard. |
| Sleamhnán 3 | **Iris na Scoile** **Iarphlé 1**<br><br>Cad is brí leis na nathanna seo a bhí san alt:<br><br>• Thugamar na cosa linn<br>• Chuireamar os ár gcomhair<br>• Rinneamar ár seacht ndícheall<br>• Bhíomar bailithe go maith<br><br>An bhfuil slite eile agatsa chun an bhrí chéanna a léiriú do gach nath thuas? Breac síos iad. | **Obair bheirte, saibhriú teanga:** nathanna a mhíniú agus nathanna eile a aimsiú. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Iris na Scoile** Iarphlé 2<br><br>Samhlaigh gur tusa agus an duine in aice leat eagarthóirí Iris na Scoile i mbliana.<br><br>Déan amach plean beag don Iris ag smaoineamh ar na nithe seo a leanas:<br><br>• na rannóga difriúla a bheidh san Iris<br>• na hailt dhifriúla ba mhaith libh a bheith san iris<br>• na daltaí a scríobhfaidh na hailt sin daoibh | **Obair bheirte:** iris scoile a phleanáil; **plé ranga:** iris scoile. |
| Sleamhnán 5 | **Iris na Scoile** Scríobh<br><br>Scríobh alt gearr ar do rogha rud – (a) (b) nó (c) thíos.<br><br>(a) Ócáid/ imeacht scoile a raibh baint agat leis<br>(b) Léirmheas nó tuairisc ar ócáid / imeacht scoile a raibh tú sa lucht féachana / lucht tacaíochta ann.<br>(c) Cuntas ar ócáid/imeacht éigin a raibh tú páirteach ann taobh amuigh den scoil | **Scríbhneoireacht:** cur síos ar imeacht scoile. |

# **Fócas ar Theanga** Litriú (Tíortha & Teangacha): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar litriú na Gaeilge |
| Stór focal | Tíortha agus Teangacha |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Déagóirí Sásta***, Aonad 2 (TS - Saol Sóisialta). Is gá i gcónaí córas agus struchtúr na teanga a chur i láthair na ndaltaí, agus más féidir é sin a dhéanamh ar bhealach loighciúil agus simplí is ea is fearr é. Cuir béim ar an struchtúr loighciúil seo sna gníomhaíochtaí agus ar an tslí ar féidir leis na foghlaimeoirí cur lena n-eolas féin faoin teanga nuair atá an córas ar eolas acu.

## *Freagraí*

Tá na tíortha baininscneach den chuid is mó sa Ghaeilge. Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar dheirí na bhfocal chomh maith agus an tslí a gcríochnaíonn siad le consan caol – mar a bhíonn focail bhaininscneacha go minic.

Mínigh an difríocht idir ***sa*** agus ***i***:

- sa = i + an (in the)
- cuirtear séimhiú ar chonsan tar éis ***sa***
- cuirtear 'n' roimh ghuta agus 'fh'
- cuirtear 't' roimh fhocal baininscneach a thosaíonn le s



| | |
|---|---|
| An Fhrainc | sa Fhrainc |
| An Spáinn | sa Spáinn |
| An Iodáil | san Iodáil |
| An Ghearmáin | sa Ghearmáin |
| An Iorua | san Iorua |
| An tSualainn | sa tSualainn |
| An Fhionlainn | san Fhionlainn |
| An Danmhairg | sa Danmhairg |
| An Tuirc | sa Tuirc |
| An Pholainn | sa Pholainn |
| An Ungáir | san Ungáir |
| An Ghréig | sa Ghréig |
| **Éire** | in Éirinn |
| Sasana | i Sasana |
| Na Stáit Aontaithe | sna Stáit Aontaithe* |

| | |
|---|---|
| Albain | in Albain |

Tá na teangacha baininscneach i nGaeilge de ghnáth. Críochnaíonn siad le consan caol den chuid is mó.

| | |
|---|---|
| An Fhrainc | An Fhraincis |
| An Spáinn | An Spáinnis |
| An Iodáil | An Iodáilis |
| An Ghearmáin | An Ghearmáinis |
| An Iorua | An Ioruais |
| An tSualainn | An tSualainnis |
| An Fhionlainn | An Fhionlainnis |
| An Danmhairg | An Danmhairgis |
| An Tuirc | An Tuircis |
| An Pholainn | An Pholainnis |
| An Ungáir | An Ungáiris |
| An Ghréig | An Ghréigis |

# **Fócas ar Theanga:** Litriú (Tíortha & Teangacha)

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | <br>**Litriú** Tíortha agus Teangacha<br>Féach ar na tíortha thíos, an focail bhaininscneacha nó fhirinscneacha iad? Conas atá a fhios agat?<br>**An Fhrainc** ____________<br>**An Spáinn** ____________<br>**An Iodáil** ____________<br>**An Ghearmáin** ____________<br>**An Iorua** ____________<br>**An tSualainn** ____________<br>**An Fhionlainn** ____________<br>**An Danmhairg** ____________<br>**An Tuirc** ____________<br>**An Pholainn** ____________<br>**An Ungáir** ____________<br>**An Ghréig** ____________<br>**Éire** ____________<br>**Sasana** ____________<br>**Na Stáit Aontaithe*** ____________<br>**Albain** ____________<br>Cuir ***sa*** nó ***i*** leis na tíortha anois, an féidir leat a rá cad is cúis le do rogha? | **Gramadach:** Firinscneach nó baininscneach – tíortha. |
| Sleamhnán 2 | <br>**Litriú** Tíortha agus Teangacha<br>Féach air seo:<br>**An Fhrainc** **An Fhraincis**<br>Anois, cad iad na teangacha is féidir a dhéanamh as na tíortha?<br>**An Fhrainc** ____________<br>**An Spáinn** ____________<br>**An Iodáil** ____________<br>**An Ghearmáin** ____________<br>**An Iorua** ____________<br>**An tSualainn** ____________<br>**An Fhionlainn** ____________<br>**An Danmhairg** ____________<br>**An Tuirc** ____________<br>**An Pholainn** ____________<br>**An Ungáir** ____________<br>**An Ghréig** ____________<br>An focail bhaininscneacha nó fhirinscneacha iad na teangacha? Conas atá a fhios agat? | **Gramadach:** teangacha a dhéanamh as ainmneach tíortha. Baininscneach nó firinscneach. |

# Fócas ar Theanga
## Na tuisil: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Na tuisil a chur i láthair na ndaltaí |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Nuair a bhí mé i mo dhéagóir***, Aonad 2 (An Saol Sóisialta).

Níl sé i gceist míniú iomlán agus cruinn a thabhairt do na daltaí ar na tuisil ar fad sa cheacht seo – tá ceachtanna ar gach tuiseal ar fáil ar leithligh sa rannóg Fócas ar Theanga. Níl anseo ach léargas ginearálta orthu.

An aidhm atá leis an gceacht seo ná díreach coincheap na dtuiseal a chur i láthair na ndaltaí. Níl sé i gceist go mbeidís an-eolach ar na tuisil ina dhiaidh ach díreach go mbeidh a fhios acu (i) go bhfuil a leithéid de rud ann; (ii) cé mhéad tuiseal atá ann agus (iii)  a bheith ábalta buille faoi thuairim a thabhairt faoin tuiseal ina bhfuil ainmfhocal. Má tá grúpa daltaí agat a bhfuil cumas íseal acu sa teanga ní gá an ceacht ar fad a dhéanamh in aon rang amháin.

Is féidir aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas má shíleann tú go mbeadh sé oiriúnach:

1. An tuiseal gairmeach: séimhítear ainmneacha cailíní agus buachaillí ach ní chaolaítear ach ainmneacha buachaillí. Ní chaolaítear ainmneacha cailíní.
2. An tuiseal tabharthach: má tá canúint Uladh in úsáid ag an ngrúpa daltaí abair leo an séimhiú a úsáid. Más ó Chonnachta nó ó Chúige Mumhan an grúpa, úsáid an t-urú. Muna bhfuil canúint ar leith ar an ngrúpa abair leo ceann amháin a roghnú agus cloí leis. Níor cheart riamh an dá chóras a mheascadh.
3. Bíonn sé deacair do dhaoine uaireanta a dhéanamh amach nuair atá ainmfhocal sa tuiseal ainmneach. Cuir ar fáil go leor samplaí dóibh mar sin, más gá.

## *Freagraí*

1. Tá **an cailín** ina seasamh ar an **mbord**.

   **an cailín**: tuiseal ainmneach   **mbord**: tuiseal tabharthach

2. An raibh tú ag an **gcluiche** inné?

   **gcluiche**: tuiseal tabharthach

3. Chaill mé an rang **staire** inniu.

   **staire**: tuiseal ginideach (dhá ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile *rang + stair*)

4. Cad a shíl tusa den dráma, a **Phádraig**?

   **a Phádraig**: tuiseal gairmeach

5. Tá **an múinteoir** céanna agam i gcomhair Gaeilge agus Mata.

   **an múinteoir**: tuiseal ainmneach

6. Cá bhfuil an seomra **eolaíochta**?

   **eolaíochta**: tuiseal ginideach (dhá ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile *seomra + eolaíocht*)

7. Tá sé seo ródheacair. Tá níos mó **cabhrach** ag teastáil uaim.

   **cabhrach**: tuiseal ginideach (tar éis focal a chuireann méid in iúl *níos mó*)

8. Bíonn orainn éide **scoile** a chaitheamh sa scoil seo.

   **scoile**: tuiseal ginideach (dhá ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile éide + scoil)

9. Caithfidh mé dul chuig an **bhfiaclóir** amárach.

   **bhfiaclóir**: tuiseal tabharthach

10. Cogar anois, a **Chiara**, ná bí mar sin!

    **a Chiara**: tuiseal gairmeach

# **Fócas ar Theanga:** Na tuisil

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Na tuisil**<br>Cén rud é tuiseal?<br>Is éard is tuiseal ann ná an t-athrú a thagann ar **ainmfhocal** ag brath ar na focail eile atá timpeall air.<br>Athraíonn focail eile chomh maith i.e. *aidiachtaí* ach ní tuiseal atá i gceist ansin. Ní bhaineann tuisil ach amháin le **hainmfhocail**.<br>Tá tuisil in a lán teangacha ar fud an domhain, mar shampla, san Fhionlainnis agus sa Ghréigis.<br>Bhíodh tuisil ann fadó sa Bhéarla ach níl níos mó. | **Gramadach:** na tuisil, réamhrá. |
| Sleamhnán 2 | **Na tuisil**<br>Níl ach ceithre thuiseal sa Ghaeilge. Seo iad:<br>An tuiseal gairmeach<br>An tuiseal ainmneach<br>An tuiseal tabharthach<br>An tuiseal ginideach | **Gramadach:** na tuisil sa Ghaeilge. |
| Sleamhnán 3 | **Na tuisil** Gairmeach<br>**An tuiseal gairmeach**<br>Seo an t-athrú a thagann ar ainmneacha Gaeilge nuair a bhíonn tú ag labhairt le duine (i.e. nuair a bhíonn 'a' rompu).<br>Máire — a Mháire<br>Siobhán — a Shiobhán<br>Seán — a Sheáin<br>Ciarán — a Chiaráin | **Gramadach:** an tuiseal gairmeach. |

**Sleamhnán 4**

**Na tuisil** Ainmneach 1

**An tuiseal ainmneach**

Bíonn ainmfhocal sa tuiseal ainmneach nuair a bhíonn sé sa 'ghnáthstaid' i.e. Nuair nach mbíonn aon rud 'ag tarlú' dó.

Tá **buachaill** ag imirt peile

(Níl faic ag 'tarlú' don fhocal **buachaill**.)

Ach!

Athraíonn an focal sa tuiseal ainmneach, ceart go leor, má bhíonn an focal 'an' roimhe...

**Gramadach:** an tuiseal ainmneach.

**Sleamhnán 5**

**Na tuisil** Ainmneach 2

... Féach ar na focail seo ar fad atá sa tuiseal ainmneach:

| Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|
| an fear | an **bh**ean |
| an **t**-urlár | an oifig |
| an samhradh | an **t**sochraid |

Athraíonn na hainmfhocail ag brath ar a bhfuil siad **firinscneach** nó **baininscneach**.

Sin ceacht i gcomhair lá eile! Idir an dá linn, bí in ann a aithint má tá focal sa tuiseal ainmneach.

**Gramadach:** baininscneach agus firinscneach.

**Sleamhnán 6**

**Na tuisil** Tabharthach 1

**An tuiseal tabharthach**

Cuirtear ainmfhocail sa tuiseal tabharthach nuair a bhíonn réamhfhocal agus an t-alt rompu (e.g. **ag an**, **ar an**, **leis an**, **roimh an**, **faoin**, **chuig an** etc.).

| | |
|---|---|
| bus | ar an **m**bus |
| cathaoir | faoin **g**cathaoir |
| féasóg | ar an **bh**féasóg |
| gasúr | leis an **n**gasúr |
| poitigéir | ag an **b**poitigéir |

Cuirtear urú ar an ainmfhocal ach amháin...

**Gramadach:** an tuiseal tabharthach.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Na tuisil** Tabharthach 2<br>... Más ó Chúige Uladh tú cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal in ionad urú sa tuiseal tabharthach.<br><br>bus — ar an **bh**us<br>cathaoir — faoin **ch**athaoir<br>féasóg — ar an **fh**éasóg<br>gasúr — leis an **gh**asúr<br>poitigéir — ag an **ph**oitigéir | **Gramadach, feasacht teanga:** canúint Chúige Uladh. |
| Sleamhnán 8 | **Na tuisil** Ginideach<br>**An tuiseal ginideach**<br>Tá cúig chúis ann go mbeadh ainmfhocal sa tuiseal ginideach.<br><br>1. **Dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile**<br>an samhradh: tús **an tsamhraidh**<br>rang: seomra **ranga**<br><br>2. **Tar éis réamhfhocal comhshuite**<br>an bhliain: i rith **na bliana**<br>an lá: tar éis **an lae**<br><br>3. **Tar éis ainm briathartha**<br>dinnéar: ag ithe **dinnéir**<br>peil:ag imirt **peile**<br><br>4. **Tar éis na focail 'timpeall' agus 'trasna'**<br>an scoil: timpeall **na scoile**<br>an pháirc: trasna **na páirce**<br><br>5. **Tar éis focail a chuireann méid in iúl**<br>airgead: a lán **airgid**<br>am: níos mó **ama** | **Gramadach:** an tuiseal ginideach – cén uair a úsáidtear é. |
| Sleamhnán 9 | **Na tuisil** Cén tuiseal?<br>Abair cén tuiseal atá i gceist leis na hainmfhocail atá i gcló dorcha.<br><br>1. Tá **an cailín** ina seasamh ar an **mbord**.<br>2. An raibh tú ag an **gcluiche** inné?<br>3. Chaill mé an rang **staire** inniu.<br>4. Cad a shíl tusa den dráma, a **Phádraig**?<br>5. Tá **an múinteoir** céanna agam i gcomhair Gaeilge agus Mata.<br>6. Cá bhfuil an seomra **eolaíochta**?<br>7. Tá sé seo ródheacair. Tá níos mó **cabhrach** ag teastáil uaim.<br>8. Bíonn orainn éide **scoile** a chaitheamh sa scoil seo.<br>9. Caithfidh mé dul chuig an **bhfiaclóir** amárach.<br>10. Cogar anois, a **Chiara**, ná bí mar sin! | **Gramadach:** ceisteanna – cén tuiseal? |

# Fócas ar Theanga
## Na bunuimhreacha (10 -): Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Rialacha na mbunuimhreacha |
| Stór focal | Ginearálta |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Déagóirí Sásta***, Aonad 2 (An Saol Sóisialta). Léigh na treoracha leis na daltaí. Abair leis na foghlaimeoirí aithris a dhéanamh ar na samplaí tugtha mura bhfuil na rialacha ar eolas acu cheana féin. Déan druil leis na foghlaimeoirí ag cleachtadh rialacha na mbunuimhreacha, mar shampla:

Scríobh a leithéid seo ar an gclár bán agus iarr ar dhaltaí éagsúla an dá fhocal a chur le chéile:

12 + bróg

17 + pláta

3 + lampa



Is féidir amhlaidh a dhéanamh leis na hainmfhocail mhírialta. Is féidir chomh maith iarraidh ar na daltaí abairtí a chumadh leo.

## *Freagraí*

### Bunuimhreacha (10-)

| | |
|---|---|
| **Bliain** | **Aon bhliain déag, dhá bhliain déag, trí bliana déag, ceithre bliana déag, cúig bliana déag, sé bliana déag, seacht mbliana déag, ocht mbliana déag, naoi mbliana déag** |
| **Uair** | Aon uair amháin, dhá uair déag, trí huaire déag, ceithre huaire déag, cúig huaire déag, sé huaire déag, seacht n-uaire déag, ocht n-uaire déag, naoi n-uaire déag |
| **Seachtain** | Aon seachtain déag, dhá sheachtain déag, trí seachtaine déag, ceithre seachtaine déag, cúig seachtaine déag, sé seachtaine déag, seacht seachtaine déag, ocht seachtaine déag, naoi seachtaine déag |

## **Fócas ar Theanga:** Na bunuimhreacha (10 - )

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: na bunuimhreacha, riail faoi shéimhiú ar “déag”.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: eisceachtaí – bliain, uair, seachtain.</td>
</tr>
</table>

# Caibidil 3:
# Mo Mhuintir agus mo Chairde

**A.** Ag cabhrú timpeall an tí (Réasúnta dúshlánach)

**B.** Ag cur aithne ar dhaoine

**C.** Ag tabhairt comhairle (Dúshlánach)

**D.** Mo sheanmháthair (Dúshlánach)

**E.** Mo theaghlach (Réasúnta dúshlánach)

**F.** Tréithe daoine (Réasúnta dúshlánach)

**G.** Tuismitheoirí bochta (Réasúnta dúshlánach)

**H.** Fócas ar theanga:
- i. An tuiseal gairmeach
- ii. An modh ordaitheach
- iii. An t-ainm briathartha



# 3A. Ag cabhrú timpeall an tí: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – mo mhuintir agus mo chairde / obair tí |
| Stór focal | Obair tí |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag caint ar an gcabhair a thugann sé timpeall an tí sa bhaile. Canúint na Mumhan atá i gceist sa mhír.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le dalta ag cur síos ar an obair a dhéanann sé timpeall an tí.
- ✓ Cuir i mbun oibre ina mbeirteanna ansin iad ar an réamhobair. Is minic nach mbíonn Gaeilge ag daltaí ar bhriathra laethúla den saghas seo mura bhfuil Gaeilge sa bhaile acu. Pléigh na freagraí leo ansin (féach Freagraí thíos).

## Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé 1

- ✓ Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Muimhneach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.

## Scríobh

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad le go dtuigfidh siad go díreach cad a bheidh le déanamh acu.
- ✓ Abair leo tabhairt faoi chuid (a) ansin. Más rud é go bhfuil taithí ag an dalta ar obair feirme féadfaidh sé a phíosa a scríobh san aimsir láithreach. Mura bhfuil aon taithí ar obair feirme aige is sa mhodh coinníollach a scríobhfaidh sé an píosa. B'fhéidir go mbeadh cabhair bhreise ag teastáil ón dalta sa chás sin.

- ✔ Pléigh tuairimí na ndaltaí ar chuid (a) mar rang iomlán agus cuir stór focal nua/úsáideach ar an gclár chomh maith le samplaí den bhriathar sa mhodh coinníollach a tháinig chun cinn.
- ✔ Féadfaidh na daltaí tabhairt faoi chuid (b) ansin. Tar éis dóibh cúpla nóiméad a chaitheamh air pléigh a dtuairimí leo. Tá seans go dtiocfaidh stór focal nó nathanna úsáideacha chun cinn sa phlé.

## Léamh

- ✔ Cuir na daltaí ag obair le chéile ina mbeirteanna chun an píosa atá ar an sleamhnán a léamh.
- ✔ Ansin léigh an píosa leis an rang ar fad ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheidh acu.
- ✔ Má theastaíonn uait dúshlán breise a thabhairt do na daltaí, abair leo na briathra atá san aimsir ghnáthchaite a phiocadh amach. Tá cúig shampla ann (féach Freagraí thíos).

## Iarphlé 2

- ✔ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Mura bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna atá ann.

## Iarphlé 3

- ✔ Beidh ar na daltaí an ceistneoir seo a líonadh amach leo féin agus nuair a bheidh an méid sin déanta acu beidh orthu a scóir a chomhaireamh. Tá eochair ag bun an tsleamhnáin do na scóir.
- ✔ Gníomhaíocht éadrom atá anseo agus d'fhéadfá ceisteanna a chur ar dhaltaí sa rang faoi na freagraí a thug siad sa cheistneoir.

## Iarphlé 4

- ✔ Bíonn deacrachtaí móra ag foghlaimeoirí leis na focail a chuireann suíomh agus treoir in iúl sa Ghaeilge. Is iarracht atá sa sleamhnán seo é a shoiléiriú beagán dóibh.
- ✔ Abair leo tabhairt faoin gcleachtadh ina mbeirteanna agus abair leo an nod ag bun an tsleamhnáin a léamh sula dtosaíonn siad.
- ✔ Má tá rang cumasach agat d'fhéadfá samplaí breise a chur ar fáil d'fhocail a bhfuil an córas 't'; 's' agus 'a' i bhfeidhm iontu, mar shampla **thall**, **sall**, **anall**; **thuaidh**, **aduaidh**; **theas**, **aneas**.

## *Freagraí*

### Réamhobair

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | cleaning: | ag glanadh |
| **2.** | washing: | ag ní |
| **3.** | drying: | ag triomú |
| **4.** | tidying: | ag gastú (Canúint na Mumhan) |
| **5.** | polishing: | ag cur snas ar |
| **6.** | sweeping: | ag scuabadh |

| | | |
|---|---|---|
| **7.** | setting the table: | ag leagadh an bhoird |
| **8.** | putting things away: | ag cur rudaí i bhfearas |
| **9.** | making the bed: | ag cóiriú na leapa |
| **10.** | ironing: | ag iarnáil |
| **11.** | organising: | ag eagrú |
| **12.** | preparing: | ag ullmhú |
| **13.** | peeling (glasraí): | ag scamhadh / ag baint an chraicinn de |
| **14.** | boiling: | ag beiriú / ag bruith |

## Iarphlé 1

**5.** áraistí: gréithe/soithí

**6.** fallaí: ballaí

## Léamh

Briathra san aimsir ghnáthchaite:

1. **Ní thugadh** na leanaí...
2. **Shuídís** siar...
3. **Ní deirtí** rud ar bith leo.
4. **Chaithidís** na tuáillí...
5. Is í an mháthair **a phiocadh** suas ina ndiaidh iad.

# 3A. Ag Cabhrú Timpeall an Tí

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Ag cabhrú timpeall an tí**<br>I gceann tamaill, beidh tú ag éisteacht le hÓigí Ó Sé ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, ag cur síos ar a bheith ag cabhrú sa bhaile.<br><br>Sula n-éisteann tú leis, bain triail as an gcleachtadh seo... | Réamhrá |
| Sleamhnán 2 | **Ag cabhrú timpeall an tí** Réamhobair<br>Conas a déarfá na rudaí seo as Gaeilge? Scríobh i do chóipleabhar iad agus bí cúramach leis an litriú!<br>1. cleaning: ________________<br>2. washing: ________________<br>3. drying: ________________<br>4. tidying: ________________<br>5. polishing: ________________<br>6. sweeping: ________________<br>7. setting the table: ________________<br>8. putting things away: ________________<br>9. making the bed: ________________<br>10. ironing: ________________<br>11. organising: ________________<br>12. preparing: ________________<br>13. peeling (glasraí): ________________<br>14. boiling: ________________ | **Stór focal bunúsach:** Iarrtar ar na daltaí Gaeilge a chur ar liosta focal i mBéarla. Jabanna beaga a dhéanann déagóirí go minic atá i gceist. |
| Sleamhnán 3 | **Ag cabhrú timpeall an tí** Éisteacht<br>Éist le hÓigí agus freagair na ceisteanna seo:<br>1. Cén fáth a mbeadh cabhair ag teastáil ó thuismitheoirí Óigí sa bhaile?<br>2. Cé chomh minic a chóiríonn Óigí a leaba?<br>3. Cathain is mó a bhíonn Óigí ag cabhrú ar an bhfeirm?<br>4. An maith leis obair feirme?<br>5. Cén míbhuntáiste a bhaineann le bheith ag obair le caoirigh? | **Tasc éisteachta:** Mír físe bunaithe ar dhéagóir ag caint faoi na dualgaisí oibre atá air sa bhaile. Tá ceisteanna simplí le freagairt ag na daltaí bunaithe ar an mhír seo. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
Ag cabhrú timpeall an tí — Iarphlé 1<br><br>
Abair ar shlí eile é...<br><br>
Cén chanúint atá ag Óigí?<br>
Conas atá a fhios agat? Luaigh cúis amháin.<br><br>
Deir Óigí rudaí cosúil le ‘Bíonn na háraistí le glanadh agus le triomú.’<br>
Cén focal eile atá agatsa ar ‘áraistí’?<br><br>
Agus an ceann seo?<br>
‘...téann siad tríd na fallaí.’<br><br>
Cén focal eile atá agatsa ar ‘fallaí’?
</td>
<td>Feasacht teanga: Canúint a aithint. Stór focal (áraistí agus fallaí).</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
Ag cabhrú timpeall an tí — Scríobh<br><br>
(a) Tarraing na boscaí thíos i do chóipleabhar agus líon iad le do chuid tuairimí féin. Ní gá go mbeadh taithí phearsanta agat ar an bhfeirmeoireacht chun é sin a dhéanamh.<br><br>
<table>
<tr><th>Rudaí a thaitníonn / a thaitneodh liom faoi obair feirme</th><th>Rudaí nach dtaitníonn / nach dtaitneodh liom faoi obair feirme</th></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
</table>
<br>
(b) An bhfuil peata agat sa bhaile? Má tá, déan cur síos air. Mura bhfuil, abair ar mhaith leat peata a bheith agat nó nár mhaith agus cén fáth?<br><br>
Scríobh do chuid tuairimí i do chóipleabhar.
</td>
<td>Tasc scríbhneoireachta: Iarrtar ar na daltaí píosa gairid a scríobh faoi obair feirme; agus faoi pheataí.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>
Ag cabhrú timpeall an tí — Léamh<br><br>
Déagóirí boga!<br>
Féach an méid atá le rá ag déagóir Éireannach faoi thuras a thug sí ar theaghlach sa Fhrainc:<br><br>
“Chaith mé trí seachtaine le teaghlach thall sa Fhrainc an samhradh seo caite agus bhí siad an-deas ar fad. Bhí buachaill ceithre bliana déag ann agus cailín sé bliana déag. Rud amháin a chuir iontas orm ná é seo: Ní dhearna na déagóirí sa teach rud ar bith. Rinne an mháthair an chócaireacht ar fad agus ba é an t-athair a nigh na gréithe – ní thugadh na leanaí na plátaí ón mbord go dtí an doirteal fiú amháin. Shuídís siar mar a bheadh prionsa agus banphrionsa ann agus ní deirtí rud ar bith leo. Agus dá bhfeicfeá na seomraí leapa a bhí acu! Bhí siad bréan salach agus éadaí caite ar fud na háite. Ó, is ea, tar éis dóibh cith a thógáil chaithidís na tuáillí ar an urlár agus is í an mháthair a phiocadh suas ina ndiaidh iad. Tá beagán imní orm mar beidh siad ag teacht go dtí mo theach féin i gceann cúpla seachtain agus níl aon slí go gcuirfidh mo mháthair ná m’athair suas leis sin! Beidh siad ag iarraidh ar na Francaigh gach rud a dhéanamh!”
</td>
<td>Tasc léitheoireachta: Alt gairid faoi dhéagóirí áirithe sa Fhrainc agus an obair tí.</td>
</tr>
</table>

## Sleamhnán 7

### Ag cabhrú timpeall an tí

Iarphlé 3

Pléigh na ceisteanna seo a éiríonn as an bpíosa Déagóirí Boga:

1. An bhfuil tusa cosúil leis na déagóirí Francacha a bhí sa phíosa atá díreach léite agat? Cén tslí?
2. Cén saghas polasaí atá agaibhse sa bhaile maidir leis an obair tí? Cé a dhéanann na jabanna éagsúla timpeall an tí?
3. An dóigh leatsa go bhfuil saol níos éasca ag déagóirí anois ná mar a bhíodh? Cén fáth?
4. An dóigh leatsa go bhfuil sé ceart nó mícheart go ndéanfadh déagóirí méid áirithe obair tí? Cén fáth?

**Tasc labhartha:** Plé oscailte ar roinnt ceisteanna bunaithe ar an alt thuas.

## Sleamhnán 8

### Ag cabhrú timpeall an tí

Iarphlé 4

Cé chomh cabhrach is atá tú?

| | Fíor nó Bréagach? |
|---|---|
| 1. **Ullmhaím mo bhricfeasta féin ar maidin.** | |
| 2. **Ullmhaím mo lón féin le haghaidh scoile.** | |
| 3. **Bíonn mo sheomra deas glan den chuid is mó.** | |
| 4. **Déanaim mo chuid iarnála féin.** | |
| 5. **Ní bhíonn ar mo thuismitheoirí na gréithe a ní i mo dhiaidh, de ghnáth.** | |
| 6. **Glanaim an seomra folctha ó am go chéile.** | |
| 7. **Cabhraím le mo thuismitheoirí an teach a ghlanadh.** | |
| 8. **Réitím an dinnéar don chlann ó am go chéile.** | |
| 9. **Tá a fhios agam conas cúpla rud a bhácáil.** | |
| 10. **Táim in ann tine a lasadh.** | |

**Do scór:**

**1-3 Fíor:** Níl tú róchabhrach ar chor ar bith, ná níl? Tarraing amach an folús ghlantóir ó am go chéile nó cuimil éadach den bhord anois is arís. Ní mharóidh sé tú!

**4-6 Fíor:** Níl tú olc, is dócha. Níl tú go hiomlán gan úsáid! Foghlaim cúpla scil nua agus beidh tú ar fheabhas ar fad.

**7-10 Fíor:** Bhuel, ní bheidh aon fhadhb agatsa nuair a fhágfaidh tú an baile! Beidh gach duine ag iarraidh a bheith ina gcónaí leatsa. Abair le duine éigin braon tae a dhéanamh duit – tá sé tuillte agat!

**Suirbhé gairid:** iarrtar ar na daltaí tic a chur le haon obair ar liosta a dhéanann siad sa teach.

## Sleamhnán 9

### Ag cabhrú timpeall an tí

Iarphlé 5

Cuir na frásaí beaga thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.



**Thuas staighre**
**Thíos staighre**

**Suas an staighre**
**Síos an staighre**

**Anuas an staighre**
**Aníos an staighre**

Seo nod chun cabhrú leat:

Nuair a thosaíonn an focal le 't' ní bhíonn aon ghluaiseacht i gceist (e.g. thuas).

Nuair a thosaíonn an focal le 's' tá an duine **ag dul áit éigin** (e.g. suas).

Nuair a thosaíonn an focal le 'a' tá an duine **ag teacht ó áit éigin** (e.g. anuas).

**Obair bheirte/aonair, tasc scríofa:** gramadach, thíos/síos/aníos.

# 3B. Ag cur aithne ar dhaoine: Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – ag cur aithne ar dhaoine |
| Stór focal | Ag bualadh le daoine |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil páistí ag déanamh comhrá le chéile den chéad uair. Níl ábhar na míre deacair ach tá se canúnach go leor, agus tá na trí chanúint le cloisteáil inti. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis ***An Tuiseal Gairmeach*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ Abair leis na daltaí a machnamh a dhéanamh ar conas ***hello*** agus ***how are you*** a rá i nGaeilge. Déan plé ar ***dia duit*** agus an nós atá ann sa Ghaeilge Dia agus na naoimh a tharraingt isteach sa scéal. Pléigh chomh maith na difríochtaí idir na canúintí (féach Freagraí thíos).
- ✔ Iarr ar gach beirt na ceisteanna a chur in ord. Is ceisteanna iad a chuirtear ar dhuine agus tú ag cur aithne air an chéad lá.
- ✔ Pléigh na tuairimí a bhí acu, ní bheidh na tuairimí céanna ag gach duine.
- ✔ Cuir ceist ar an rang a bhfuil aon cheist in easnamh dar leo.

## Réamhobair 2

- ✔ Iarr ar gach beirt na bearnaí a líonadh le chéile. Caithfidh siad an nath oiriúnach a roghnú a théann le gach scenario (féach Freagraí thíos).
- ✔ Pléigh na nathanna a bhí acu agus scríobh aon cheann nach raibh ar eolas acu ar an gclár. Beidh níos mó ná nath amháin ann in amanna.

## Réamhobair 3

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✔ Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar na cásanna áirithe agus iad ag obair ina n-aonar ar dtús. Caithfidh siad marc (1-5) a chur in aice le gach scenario ag brath ar cé chomh cúthaileach is atá siad sna cásanna áirithe.
- ✔ Abair leo labhairt leis an duine in aice leo ansin le feiceáil cé chomh cúthaileach is atá siad féin.
- ✔ Bí ag siúl timpeall le linn an phlé le cinntiú go bhfuil siad ag labhairt as Gaeilge agus le cuidiú leo más gá.
- ✔ Pléigh na cásanna leis an rang iomlán agus scríobh aon fhrása nó aon fhocal nua a tháinig aníos le linn na gníomhaíochta ar an gclár.

## Éisteacht

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le páistí (déagóirí óga) ag cur aithne ar a chéile ar an nguthán.
- Abair leo éisteacht leo uair amháin agus a rá cén chanúint atá ag na cainteoirí éagsúla.
- Léigh na ceisteanna 1-5 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt. Tuairimíocht atá i gceist le ceist 4 agus 5.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu.

## Iarphlé 1

- Pléigh an chéad cheist leis an rang iomlán. Tuairimíocht atá i gceist.
- Pléigh na frásaí atá ar an sleamhnán leis na daltaí agus mínigh aon cheann nach bhfuil ar eolas acu.
- Níl sna frásaí seo ach an tús, déan iarracht a lán frásaí eile a tharraingt ó na daltaí a bhaineann leis an aimsir.
- Iarr ar dhaltaí éagsúla cur síos a dhéanamh ar an aimsir inniu.
- Seo cúpla seanfhocal, ach is mó an méid atá ann:

Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine.

Is samhradh gach síon go dtí an Nollaig.

Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.

Ní hé lá na báistí lá na bpáistí.

## Iarphlé 2

- Tabhair tamall do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó.
- Bíonn nós ag Éireannaigh, ag tús comhrá, a rá nach bhfuil aon ní nua sa saol acu, fiú má bhíonn. Go díreach cosúil leis an nós: *Cad é mar atá tú? Tá mé go maith*. Ach, tar éis tamaill tagann scéalta eile chun cinn a léiríonn b'fhéidir nach bhfuil sé nó sí rómhaith.
- Ceartaigh cuid de na habairtí a bhí acu leis an rang ar fad.

## Iarphlé 3

- Tabhair tamall do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- Níl ann ach plé beag ar an Oireachtas, beidh tuilleadh plé ar an Oireachtas amach anseo.
- 'Damhsa ar an sean nós' agus 'agallamh beirte' atá sna pictiúir.

## Freagraí

### Réamhobair 1

| Canúint na Mumhan | Canúint Chonnachta | Canúint Uladh |
|---|---|---|
| Conas atá tú? | Cén chaoi a bhfuil tú? | Cad é mar atá tú? |

### Réamhobair 1

| | |
|---|---|
| Ar maidin: | maidin mhaith duit |
| Roimh am luí: | oíche mhaith, codladh sámh |
| Agus tú ag imeacht: | slán leat, slán go fóill, slán agus beannacht |
| Breithlá duine: | breithlá sona duit |
| An Nollaig: | Nollaig shona, Nollaig faoi shéan & faoi mhaise |
| Roimh scrúdú: | ádh mór, go n-éirí leat |
| Tar éis scrúdaithe: | comhghairdeas |
| Ligean duine sraoth: | Dia leat |
| Ag cur duine in aithne: | Seo Máire, deas bualadh leat |
| Níor thuig tú rud a dúirt duine: | gabh mo leithscéal? |
| Tá cara tinn: | go dtaca biseach ort |
| Tá duine sa bhealach ort: | gabh mo leithscéal |

# 3B. Ag Cur Aithne ar Dhaoine

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>

## Ag cur aithne ar dhaoine

**Réamhobair 1**

Beidh tú ag éisteacht ar ball le déagóirí óga ag cur aithne ar a chéile.
Conas a déarfá féin ***hello*** agus ***how are you***?
Cad faoi na canúintí eile:

| Canúint na Mumhan | Canúint Chonnachta | Canúint Uladh |
|---|---|---|
| | | |

Féach ar na ceisteanna thíos a chuirfeá ar dhuine agus tú ag cur aithne air den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat – cad é an chéad cheist a chuirfeá, dar libh? Cuirigí in ord iad.

Cá bhfuil tú i do chónaí?<br>
Cén chaoi a bhfuil tú?<br>
Cén áit a bhfuil tú ar scoil?<br>
An maith leat ceol?<br>
An bhfuil mórán deirfiúracha agus deartháireacha agat?<br>
Cé as tú?<br>
Cén bhliain ina bhfuil tú ar scoil?<br>
An imríonn tú aon spórt?<br>
Cad é an scannán is fearr leat?<br>
Cén aois atá tú?

</td>
<td>

**Stór focal bunúsach:** Iarrtar ar na daltaí nathanna canúnacha ar "how are you" a thabhairt. Tugtar ceisteanna bunúsacha le cur ar dhuine a mbuaileann tú leis den chéad uair.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>

## Ag cur aithne ar dhaoine

**Réamhobair 2**

Ag obair leis an duine in aice leat fós – cad a déarfá le duine sna cásanna seo:

Ar maidin ______________________<br>
Roimh am luí ______________________<br>
Agus tú ag imeacht ______________________<br>
Breithlá duine ______________________<br>
An Nollaig ______________________<br>
Roimh scrúdú ______________________<br>
Tar éis scrúdaithe ______________________<br>
Ligean duine sraoth ______________________<br>
Ag cur duine in aithne ______________________<br>
Níor thuig tú rud a dúirt duine ______________________<br>
Tá cara tinn ______________________<br>
Tá duine sa bhealach ort ______________________

</td>
<td>


**Nathanna cainte:** Iarrtar ar na daltaí nathanna a sholáthar a d'úsáidfí ag ócáidí éagsúla – ar maidin, ag imeacht dóibh, ag ligint sraotha agus araile.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>

## Ag cur aithne ar dhaoine

**Réamhobair 3**

An duine cúthaileach tú? Go háirithe agus tú ag bualadh le duine den chéad uair? Cuir uimhir in aice leis na ráitis seo le léiriú cé chomh cúthaileach is a bhíonn tú de ghnáth (1 – an-chúthaileach agus 5 – féinmhuiníneach) sna cásanna éagsúla.



❑Do chéad lá ar scoil.<br>
❑Ag labhairt le duine ar an nguthán den chéad uair.<br>
❑I do shuí in aice le duine nach bhfuil aithne agat air ar scoil.<br>
❑Ag dul ar choinne le buachaill / cailín den chéad uair.<br>
❑Ag labhairt le tuismitheoirí do chairde.<br>
❑Ag labhairt le múinteoir leat féin, tar éis am scoile.<br>
❑Ag gearán i siopa nó i gcaife.<br>
❑Ag iarraidh cabhrach ó do mhúinteoir.<br>
❑Ag iarraidh treoracha ó chailín nó ó bhuachaill deas.

Cad atá ag an duine in aice leat? Déanaigí plé ar na tuairimí atá agaibh.

</td>
<td>

**Obair aonair/beirte:** Suirbhé, an duine cúthaileach tú? Plé ar na torthaí i mbeirteanna.

</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Ag cur aithne ar dhaoine** Éisteacht<br>**Éist leis an mír uair amháin agus abair cén chanúint atá ag na daoine seo:**<br>An buachaill ag an tús: ____________________<br>Pól: ____________________<br>Éilís: ____________________<br>**Conas a bhí a fhios agat?**<br>Éist leis an mír arís agus freagair na ceisteanna:<br>1. Cén sloinne atá ar Éilís agus cá bhfuil sí ar scoil? Cén t-ainm atá ar a múinteoir?<br>2. Cad é an caitheamh aimsire atá ag Éilís?<br>3. Cé chomh fada ón trá atá Pól agus Éilís?<br>4. Cén aois atá na triúr cainteoirí, dar leat? Tabhair buille faoi thuairim ach bí in ann a rá cén fáth a ndúirt tú amhlaidh.<br>5. An raibh aithne ag na cainteoirí ar a chéile roimhe, dar leat? | **Tasc éisteachta:** Triúr ag caint. Canúint gach duine acu le haithint. Ceisteanna simplí curtha. |
| Sleamhnán 5 | **Ag cur aithne ar dhaoine** Iarphlé 1<br>Ar thug tú faoi ndeara riamh go mbíonn muintir na hÉireann (go háirithe daoine níos sine) de shíor ag caint faoin aimsir? Cén fáth, dar leat? Anois, an dtuigeann tú na frásaí seo:<br><br>Tá sé ina ghála gaoithe<br>Tá sé ag stealladh báistí<br>Tá an lá go haoibhinn<br>An bhfliuchfaidh sé?<br>D'fheannfadh an aimsir seo gabhar<br>Cad a dhéanfaidh sé inniu?<br>Chonlódh sé tú<br>Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch<br>Cad iad na frásaí atá ar eolas agatsa mar gheall ar an aimsir?<br>An bhfuil aon seanfhocal ar eolas agat faoin aimsir? Cad é? | **Saibhriú teanga:** nathanna cainte a bhaineann leis an aimsir. Iarrtar tuilleadh, agus iarrtar seanfhocail a bhaineann leis an aimsir. |
| Sleamhnán 6 | **Ag cur aithne ar dhaoine** Iarphlé 2<br>An gceapann tú go bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?<br>1. Tá muintir na hÉireann an-chairdiúil.<br>2. Ní maith leis na hÉireannaigh bheith ag gearán.<br>3. Tá 'saol an phobail' an-tábhachtach do na hÉireannaigh.<br>4. Caitheann muintir na hÉireann go maith le daoine aosta.<br>5. Ní maith leis na hÉireannaigh bheith ag labhairt fúthu féin.<br>Cad a cheapann an duine in aice leat?<br>Féachaigí beirt ar an gcomhrá seo:<br>Máire: Cén chaoi a bhfuil tú a Sheáin?<br>Seán: Go maith, go maith, agus tú féin?<br>Máire: Á go breá, aon scéal agat?<br>Seán: Muise, scéal ar bith ar chor ar bith. Agus agat féin?<br>Máire: Diabhal mórán.<br>Seán: Tá mo dheirfiúr le pósadh an tseachtain seo chugainn...<br>Máire: An bhfuil? Go hiontach ar fad.<br>An bhfuil aon ní aisteach faoi? Pléigí. | **Obair bheirte:** ceisteanna faoi na hÉireannaigh le plé. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 7</td>
<td>
</td>
<td>Obair ghrúpa: Iarrtar ar dhaltaí an tOireachtas a phlé.</td>
</tr>
</table>


# 3C. Ag tabhairt comhairle: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – cairde agus an teaghlach |
| Stór focal | Cairde agus an teaghlach |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|


Tá na ceachtanna seo bunaithe ar na réaltchomharthaí agus ar chluiche darb ainm ‘Ag tabhairt comhairle’.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht seo a dhéanamh leis **An Modh Ordaitheach** agus **An tAinm Briathartha** i **Fócas ar Theanga.**




## Réaltchomharthaí 1

- ✔ Léigh na treoracha leis na daltaí agus iarr orthu an ceacht a dhéanamh.
- ✔ Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin.
- ✔ Déan cleachtadh ar an bhfoghraíocht ag an bpointe seo, go háirithe an ‘M’ leathan agus caol. Féach na freagraí.




## Réaltchomharthaí 2

- ✔ Léigh na treoracha leis na daltaí agus iarr orthu an ceacht a dhéanamh.
- ✔ Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin.
- ✔ Déan cleachtadh ar fhoghraíocht na míonna ag an bpointe seo. Féach na freagraí.



## Réaltchomharthaí 3

- ✔ Léigh na treoracha ar an mbileog ar fad agus iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.
- ✔ Thiocfadh leat siúl siar a chaitheamh ar an tuiseal ginideach uatha ag an bpointe seo.
- ✔ Féach na freagraí.



## Réaltchomharthaí 4

- ✔ Téigh siar ar na slite cearta chun dáta a scríobh agus a rá.
- ✔ Bí cinnte go gcuireann tú béim ar an séimhiú a chuirtear ar ‘mí’ de bharr an réamhfhocail shimplí ***de***.
- ✔ Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna ag bun an tsleamhnáin a chur ar a chéile.
- ✔ Bí ag siúl timpeall an ranga le bheith cinnte go n-éiríonn leis na daltaí a mbreithlá a rá i gceart.



## Léamh 1 agus 2

- ✓ Cuir gach beirt ina suí le chéile agus tabhair cóip den sleamhnán **Léamh 1** do dhuine amháin agus **Léamh 2** don duine eile. Abair leo gach réaltchomhartha a léamh amach le chéile ceann ar cheann. Caithfidh siad bheith cúramach mar tá difríocht bheag amháin idir gach réaltchomhartha agus caithfidh siad an difríocht sin a bhreacadh síos.
- ✓ Nuair atá sé sin déanta ag na daltaí, iarr ar gach beirt difríochtaí éagsúla a sholáthar.
- ✓ Pléigh aon deacracht a bhí acu.



## Moladh eile

- ✓ Is féidir an chéad sleamhnán **Léamh 1** a chur ar an tréshoilseán agus iarraidh ar gach beirt é a léamh amach le chéile, ag míniú dóibh gur cleachtadh ar an gcuimhne é seo, agus go gcaithfidh siad cuimhne a dhéanamh ar a bhfuil ar an sleamhnán.
- ✓ Ansin, nuair atá an sleamhnán sin léite ag gach beirt is féidir leat an chéad cheann eile a chur in airde, **Léamh 2**.
- ✓ Caithfidh gach beirt liosta de na difríochtaí idir an dá shleamhán a bhreacadh síos.



## Cluiche 1 / 2 / 3

- ✓ Bíodh na cártaí ar **Cluiche 1** agus **2** gearrtha agat agus curtha i gclúdach litreach. Ba cheart go mbeadh clúdach litreach agat do gach grúpa de thriúr nó de cheathrar.
- ✓ Bíodh an sleamhnán **Cluiche 3** ar an tréshoilseán agat. Bí cinnte go dtuigeann an rang na habairtí ar fad ar an sleamhán agus go dtuigeann siad go gcaithfidh siad na struchtúir úd a úsáid le linn an chluiche.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus tabhair clúdach litreach do gach grúpa.
- ✓ Mínigh do na daltaí go bhfuil fadhbanna sa chlúdach litreach agus go mbeidh gach duine ag iarraidh comhairle ar na fadhbanna áirithe ó na daoine eile sa ghrúpa.
- ✓ Rachaidh an cluiche ar aghaidh mar seo: Roghnóidh duine 1 cárta ón gclúdach litreach agus léifidh sé an fhadhb amach. Beidh ar na daoine eile sa ghrúpa comhairle a thabhairt maidir leis an bhfadhb sin. Tabharfaidh an duine leis an bhfadhb an cárta don duine sa ghrúpa a thugann an chomhairle is fearr dó. Is é an duine leis an méid is mó cártaí ag deireadh an chluiche an buaiteoir.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga le linn an chluiche le cuidiú leo.

## Freagraí

### Réaltchomharthaí 1

| | |
|---|---|
| An Reithe 4 | An Mheá 3 |
| An Tarbh 5 | An Scairp 10 |
| An Cúpla 8 | An Saighdeoir 1 |
| An Portán 2 | An Gabhar 6 |
| An Leon 12 | Iompróir an Uisce 9 |
| An Mhaighdean 11 | Na hÉisc 7 |

### Réaltchomharthaí 2

| |
|---|
| 21 Aibreán – 21 Bealtaine (5) |
| 24 Meán Fómhair – 23 Deireadh Fómhair (3) |
| 22 Nollaig – 20 Eanáir (6) |
| 21 Márta – 20 Aibreán (4) |
| 23 Iúil – 22 Lúnasa (12) |
| 20 Feabhra – 20 Márta (7) |
| 23 Samhain – 21 Nollaig (1) |
| 22 Bealtaine  - 21 Meitheamh (8) |
| 23 Lúnasa – 23 Meán Fómhair (11) |
| 21 Eanáir – 19 Feabhra (9) |
| 24 Deireadh Fómhair – Samhain (10) |
| 22 Meitheamh – 22 Iúil (2) |

### Réaltchomharthaí 3

Tá na míonna ar fad sa tuiseal ginideach tar éis an fhocail 'mí'. Tarlaíonn sé nach bhfuil aon athrú ar chuid de na míonna sa tuiseal ginideach ach seo thíos na cinn a athraíonn:

Mí an Mhárta nó Mí na Márta (ag brath ar an gcanúint)

Mí (an) Aibreá**i**n

Mí an M**h**eith**i**mh

Mí M**h**eán Fómhair


Mí D**h**eireadh Fómhair

Mí **na Samhna**

Mí **na Nollag**

# 3C. Ag Tabhairt Comhairle

## Sleamhnán 1



**Ag tabhairt comhairle** Réaltchomharthaí 1

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na réaltchomharthaí cearta a cheangal leis na pictiúir chuí?

| |
|---|
| An Reithe |
| An Tarbh |
| An Cúpla |
| An Portán |
| An Leon |
| An Mhaighdean |
| An Mheá |
| An Scairp |
| An Saighdeoir |
| An Gabhar |
| Iompróir an Uisce |
| Na hÉisc |

**Stór focal, obair bheirte:** na réaltchomharthaí agus na dátaí a bhaineann leo.

## Sleamhnán 2



**Ag tabhairt comhairle** Réaltchomharthaí 2

Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na dátaí cearta a cheangal leis na pictiúir chuí?

| |
|---|
| 21 Aibreán – 21 Bealtaine |
| 24 Meán Fómhair – 23 Deireadh Fómhair |
| 22 Nollaig – 20 Eanáir |
| 21 Márta – 20 Aibreán |
| 23 Iúil – 22 Lúnasa |
| 20 Feabhra – 20 Márta |
| 23 Samhain – 21 Nollaig |
| 22 Bealtaine – 21 Meitheamh |
| 23 Lúnasa – 23 Meán Fómhair |
| 21 Eanáir – 19 Feabhra |
| 24 Deireadh Fómhair – 22 Samhain |
| 22 Meitheamh – 22 Iúil |

**Stór focal, obair bheirte:** na réaltchomharthaí agus na dátaí a bhaineann leo.

## Sleamhnán 3



**Ag tabhairt comhairle** Réaltchomharthaí 3

**1. Féach ar an dá cholún thíos, breac síos na difríochtaí a fheiceann tú idir an dá cholún. Cad atá ag an duine in aice leat.**

| | |
|---|---|
| Eanáir | Mí Eanáir |
| Feabhra | Mí Feabhra |
| Márta | Mí an Mhárta / na Márta |
| Aibreán | Mí (an) Aibreáin |
| Bealtaine | Mí na Bealtaine |
| Meitheamh | Mí an Mheithimh |
| Iúil | Mí Iúil |
| Lúnasa | Mí Lúnasa |
| Meán Fómhair | Mí Mheán Fómhair |
| Deireadh Fómhair | Mí Dheireadh Fómhair |
| Samhain | Mí na Samhna |
| Nollaig | Mí na Nollag |

**2. An féidir libh na hathruithe thuas a mhíniú?**

**Stór focal & Feasacht teanga:** míonna na bliana m.sh. Meán Fómhair vs Mí Mheán Fómhair.

## Sleamhnán 4



**Ag tabhairt comhairle** — Réaltchomharthaí 4

Féach ar an tslí a scríobhtar na dátaí:

**13/06/2012**

nó

**13 Meitheamh 2012**

Ach féach conas a deirtear na dátaí:


**An tríú lá déag de mhí an Mheithimh, dhá mhíle agus a dó dhéag.**

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

**1.Cathain atá do bhreithlá / Cén breithlá atá agat?**
**2.Cén réaltchomhartha atá agat?**

**Gramadach:** dátaí a scríobh vs dátaí a rá.

## Sleamhnán 5




**Ag tabhairt comhairle** — Léamh 1

**Tá na réaltchomharthaí ar fad anseo thíos agat agus tá 12 réaltchomhartha ag do chara chomh maith. Léigí na réaltchomharthaí amach os ard le chéile, ceann ar cheann agus aimsígí na difríochtaí atá idir an dá leagan.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Reithe<br>Tá a lán fuinnimh agat, éireoidh go maith leat sa scrúdú matamaitice. | An Tarbh<br>Má thagann buachaill deas i do threo seachain é. | An Cúpla<br>Tarlóidh timpiste do do chara, caithfidh tú foláireamh a thabhairt dó. | An Portán<br>Tá rath agus maoin i ndán duit, bain tairbhe maith as. |
| An Leon<br>Is duine ceanndána tú, bain úsáid as an tréith sin inniu. | An Mhaighdean<br>Tá an t-ádh ort na laethanta seo, bain triail as an lotto. | An Mheá<br>Bí san airdeall, tá cinneadh mór le déanamh agat inniu. | An Scairp<br>Bain úsáid as d'eireaball nimhneach le do sprioc a bhaint amach. |
| An Saighdeoir<br>Casfaidh tú le grá geal do chroí an tseachtain seo. | An Gabhar<br>Má oibríonn tú go crua ní theipfidh ort sa scrúdú amárach. | Iompróir an Uisce<br>Tiocfaidh duine gránna isteach i do shaol – bí cúramach. | Na hÉisc<br>Seachain tú féin ar an duine a chuirfidh ar bhealach na haimhleasa tú. |

**Obair bheirte:** Comhairle do na réaltachomharthaí éagsúla. Aimsigh na difríochtaí.

## Sleamhnán 6



**Ag tabhairt comhairle** — Léamh 2

**Tá na réaltchomharthaí ar fad anseo thíos agat agus tá 12 réaltchomhartha ag do chara chomh maith. Léigí na réaltchomharthaí amach os ard le chéile, ceann ar cheann agus aimsígí na difríochtaí atá idir an dá leagan.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Reithe<br>Tá a lán fuinnimh agat, éireoidh go maith leat sa scrúdú Béarla. | An Tarbh<br>Má thagann buachaill deas i do threo fáiltigh roimhe. | An Cúpla<br>Tarlóidh timpiste do d'aintín, caithfidh tú foláireamh a thabhairt di. | An Portán<br>Tá rath i ndán duit, bain tairbhe maith as. |
| An Leon<br>Is duine séimh tú, bain úsáid as an tréith sin inniu. | An Mhaighdean<br>Tá an t-ádh ort na laethanta seo, bain triail as an gcomórtas. | An Mheá<br>Bí cúramach, tá cinneadh mór le déanamh agat inniu. | An Scairp<br>Bain úsáid as d'eireaball nimhneach le dochar a dhéanamh do dhuine éigin. |
| An Saighdeoir<br>Casfaidh tú le grá geal do chroí i mbliana. | An Gabhar<br>Má oibríonn tú go crua ní theipfidh ort sa scrúdú amárach. | Iompróir an Uisce<br>Tiocfaidh duine gránna isteach i do shaol – bí san airdeall. | Na hÉisc<br>Seachain tú féin ar an duine a chuirfidh ar bhealach an leasa tú. |

**Obair bheirte:** Comhairle do na réaltachomharthaí éagsúla. Aimsigh na difríochtaí.

**Sleamhnán 7**



## Ag tabhairt comhairle

cluiche 1

Le gearradh…

| | | |
|---|---|---|
| Tá cóisir mhór ar siúl ar an Satharn ach níl aon ní le caitheamh agam. | Ba mhaith liom dul ar an turas scoile ach níl mo chara is fearr ag dul. | Rinne mé m'obair bhaile Ghaeilge ach chaill mé í. Ní chreidfidh an múinteoir mé. |
| Tá mo chara is fearr ag siúl amach le duine nach maith liom. | Ní maith leis an múinteoir staire mé. | Is fuath liom an rang matamaitice mar caitheann an múinteoir go holc liom. |
| Ní maith liom an rang corpoideachais mar ní duine aclaí mé in aon chor. | Sílim go bhfuil mo chailín/ bhuachaill ag siúl amach le duine eile chomh maith. | Tá dalta ag imirt bulaíochta ar mo chara ach tá eagla orm roimh an dalta céanna. |
| Tá mo mháthair ar *Facebook* agus feiceann sí gach rud a dhéanaim. | Tá guthán póca ag mo chuid cairde ar fad ach níl cead agamsa ceann a bheith agam. | Is fuath liom teangacha ach tá trí cinn le déanamh agam ar scoil. |

**Cluiche teanga:** Cleachtadh ar chomhairle a thabhairt.

**Sleamhnán 8**



## Ag tabhairt comhairle

cluiche 2

Le gearradh…

| | | |
|---|---|---|
| Tá coinne agam amárach den chéad uair agus tá mé an-neirbhíseach. | Tá mé tar éis bogadh ó scoil eile agus níl aon chairde agam sa scoil nua. | Tá mé i bhfad níos lú ná gach duine eile sa bhliain agus bíonn na daltaí eile ag magadh fúm. |
| Tá mé i scoil lán-Ghaeilge ach níor tógadh le Gaeilge mé agus tá sé an-deacair. | Tá mé i scoil lán-Ghaeilge agus tá an ghráin agam ar an nGaeilge. | Tá mé i ngrá le duine ach níl aon suim ag an duine sin ionamsa. |
| Scríobh duine drochscéal fúm ar *Facebook* agus níl aon fhírinne ag baint leis. | Níor mhaith liom freastal ar an ollscoil ach ní thuigeann mo thuismitheoirí é sin. | Tá an rang mata an-deacair dom ach ceapann an múinteoir go bhfuil mé leisciúil. |
| Bíonn an-bhrú orm aimsir na scrúduithe agus ithim seacláid gan stad gan staonadh | Níl aon chairde agam sa rang Fraincise agus ní maith liom an teanga dá bharr. | Tá spéaclaí móra tiubha agam agus bíonn gach duine ag spochadh asam. |

**Cluiche teanga:** Cleachtadh ar chomhairle a thabhairt.

**Sleamhnán 9**



## Ag tabhairt comhairle

cluiche 3

**Féach ar na slite éagsúla chun comhairle a thabhairt:**

**Ba cheart duit …………………………………… a dhéanamh!**

**Ba chóir duit …………………………………… a ithe!**

**Mholfainn duit labhairt le ……………………………………!**

**<u>An modh ordaithe</u>**

**Téigh…**
**Labhair…**
**Faigh….**
**Déan…**

**Ná bac**
**Ná déan**
**Ná hith**
**Ná glac**

**Gramadach:** an modh ordaitheach. Nathanna úsáideacha chun comhairle a thabhairt.

# 3D. Mo Sheanmháthair: Nótaí an Mhúinteora (dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an teaghlach |
| Stór focal | An Teaghlach |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta atá an-deacair ar fad. Seanbhean atá ag caint ar a saol fadó agus níl caighdeán an taifeadta rómhaith ach an oiread. Chomh maith leis sin ar fad, tá canúint (Uladh) na mná an-láidir ar fad agus labhraíonn sí go gasta. Níor baineadh úsáid as an mír ar mhaithe le ceacht cluastuisceana a dhéanamh ach ar mhaithe le plé a dhéanamh ar chaighdeán agus stíl na Gaeilge ó ghlúin go glúin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhphlé

- ✔ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi na daoine fásta atá ina saol agus an caidreamh atá acu leis na daoine sin. Beidh siad ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✔ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d’fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.

## Réamhobair

- ✔ Iarr ar gach beirt a bheith ag obair le chéile chun na freagraí cearta a roghnú. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✔ Mínigh dóibh go bhfuil cúpla nod ann mura bhfuil na focail ar eolas acu, mar shampla, ag + briathar, an uimhir iolra, cosúlachtaí idir na focail agus araile.
- ✔ Nuair atá na focail sa chéad dá cholún curtha le chéile acu iarr orthu aon leagan eile a chur ar fáil atá ar eolas acu, sa cholún deireanach.
- ✔ Pléigh an foclóir leis an rang ar fad tar éis tamaill (féach Freagraí thíos).

## Éisteacht

- ✔ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le mír an-deacair ar fad, gur seanbhean atá ag caint ar a saol agus ar bhás a máthar. Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad mórán.
- ✔ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad éisteacht leis an mír den chéad uair gan aon rud a scríobh síos fós.
- ✔ Nuair atá an mhír críochnaithe iarr orthu aon ní a thuig siad a bhreacadh síos agus ansin feiceáil cad a bhí ag an duine in aice leo.

- ✔ Abair leo ceist 3 agus 4 a phlé ina mbeirteanna ansin.
- ✔ Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin agus déanaigí plé ar an mír.
- ✔ *Tábhachtach: Má cheapann tú go bhfuil an píosa i bhfad ródheacair ar fad ar fad ní gá aon cheacht cluastuisceana a dhéanamh air. Is féidir an chéad chéim eile amháin a dhéanamh – is é sin, éisteacht leis an mír fad is atá na daltaí ag léamh na scripte. Ceacht ar fheasacht chultúrtha a bheadh i gceist amháin.*

## Éisteacht 2

- ✔ Cuir script na míre ar an tréshoilseán nó tabhair cóip deD do gach duine sa rang.
- ✔ Iarr ar na daltaí an script a léamh a fhad is atá sí á seinm agat.
- ✔ Téigh siar ar an script leis an rang iomlán ansin.

## Plé 1/2/3/4

- ✔ Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag ligean orthu féin go bhfuil saol eile acu – gur daoine eile i ngrianghraif iad sna blianta atá imithe.
- ✔ Cuir gach triúr ina suí le chéile agus tabhair grianghraf amháin an duine do gach duine sa ghrúpa. Abair leo anois go gcaithfidh siad ligean orthu féin gur duine sa ghrianghraf iad.
- ✔ Bíodh an sleamhnán **Plé 4** ar an tréshoilseán agat agus téigh siar ar na ceisteanna ar fad. Pléigh freagraí na gceisteanna leo más gá.
- ✔ Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a chur ar a chéile.
- ✔ Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le linn na gníomhaíochta.

## Scríobh

- ✔ Iarr ar na daltaí leath-leathanach a scríobh faoina dteaghlaigh shínte.

## *Freagraí*

### Réamhobair

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| l | g | m | k | b | j | f | o | n | i | a | c | h | e | d |

# 3D. Mo Sheanmháthair

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>

**Mo sheanmháthair** Réamhphlé

**Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile.**

1.Cé mhéad seanmháthair nó seanathair atá agat?

2.Cén aois atá ag an duine is sine a bhfuil caidreamh agat leis?

3.An labhraíonn tú faoi gach rud leis an duine sin? Tabhair samplaí.

4.Cén teanga a labhraíonn tú leis an duine sin?

5.An mbaineann an duine sin úsáid as teanga agus foclóir atá beagáinín seanaimseartha, dar leat? Tabhair samplaí.

</td>
<td>

**Obair ghrúpa:** plé ar an chaidreamh idir duine óg agus seanduine.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>

**Mo sheanmháthair** Réamhobair

**Sula n-éisteann tú leis an mír féach ar na focail seo thíos. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis. B'fhéidir nach mbeidh na focail ar fad ar eolas agat ach tá cosúlachtaí eatarthu agus beidh sibh in ann buille faoi thuairim a thabhairt.**

<table>
<tr><th></th><th>An Caighdeán</th><th>Do leagan féin</th></tr>
<tr><td>1. dhá chloigeann déag<br>2. stócaigh<br>3. girseacha (í)<br>4. uilig<br>5. ar fostú<br>6. iontach maith<br>7. chun an bhaile<br>8. cha/cha/chan<br>9. fánár gcoinne<br>10. cha dtiocfadh<br>11. ag meas<br>12. achan rud<br>13. dhath ar bith<br>14. sa chisteanach<br>15. i dtólamh</td><td>a. ag ceapadh<br>b. fostaithe<br>c. gach rud<br>d. i gcónaí<br>e. sa chistin<br>f. abhaile<br>g. buachaillí<br>h. faic<br>i. ní féidir<br>j. an-mhaith<br>k. ar fad<br>l. dáréag<br>m. cailíní<br>n. ar ár son<br>o. ní / níor</td><td>Leagan Ultach</td></tr>
</table>

</td>
<td>

**Stór focal:** Comparáid idir focail i gcanúint Uladh agus focail sa chaighdeán

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>

**Mo sheanmháthair** Éisteacht 1

**Éist le Cáit Uí Fhearraigh (Cit Phroinsias) ag déanamh cur síos ar a teaghlach agus ar bhás a máthar.**

1.Éist leis an mír uair amháin tríd síos gan stopadh agus ansin breac síos gach rud a thuig tú tar éis duit éisteacht léi.

2.Cad a bhí ag an duine in aice leat?

3.Is píosa an-deacair é seo, cén fáth?

4.Cén fáth a bhfuil sé níos deacra seandaoine a thuiscint ná daoine ar chomhaois leat féin, dar leat?


</td>
<td>

**Tasc éisteachta:** Seanbhean ó Thír Chonaill ag caint. Iarrtar ar dhaltaí gach rud a thuig siad a scríobh síos.

**Plé oscailte:** Dhá cheist ghairid le freagairt.

</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Mo sheanmháthair** Éisteacht 2<br>**Éist leis an mír arís anois agus an script á léamh agat.**<br>**Cáit Uí Fhearraigh (Cit Phroinsias) as an Ardaí Bheag, Gort a' Choirce, Contae Dhún na nGall, ag cur síos ar a hóige.**<br>Dhá chloigeann déag, seisear stócaigh agus seisear girseacha. Bhí teach ceann tuí againn agus leath de ina sclátaí, seomra sclátaí. Seomra amháin síos agus seomra eile suas, bhí muid uilig inár gcónaí ansin.<br>*Cad é faoin chuid eile den teaghlach, an raibh siadsan ar fostú chomh maith nó…?*<br>Bhí, bhí bhuel, bhí an chuid is sine den teaghlach. Bhí mise ar an naoú duine agus mo chuid deartháireacha cuid acu, chuaigh siadsan go hAlbain san am sin agus bhí siad iontach maith. Chuir siad airgead 'na bhaile chugainn agus bhí m'athair, bhí m'athair, bhí sé iontach maith dúinn, bhí athair iontach maith againn.<br>*Cad é an aois a bhí tú nuair a fuair do mháthair bás, a Chit?*<br>Ceithre bliana déag, bhí mé ar fostú amuigh ar an Lagan agus cha raibh a fhios agam go raibh sí marbh nó a dhath, agus char chuir siad fánár gcoinne nó a dhath ar bith. Bhí dhá dheartháir dom amuigh ar fostú, Seamus agus Eoin, agus sin an t-am a bhí na trioblóidí anseo agus bhí na *railleacha* tógtha thuas ar na, de na, mar a déarfá, den *railroad* agus cha dtiocfadh linn, | **Feasacht teanga:** Éistear arís leis an script. Téitear siar ar an script le pointí suimiúla a thaispeáint. |
| Sleamhnán 5 | **Mo sheanmháthair** Éisteacht 3<br>char chuir siad scéala ar bith nó cha bheadh mé sa bhaile in am le í a fheiceáil, chan fhaca mise mo mháthair marbh riamh.<br>Cuireadh í, tá mé ag meas, lár an Aibreáin. Agus ansin, ag teacht isteach ar an traein dom bhí bean (duine de na comharsa) fosta ar an traein agus chuir sí ceist orm, chuir sí ceist 'cé mé' agus achan rud mar sin agus dúirt sí 'Arb é tusa ar cuireadh do mháthair? 'Orú chan mé' a dúirt mise, 'char cuireadh mo mháthair' a dúirt mise. 'Smaoineoidh mé anois' a dúirt sí 'an bhfuil bean ag d'uncail a bhfuil Mary uirthi, Mary Colm?' Agus dúirt mise 'bhí'. 'Ah bhuel' a dúirt sí, 'sin an bhean a cuireadh'. But cha dtiocfadh liomsa a stad a smaointiú air, agus ag smaointiú agus ag smaointiú air. Agus, mo dhearthair, mheetáil sé mé abhus ag teach Pháidí Éamainn mar a thug siad san am sin air agus char dhúirt sé dhath ar bith liom agus char, cibé cén dóigh, bhí mise chomh scaraithe (scanraithe) agus char chuir mé ceist ar bith air. Ach bhí leaba sa chisteanach agus i dtólamh bhíodh mo mháthair ina luí sa chisteanach agus nuair a chuaigh mé go dtí an doras chonaic mé nach raibh sí sa leaba. Bhí a fhios agam ansin go raibh sí marbh. | **Feasacht teanga:** Éistear arís leis an script. Téitear siar ar an script le pointí suimiúla a thaispeáint. |
| Sleamhnán 6 | **Mo sheanmháthair** Plé 1<br>Is tusa an leanbh sa ghrianghraf. An bhliain 1950 atá ann. Féach ar na ceisteanna ar an sleamhnán 'Plé 4' agus bí in ann na ceisteanna a fhreagairt. Bain úsáid as do shamhlaíocht!<br> | **Obair ghrúpa:** Plé samhlaíoch le déanamh ar shaol fadó, bunaithe ar thrí ghrianghraf tugtha. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 7</td>
<td>
</td>
<td>Obair ghrúpa: Plé samhlaíoch le déanamh ar shaol fadó, bunaithe ar thrí ghrianghraf tugtha.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 8</td>
<td>
</td>
<td>Obair ghrúpa: Plé samhlaíoch le déanamh ar shaol fadó, bunaithe ar thrí ghrianghraf tugtha.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 9</td>
<td>
Mo sheanmháthair<br>
Plé 4<br>
1. Cén aois atá tú sa ghrianghraf agus cén bhliain atá ann?<br>
2. Cé mhéad deirfiúracha agus deartháireacha atá agat? Agus, an bhfuil mórán col ceathracha agus aintíní agus uncailí agat?<br>
3. Cá bhfuil tú i do chónaí agus cén cineál áite í?<br>
4. Déan cur síos ar do scoil. Cén cineál scoile í agus an bhfuil na múinteoirí atá agat go deas?<br>
5. An mbíonn tú ag cabhrú timpeall an tí sa bhaile? Cad iad na rudaí a bhíonn le déanamh agat?<br>
6. An bhfuil mórán cairde agat? Inis dom faoi do chara is fearr.</td>
<td>Tasc scríofa: Tuairisc le scríobh ar theaghlach sínte an dalta.</td>
</tr>
</table>

# 3E. Mo theaghlach: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – mo mhuintir agus mo chairde / mo theaghlach |
| Stór focal | An teaghlach agus ag réiteach le daoine |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna seo oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná go ndíreodh na daltaí ar chruinneas. Cinntigh, mar sin, go mbeidh siad ábalta a rá i gceart (a) cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá acu agus (b) cén áit a dtagann siad sa chlann ag baint an úsáid cheart as an mbriathar **Is**.
- ✓ Muna bhfuil rialacha speisialta ag baint leis na huimhreacha pearsanta i gceantar do scoile, bain úsáid as rialacha an Chaighdeáin atá breá simplí i.e. leanann an uimhir iolra den ainmfhocal na huimhreacha pearsanta (triúr deartháireacha, ceathrar deirfiúracha) seachas i gcás lagiolraí (triúr mac). Leanann séimhiú an focal beirt (beirt mhac) ach amháin i gcás na *dentals* (beirt deirfiúracha).

## Réamhobair 2

- ✓ Bíonn deacrachtaí ag daltaí uaireanta leis an bhfocal 'bliain' a chomhaireamh. Abair leo scaoileadh faoin gcleachtadh agus ceartaigh ansin leo é.
- ✓ Mínigh dóibh go bhfuil patrún ar leith ag baint leis.

| **1-2** | **3-6** | **7-10** |
|---|---|---|
| Séimhiú | **bliana** | **Urú ar 'bliana'** |
| Aon bhliain | Trí bliana | Seacht mbliana |
| Dhá bhliain | Sé bliana | Deich mbliana. |

## Réamhobair 3

- ✓ Mínigh do na daltaí cad a bheidh le déanamh acu don chleachtadh seo agus cuir i mbun oibre iad. D'fhéadfaidís é a dhéanamh mar obair bheirte os ard le chéile nó iad ar fad a scríobh amach ina gcóipleabhar.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin ag cinntiú go mbeidh an méid a deir na daltaí cruinn.

## Léamh

- Abair leis na daltaí an píosa a deir Róisín a léamh.
- Pléigh an píosa leis an rang iomlán ansin agus cabhraigh leo le haon deacrachtaí a bheidh acu leis.

## Iarphlé 1

- Léigh na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad cad a bheidh le déanamh acu.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin chun na ceisteanna a fhreagairt.
- Pléigh a gcuid freagraí mar rang iomlán ansin.

## Iarphlé 2

- Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an dá ghníomhaíocht atá ar an sleamhnán seo.
- Ceartaigh leis an rang ar fad é ansin (féach Freagraí thíos).
- Cinntigh go dtuigeann siad go gciallaíonn an focal 'cúpla' *twin* agus ní *couple*!

## Iarobair 3

- Cuir gach beirt ag obair ar na nathanna cainte.
- Scríobh na leaganacha nua a thabharfaidh siad duit ar an gclár agus cuir leo, más féidir.

## Iarobair 4

- Abair leis na daltaí tabhairt faoi chuid A ar an sleamhnán agus pléigh a gcuid freagraí leo ansin (féach Freagraí thíos).
- Mura bhfuil an rang i gceantar Gaeltachta cuir ar fáil cúpla sampla d'ainmneacha Gaeltachta dóibh (e.g. Johnny Mháirtín Learaí, Seán Phóil Shéamuis, Caitlín Phaddy Beag etc.). Cabhraigh leo ansin a n-ainm Gaeltachta féin a dhéanamh amach.

## Iarobair 5

- Abair leis na daltaí scaoileadh faoi na ceisteanna ar an sleamhnán seo agus ceartaigh ansin iad (féach Freagraí thíos).

## Iarobair 6

- Bíodh cóip agat den sleamhnán seo le scaipeadh ar na daltaí. Tabhair seans dóibh an píosa atá air a léamh agus cabhraigh leo le haon stór focal deacair atá ann.
- Pléigh an méid atá sa phíosa mar rang iomlán agus déan iarracht a gcuid tuairimí a fháil faoi.
- Pléigh an cheist atá faoi chuid B mar rang iomlán.

## Iarobair 7

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus cuir ar a súile dóibh nach féidir 'beirt (etc.) daoine' a rá!

## *Freagraí*

### Iarobair 2

**A:**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | How do you get on with one another?: | Conas a réitíonn sibh le chéile? |
| **2.** | Do you get on well with one another?: | An réitíonn sibh go maith le chéile? |
| **3.** | We're very close: | Táimid an-mhór le chéile (ní féidir 'an-ghar' ná 'an-chóngarach' a úsáid sa chomhthéacs seo). |
| **4.** | We fight: | Bímid i muineál a chéile. / Bímid ag troid. |

**B:**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | first cousin: | col ceathrar |
| **2.** | second cousin: | col seisir |
| **3.** | mother in law: | máthair chéile |
| **4.** | father in law: | athair céile |
| **5.** | godmother: | máthair bhaistí |
| **6.** | godfather: | athair baistí |
| **7.** | twins / half-twin: | cúpla / leathchúpla |
| **8.** | a couple: | lánúin |
| **9.** | adopted: | uchtaithe |

### Iarobair 4

**Ceist 1:** Fíor

**Ceist 2:** Bréagach


**Ceist 3:** Fíor (mínigh do na daltaí gur minic anois a choimeádann mná a n-ainmneacha féin nuair a phósann siad nó nach mbacann siad leis an 'Uí')

**Ceist 4:** Bréagach (bíonn sloinnte níos comónta in áiteanna áirithe seachas a chéile).

### Iarobair 5

1. Síle Uí Mhuirí agus Aoife Mhic Giolla Bhríde.
2. Ó Muirí agus Mac Giolla Bhríde.
3. Ní Mhuirí agus Nic Giolla Bhríde.

# 3E. Mo Theaghlach

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Mo theaghlach** Réamhobair 1<br>1. An féidir leat a rá *go cruinn* cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat?<br>Uaireanta bíonn an úsáid a bhaintear as na huimhreacha pearsanta (beirt, triúr, ceathrar etc.) beagán éagsúil ó Ghaeltacht go Gaeltacht agus sa Chaighdeán. Cinntigh, mar sin, go bhfuil an méid a deir tú ceart ó thaobh na canúna de nó ó thaobh an Chaighdeáin de. Ná bíodh rud éigin á rá agat nach bhfuil anseo ná ansiúd!<br><br>2. An féidir leat a rá *go cruinn* cén áit a dtagann tú sa teaghlach? i.e. An duine is sine, an duine sa lár, an duine is óige, páiste aonair agus araile. Beidh an briathar 'Is' ag teastáil uait. | **Cruinneas:** Uimhreacha pearsanta. Áit sa teaghlach – is sine, is óige, sa lár. |
| Sleamhnán 2 | **Mo theaghlach** Réamhobair 2<br>Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí an leagan ceart den fhocal 'bliain' sna bearnaí.<br>1. Aon ___________ déag<br>2. Dhá ___________ déag<br>3. Trí ___________ déag<br>4. Ceithre ___________ déag<br>5. Cúig ___________ déag<br>6. Sé ___________ déag<br>7. Seacht ___________ déag<br>8. Ocht ___________ déag<br>9. Naoi ___________ déag<br>10. Fiche ___________ | **Cruinneas:** Aoiseanna. |
| Sleamhnán 3 | **Mo theaghlach** Réamhobair 3<br>Lig ort féin gur tusa an duine atá i gceist le 'Mise' thíos i ngach cás. Abair cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat agus cén áit a dtagann tú sa chlann. Bíodh an méid a deir tú cruinn, ceart.<br>**1.** **Mise:** 15, Pádraig: 13, Séamus: 11.<br>2. Caitríona:17, **Mise:** 14.<br>3. Michelle: 18, Sinéad: 16, **Mise:** 13.<br>4. Niall: 19, Donncha: 17, **Mise:** 15, Sorcha: 12, Jimí: 9.<br>**5.** **Mise:** 14.<br> | **Obair bheirte, tasc labhartha nó obair aonair, tasc scríofa:** Aoiseanna agus áit sa chlann. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Mo theaghlach** Léamh<br><br>**Tá deartháir amháin ag Róisín Ní Chéileachair ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne. Léigh an cur síos seo a thugann sí ar an gcaidreamh atá eatarthu:**<br><br>*An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat?*<br>Tá deartháir amháin agam. Tá sé níos óige ná mé. Tá sé sa tríú bliain.<br><br>*Agus conas a réitíonn sibh le chéile?*<br>Go maith, is dócha, ach uaireanta déanaimse rud éigin nó déanann sé sin rud éigin agus bímid i muineál a chéile.<br><br>*Conas a réitigh sibh le chéile nuair a bhí sibh beag?*<br>Ó nuair a bhíomar beag bhí gach rud go breá. Ní chuirimis isteach ar a chéile go deo. Bhíomar an-mhór le chéile nuair a bhíomar óg.<br><br>*Cathain a d'athraigh rudaí ansin?*<br>Is dócha nuair a tháinig mé go dtí an mheánscoil. Ní rabhamar chomh mór le chéile ansin is a bhíomar nuair a bhíomar níos óige. Agus ansin, is dócha nach raibh puinn ama againn dá chéile. D'athraigh rudaí an uair sin. | **Tasc léitheoireachta:** Cailín ag caint faoina caidreamh lena deartháir. |
| Sleamhnán 5 | **Mo theaghlach** Iarphlé 1<br><br>Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:<br><br>1. An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat?<br>2. An réitíonn sibh go maith le chéile na laethanta seo?<br>3. An bhfuil suim agaibh sna rudaí céanna? Cén cineál rudaí a thaitníonn leo siúd (ceol, cláracha teilifíse, caitheamh aimsire)?<br>4. An bhfuil dealramh agat le do dheartháireacha / deirfiúracha?<br>5. An tusa an duine is sine nó an duine is óige? Cé acu is fearr, dar leat? | **Obair bheirte:** ag caint faoin chlann. |
| Sleamhnán 6 | **Mo theaghlach** Iarobair 2<br><br>A: Gan féachaint siar ar an bpíosa a bhí le rá ag Róisín, an féidir leat na rudaí seo a leanas a rá as Gaeilge? Scríobh síos i do chóipleabhar iad.<br><br>1. How do you get on with one another?<br>2. Do you get on well with one another?<br>3. We're very close.<br>4. We fight.<br><br>B: Cuir Gaeilge ar na focail seo:<br><br>1. first cousin: ____________________<br>2. second cousin: ____________________<br>3. mother in law: ____________________<br>4. father in law: ____________________<br>5. godmother: ____________________<br>6. godfather: ____________________<br>7. twins / half-twin: ____________________<br>8. a couple: ____________________<br>9. adopted: ____________________ | **Stór focal:** nathanna le haistriú ó Bhéarla go Gaeilge. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Mo theaghlach** Iarobair 3<br><br>Féach ar na nathanna cainte seo a úsáidtear chun cur síos ar chaidrimh. An dtuigeann tú iad ar fad? An féidir leat cur leis an liosta tú féin?<br><br>• Bímid i muineál a chéile.<br>• Bímid ag achrann.<br>• Éiríonn troideanna eadrainn.<br>• Bíonn sé/sí ag scéachtaint (sceitheadh) orm go dtí Mam is Daid.<br>• Cuirimid isteach go mór ar a chéile.<br>• Réitímid go breá.<br>• Táimid an-mhór le chéile.<br>• Ní chuirimid isteach ná amach ar a chéile. | **Saibhriú teanga:** nathanna Gaeilge faoi réiteach le daoine. |
| Sleamhnán 8 | **Mo theaghlach** Iarobair 4<br><br>Tá córas speisialta in Éirinn ann do shloinnte. Is córas é atá in úsáid leis na mílte bliain.<br><br>A: Tugann sloinnte Éireannacha eolas dúinn faoin duine. Féach ar na ráitis thíos agus abair an bhfuil siad fíor nó bréagach.<br><br>1.Bíonn a fhios againn ón sloinne pé acu an bean nó fear atá i gceist. FÍOR nó BRÉAGACH<br>2.Bíonn a fhios againn ón sloinne pé acu an bhfuil an fear pósta nó nach bhfuil. FÍOR nó BRÉAGACH<br>3.Bíonn a fhios againn ón sloinne pé acu an bhfuil an bhean pósta nó nach bhfuil. FÍOR nó BRÉAGACH<br>4.Bíonn na sloinnte céanna le fáil i ngach áit sa tír. FÍOR nó BRÉAGACH<br><br>B: Úsáidtear córas speisialta ainmnithe sa Ghaeltacht – in ionad sloinne an duine a úsáid, úsáidtear ainm baiste a athar (nó uaireanta a mháthar). Pléigh é seo leis an duine in aice leat agus (i) smaoinígí ar shamplaí ó bhur gceantar féin (má tá sibh in bhur gcónaí sa Ghaeltacht) agus (ii) déanaigí amach cén t-ainm Gaeltachta atá/a bheadh ort féin! | **Feasacht teanga, obair bheirte:** Sloinnte na hÉireann. Nósanna Gaeltachta. |
| Sleamhnán 9 | **Mo theaghlach** Iarobair 5<br><br>Féach ar an dá lánúin phósta agus freagair na ceisteanna:<br><br>**Síle Ní Chonchúir agus Aodán Ó Muirí**<br><br>**Aoife Nic Craith & Seamus Mac Giolla Bhríde**<br><br><br>1.Cén sloinne atá ar Shíle agus ar Aoife anois agus iad pósta?<br>2.Cén sloinne a bheadh ar mhic na lánúineacha?<br>3.Cén sloinne a bheadh ar iníonacha na lánúineacha?<br>4.Cén sloinne atá ort féin? An mbaineann tú úsáid as do shloinne i nGaeilge nó i mBéarla, cén fáth? | **Tasc scríofa:** Ceisteanna bunaithe ar thuiscint na ndaltaí ar shloinnte i nGaeilge. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 10 | **Mo theaghlach** Iarobair 6<br>**D'ainm as Gaeilge**<br>A: Léigh an píosa gearr seo agus déan nóta de na focail nach dtuigeann tú.<br>Fadó, ní bhíodh cead ag muintir na Gaeltachta a n-ainm a thabhairt as Gaeilge le haghaidh aon ghnó oifigiúil. Bhíodh dualgas orthu an leagan Béarla dá sloinne a chur ar theastas breithe a leanaí, mar shampla, agus ar cháipéisí a bhain le húinéireacht tí – aon rud oifigiúil agus dlíthiúil. Deirtí le muintir na Gaeltachta a d'insíodh a n-ainm as Gaeilge, rudaí ar nós "You must put your name in English. This is an official document."<br>Tháinig athrú ar an riail sin de réir a chéile ach thóg sé tamall fada ar oifigigh rialtais a meon a athrú. Fiú sa lá atá inniu ann, cloisfidh tú oifigigh ag rá rudaí cosúil le 'What's that in English?" nó "The computer can't do fadas."<br>Tá an drochnós sin ag laghdú i gcónaí a bhuíochas do chúrsaí traenála agus feasachta atá déanta le daoine atá ag obair san Earnáil Phoiblí.<br>B: Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.<br>An mbíonn deacrachtaí agatsa riamh nuair a úsáideann tú do shloinne i nGaeilge? Tabhair samplaí. | **Tasc léitheoireachta:** Alt faoin chosc a bhíodh ar shloinnte i nGaeilge.<br>**Plé oscailte:** faoin alt.<br>**Obair bheirte:** plé ar dheacrachtaí a bhí(onn) ag daltaí lena na-ainm i nGaeilge. |
| Sleamhnán 11 | **Mo theaghlach** Iarobair 7<br>**Earráid chomónta!**<br>Uaireanta cloiseann tú foghlaimeoirí Gaeilge ag rá rudaí cosúil le *'beirt dhaoine' nó *'ceathrar daoine'.<br>Tá sé sin mícheart – is dócha gur aistriúchán díreach ón mBéarla is cúis leis an earráid.<br>Ná déan dearmad go gciallaíonn an focal **beirt** *two people* agus **triúr** *three people* agus mar sin de. Dá bhrí sin, ní féidir an focal 'daoine' a úsáid leis na huimhreacha pearsanta.<br>Is féidir, áfach, an cineál duine atá i gceist a lua. Mar shampla:<br>• triúr daltaí<br>• ceathrar dochtúirí<br>• seisear peileadóirí | **Feasacht teanga, cruinneas:** botún comónta – "beirt daoine". |

# 3F. Tréithe Daoine: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – mo mhuintir agus mo chairde / tréithe daoine |
| Stór focal | Tréithe daoine |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil dalta ag caint ar a cara is fearr. Canúint Uladh atá i gceist sa mhír.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Cluiche 1/2

- ✔ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag cur na dtréithe cuí leis na sainmhínithe cearta.
- ✔ Bíodh an sleamhnán cluiche 1 ar an tréshoilseán agat.
- ✔ Bíodh na sainmhínithe gearrtha suas agat agus curtha i gclúdach litreach. Tabhair clúdach litreach do gach beirt.
- ✔ Mínigh dóibh go gcaithfidh gach beirt an tréith cheart a mheaitseáil leis an sainmhíniú cuí.
- ✔ Abair leo gur comórtas atá ann agus gurb é an chéad bheirt a chríochnaíonn ar dtús na buaiteoirí. Bí cinnte go bhfuil na freagraí cearta acu. (féach Freagraí thíos).

## Réamhphlé

- ✔ Léigh tríd na ceisteanna ar an sleamhnán leis na daltaí agus téigh siar ar na rialacha a bhaineann leis an gcineál seo ceiste agus an chopail:

*An duine sotalach tú? Is ea **nó*** Ní hea.

- ✔ Caithfidh gach dalta ceithre thréith ón sleamhnán deireanach a roghnú atá fíor fúthu féin. Caithfidh siad ansin an cheist thuas a chur ar an duine in aice leo go dtí go n-aimsíonn siad na tréithe atá ag an duine eile.
- ✔ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.

## Éisteacht

- ✔ Tabhair tamall do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na focail sa chroí. Pléigh leo ansin iad.
- ✔ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✔ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✔ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Éisteacht 2

- ✓ Pléigh na nathanna leis an rang ar fad.
- ✓ Téigh siar ar na leaganacha atá acu féin ar na nathanna atá ar an sleamhnán.
- ✓ Cuir ceisteanna ar fhoghlaimeoirí éagsúla cé hiad na daoine a bhfuil siad mór leo agus cad a chuireann olc orthu.

## Iarphlé 1

- ✓ Léigh na treoracha agus na pointí ar fad atá ar an sleamhnán agus bí cinnte go dtuigeann na daltaí cad atá le déanamh acu.
- ✓ Iarr orthu na pointí a chur in ord tábhachta iad féin ar dtús agus ansin abair leo labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach an raibh an dearcadh céanna acu.
- ✓ Pléigh na pointí leis an rang ar fad tar éis tamaill.

## Iarphlé 2

- ✓ Léigh na ceisteanna ar fad atá ar an sleamhnán leis an rang agus bí cinnte go dtuigeann na daltaí cad atá le déanamh acu.
- ✓ Tabhair deis dóibh freagraí na gceisteanna a ullmhú agus bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá.
- ✓ Nuair atá tamall caite acu ag ullmhú iarr ar gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile.
- ✓ Cuir ceisteanna éagsúla ar dhaltaí difriúla.
- ✓ Scríobh aon stór focal nua a thagann aníos ar an gclár bán.

## Iarphlé 3

- ✓ Is gníomhaíocht é seo le dul siar ar a bhfuil déanta sa rang go dtí seo.
- ✓ Caithfidh na daltaí, ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, cur síos a dhéanamh ar phearsantachtaí na ndaoine cáiliúla ar an sleamhnán. Níl ann ach a dtuairimí ar ndóigh.
- ✓ Pléigh na tuairimí atá ag na foghlaimeoirí.

## Freagraí

### Cluiche 1/2

| | | | |
|---|---|---|---|
| Is maith le Síle a bhfuil aici a roinnt le daoine eile (1) | Ní maith le Pól airgead a chaitheamh (2) | Tuigeann Máire gur duine cumasach í (3) | Bíonn Seán ag smaoineamh air féin i gcónaí (4) |
| Is cainteoir breá é Tom agus tá sé go maith ag díospóireacht (5) | Creideann Siobhán go bhfuil sí níos fearr ná daoine eile (6) | Is duine an-deas é Cian, caitheann sé go maith le daoine i gcónaí (7) | Ní maith le Fiona aon obair a dhéanamh (8) |
| Nuair is mian le hAoife rud a dhéanamh déanfaidh sí é is cuma cad a tharlóidh (9) | Deir Pádraig rudaí nach mbíonn go deas go minic (10) | Is cara an-mhaith í Niamh, seasfaidh sí leat i gcónaí (11) | Tuigeann Ian gach rud go héasca ar an scoil gan aon stró (12) |
| Ní chuireann aon ní isteach nó amach ar Bhríd (13) | Deir Laura 'háigh' le gach duine i gcónaí (14) | Insíonn Fionn an fhírinne i gcónaí (15) | Cuireann a ndeir daoine fúithi isteach ar Nuala go héasca (16) |

# 3F. Tréithe daoine

## Sleamhnán 1

**Tréithe daoine** — cluiche 1

| |
|---|
| 1. Flaithiúil |
| 2. Suarach |
| 3. Féinmhuiníneach |
| 4. Leithleasach |
| 5. Deisbhéalach |
| 6. Sotalach |
| 7. Cineálta / Cneasta |
| 8. Leisciúil |
| 9. Ceanndána |
| 10. Searbhasach |
| 11. Dílis |
| 12. Cliste |
| 13. Réchúiseach |
| 14. Cairdiúil |
| 15. Macánta / Ionraic |
| 16. Goilliúnach |

**Cluiche foclóra:** Tréithe daoine agus sainmhínithe.

## Sleamhnán 2

**Tréithe daoine** — cluiche 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| Is maith le Síle a bhfuil aici a roinnt le daoine eile | Ní maith le Pól airgead a chaitheamh | Tuigeann Máire gur duine cumasach í | Bíonn Seán ag smaoineamh air féin i gcónaí |
| Is cainteoir breá é Tom agus tá sé go maith ag díospóireacht | Creideann Siobhán go bhfuil sí níos fearr ná daoine eile | Is duine an-deas é Cian, caitheann sé go maith le daoine i gcónaí | Ní maith le Fiona aon obair a dhéanamh |
| Nuair is mian le hAoife rud a dhéanamh déanfaidh sí é is cuma cad a tharlóidh | Deir Pádraig rudaí nach mbíonn go deas go minic | Is cara an-mhaith í Niamh, seasfaidh sí leat i gcónaí | Tuigeann Ian gach rud go héasca ar an scoil gan aon stró |
| Ní chuireann aon ní isteach nó amach ar Bhríd | Deir Laura 'háigh' le gach duine i gcónaí | Insíonn Fionn an fhírinne i gcónaí | Cuireann a ndeir daoine fúithi isteach ar Nuala go héasca |

**Cluiche foclóra:** Tréithe daoine agus sainmhínithe.

## Sleamhnán 3

**Tréithe daoine** — Réamhphlé


1. Roghnaigh ceithre thréith ó na tréithe atá díreach pléite agat atá fíor fút féin agus scríobh síos i do chóipleabhar iad. Ná lig don duine in aice leat iad a fheiceáil, tá seisean ag déanamh amhlaidh.
2. Caithfidh sibh an cheist thíos a chur ar a chéile go dtí go bhfuil na ceithre thréith faighte agaibh:

   **An duine ________________ tú?**

3. Ní féidir ach an freagra gonta a thabhairt, an bhfuil a fhios agat cad é?
4. Is é an duine a aimsíonn na ceithre thréith ar dtús an buaiteoir.
5. An síleann tú go bhfuil na tréithe a roghnaigh an duine in aice leat fíor faoi? Cén fáth?

**Cruinneas:** An duine _____ tú? Is ea / Ní hea.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Tréithe daoine** Éisteacht 1<br><br>An dtuigeann tú na focail seo? Cén leagan atá agat féin?<br><br>Mór le chéile, díspeagadh , d'aon ghnó, féith ghrinn, mo dhalta féin<br><br>**Éist le Deirdre ag déanamh cur síos ar a cara is fearr anois agus freagair na ceisteanna thíos:**<br><br>1.Cad is ainm do chara Dheirdre agus an gcaitheann siad mórán ama le chéile?<br><br>2.An bhfuil siad ag déanamh na n-ábhar céanna ar an scoil? Mínigh.<br><br>3.Cén fáth nach maith le daoine áirithe Máire?<br><br>4.Cad iad na tréithe dearfacha atá aici?<br><br>5.Cad iad na tréithe diúltacha atá aici? | **Stór focal:** caidreamh le daoine.<br><br>**Tasc éisteachta:** le ceisteanna simplí |
| Sleamhnán 5 | **Tréithe daoine** Éisteacht 2<br><br>Féach ar an nath cainte seo a bhí sa mhír:<br><br>***a bheith mór le duine***<br><br>An raibh sé ar eolas agat?<br><br>An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar shlite eile chun é a rá?<br><br>Féach ar an nath seo anois:<br><br>***ag cur olc ar dhuine***<br><br>An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar shlite eile chun é a rá? | **Saibhriú teanga:** nathanna |
| Sleamhnán 6 | **Tréithe daoine** Iarphlé 1<br><br>**Féach ar na habairtí seo thíos faoi na nithe a dhéanann cara maith agus cuir in ord tábhachta iad trí uimhir 1 a chur in aice leis an abairt a cheapann tusa atá tábhachtach ó thaobh cairdis de. Ansin cuir uimhir a dó in aice leis an gcéad abairt eile agus ar aghaidh mar sin go dtí uimhir a deich.**<br><br>❑Déanann sé/sí m'obair bhaile dom.<br>❑Éisteann sé/sí le mo chuid fadhbanna ar fad.<br>❑Is duine an-phraiticiúil é/í.<br>❑Tá sé/sí an-saibhir.<br>❑Is breá leis/léi an ceol céanna liomsa.<br>❑Bíonn an-chraic againn le chéile.<br>❑Tá sé/sí an-dathúil.<br>❑Aontaíonn sé/sí le gach rud a deirim.<br>❑Tá aithne againn ar a chéile ó bhí muid bliain d'aois.<br>❑Is duine an-chliste é/í.<br><br>**Anois, labhair leis an duine in aice leat. An bhfuil an dearcadh (outlook) céanna agaibh ar cad is cara maith ann?** | **Obair aonair/bheirte:** tréithe cara |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Tréithe daoine** Iarphlé 2<br>**Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat faoi chara éigin dá c(h)uid. Bí in ann freagraí a thabhairt ar na ceisteanna tú féin mar beidh sé ag cur na gceisteanna ortsa chomh maith.**<br>1.Cad is ainm dó/di? Cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí?<br>2.Cad iad na dea-thréithe atá aige/aici? Tabhair samplaí.<br>3.An bhfuil aon tréith nach maith leat faoi/fúithi? Mínigh.<br>4.Cad a dhéanann sibh nuair a bhíonn am saor agaibh?<br>5.Cén chuma atá air/uirthi?<br>6.Cé chomh fada is atá sibh mór le chéile?<br>7.Ar chuir sé/sí olc ort riamh? Mínigh.<br>8.Déan cur síos ar an gcéad uair a chas sibh le chéile. | **Obair bheirte, tasc labhartha:** do chara is fearr. |
| Sleamhnán 8 | **Tréithe daoine** Iarphlé 3<br>Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Cad iad na tréithe atá ag na daoine cáiliúla seo, dar libh? Bígí in ann a rá cén fáth a gceapann sibh amhlaidh.<br> | **Obair bheirte/ghrúpa:** tréithe daoine cáiliúla |

# 3G. Tuismitheoirí bochta: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Réasúnta dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – mo mhuintir agus mo chairde / tuismitheoirí agus déagóirí |
| Stór focal | Saol an teaghlaigh |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt ar líne ag an seoladh seo: http://www.debretts.com/etiquette/home-life/the-family/teenagers/family-life-with-a-teen.aspx.

Aistríodh go Gaeilge é agus cuireadh in oiriúint é.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin cuir na daltaí ag obair le chéile ina mbeirteanna chun ceist 1 agus 2 a fhreagairt.
- ✔ Pléigh na freagraí a bheidh acu mar rang iomlán agus cuir aon stór focal úsáideach / nua ar an gclár.

## Léamh

- ✔ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad ina mbeirteanna.
- ✔ Pléigh an t-alt leis an rang iomlán ansin agus cabhraigh leo le haon deacrachtaí a bheidh acu leis.

## Iarphlé 1

- ✔ Léigh na ceisteanna atá ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad cad a bheidh le déanamh acu.
- ✔ Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin chun na ceisteanna a fhreagairt.
- ✔ Pléigh a gcuid tuairimí mar rang iomlán ansin.

## Iarphlé 2

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang agus cinntigh go dtuigeann siad an earráid chomónta atá air agus conas é a sheachaint.
- ✔ Féadfaidh na daltaí tabhairt faoin gcleachtadh ansin. Ceartaigh leis an rang ar fad é ansin (féach Freagraí thíos) agus abair leo go mbeidh cluas le héisteacht ort don earráid sin agus go gceartóidh tú aon sampla de a chloisfidh tú!

## Scríobh

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad le go dtuigfidh siad go díreach cad a bheidh le déanamh acu.
- ✓ Abair leo tabhairt faoin litir a scríobh ina gcóipleabhar ansin. Bí ar fáil chun cabhrú nuair is gá.

## *Freagraí*

### Iarphlé 2

| | | |
|---|---|---|
| **5.** | I'm getting it: | Táim á fháil. |
| **6.** | I'm eating it: | Táim á ithe. |
| **7.** | Are you drinking that? | An bhfuil tú á ól sin? |
| **8.** | He was reading it: | Bhí sé á leamh. |
| **9.** | Are you keeping that? | An bhfuil tú á choimeád sin? |
| **10.** | They were hitting him: | Bhí siad / Bhíodar á bhualadh |
| **11.** | They were throwing it around: | Bhí siad / **b**híodar á chaitheamh timpeall na háite |
| **12.** | Are you writing it down? | An bhfuil tú á scríobh síos? |
| **13.** | He was cleaning it: | Bhí sé á ghlanadh. |
| **14.** | Sinéad wasn't driving it: | Ní raibh Sinéad á thiomáint. |

# 3G. Tuismitheoirí Bochta

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Tuismitheoirí bochta!** Réamhobair<br><br>I gceann tamaill, beidh tú ag léamh ailt ina dtugtar comhairle do thuismitheoirí a bhfuil déagóirí acu.<br><br>Sula léann tú an t-alt déan liosta de:<br><br>1.Cúig rud faoi iompar déagóirí a shíleann tusa a chuireann isteach ar thuismitheoirí.<br><br>2.Cúig rud a chuireann isteach ar dhéagóirí faoi iompar a dtuismitheoirí. | **Obair aonair, obair scríofa:** iompar déagóirí agus iompar tuismitheoirí agus conas a chuireann an iompar sin isteach ar a chéile. |
| Sleamhnán 2 | **Tuismitheoirí bochta!** Léamh<br><br>Nach mbíonn fonn ar gach tuismitheoir éirí as saol an teaghlaigh uaireanta? Nárbh fhearr linn anois agus arís, ár ndéagóirí a fhágáil caite ina seomraí lena ríomhairí, fóin phóca, DVDanna agus boscaí pizza, go háirithe nuair a bhíonn siad ár gcrá?<br><br>Ach ná déan é sin nó ceapfaidh siad gur mar sin ba cheart don saol a bheith agus beidh deireadh leis an saol teaghlaigh agaibh sa bhaile. Braithfidh an déagóir go bhfuiltear á chaitheamh ar leataobh – fiú más é a iompar féin ba chúis leis – agus beidh sibh ar fad cráite lena chéile.<br><br>Ionas nach rachaidh tú as do mheabhair i do theach féin:<br>1.Ith béile amháin le chéile gach lá, gach duine sa teaghlach. B'fhéidir nach mbeadh comhrá iontach ann, agus b'fhéidir go mbeadh easaontas ann, ach ar a laghad bheadh sibh ar fad le chéile.<br>2.Más féidir, eagraigh rud amháin don chlann le déanamh le chéile ar a laghad uair sa tseachtain – béile áit éigin, turas go dtí an phictiúrlann, siopadóireacht, cluiche spóirt éigin. Ba cheart iarracht a dhéanamh taitneamh a bhaint as comhluadar a chéile. B'fhéidir go gcuirfeadh do dhéagóirí i gcoinne na bpleananna seo, ach áitigh orthu – mura bhfuil sibh á dhéanamh ach uair sa tseachtain ní mór an trioblóid orthu é sin. | **Tasc léitheoireachta:** Comhairle do thuismitheoirí conas plé le déagóirí. |
| Sleamhnán 3 | **Tuismitheoirí bochta!** Léamh<br><br>3. Abair le do dhéagóirí cabhrú le jabanna beaga timpeall an tí – na gréithe a ní, an bord a leagadh, an níochán a chrochadh amach etc. Is traenáil mhaith atá ann i gcomhair an lae a fhágfaidh siad an baile agus uaireanta is féidir comhrá réasúnta maith a bheith agat leo agus tú ag ní na ngréithe.<br>4. Ná héirigh as a bheith ag labhairt le do dhéagóirí. Is minic tuismitheoirí ag gearán go mbíonn déagóirí rúnda agus nach labhraíonn siad faoina saol, ach go minic ní bhíonn na tuismitheoirí céanna ag labhairt lena ndéagóirí faoina saol féin. Inis dóibh faoi do lá, inis na scéalta dóibh faoi cad a thit amach san oifig, bí ag tabhairt amach beagán faoi do chomhghleacaithe. Bainfidh do dhéagóirí sásamh as comhrá fásta (ach ná cuir aon imní orthu faoi rudaí dáiríre - sláinte, airgead etc.)<br>5. Má bhíonn cabhair uait abair é sin le do dhéagóirí. Má tá tú trína chéile tar éis lá gnóthach san obair, lorg cabhair (na glasraí a ghearradh, dul go dtí an siopa). Ná lig ort féin gur 'superwoman' nó 'superman' tú.<br><br>*Comhairle ón suíomh idirlín www.debretts.com* | **Tasc léitheoireachta:** Comhairle do thuismitheoirí conas plé le déagóirí. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Tuismitheoirí bochta!** Iarphlé 1<br><br>Freagair féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo le chéile:<br><br>1.Tá cúig phíosa comhairle sa alt do thuismitheoirí atá ag iarraidh saol deas teaghlaigh a bheith acu lena gclann. Pléigh gach píosa comhairle leis an duine in aice leat – an comhairle mhaith atá ann nó nach ea? Tabhair cúiseanna.<br>2.An dóigh leat go dtaitneodh sé le déagóirí dá gcuirfeadh tuismitheoirí an chomhairle ar fad atá san alt i bhfeidhm? Cén fáth?<br>3.Cén chomhairle eile a chuirfeadh sibhse ar thuismitheoirí? Déan liosta de 3 rud. | **Obair bheirte, tasc labhartha:** Plé le déanamh ar ar léigh siad faoi thuismitheoirí agus déagóirí. |
| Sleamhnán 5 | **Tuismitheoirí bochta!** Iarphlé 2<br><br>**Earráid chomónta!**<br>Féach ar an abairt seo ón alt a léigh tú ó chianaibh:<br><br>"mura bhfuil sibh **<u>á dhéanamh</u>** ach uair sa tseachtain ní mór an trioblóid orthu é sin."<br><br>Is minic a deir foghlaimeoirí Gaeilge **ag déanamh é* in ionad **á dhéanamh**. Is earráid chomónta í sin.<br><br>Cuir Gaeilge ar na frásaí seo agus seachain an earráid chomónta!<br><br>1.I'm getting it: __________<br>2.I'm eating it: __________<br>3.Are you drinking that? __________<br>4.He was reading it: __________<br>5.Are you keeping that? __________<br>6.They were hitting him: __________<br>7.They were throwing it around: __________<br>8.Are you writing it down? __________<br>9.He was cleaning it: __________<br>10.Sinéad wasn't driving it: __________ | **Cruinneas:** Earráid chomónta – á dhéanamh, á chur, á bhualadh agus araile. |
| Sleamhnán 6 | **Tuismitheoirí bochta!** Scríobh<br><br>Tá tú ag obair do pháipéar nuachta mar chomhairleoir chroí cráite. Tabhair freagra ar an litir seo a tháinig ó thuismitheoir i bponc!<br><br>"Táim cráite ag mo mhac na laethanta seo. Bhímis an-mhór le chéile nuair a bhí sé níos óige. Deireadh sé gach rud liom agus bhíodh craic agus gáire againn le chéile go minic. Anois ní deir sé aon rud liom faoina shaol ar scoil ná faoina chairde agus táim buartha ar eagla go mbeadh fadhbanna aige agus nach mbeadh a fhios agam cad iad. Caitheann sé a chuid ama ar an ríomhaire nó ina sheomra agus bíonn sé crosta liom nuair a dhéanaim iarracht labhairt leis. Cad a dhéanfaidh mé?"<br>**Tuismitheoir cráite, Cúige Laighean.** | **Obair aonair, tasc scríofa:** Litir le scríobh ag tabhairt comhairle do thuismitheoir atá buartha faoina mhac. |

# Fócas ar theanga
## An Tuiseal Gairmeach: Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
|---|---|
| Spriocanna | An tuiseal gairmeach a chur i láthair na ndaltaí |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Ag cur aithne ar dhaoine***, Aonad 3 (Mo mhuintir agus mo chairde).

Níl anseo ach léargas ginearálta ar an tuiseal gairmeach. Ní dhéantar staidéar anseo ar an uimhir iolra nó ar na díochlaontaí ar fad.

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí cad atá i gceist leis an tuiseal gairmeach.

# **Fócas ar Theanga:** An tuiseal gairmeach

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **An Tuiseal Gairmeach**<br>Sula bpléifimid an tuiseal gairmeach déan na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:<br>1. Cén rud é tuiseal?<br>2. An mbaineann na tuisil leis an ainmfhocal amháin?<br>3. An mbaineann na tuisil leis an nGaeilge amháin?<br>Tabhair sampla do gach tuiseal:<br>**An tuiseal ainmneach**<br>**An tuiseal tabharthach**<br>**An tuiseal gairmeach**<br>**An tuiseal ginideach** | **Obair bheirte, tasc labhartha:** na tuisil sa Ghaeilge a phlé. |
| Sleamhnán 2 | **An Tuiseal Gairmeach**<br>An raibh an ceart agaibh?<br>1. Is éard is tuiseal ann ná an t-athrú a thagann ar **ainmfhocal** ag brath ar na focail eile atá timpeall air.<br>2. Athraíonn focail eile chomh maith i.e. *aidiachtaí* ach ní tuiseal atá i gceist ansin. Ní bhaineann tuisil ach amháin le **hainmfhocail**.<br>3. Tá tuisil in a lán teangacha ar fud an domhain, mar shampla, san Fhionlainnis agus sa Ghréigis. Bhíodh tuisil ann fadó sa Bhéarla ach níl níos mó.<br>**An tuiseal ainmneach**<br>- an bord, an t-uisce<br>**An tuiseal tabharthach**<br>- ar an mbord, ar an uisce<br>**An tuiseal gairmeach**<br>- a Phádraig, a Shíle<br>**An tuiseal ginideach**<br>- dath an bhoird, méid an uisce | **Feasacht teanga:** míniú ar na tuisil. |
| Sleamhnán 3 | **An Tuiseal Gairmeach**<br>Baintear úsáid as an tuiseal gairmeach nuair a ghlaoitear ar dhuine i nGaeilge. Seo thíos cúpla nód chun cuidiú leat an tuiseal gairmeach a úsáid!<br>✓Cuirtear 'a' roimh an ainm: →<br>**a** Sheáin, **a** Phádraig, **a** Shiobhán, **a** Bhríd<br>✓Cuirtear séimhiú ar an ainm: →<br>a S**h**eáin, a P**h**ádraig, a S**h**iobhán, a B**h**ríd<br>✓Is minic ainmneacha fear a bheith firinscneach agus mar sin críochnaíonn siad go minic le consan leathan – más ea is gá an t-ainm a dhéanamh caol: →<br>a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd<br>✓Is minic ainmneacha ban a bheith caol agus ní gá iad a chaolú mar sin: →<br>a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd<br>✓Ach fiú má tá an t-ainm mná leathan ní chaolaítear é: →<br>a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd | **Feasacht teanga:** an tuiseal gairmeach |

# Fócas ar theanga
## An Modh Ordaitheach: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Rialacha don mhodh ordaitheach a mhúineadh do na foghlaimeoirí |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Ag Tabhairt Comhairle***, Aonad 3 (Mo chairde agus mo mhuintir). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin modh ordaitheach. Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an aidiacht shealbhach freisin.

## *Freagraí*

### An Modh Ordaitheach 4

Bígí ciúin / ná bígí ciúin / ná bí ciúin

Ithigí bhur ndinnéar / ná hithigí bhur ndinnéar / ná hith do dhinnéar

Déanaigí bhur n-obair bhaile / ná déanaigí bhur n-obair bhaile / ná déan d'obair bhaile

Téigí amach ag siúl / ná téigí amach ag siúl / ná téigh amach ag siúl

Faighigí cupán tae dom / ná faighigí cupán tae dom / ná faigh cupán tae dom

Cuirigí glao ar an duine sin / ná cuirigí glao ar an duine sin / ná cuir glao ar an duine sin

Féachaigí amach an fhuinneog / ná féachaigí amach an fhuinneog / féach amach an fhuinneog

Bailígí bhur gcuid leabhar le chéile / ná bailígí bhur gcuid leabhar le chéile / ná bailigh do chuid leabhar le chéile

Ceannaígí an páipéar nuachta dom / ná ceannaígí an páipéar nuachta dom / ná ceannaigh an páipéar nuachta dom

Suígí síos / ná suígí síos / ná suigh síos

Seasaigí suas / ná seasaigí suas / ná seas suas

*Féach leathanach 71 – 73 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga:** An Modh Ordaitheach

**Sleamhnán 1**

## An Modh Ordaitheach 1

Tá sé chomh simplí ordú a thabhairt do dhuine amháin sa Ghaeilge. Níl le déanamh ach fréamh an bhriathair a úsáid, féach:

**Bí ciúin**
**Ith do dhinnéar!**
**Déan d'obair bhaile!**
**Téigh amach ag siúl!**
**Faigh cupán tae dom!**
**Cuir glao ar an duine sin!**
**Féach amach an fhuinneog!**
**Bailigh do chuid leabhar le chéile!**
**Ceannaigh an páipéar nuachta dom!**
**Suigh síos!**
**Seas suas!**

Bí cúramach áfach, ní féidir leat orduithe mar sin a thabhairt do do mhúinteoir nó do do thuismitheoirí nó do dhuine nach bhfuil aithne rómhaith agat air.

Baintear úsáid as an gcineál sin cainte le duine níos óige ná thú nó le do chuid cairde. Agus, má thugtar na horduithe ar bhealach an-bhorb is cosúil gur duine an-chrosta thú!

**Cruinneas:** an modh ordaitheach

**Sleamhnán 2**

## An Modh Ordaitheach 2

Cad atá le déanamh más mian leat ordú nó comhairle a thabhairt do níos mó ná duine amháin?
Tá sé an-simplí ar fad. Cuirtear na deirí seo leis na briathra:

| | | |
|---|---|---|
| An chéad réimniú (siolla amháin), leathan | - aigí | déanaigí tugaigí* |
| An chéad réimniú (siolla amháin), caol | - igí | cuirigí ithigí |
| An dara réimniú (níos mó ná siolla amháin), leathan | - aígí | ceannaígí bunaígí |
| An dara réimniú (níos mó na siolla amháin), caol | - ígí | aimsígí imrígí |

Agus conas a d'iarrfá ar dhuine GAN rud éigin a dhéanamh?
Arís níl sé chomh deacair sin. Féach:

| **Consan:** | **Guta:** |
|---|---|
| **Ná bac** | **Ná habair** |
| **Ná déan** | **Ná hól** |
| **Ná cuirigí** | **Ná himígí** |
| **Ná faighigí** | **Ná hordaígí** |

**Cruinneas:** uimhir iolra den mhodh ordaitheach.

**Sleamhnán 3**

## An Modh Ordaitheach 3

Na briathra mírialta:

| | |
|---|---|
| Abair | Abraigí |
| Beir | Beirigí |
| Bí | Bígí |
| Clois | Cloisigí |
| Déan | Déanaigí |
| Faigh | Faighigí |
| Feic | Feicigí |
| Ith | Ithigí |
| Tabhair | Tugaigí |
| Tar | Tagaigí |
| Téigh | Téigí |

**Cruinneas:** Na briathra neamhrialta

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An Modh Ordaitheach** **4**<br><br>Cuir na habairtí:<br><br>1. San uimhir iolra<br>2. Sa diúltach<br><br>**Bí ciúin**<br>**Ith do dhinnéar!**<br>**Déan d'obair bhaile!**<br>**Téigh amach ag siúl!**<br>**Faigh cupán tae dom!**<br>**Cuir glao ar an duine sin!**<br>**Féach amach an fhuinneog!**<br>**Bailigh do chuid leabhar le chéile!**<br>**Ceannaigh an páipéar nuachta dom!**<br>**Suigh síos!**<br>**Seas suas!** | **Obair scríofa:** Uimhir iolra agus an fhoirm dhiúltach. |

# Fócas ar theanga
## An tAinm Briathartha: Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
|---|---|
| Spriocanna | Na patrúin a bhaineann leis an ainm briathartha a mhúineadh do na foghlaimeoirí |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Ag Tabhairt Comhairle***, Aonad 3 (Mo chairde agus mo mhuintir). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na patrúin a bhaineann leis an ainm briathartha.

## *Freagraí*

### An tAinm Briathartha 1

Tá mé ag glanadh an tí.

Ní maith liom an teach a ghlanadh.

Tá mé ag aistriú na haiste.

Ní maith liom rudaí a aistriú.

### An tAinm Briathartha 2

Níl deireadh na mbriathra mar an gcéanna mar baineann cuid acu leis an gCéad Réimniú agus cuid eile leis an Dara Réimniú.

*Samplaí breise ón gCéad Réimniú:*

Múin – múineadh

Glan – glanadh

Gearr – gearradh

Líon – líonadh

Cíor - cíoradh

*Samplaí breise ón Dara Réimniú:*

Éirigh – éirí

Fiosraigh – fiosrú

Cóirigh – cóiriú

Eagraigh – eagrú

Athraigh - athrú

### An tAinm Briathartha 3

| Fréamh | Ainm Briathartha |
|---|---|
| Bagair<br>Freagair | Bagairt<br>Freagairt |
| Feic<br>Clois<br>Fág<br>Faigh<br>Tóg | Feiceáil<br>Cloisteáil<br>Fágáil<br>Fáil<br>Tógáil |
| Féach<br>Tuig | Féachaint<br>Tuiscint |
| Caith<br>Déan<br>Seas | Caitheamh<br>Déanamh<br>Seasamh |
| Leag<br>Lig<br>Tréig | Leagan<br>Ligean<br>Tréigean |
| Creid<br>Lean<br>Oil<br>Oir | Creidiúint<br>Leanúint<br>Oiliúint<br>Oiriúint |

### An tAinm Briathartha 4

| | |
|---|---|
| Abair: | ag rá |
| Ceannaigh: | ag ceannach |
| Cónaigh: | ag cónaí |
| Cuardaigh: | ag cuardach |
| Cuimhnigh: | ag cuimhneamh |
| Éirigh: | ag éirí |
| Éist: | ag éisteacht |
| Fan: | ag fanacht |
| Imigh: | ag imeacht |
| Ith: | ag ithe |
| Sásaigh: | ag sásamh |
| Smaoinigh: | ag smaoineamh |
| Cloígh: | ag cloí |
| Glaoigh: | ag glaoch |
| Léigh: | ag léamh |
| Luigh: | ag luí |
| Pléigh: | ag plé |
| Tar: | ag teacht |
| Téigh: | ag dul |

Féach leathanach 78 – 85 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga:** An tAinm Briathartha

**Sleamhnán 1**

**An tAinm Briathartha (Cuid A)** 1

Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ainm briathartha i ngach abairt:

Tá mé ag glanadh an tí.

Ní maith liom an teach a ghlanadh.

Tá mé ag aistriú na haiste.

Ní maith liom rudaí a aistriú.

**Feasacht teanga:** an t-ainm briathartha

**Sleamhnán 2**

**An tAinm Briathartha (Cuid A)** 2

An féidir leat a rá cén fáth nach bhfuil deireadh na mbriathra mar an gcéanna?

Féach:

| An Chéad Réimniú | An Dara Réimniú |
|---|---|
| Bris – briseadh<br>Cáin – cáineadh | Críochnaigh – críochnú<br>Aimsigh – aimsiú |

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh amach cúpla sampla eile.

**Cruinneas:** an chéad agus an dara réimniú


**Sleamhnán 3**

**An tAinm Briathartha (Cuid A)** 3

Seo samplaí eile. Bain úsáid as na samplaí tugtha chun an t-ainm briathartha a chumadh sna boscaí. Ná déan dearmad ar an riail 'caol le caol' agus 'leathan le leathan'.

| Fréamh | Ainm Briathartha |
|---|---|
| Bagair<br>Freagair | Bagairt |
| Feic<br>Clois<br>Fág<br>Faigh<br>Tóg | Feiceáil |
| Féach<br>Tuig | Féachaint |
| Caith<br>Déan<br>Seas | Caitheamh |
| Leag<br>Lig<br>Tréig | Leagan |
| Creid<br>Lean<br>Oil<br>Oir | Creidiúint |

**Obair scríofa:** patrúin éagsúla den ainm briathartha.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | <br>**An tAinm Briathartha (Cuid A)** 4<br>Féach ar na cinn thíos atá an-choitianta ar fad ach atá neamhrialta. An féidir leat an t-ainm briathartha a scríobh in aice le fréamh an bhriathair?<br>Abair:<br>Ceannaigh:<br>Cónaigh:<br>Cuardaigh:<br>Cuimhnigh:<br>Éirigh:<br>Éist:<br>Fan:<br>Imigh:<br>Ith:<br>Sásaigh:<br>Smaoinigh:<br>Cloígh:<br>Glaoigh:<br>Léigh:<br>Luigh:<br>Pléigh:<br>Tar:<br>Téigh: | **Tasc scríofa:** Samplaí coitianta agus mírialta den ainm briathartha. |

# Caibidil 4:
# **An Ghaeilge agus an Ghaeltacht**

**A.** Ag sealbhú Gaeilge (Dúshlánach)
**B.** An Ghaeilge agus mé féin
**C.** An Ghaeilge thar lear (Measartha dúshlánach)
**D.** An tOireachtas (Dúshlánach)
**E.** Coimhthígh le chéile
**F.** Na teangacha Ceilteacha (Dúshlánach)
**G.** Réaltaí na Gaeilge (Measartha dúshlánach)
**H.** Fócas ar theanga: i. Inscne
ii. 'sa' agus 'i'



# 4A. Ag sealbhú Gaeilge: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – ag sealbhú Gaeilge |
| Stór focal | Ag sealbhú Gaeilge agus cumas teanga |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ón Tóstal 2013 ina bhfuil painéal ag plé na ndúshlán a bhaineann le leanaí a thógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Is fearr a oireann na ceachtanna seo do chainteoirí dúchais agus do dhaltaí a bhfuil aithne acu ar/taithí acu ar chainteoirí dúchais nó bheith ag fás aníos sa Ghaeltacht.

## Réamhobair 1

- ✓ Mínigh don rang cad is brí le 'sealbhú teanga'.
- ✓ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt faoi na ceisteanna agus ansin fiafraigh díobh cad iad na freagraí a bhí acu.
- ✓ Cuir na freagraí cearta ar fáil don rang (féach Freagraí thíos) agus fiafraigh díobh an gcuireann na huimhreacha ísle aon iontas orthu. Déan iarracht plé beag a chothú timpeall ar impleachtaí na n-uimhreacha ísle seo.

## Réamhobair 2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an ngníomhaíocht seo. Seans maith go mbeidh sé deacair orthu.
- ✓ Pléigh a gcuid freagraí leis na daltaí ansin (féach Freagraí thíos).

## Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin cuir gach beirt nó triúr ag plé na gceisteanna le chéile.
- ✓ Pléigh cuid de na ceisteanna leis an rang ar fad ansin. An aidhm atá leo ná na daltaí a chur ag machnamh ar an méid/easpa úsáide a bhaineann siad as an nGaeilge ina saol laethúil.

## Iarphlé 2

- ✓ Níl sé i gceist lagmhisneach nó ísle brí a chur ar na daltaí leis an sleamhnán seo! Pléigh go tuisceanach leo é, mar sin. Má tá na ráitis atá air fíor fúthu déan iarracht a mhíniú dóibh gur seo an toradh a bhíonn go minic ann nuair a bhíonn cainteoirí mionteanga ina gcónaí i bpobal ina bhfuil an mionteanga sin faoi bhrú. Cuir ar a súile dóibh go gcaitheann cainteoirí mionteanga i bhfad níos mó iarrachta a dhéanamh ná cainteoirí mórtheanga (Béarla), chun líofacht agus cumas ard a bhaint amach ina dteanga féin. Tá sé sin fíor anois i gceantair Ghaeltachta níos mó ná mar a bhí, abair le linn an ama a bhí a dtuismitheoirí féin ag dul ar scoil.

## Iarphlé 3 & 4

- ✓ Léigh a bhfuil ar shleamhnán Iarphlé 3 leis an rang ar fad agus cuir i mbun oibre iad. Abair leo é a dhéanamh an-tapa. Ná habair leo fós cad atá ar an gcéad sleamhnán eile.
- ✓ Abair le cúpla dalta an méid a scríobh siad a léamh amach don rang. Bheifí ag súil go mbeadh abairtí mar "I'd introduce him to my friends" / "I'd talk to him" / "I'd find out what his name is" agus araile á rá acu.
- ✓ Ansin léigh a bhfuil ar shleamhnán Iarphlé 4 leis an rang agus cuir i mbun oibre iad. Tabhair an méid céanna ama dóibh chun é a dhéanamh.
- ✓ Abair le cúpla dalta an méid a scríobh siad a léamh amach duit. Beidh sé suimiúil a fheiceáil an mbeidh na struchtúir a mbeifeá ag súil leo acu e.g. "Chuirfinn in aithne do mo chairde é" / "Labhróinn leis" / "Gheobhainn amach cén t-ainm a bhí air" agus araile.

## Iarphlé 5

- ✓ Tabhair seans do na daltaí an machnamh a iarrtar orthu a dhéanamh ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- ✓ Pléigh na ceisteanna atá ar an sleamhnán leo – arís, níltear ag iarraidh lagmhisneach a chur orthu más rud é go raibh an tasc Béarla níos éasca dóibh ná an ceann Gaeilge. Táthar ag iarraidh tuiscint a thabhairt dóibh ar na brúnna atá orthu, ag súil ansin go mbeidh siad níos ábalta dul i ngleic leo iad féin.

## Iarphlé 6

- ✓ Seo seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar nithe praiticiúla a d'fhéadfaidís féin a dhéanamh chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú.
- ✓ Tabhair seans dóibh é a phlé iad féin ar dtús agus ansin éist leis na moltaí a bheidh acu agus cothaigh plé ranga fúthu. Cinntigh go luafar an ceann is tábhachtaí – go labhródh na daltaí an Ghaeilge eatarthu féin.

## Freagraí

### Réamhobair 1

Na freagraí atá i gceist anseo ná: Ceist 1: 26% agus Ceist 2: <1.5%.

Mar eolas duit féin, tá sé an-deacair figiúirí cruinne a fháil. Tá an 26% tógtha ó Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (2004), bunaithe ar líon na ndaltaí i ranganna naíonáin bheaga a tuairiscíodh Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith a bheith acu. Is dócha go bhfuil an líon leanaí atá á dtógáil le Gaeilge sa bhaile níos ísle ná sin.

### Réamhobair 2

| | | |
|---|---|---|
| 1. | dúshláin: | challenges |
| 2. | aoichainteoirí: | guest speakers |
| 3. | sealbhaithe: | acquired / learnt |
| 4. | tacaíochtaí: | supports |
| 5. | eagrais: | organisations |
| 6. | aitheantas: | recognition |
| 7. | feidhm: | use / function |
| 8. | go hiondúil: | usually |
| 9. | mórtheanga: | majority language / dominant language |
| 10. | mionteanga: | minority language |
| 11. | moladh: | recommendation |
| 12. | creatlach: | framework / skeleton |


### Éisteacht

1. bréagach
2. fíor
3. fíor

# 4A. Ag sealbhú teanga

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>Ag sealbhú Gaeilge Réamhobair 1<br><br>Cé mhéad páiste atá á thógáil le Gaeilge inniu sa Ghaeltacht, dar leat?<br><br>71% 54% 26% 10%<br><br>Cé mhéad de dhaonra na hÉireann ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, dar leat?<br><br><20% <15% <10% <1.5%<br><br>Anois tabharfaidh an múinteoir na freagraí cearta daoibh. An gcuireann siad iontas ort? Cén fáth?</td>
<td>Plé ranga: sealbhú teanga, sealbhú na Gaeilge, impleachtaí na n-uimhreacha sna freagraí.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>Ag sealbhú Gaeilge Réamhobair 2<br><br>Beidh tú ag éisteacht le cainteoirí éagsúla ag caint ar na cúiseanna a bhfuil sé deacair do pháistí an Ghaeilge a shealbhú sa bhaile óna dtuismitheoirí sa lá atá inniu ann. Sula n-éisteann tú leis an bpíosa caith súil ar na focail seo le bheith cinnte go dtuigeann tú iad.<br><br>1. dúshláin: ____________<br>2. aoichainteoirí: ____________<br>3. sealbhaithe: ____________<br>4. tacaíochtaí: ____________<br>5. eagrais: ____________<br>6. aitheantas: ____________<br>7. feidhm: ____________<br>8. go hiondúil: ____________<br>9. mórtheanga: ____________<br>10. mionteanga: ____________<br>11. moladh: ____________<br>12. creatlach: ____________</td>
<td>Stór focal, obair bheirte: focail a bhaineann leis an tasc éisteachta a mhíniú.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>Ag sealbhú Gaeilge Éisteacht<br><br>Éist leis na cainteoirí agus abair an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart.<br><br>1. Is leor Gaeilge a labhairt le do pháistí sa bhaile le go mbeidh Gaeilge mhaith acu.<br>fíor bréagach ní deirtear<br><br>2. I nGaeltachtaí an lae inniu, má shealbhaíonn gasúir Béarla agus Gaeilge le chéile beidh a gcuid Béarla níos fearr ná a gcuid Gaeilge.<br>fíor bréagach ní deirtear<br><br>3. Bíonn tuiscint níos fearr ag tuismitheoirí sa Ghalltacht ar na dúshláin a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge.<br>fíor bréagach ní deirtear</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Ag sealbhú Gaeilge** **Iarphlé 1**<br><br>"Ní leor a thuilleadh go mbeadh páistí ag labhairt Gaeilge sa mbaile le go gcinnteoimis go mbeadh an teanga sealbhaithe acu i gceart."<br>Sorcha Ní Chéilleachair, Tuismitheoirí na Gaeltachta.<br><br>Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil an ráiteas thuas fíor. Tá an-chuid i gceist le teanga a bheith agat i gceart agus ní fhaigheann tú na rudaí *ar fad* atá ag teastáil chun é sin a dhéanamh ón mbaile. Faigheann tú iad ón scoil, ó bheith ag caint le do chairde, ó na meáin, ó scéalta agus seanchas, ó bheith ag léamh, ó bheith ag caint le daoine difriúla sa phobal agus *chomh maith* leis sin, ón mbaile.<br><br>Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.<br><br>1. Cé leis a labhraíonn tusa Gaeilge?<br>2. An labhraíonn tú Gaeilge le seanduine ar bith?<br>3. An labhraíonn tú Gaeilge le daoine atá ar chomhaois leat féin?<br>4. An léann tú aon leabhair as Gaeilge?<br>5. An bhféachann tú ar TG4?<br>6. Cad iad na háiteanna i do phobal féin ar féidir leat Gaeilge a labhairt iontu? | **Obair ghrúpa/bheirte:** plé ar ábhar an tsleamhnáin; **feasacht teanga:** iad a chur ag smaoineamh ar an úsáid nó easpa úsáide a bhaineann siad as an nGaeilge. |
| Sleamhnán 5 | **Ag sealbhú Gaeilge** **Iarphlé 2**<br><br>An dtarlaíonn na rudaí seo riamh duitse?<br><br>1. Nuair a bhíonn tú ag iarraidh rud éigin a rá as Gaeilge, tagann an rud chugat as Béarla ar dtús agus ansin aistríonn tú go Gaeilge é.<br>**Uaireanta** **Go minic**<br>2. Tá sé níos éasca duit do chuid mothúchán a chur in iúl do do chairde as Béarla seachas as Gaeilge.<br>**Uaireanta** **Go minic**<br>3. Bíonn tú réasúnta cinnte go bhfuil do chuid gramadaí i gceart agus tú ag scríobh i mBéarla ach ní hionann sa Ghaeilge.<br>**Uaireanta** **Go minic**<br>4. Tá stór focal níos leithne agat i mBéarla ná mar atá i nGaeilge nuair a thagann sé go dtí téamaí áirithe.<br>**Uaireanta** **Go minic**<br>5. Braitheann tú ait a bheith ag caint le do chairde as Gaeilge.<br>**Uaireanta** **Go minic**<br>6. Braitheann tú go bhfuil Gaeilge níos fearr ag daoine níos sine ná mar atá agat féin.<br>**Uaireanta** **Go minic** | **Plé ranga:** Is gá plé leis seo go tuisceanach. **Feasacht teanga:** cuir ar a súile do na daltaí gur gá iarracht níos mó a dhéanamh le mionteanga ná le mórtheanga lena shealbhú. |
| Sleamhnán 6 | **Ag sealbhú Gaeilge** **Iarphlé 3**<br><br>**TASC 1**<br><br>Gan smaoineamh air ar chor ar bith, scríobh freagra an-tapa ar an gceist thíos i do chóipleabhar. Bíodh an freagra AS BÉARLA agus ná bíodh sé ach timpeall 5 abairt ar fhad.<br><br>If a new student came in to your class today and didn't know anybody, what would you do to help him/her?<br><br> | **Obair aonair, scríofa i mBéarla:** cuidiú le dalta nua sa rang; iarr ar dhaltaí cuid de na freagraí a léamh amach. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 7</td>
<td>
</td>
<td>Obair aonair, scríofa i nGaeilge: cuidiú le dalta nua sa rang; iarr ar dhaltaí cuid de na freagraí a léamh amach.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 8</td>
<td>
</td>
<td>Feasacht foghlama: cén ceann ab éasca?; plé ranga: tuiscint ar na brúnna a bhíonn orthu le teanga.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 9</td>
<td>
</td>
<td>Obair ghrúpa/bheirte: cad is féidir a dhéanamh le cumas Gaeilge a fheabhsú; plé ranga ar an ábhar céanna.</td>
</tr>
</table>

# 4B. An Ghaeilge agus mé féin: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – An Ghaeilge ina saol féin |
| Stór focal | an Ghaeilge agus an Ghaeltacht |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá mhír físe ina bhfuil déagóirí ag déanamh cur síos ar thábhacht na Gaeilge ina saol féin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá canúint Chonnachta ag an mbeirt chainteoirí.

## Réamhobair

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán amach don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad gach rud agus cad atá le déanamh.
- ✓ Bain úsáid as an sleamhnán seo chomh maith le dul siar a dhéanamh ar ***mo*** agus ***do***, le míniú go mbíonn séimhiú ar chonsan ina ndiaidh agus go n-athraíonn ***mo*** agus ***do*** go dtí ***m'*** agus ***d'*** roimh ghuta.
- ✓ Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar na daoine a labhraíonn siad Gaeilge leo.
- ✓ Cothaigh plé leis an rang ar fad ansin an oiread agus is féidir.

## Éisteacht 1

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir óg ag caint faoin nGaeilge.
- ✓ Abair leo éisteacht leis uair amháin gan aon rud a scríobh.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-5 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.

## Éisteacht 2

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir óg eile ag caint faoin nGaeilge.
- ✓ Abair leo éisteacht leis uair amháin gan aon rud a scríobh.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-5 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.

## Iarobair 1

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leo agus abair leo na gníomhaíochtaí a dhéanamh.
- Níl na gníomhaíochtaí an-deacair ach ba cheart go gcothódh siad caint ghinearálta ar na canúintí agus aon deacrachtaí atá ag na daltaí le canúintí áirithe.

## Iarobair 2

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán agus abair le gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile.
- Is ceist dheacair í an chéad cheist agus bíonn deacracht ag foghlaimeoirí na Gaeilge leis an gclásal coibhneasta díreach agus indíreach. Ní gá dul isteach sa scéal go domhain ag an bpointe seo ach b'fhiú aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú air. Is féidir a rá go bhfuil 'c ceisteanna' ann sa Ghaeilge go díreach mar atá na 'w questions' i mBéarla. Leanann an fhoirm indíreach den bhriathar cuid acu agus leanann an fhoirm dhíreach cuid eile. Tá an fhoirm indíreach cosúil leis an bhfoirm cheisteach agus tá an fhoirm dhíreach cosúil leis an mbriathar le a + shéimhú. Féach:

### Indíreach

Cén chaoi a bhfuil tú? (an bhfuil tú?)

Cén chaoi a ndéanann sé sin? (an ndéanann sé?)

### Díreach

Cad é mar atá tú (a tá tú)?

Conas a dhéanann tú (a dhéanann)?


- Faigh an oiread samplaí agus is féidir ó na daltaí d'fhocail nó d'fhrásaí ó chanúintí nach bhfuil acu féin.

## Iarphlé 3

- Tabhair tamall do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- Deán plé leis an rang ar fad ar na hamanna a mhothaigh siad bródúil as Gaeilge a bheith acu.

# 4B. An Ghaeilge agus mé féin

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **An Ghaeilge & mé féin** **Réamhobair**<br>Cé leis a labhraíonn tú Gaeilge?<br>Cuir ✓ in aice leis na daoine a leanas a labhraíonn tú Gaeilge leo, agus cuir ✗ in aice leis na daoine nach labhraíonn tú Gaeilge leo.<br><br>**Mo thuismitheoirí**<br>**Mo dheirfiúracha & mo dheartháireacha**<br>**Mo mhúinteoirí**<br>**Mo chairde ar scoil**<br>**Mo chomharsana**<br>**Na daoine a oibríonn sna siopaí áitiúla**<br>**Mo chol ceathracha**<br>Cad atá ag an duine in aice leat? | **Gramadach:** dul siar ar mo, do; **obair bheirte:** ceisteanna a fhreagairt; **plé ranga:** ar fhreagraí na gceisteanna. |
| Sleamhnán 2 | **An Ghaeilge & mé féin** **Éisteacht 1**<br>**Éist le Ciarán ag caint agus freagair na ceisteanna seo:**<br><br>1. Cé leis a labhraíonn Ciarán Gaeilge?<br>2. Cad a deir sé faoi Ghaeilge na ndaoine a thagann isteach sa teach tábhairne?<br>3. Cad a deir sé faoi Ghaeilge a sheantuismitheoirí agus a thuismitheoirí?<br>4. Cad a deir sé faoi na canúintí eile?<br>5. An bhfuil sé bródúil as a bheith in ann Gaeilge a labhairt? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 3 | **An Ghaeilge & mé féin** **Éisteacht 2**<br>**Éist le hEoin ag caint agus freagair na ceisteanna seo:**<br><br>1. Cé leis a labhraíonn Ciarán Gaeilge?<br>2. Cad a deir sé faoi Ghaeilge a thuismitheoirí?<br>3. Cad a deir sé faoi na canúintí eile?<br>4. An mbuaileann sé le daoine ó Ghaeltachtaí eile agus an dtuigeann sé iad?<br>5. Cad a deir sé faoi na hábhair scoile ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An Ghaeilge & mé féin** Iarobair 1<br>Féach ar an léarscáil agus scríobh isteach na canúintí atá coitianta sna ceantair éagsúla.<br>**CU:**<br>**Canúint Uladh**<br>**CC:**<br>**Canúint Chonnachta**<br>**CM:**<br>**Canúint na Mumhan**<br>An labhraítear Gaeilge i dTuaisceart Éireann? Cén chanúint atá acu?<br><br>Scríobh isteach na canúintí ar an scála thíos maidir le cé chomh deacair is atá siad, i do thuairim féin.<br>**Éasca** → **Deacair** | **Obair aonair:** canúintí a mharcáil ar léarscáil; **plé ranga:** na canúintí agus na deacrachtaí a bhaineann leo. |
| Sleamhnán 5 | **An Ghaeilge & mé féin** Iarobair 2<br>Féach ar na slite seo chun ***how are you?*** a rá sna canúintí éagsúla. Cén chanúint lena mbaineann siad?<br>Cén chaoi a bhfuil tú?<br>Conas atá tú?<br>Cad é mar atá tú?<br><br>Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:<br>1. Cén fáth a bhfuil leagan difriúil den bhriathar 'tá' sna samplaí?<br>2. Déan liosta de nathanna cainte nó focail atá ar eolas agaibh ó na canúintí eile. | **Obair bheirte, feasacht teanga:** ceisteanna a phlé; canúintí. |
| Sleamhnán 6 | **An Ghaeilge & mé féin** Iarobair 3<br>Dúirt Ciarán go raibh sé an-bhródúil as Gaeilge a bheith aige.<br><br>An bhfuil tú féin bródúil as Gaeilge a bheith agat?<br>Thug Ciarán sampla d'am nuair a bhí sé an-bhródúil as Gaeilge a bheith aige – an cuimhin leat é?<br><br>An féidir leat féin smaoineamh ar eachtra nó am nuair a bhí tú an-bhródúil as Gaeilge a bheith agat? | **Obair aonair/bheirte:** plé ar na ceisteanna; **plé ranga:** bród as an nGaeilge. |

# 4C. An Ghaeilge thar lear: Nótaí an Mhúinteora (measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus foghraíochta na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – An Ghaeilge thar lear |
| Stór focal | An Ghaeilge thar lear |

| |
|---|
| Straitéisí Múinteoireachta Molta |

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá béim faoi leith ar an bhfoghraíocht sa rang seo agus baintear úsáid as na cainteoirí as tíortha eile chun aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar aon laige a bheadh acu féin ó thaobh na foghraíochta de. Tá sé tábhachtach gan lagmhisneach a chur ar na daltaí, ach is gá déileáil le fadhbanna foghraíochta ag an am céanna.

## Éisteacht SAM 1

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde a fhad is a sheinneann tú an mhír 'Is féidir linn'.
- ✓ Abair leis na daltaí go bhfuil fuaim faoi leith ag an *l caol* i nGaeilge agus nach bhfuil a leithéid d'fhuaim sa Bhéarla. Déan iarracht plé faoi fhoghraíocht nó fuaimeanna na Gaeilge a chothú anseo.
- ✓ Pléigh na ceisteanna eile faoin nGaeilge sna Stáit Aontaithe. Cuir ceist ar na daltaí a bhfuil daoine muinteartha leo i Meiriceá an bhfuil Gaeilge acu.

## Éisteacht SAM 2

- ✓ Déan plé ar an difríocht idir an dá ghrúpa focal, is é sin an *l leathan* agus an *l caol*.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun cleachtadh a dhéanamh ar an dá ghrúpa focal. Déan féin cleachtadh ar na focail leis an rang ar fad ansin.
- ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a rá arís ach an t-am seo aird a dhíriú ar an tslí a mbogann an teanga sa bhéal, mar shampla: *l leathan* – tá barr na teanga ag cuimilt na bhfiacla uachtaracha agus *l caol* – tá barr na teanga rud beag níos ísle sa bhéal. Faigh an t-eolas seo ó na daltaí iad féin sula gcuireann tusa ar an eolas iad.

## Éisteacht SAM 3

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta le chéile ag cleachtadh na bhfuaimeanna a bhaineann le ***l***.
- ✓ Bíodh na cártaí ar an sleamhnán seo gearrtha amach agat roimh an rang agus tabhair Ról A do dhuine amháin agus Ról B don duine eile. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile.
- ✓ Léigh trí na treoracha le cinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga ag éisteacht go géar leis an bhfoghraíocht agus ag cuidiú leo más gá.
- ✓ Téigh siar ar na focail ar fad (ar an dá chárta) le cinntiú go bhfuil an fuaimniú ceart ag gach dalta.
- ✓ Cuir ceist orthu an raibh aon fhocail níos deacra ná a chéile a rá agus cén fáth.

## Éisteacht An Eoraip 1

- Bíodh an sleamhnán seo in airde a fhad is a sheinneann tú an mhír: ‘Copenhagen – TG4 Thar Sáile’.
- Iarr ar dhaltaí éagsúla na focail a léamh amach agus bí cinnte go bhfuil siad á bhfuaimniú mar is ceart. Mínigh aon difríocht chanúna a bheadh i gceist maidir le fuaimniú na bhfocal, mar shampla: <u>mairnéalaigh</u> a fhuaimnítear mar *mairnéalaig* i gcanúint na Mumhan agus *mairnéalaí* i gcanúint Uladh.
- Léigh na ceisteanna 1-5 leo ansin agus abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile. Tar éis tamaill déan plé leis an rang ar fad. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó.
- Déan liosta de na fuaimeanna is deacra, de réir tuairimí na ndaltaí, ar an gclár agus déan cleachtadh orthu.

## Éisteacht An Eoraip 2

- Bíodh an sleamhnán seo in airde fad is a sheinneann tú an mhír: ‘Vienna – TG4 Thar Sáile’.
- Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar ‘ba mhaith liom’ agus ‘thaitin liom’. Mínigh dóibh gur earráid chomónta é i gcaint na Gaeilge. Iarr orthu samplaí a thabhairt duit de na hamanna a úsáidtear an dá leagan:

| | |
|---|---|
| *Ba mhaith liom cupán tae!* | An modh coinníollach, ní féidir a úsáid san aimsir chaite. |
| *Thaitin an scannán liom!* | An aimsir chaite. |

- Léigh na ceisteanna 1-3 leo ansin agus abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile. Tar éis tamaill déan plé leis an rang ar fad. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó.
- Téigh siar ar na fuaimeanna a bhaineann le c/ch ag bun an tsleamhnáin trí iarraidh ar dhaltaí éagsúla na focail a rá.

## Éisteacht An Eoraip 3

- Déan plé ar an difríocht idir an dá ghrúpa focal, is é sin an *t leathan* agus an *t caol*.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile chun cleachtadh a dhéanamh ar an dá ghrúpa focal. Déan féin cleachtadh ar na focail leis an rang ar fad ansin.
- Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a rá arís ach an t-am seo aird a dhíriú ar an tslí a mbogann an teanga sa bhéal, mar shampla: *t leathan* – tá barr na teanga ag cuimilt na bhfiacla uachtaracha agus *t caol* – tá barr na teanga rud beag níos ísle sa bhéal. Faigh an t-eolas seo ó na daltaí iad féin sula gcuireann tusa ar an eolas iad.
- Iarr ar an rang samplaí den *s leathan* agus *caol* a sholáthar duit: sean, sásta, silleadh agus araile.
- Iarr ar an rang samplaí den *b leathan* agus *caol* a sholáthar duit: bád, beo, Bríd, agus araile.

## Éisteacht An Eoraip 4

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta le chéile ag cleachtadh na bhfuaimeanna a bhaineann le ***t***.
- ✓ Bíodh na cártaí ar an sleamhnán seo gearrtha amach agat roimh an rang agus tabhair Ról A do dhuine amháin agus Ról B don duine eile. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile.
- ✓ Léigh trí na treoracha le cinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga ag éisteacht go géar leis an bhfoghraíocht agus ag cuidiú leo más gá.
- ✓ Téigh siar ar na focail ar fad (ar an dá chárta) le cinntiú go bhfuil an fuaimniú ceart ag gach dalta.
- ✓ Cuir ceist orthu an raibh aon fhocail níos deacra ná a chéile agus cén fáth.

## Éisteacht & Scríobh

- ✓ Abair leis an rang go mbeidh siad ag féachaint ar scannán gearr. Déan an seomra breá compordach agus cuir na daltaí ar a gcompord chomh maith.
- ✓ Iarr orthu a dtuairimí faoin scannán a scríobh síos mar obair bhaile nó sa rang tar éis dóibh an scannán a fheiceáil. Is féidir úsáid a bhaint as na habairtí mar theideal ar an bpíosa scríbhneoireachta ach ní gá.

# 4C. An Ghaeilge thar lear

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>

**An Ghaeilge thar lear** Éisteacht SAM 1

**Is féidir linn**



Éist le Barack Obama ag labhairt Gaeilge. An bhfuaimníonn sé an focal 'linn' i gceart? Cén fáth, do bharúil?

Tá nach mór 20 míle cainteoir Gaeilge sna Stáit Aontaithe – an gcuireann an fhíric sin iontas ort? Cén fáth?

Cén fáth a bhfuil Gaeilge ag an oiread sin daoine i Meiriceá, dar leat?

</td>
<td>

**Feasacht teanga:** l caol na Gaeilge nach bhfuil sa Bhéarla; **plé ranga:** an Ghaeilge i Méiriceá.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>

**An Ghaeilge thar lear** Éisteacht SAM 2

Féach ar an dá ghrúpa focal seo, conas atá siad difriúil óna chéile?



<table>
<tr><td>Libh<br>Leat<br>Liom<br>Liathróid<br>Léargas<br>Liosta<br><br>Bhuel<br>Cuileach<br>Coimhlint</td><td>Lom<br>Lonn<br>Luan<br>Luath<br>Lasta<br>Lag<br><br>Buidéal<br>Drogall<br>Gall</td></tr>
</table>

Abair na focail amach os ard leis an duine in aice leat. An gcloiseann sibh an difríocht idir an *l leathan* agus an *l caol*?

Cén chomhairle a thabharfeadh sibh do Barack Obama chun an focal ***linn*** a rá mar is ceart?

</td>
<td>

**Plé ranga:** an difríocht idir l caol agus l leathan; **obair bheirte:** cleachtadh ar fhuaimeanna; **feasacht fuaime:** conas an dá fhuaim a dhéanamh.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>

**An Ghaeilge thar lear** Éisteacht SAM 3

**Ról A**<br>Léigh amach na focail seo don duine in aice leat. Beidh air iad a scríobh síos agus a rá an bhfuil *l leathan* nó *l caol* iontu.

ail, balla, cuimilt, díolta, ealaín, fulaing, gleoite, inneall, liom, léinn, millteanach, Nollaig, ospidéal, polaitiúil, ról, sampla, tuirling

Féach an raibh an ceart aige? Anois léifidh sé a chuid focal amach duit féin agus caithfidh tusa iad a scríobh síos.

**Ról B**<br>Beidh an duine in aice leat ag léamh amach focail duit. Beidh ort iad a scríobh síos i do chóipleabhar agus a rá an bhfuil *l leathan* nó *l caol* iontu.

Ansin, léigh amach na focail thíos don duine eile:

alt, bhuel, callán, dílis, eitleán, féile, gealach, imlíne, leat, lámh, mallacht, níl, olc, píolóta, reilig, silleadh, tromlach

</td>
<td>

**Obair bheirte:** cleachtadh foghraíochta.

</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An Ghaeilge thar lear** Éisteacht An Eoraip 1<br>Féach ar an mír ón gclár Thar Sáile anois agus freagair na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.<br><br>**Abair na focail seo a bhí sa mhír:**<br>Danmhairgis<br>Faoi cheantar<br>Lár na cathrach<br>I rith an tsamhraidh<br>Mairnéalaigh<br>1. An bhfuil Gaeilge mhaith ag an bhfear seo? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?<br>2. An bhfuil canúint faoi leith aige? Cad é? Cén fáth a ndeir tú sin?<br>3. Cén fáth a bhfuil Gaeilge ag an bhfear sa mhír, dar leat?<br>4. Tá na fuaimeanna go maith aige sa Ghaeilge. An bhfuil na fuaimeanna go maith agatsa sa teanga eile atá á staidéar agat?<br>5. Déan liosta de na fuaimeanna is deacra sa Ghaeilge. | **Tasc éisteachta:** mír físeáin; **cleachtadh foghraíochta; obair bheirte/ghrúpa:** ceisteanna le plé agus tuairimí le tabhairt. |
| Sleamhnán 5 | **An Ghaeilge thar lear** Éisteacht An Eoraip 2<br>Féach ar an mír anois faoi bhean i Vín na hOstaire a bhfuil Gaeilge líofa aici.<br><br>**Earráid Chomónta – Plé!**<br>Ba mhaith liom<br>vs<br>Thaitin liom<br>1. An gcuireann sé iontas ort go bhfuil daoine ann agus nach bhfuil a fhios acu go bhfuil dhá theanga in Éirinn?<br>2. Bíonn an fhuaim 'ch' níos éasca a rá do dhaoine a bhfuil teanga Ghearmáinice acu mar mháthairtheanga. An bhfuil a fhios agat cén fáth?<br>3. Abair na focail seo amach os ard leis an duine in aice leat:<br>**cat, cosa an chait, lár na cathrach, chuaigh mé, teachtaireacht** | **Tasc éisteachta:** bean as an Ostair ag caint i nGaeilge; **feasacht teanga:** earráid choitianta - ba mhaith liom x / thaitin x liom; **obair ghrúpa:** ceisteanna le freagairt; **cleachtadh foghraíochta:** c vs ch. |
| Sleamhnán 6 | **An Ghaeilge thar lear** Éisteacht An Eoraip 3<br>Féach ar an dá ghrúpa focal seo, conas atá siad difriúil óna chéile?<br><br>Teangeolaí / Tá<br>Teach / Tábhachtach<br>Tine / Toitín<br>Tinn / Tóin<br>Tír / Tuar<br>Trioblóid / Tuairim<br>Cuiteog / Babhta<br>Suite / Fásta<br>Clóite / Iontas<br>Abair na focail amach os ard leis an duine in aice leat. An gcloiseann sibh an difríocht idir an *t leathan* agus an *t caol*?<br>An féidir libh sampla a thabhairt de na fuaimeanna seo a leanas:<br>-s caol / -s leathan<br>-b caol / -b leathan | **Feasacht foghraíochta:** t leathan vs t caol; **cleachtadh foghraíochta, obair bheirte:** an dá fhuaim a chleachtadh le chéile; s leathan vs s caol, ba leathan agus b caol. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **An Ghaeilge thar lear** Éisteacht An Eoraip 4<br><br>**Ról A**<br>Léigh amach na focail seo don duine in aice leat. Beidh air iad a scríobh síos agus a rá an bhfuil *t leathan* nó *t caol* iontu.<br><br>áit, hata, meilt, síoltaí, eisceacht, fuascailt, breoite, iontach, liosta, mata, cistin, nóta, oscailte, polaitíocht, riocht, sliste, tiomáint<br><br>Féach an raibh an ceart aige? Anois léifidh sé a chuid focal amach duit féin agus caithfidh tusa iad a scríobh síos.<br><br>✂<br><br>**Ról B**<br>Beidh an duine in aice leat ag léamh amach focail duit. Beidh ort iad a scríobh síos i do chóipleabhar agus a rá an bhfuil *l leathan* nó *l caol* iontu.<br><br>Ansin, léigh amach na focail thíos don duine eile:<br><br>aitinn, Briotánach, coiste, díoltas, eachtrannach, fuilteach, galánta, imeartas, limistéar, lasta, mórtas, neart, Ostair, poitigéir, réalta, suite, trí | **Obair bheirte, éisteacht/foghraíocht:** focail le léamh ag duine A agus le scríobh ag duine B. |
| Sleamhnán 8 | **An Ghaeilge thar lear** Éisteacht & Scríobh<br><br>Féach ar an scannán gearr anois faoin leaid óg a tháinig go hÉirinn. Tar éis duit an scannán a fheiceáil scríobh aiste ghairid faoi. Roghnaigh ceann amháin de na habairtí thíos mar thús d'aiste.<br><br><br><br>Ní scéal fíor é mar…<br><br>Tuigim don leaid óg mar…<br><br>Is léargas maith é an scannán ar chultúr na hÉireann mar… | **Tasc éisteachta:** féach ar an scannán.<br><br>**Obair bhaile, scríofa:** tuairim a thabhairt faoin scannán. |

# 4D. An tOireachtas: Nótaí an Mhúinteora (dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – cultúr ealaíona na Gaeilge |
| Stór focal | Cultúr ealaíona na Gaeilge |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ag cur síos ar pháirt a ghlacadh i gcomórtas scéalaíochta (Canúint na Mumhan) agus ar alt ó www.gaeilge.ie ag cur síos ar an Oireachtas.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus tabhair cúpla nóiméad dóibh na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Pléigh tusa na ceisteanna leis an rang ar fad ansin.

## Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.

## Iarphlé 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin tabhair seans dóibh na trí abairt a aistriú go Gaeilge iad féin. Bí cinnte go mbeidh na freagraí cearta acu (féach thíos).
- ✓ Mínigh don rang go bhfuil sé mícheart 'An labhraíonn tú Fraincis?' a rá sa chomhthéacs áirithe sin.
- ✓ Cinntigh ansin go dtuigeann siad an úsáid a bhaintear as 'aithne' mar is minic a bhíonn deacrachtaí ag daltaí leis.

## Iarphlé 2

- ✓ Earráid an-chomónta i measc daltaí ná 'an bhliain seo' a rá in ionad 'i mbliana'. Déan iarracht an earráid sin a ruaigeadh!
- ✓ Is minic, freisin, go mbíonn earráidí sa litriú acu agus iad ag scríobh 'an bhliain seo caite' (cuireann siad séimhiú go minic ar an 'caite') agus 'an bhliain seo chugainn'.

## Léamh 1 & 2

- ✓ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad, ina mbeirteanna más féidir, agus abair leo sealanna a thógáil ag léamh os ard le chéile. Cuidíonn sé seo leo teacht isteach ar fhuaimeanna na Gaeilge chomh maith.
- ✓ Bí ag siúl timpeall chun cabhrú leo más gá.
- ✓ Is leagan giorraithe an t-alt seo d'alt atá le fáil ag an seoladh seo: http://www.gaeilge.ie/Directory/spotlight_details.asp?id=52

## Iarphlé 3

- ✓ Is cinnte go mbeidh méid áirithe focal/abairtí nach mbeidh na daltaí cinnte faoina mbrí. An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná cabhrú leo straitéisí a úsáid chun brí a bhaint as téacs dúshlánach.
- ✓ Tabhair seans dóibh na tascanna éagsúla a dhéanamh. Leag béim ar straitéis úd abairt a léamh amach os ard chun brí a bhaint as. Is minic go gcabhraíonn sé sin, go háirithe más abairt fhada atá i gceist.

## Iarphlé 4

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná stór focal nua a dhaingniú in aigne na ndaltaí.
- ✓ Tabhair seans dóibh iarracht a dhéanamh na focail nua a chur síos ó chuimhne ach mura n-éiríonn leo lig dóibh féachaint siar ar an alt arís.

## Iarphlé 5

- ✓ Má tá am agat sa rang nó an spéis ag na daltaí ann, is fiú cúpla físeán ó YouTube a thaispeáint dóibh ar an rince ar an sean-nós. Ní gá na físeáin ina n-iomláine a thaispeáint – fiú 50 soicind de gach ceann. Bheadh sé go deas dóibh samplaí den chultúr beo a fheiceáil go háirithe mura raibh siad riamh in áit a bhfeicfidís an sean-nós ina stealladh beathaigh.
- ✓ Féadfaidh siad na ceisteanna atá ar an sleamhnán a phlé le chéile ina mbeirteanna tar éis dóibh féachaint ar na físeáin.

## *Freagraí*


### Iarphlé 1

1. An bhfuil an t-amhrán sin agat?
2. Níl an ceann sin agam in aon chor/ar chor ar bith
3. An bhfuil Fraincis agat?

# 4D. An tOireachtas

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **An tOireachtas** Réamhobair<br><br>I gceann tamaill beidh tú ag éisteacht le dalta a bhuaigh an chéad áit sa chomórtas scéalaíochta san Oireachtas in 2012. Roimhe sin, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.<br><br><br><br>1. Cén rud é Oireachtas na Gaeilge?<br>2. An féidir leat a rá cad iad na comórtais éagsúla a bhíonn ag an Oireachtas?<br>3. An ndéanann tú aon chaitheamh aimsire ‘Gaelach’ tú féin i.e. damhsa, ceol a sheinm, amhránaíocht, scéalaíocht agus araile?<br>4. Cá mbíonn an tOireachtas ar siúl?<br>5. An raibh tú riamh ag an Oireachtas? Má bhí, déan cur síos ar an am a chaith tú ann. | **Obair bheirte:** ceisteanna faoi Oireachtas na Gaeilge a phlé le chéile. |
| Sleamhnán 2 | **An tOireachtas** Éisteacht<br><br>Éist le Seán Ó Móráin ag cur síos ar an Oireachtas agus freagair na ceisteanna seo.<br><br><br><br>1. Cén comórtas ar ghlac Seán páirt ann anuraidh?<br>2. Conas a d’éirigh leis?<br>3. Cén t-ullmhúchán a rinne sé roimh an gcomórtas?<br>4. Cén fáth nár bhraith sé ró-neirbhíseach ag an gcomórtas?<br>5. An bhfuil sé i gceist ag Seán páirt a ghlacadh i gcomórtas Oireachtais amach anseo? Cén áit? Cathain?<br>6. An mbeidh aon deacrachtaí aige le canúint Dhún an nGall, an ndeir sé? | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 3 | **An tOireachtas** Iarphlé 1<br><br>Ar thug tú faoi deara Seán ag rá “Bhí sé agam ansin.” Sin slí an-nádúrtha chun “Bhí sé ar eolas agam” a rá. Má theastaíonn uait ceist a chur ar dhuine “Do you know ...?” abair “An bhfuil ... agat?”<br><br>Cuir Gaeilge ar na frásaí seo:<br>1. Do you know that song?<br>2. I don’t know that one at all.<br>3. Do you speak French?<br><br>Ná déan dearmad gur leagan eile ar fad a bhíonn ag teastáil más ag caint ar dhaoine atá tú seachas eolas/rud:<br><br>1. An bhfuil aithne agat ar Sheán?<br>2. Níl aithne agam ar Nóra. Níor bhuail mé riamh léi. | **Feasacht teanga, saibhriú teanga:** An bhfuil x agat? vs An bhfuil aithne agat ar Y? |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An tOireachtas** **Iarphlé 2**<br><br>**Earráid chomónta!**<br><br>San agallamh, dúirt Seán 'i mbliana'. Sin an tslí cheart chun 'this year' a rá. Ach is minic a chloisfeá foghlaimeoirí Gaeilge ag rá *'an bhliain seo'. Tá sé sin mícheart! Bí cúramach an earráid sin a sheachaint.<br><br>Bain triail as na cleachtaí seo:<br><br>1. Slí eile chun anuraidh a rá (bí cúramach leis an litriú): _____________<br><br>2. An Ghaeilge atá ar 'next year':<br>_____________ | **Feasacht teanga:** earráid chomónta – an bhliain seo (i mbliana an rud ceart); saibhriú teanga agus litriú: an bhliain seo caite, an bhliain seo chugainn. |
| Sleamhnán 5 | **An tOireachtas** **Léamh 1**<br><br>**Léigh an t-alt seo os ard leis an duine in aice leat.**<br><br>Ceiliúradh atá san Oireachtas ar gach aon cheann de na healaíona traidisiúnta – amhránaíocht, ceol, rince, litríocht, scéalaíocht, rince aonair ar an sean-nós, drámaíocht, scoraíocht, dreas cainte agus na fís-ealaíona ina measc. Déantar an ceiliúradh sin ag tráthanna éagsúla den bhliain trí imeachtaí, ócáidí agus comórtais a reáchtáil. Is iad seo a leanas na hócáidí bliantúla a reáchtálann an tOireachtas – Léacht an Oireachtais, Comórtais Liteartha an Oireachtais, Gradaim Chumarsáide an Oireachtais, Oireachtas na Samhna agus Scléip na hÓige. Tugann an tOireachtas tacaíocht do cheoltóirí, do rinceoirí, do chumadóirí, do scríbhneoirí, d'iriseoirí agus do scéalaithe agus faigheann siad siúd, a n–éiríonn leo sárchaighdeán a bhaint amach ina réimsí éagsúla saothair trí mheán na Gaeilge, aitheantas ón Oireachtas.<br><br>Is é Oireachtas na Samhna mórócáid bhliantúil an Oireachtais, agus go deimhin mórfhéile bhliantúil na nGael, ag a ndéantar ceiliúradh ar na healaíona dúchasacha éagsúla. Féile chomhaimseartha í, dírithe ar rannpháirtíocht leathan phobail, ina reáchtáiltear comórtais ardáin sna healaíona traidisiúnta mar aon le rogha leathan d'imeachtaí sainspéise do dhaoine fásta agus do dhaoine óga.<br><br>Féile shiúlach í féile an Oireachtais, a théann trasna na tíre, bliain i ndiaidh bliana, ag mealladh na sluaite léi agus ag cruthú Gaeltacht nádúrtha ar feadh thréimhse na féile pé áit in Éirinn a lonnaíonn sí mar gur trí mheán na Gaeilge a reáchtáiltear | **Léitheoireacht, obair bheirte:** alt a léamh os ard le chéile. |
| Sleamhnán 6 | **An tOireachtas** **Léamh 2**<br><br>gach uile ghné den fhéile. Is iad na comórtais ardáin croílár na féile, ag mealladh óg agus aosta as gach cearn den tír, agus cuid acu ón gcoigríoch, le bheith rannpháirteach sa cheiliúradh, le casadh le máistrí na n-ealaíona éagsúla agus le cairdis nua a chruthú agus a chothú. Cé go bhfuil na comórtais tábhachtach iontu féin is de bharr na rannpháirtíochta san fhéile agus spleodar na hócáide a fhilleann daoine arís agus arís eile ar Oireachtas na Samhna, agus is iad na hócáidí sóisialta eile – na seisiúin cheoil agus amhránaíochta, na seoltaí leabhar agus dlúthdhioscaí, na seimineáir, na léachtaí, na taispeántais agus na hócáidí ealaíon eile a spreagann an dílseacht seo sa lucht leanúna.<br><br>Féile do dhaoine óga is ea Scléip na hÓige, a reáchtáiltear gach bliain le linn Oireachtas na Samhna. Is clár leathan imeachtaí sóisialta agus spóirt – foirmiúil agus neamhfhoirmiúil – í Scléip na hÓige ina n-eagraítear cluichí, comórtais, ceardlanna, céilí, dioscó agus seó draíochta. Tá an fhéile seo dírithe go hiomlán ar an óige, ag cur deiseanna sóisialta, cuideachta, spóirt agus foghlama ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge, ag cur le raon úsáidte na Gaeilge i measc na n-óg agus ag cothú deiseanna taitneamhacha cuí le heolas maidir le hoidhreacht chultúrtha agus ealaíne na hÉireann a thabhairt dóibh. Is i nGaeilge a reáchtáiltear imeachtaí uile Scléip na hÓige, agus déanann siad freastal ar bhaill chlubanna óige. Freastalaíonn baill as eagraíochtaí óige *Ógras*, *Feachtas*, *Spleodar*, *Cumann na bhFiann*, *Óige na Gaeltachta* agus eile ar imeachtaí Scléip na hÓige. | **Léitheoireacht, obair bheirte:** alt a léamh os ard le chéile. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 7</td>
<td>An tOireachtas Iarphlé 3<br><br>Bíodh cóip den alt atá léite agat os do chomhair amach agus tabhair faoi na tascanna seo:<br><br>1. Cuir líne faoi aon fhocal san alt nach bhfuil tú 100% cinnte faoina bhrí.<br>2. Cuir líne faoi aon abairt nach bhfuil tú 100% cinnte faoina brí.<br>3. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cabhraígí le chéile leis na deacrachtaí atá agaibh. Bainigí triail as na straitéisí seo a leanas:<br><br>Mura bhfuil tú cinnte faoi bhrí fhocail, féadfaidh tú na rudaí seo a leanas a dhéanamh:<br><br>➢ Léigh an cúpla abairt atá timpeall ar an bhfocal. An gcabhraíonn an comhthéacs leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí an fhocail?<br><br>➢ Murar féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt, fiafraigh de do mhúinteoir nó féach san fhoclóir.<br><br>Mura bhfuil tú cinnte faoi bhrí abairte, bain triail as an tseift seo:<br><br>Abair an abairt amach os ard ag cur béime sna háiteanna cearta. An bhfuil sé níos soiléire anois? Bain triail as. Má theipeann oraibh, cuirigí ceist ar an múinteoir.</td>
<td>Tuiscint, feasacht tuisceana: conas cill a bhaint as téacs dúshlánach.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 8</td>
<td>An tOireachtas Iarphlé 4<br><br>An bhfuil cuimhne mhaith agat?<br><br><br><br>Gan féachaint siar ar do nótaí, scríobh amach na focail nua atá foghlamtha agat ón alt ar an Oireachtas.<br><br>1. ______________________________<br>2. ______________________________<br>3. ______________________________<br>4. ______________________________<br>5. ______________________________<br>6. ______________________________<br>7. ______________________________<br>8. ______________________________<br>9. ______________________________<br>10. ______________________________</td>
<td>Stór focal: cuimhniú ar na focail nua san alt.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 9</td>
<td>An tOireachtas Iarphlé 5<br><br>Féach ar na físeáin seo ar rince ar an sean-nós a tógadh ag an Oireachtas agus freagair na ceisteanna seo:<br><br> <br><br><br>1. An bhfuil ranganna rince ar an sean-nós ar fáil i do cheantar féin?<br>2. An bhfaca tú riamh rince na scuab? An bhfuil a fhios agat cad é?<br>3. Dá mbeifeá le cur síos a dhéanamh d'eachtrannach ar cad is rince ar an sean-nós ann, cad a déarfá mar gheall air?<br>4. Cén difríochtaí a fheiceann tusa idir rince ar an sean-nós agus 'gnáth' rince Gaelach?</td>
<td>Éisteacht/féachaint: taispeáin físeáin dóibh a léiríonn damhsa ar an sean-nós; obair bheirte: ceisteanna a phlé faoi damhsa ar an san-nós.</td>
</tr>
</table>

# 4E. Coimhthígh le chéile: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an Ghaeltacht agus an Ghalltacht |
| Stór focal | an Ghaeltacht agus an Ghalltacht |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil déagóir ag déanamh cur síos ar thábhacht na Gaeilge ina saol féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le ***Inscne an fhocail*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá an rang níos oiriúnaí do dhaltaí Gaelscoileanna.

## Réamhobair 1

- ✓ Léigh an eochair agus na ráitis leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil ar an sleamhnán.
- ✓ Abair leis na foghlaimeoirí a bheith ag obair ina n-aonar ar dtús chun a dtuairimí faoi na ráitis a léiriú.
- ✓ Iarr ar gach beirt a dtuairimí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu, ní bheidh na tuairimí céanna ag gach duine.
- ✓ Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon cheist in easnamh, dar leo.

## Réamhobair 2

- ✓ Iarr ar gach beirt na focail a mheaitseáil le chéile (féach Freagraí thíos).
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin.

## Réamhobair 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✓ Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá air, mínigh dóibh gurb iad seo na ceisteanna a cuireadh ar an gcailín a bheidh sa mhír ar ball.
- ✓ Má cheapann tú go bhfuil na ceisteanna seo ródheacair don rang atá agat chun comhrá a dhéanamh iad féin, déan plé orthu leis an rang iomlán.
- ✓ Déan iarracht a oiread tuairimí agus is féidir a fháil ó na daltaí iad féin.
- ✓ Scríobh aon fhoclóir nua a thagann chun cinn le linn na cainte ar an gclár.

## Éisteacht

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir óg ag caint faoin nGaeilge.
- Abair leo éisteacht léi uair amháin gan aon rud a scríobh.
- Léigh na ceisteanna 1-6 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu.

## Iarobair 1

- Mínigh cad is briathar ann do na foghlaimeoirí agus tabhair samplaí d'úsáid an bhriathair sa Ghaeilge dóibh.
- Iarr orthu cuid A a dhéanamh (féach na freagraí).
- Iarr orthu ansin cuid B a dhéanamh.
- Is cleachtadh é seo ar an bhfeasacht teanga, go díreach le haird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an mbriathar i gcásanna éagsúla.
- Is cinnte go bhfuil deacracht faoi leith ag daltaí meánscoile leis an ainm briathartha i samplaí mar seo: *An féidir liom an leabhar (a fháil)!* Bíonn an briathar (a fháil) in easnamh go minic. Déan cleachtadh breise air sin, más gá.
- Téigh siar ar na freagraí (féach thíos) leis an rang iomlán ansin.

## Iarobair 2

- Bíodh cóipeanna déanta agat den sleamhnán seo agus tabhair cóip do gach duine sa rang.
- Cuir an mhír ar siúl arís dóibh faoi dhó agus tabhair tamall do na daltaí chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- Ceartaigh cuid de na habairtí a bhí acu leis an rang ar fad. Féach ar an script.

## Iarphlé 3

- Tabhair tamall do na daltaí chun an ghníomhaíocht ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- Níl ann ach plé beag ar an dearcadh a bhíonn ag déagóirí sa Ghaeltacht i rith an tsamhraidh nuair a thagann na daltaí a bhíonn ag freastal ar na coláistí samhraidh, agus an dearcadh a bhíonn acusan ar mhuintir na Gaeltachta.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile chun buille faoi thuairim a thabhairt ar cé a déarfadh na ráitis ar fad.
- Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad ansin.

## Scríobh

- Iarr ar na daltaí an t-alt gearr ar an sleamhnán a léamh le chéile.
- Bí cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Iarr orthu alt cosúil leis an gceann ar an sleamhnán a scríobh.

## Freagraí

### Réamhobair 1

| | |
|---|---|
| - áis | - foinse |
| - oidhreacht | - stair |
| - freastail | - téigh go dtí |
| - ceapaim | - sílim |
| - iargúlta | - cianda |
| - tacaíocht | - cúnamh |
| - tuairim | - barúil |

### Iarobair 1

Caithfidh mé an leabhar a léamh roimh mhaidin.
An féidir liom cupán caife a ól?
Rinne mé m'obair bhaile aréir.
Tá mé ag ithe mo bhricfeasta anois.
Ní mór dom dul amach ag siúl.
An féidir leat an fhuinneog a oscailt?
Bím sa bhaile i gcónaí ag a seacht a chlog.
Cuirfidh mé an litir sa phost amárach.
An bhfuil an madra ag ithe mo dhinnéir?
Tá orainn an sliocht ar fad a scríobh amach.

# 4E. Coimhthígh le chéile

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Coimhthígh le chéile** Réamhobair 1<br>**A. Féach ar na habairtí seo thíos, an aontaíonn tú leo? Féach ar an eochair agus cuir an uimhir a léiríonn do thuairim féin in aice le gach ráitis.**<br>1. Aontaím amach is amach<br>2. Aontaím<br>3. Tá mé idir dhá chomhairle<br>4. Easaontaím<br>5. Easaontaím amach is amach<br><br>❑ Ní bhíonn aon fhoighne ag muintir na Gaeltachta Gaeilge a labhairt liom.<br>❑ Is breá liom dul ar saoire go dtí an Ghaeltacht.<br>❑ Tá an saol sa Ghaeltacht an-difriúil ón saol taobh amuigh den Ghaeltacht.<br>❑ Bíonn muintir na Gaeltachta ag caitheamh anuas ar mo chuid Gaeilge.<br>❑ Bíonn náire orm Gaeilge a labhairt le muintir na Gaeltachta.<br>❑ Ní féidir Gaeilge a labhairt go maith gan tamall a chaitheamh sa Ghaeltacht.<br>**B. Cad a deir an duine in aice leat?** | **Obair aonair:** tuairim a léiriú faoi labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht; **obair bheirte:** comparáid a dhéanamh idir na freagraí. |
| Sleamhnán 2 | **Coimhthígh le chéile** Réamhobair 2<br>Beidh tú ag éisteacht le cailín ag labhairt faoin nGaeilge ina scoil ar ball. Beidh na focail ar chlé le cloisteáil sa mhír. An féidir leat na focail chomhchiallacha leo a aimsiú ó na focail ar dheis?<br>- áis - sílim<br>- oidhreacht - foinse<br>- freastail - cúnamh<br>- ceapaim - cianda<br>- iargúlta - barúil<br>- tacaíocht - stair<br>- tuairim - téigh go dtí | **Obair bheirte, saibhriú teanga:** comhchiallaigh a mheaitseáil. |
| Sleamhnán 3 | **Coimhthígh le chéile** Réamhobair 3<br>Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na freagraí a thabharfadh sibh ar na ceisteanna seo. Is iad na ceisteanna céanna iad a cuireadh ar an gcailín a mbeidh tú ag éisteacht léi ar ball.<br>1. Dar leatsa, cad atá i ndán don Ghaeltacht? An bhfuil sí tábhachtach mar áis, mar oidhreacht?<br>2. Cad faoi na canúintí, an gcloiseann sibh na canúintí ar fad ar scoil nó an mbíonn deacracht agat in amanna na canúintí a thuiscint nó aon rud mar sin? | **Obair bheirte:** ceisteanna le plé faoin nGaeltacht, faoi na canúintí; **plé ranga:** tuairimí na ndaltaí. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Coimhthígh le chéile** — **Éisteacht**<br>**Éist leis an mír cúpla uair agus freagair na ceisteanna seo a leanas.**<br>1. Cén coláiste ar fhreastail Aoife air?<br>2. Cad a cheap Aoife faoin nGaeltacht sula ndeachaigh sí ann?<br>3. An gceapann sí go bhfuil todhchaí ann don Ghaeltacht? Conas?<br>4. Cad a deir sí faoin Leas-Phríomhoide?<br>5. Cad a deir sí faoi chanúint Chonamara?<br>6. Luann sí Ciarraí, cén fáth?<br> | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 5 | **Coimhthígh le chéile** — **Iarobair 1**<br>A. Cad atá in easnamh sna habairtí seo:<br>Caithfidh mé an leabhar roimh mhaidin.<br>An féidir liom cupán caife?<br>B. Cuir líne faoi na briathra sna habairtí seo:<br>Rinne mé m'obair bhaile aréir.<br>Tá mé ag ithe mo bhricfeasta anois.<br>Ní mór dom dul amach ag siúl.<br>An féidir leat an fhuinneog a oscailt?<br>Bím sa bhaile i gcónaí ag a seacht a chlog.<br>Cuirfidh mé an litir sa phost amárach.<br>An bhfuil an madra ag ithe mo dhinnéir?<br>Tá orainn an sliocht ar fad a scríobh amach. | **Gramadach, feasacht teanga:** briathar |
| Sleamhnán 6 | **Coimhthígh le chéile** — **Iarobair 2**<br>Éist leis an mír arís agus líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den bhriathar.<br>*Cad faoi na canúintí, ____________ (clois) sibh na canúintí ar fad ar scoil nó an mbíonn deacracht agat in amanna na canúintí a thuiscint nó aon rud mar sin?*<br>Caithfidh mé a rá ____________ (tá) … tá… bhuel, tá canúint álainn ag an Leas-Phríomhoide, canúint ó Dhún na nGall, as Gaoth Dobhair is dóigh liom. Is breá liom ____________ (bí) ag éisteacht leis. Ach, sílim i ndáiríre *like*, táim go mór den tuairim nach bhfuil dóthain daoine as Conamara tar éis ____________ (tar) agus a gcanúintí a roinnt linn. Toisc, i ndáiríre is as Ciarraí formhór na múinteoirí Gaeilge atá againne. Agus cé go dtaitníonn an chanúint liom, ____________ (síl) go bhfuilimid saghas ag ____________ (caill) amach ar saghas saibhreas teanga i gConamara agus mar sin de. Ba bhreá liom dá ____________ (bí) níos mó múinteoirí againn anseo le canúintí Conamara. | **Tasc éisteachta, scríofa:** bearnaí a líonadh isteach ar script. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Coimhthígh le chéile** Iarphlé 3<br>Bí ag obair leis an duine in aice leat. An tuairimí iad na tuairimí thíos ó dhéagóirí ón nGaeltacht nó ón nGalltacht? Cuirigí GE in aice leis na cinn a cheapann tú a bhaineann leis an nGaeltacht agus cuirigí GA in aice leis na cinn ón nGalltacht. Bígí in ann a rá cén fáth a gceapann sibh amhlaidh.<br>1. Bíonn an áit plódaithe ar feadh cúpla mí gach samhradh.<br>2. Casaim lena lán cairde ó chathracha eile sa tír gach samhradh.<br>3. Tá Gaeilge ghreannmhar ag na daltaí a thagann.<br>4. Ní thuigim an Ghaeilge a labhraíonn muintir na háite.<br>5. Bíonn na daltaí ag magadh faoinár dtithe go minic.<br>6. Tá mé an-bhródúil as an nGaeilge.<br>7. Tá sé deacair aithne a fháil ar mhuintir na háite atá ar chomhaois liom. | **Obair bheirte:** tuairimí déagóirí sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht. |
| Sleamhnán 8 | **Coimhthígh le chéile** Scríobh<br>Féach ar an sliocht beag thíos faoi thréimhse sa Ghaeltacht. Tar éis duit an sliocht a léamh, scríobh sliocht cosúil leis faoi thréimhse a chaith tú féin sa Ghaeltacht. Bain úsáid as do shamhlaíocht agus cum an scéal mura raibh tú sa Ghaeltacht riamh. Bain úsáid as an aimsir chaite ar ndóigh!<br>D'fhreastail mé ar choláiste samhraidh i gCiarraí an samhradh seo caite. Bhí ranganna againn gach maidin ach bhí muid saor ansin sa tráthnóna. Thaitin sé go mór liom. Chas mé lena lán daoine nua agus tá cúpla cara maith agam anois tar éis na míosa ansin. Bhí náire orm labhairt as Gaeilge ar dtús mar cheap mé go mbeadh muintir na háite ag magadh fúm, ach chaith gach duine go han-mhaith linn. Bhí na múinteoirí agus na mná tí chomh foighneach sin! Bhí iontas orm gur labhair gach duine Gaeilge le chéile, sa bhaile, sna siopaí agus gach áit i ndáiríre. Tháinig feabhas an-mhór ar mo chuid Gaeilge, caithfidh mé a rá. | **Léitheoireacht:** alt gairid faoi thréimhse i gColáiste Gaeilge; **scríobh:** alt samhlaíoch nó fíor faoi thréimhse sa Ghaeltacht. |

# 4F. Na Teangacha Ceilteacha: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – na teangacha Ceilteacha |
| Stór focal | Na Teangacha Ceilteacha agus cearta daonna |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt agus ar fhíricí a bhaineann leis na teangacha Ceilteacha. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le ***sa vs i*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ Abair leis an rang na boscaí a líonadh leis na focail chuí. Ba cheart go mbeadh siad in ann buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil an t-eolas acu.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí (féach Freagraí thíos).
- ✓ Scríobh na tíortha ina labhraítear teangacha Ceilteacha ar an gclár, ainm na ndaoine sna tíortha sin agus an teanga atá i gceist:

| | | |
|---|---|---|
| Éire | Éireannaigh | An Ghaeilge |
| Albain | Albanaigh | Gàidhlig na hAlban |
| An Bhreatain Bheag | Breatnaigh | An Bhreatnais |
| Corn na Breataine | daoine ó Chorn na Breataine | An Choirnis |
| An Mhanainn | Manannaigh | An Ghaeilge Mhanann nó Manainnis |

- ✓ Ní gá go mbeadh na focail ar fad ar eolas acu ach go mbeadh cur amach éigin acu orthu.
- ✓ Abair leo *in Ireland*, *in Scotland* agus araile a dhéanamh anois agus dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an difríocht idir ***sa*** agus ***i***, agus ***san*** agus ***in***.

## Réamhobair 2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an ngníomhaíocht seo. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✓ Pléigh na freagraí leis na daltaí ansin (féach Freagraí thíos).

## Réamhobair 3

- ✓ Léigh tríd na pointí atá ar an sleamhnán seo. Níl sna pointí ach leideanna chun cabhrú leis na foghlaimeoirí focail nua a aimsiú.
- ✓ Cuir leis na pointí más gá agus faigh tuairimí na ndaltaí faoi conas brí focal a aimsiú sula dtéann siad i muinín foclóra.

## Réamhobair 4

- Léigh amach na focail Ghaeilge ar chlé ar dtús agus cuir béim faoi leith ar an bhfoghraíocht.
- Iarr ar gach beirt ansin iarracht a dhéanamh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla.
- Téigh siar ar na freagraí leis an rang iomlán ansin, féach sna freagraí thíos.

## Léamh

- Léigh an t-alt amach os ard leis an rang iomlán.
- Tá sé deacair go leor agus mar sin bí cinnte go dtuigeann gach foghlaimeoir an míniú fad is a théann tú ar aghaidh.
- Is féidir leat iarraidh ar dhaltaí éagsúla ailt a léamh amach os ard duit, ag cur béime ar an bhfoghraíocht.

## Iarobair 1

- Téigh siar ar a bhfuil ar an sleamhán.
- Iarr orthu na pointí a bhfuil líne fúthu a scríobh ina gcóipleabhair.
- Ansin, caithfidh siad na samplaí sin a chur i gcomparáid leis an saol in Éirinn. Mar shampla:

  (1) Is sna caogaidí a tógadh an chéad ghlúin páistí le Fraincis i nGaeltacht na Briotáine.

  *Is tar éis an Ghorta Mhóir a thosaigh céad mheath na Gaeilge. Tá Béarla níos fearr ná Gaeilge ag an gcuid is mó de mo ghlúinse anois.*

- Níor ghá go mbeadh cur amach ag na daltaí ar stair na teanga nó fíricí faoin teanga. Ba cheart go mbeadh siad in ann pointí a rá faoina saol féin nó ar a laghad tuairimí a nochtadh faoi stádas na Gaeilge in Éirinn.
- Iarr ar gach beirt na pointí a phlé le chéile ar dtús agus ansin pléigh thusa na tuairimí atá ag gach duine le chéile.
- Scríobh aon fhoclóir nua nó nathanna cainte úsáideacha ar an gclár.

## Iarobair 2


- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad agus mínigh gur alt é seo a bhí i nGaelscéal agus gur scéal fíor é. Bí cinnte go bhfuil na focail ar fad ar eolas acu.
- Mínigh dóibh go ndeachaigh an duine seo chun an phríosúin ar mhaithe le cearta teanga.
- Déan iarracht comhrá a chothú sa rang faoi cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith ag troid ar son na teanga go ginearálta.
- Déan suirbhé sa rang le haimsiú cé mhéad duine a dhéanfadh an rud céanna ar mhaithe leis an nGaeilge.

## Iarphlé 3

- Bíodh an sleamhnán seo in airde agat fad is a sheinneann tú an mhír faoi Ghàidhlig na hAlban. Cuir an mhír ar siúl faoi dhó.
- Ar chuala na daltaí na focail ar an sleamhnán sa mhír?
- Níl i gceist leis an ngníomhaíocht seo ach feasacht chultúrtha na ndaltaí a fhorbairt faoi na teangacha Ceilteacha timpeall orthu agus na cosúlachtaí idir na teangacha céanna.

## Freagraí

### Réamhobair 1




### Réamhobair 2


- ✓ Bhí na Teangacha Ceilteacha á labhairt go forleathan ar fud na hEorpa míle bliain ó shin.
  **Bréagach** (míle bliain RC)
- ✓ Baineann na forainmneacha réamhfhoclacha leis na teangacha Ceilteacha amháin.
  **Fíor**
- ✓ Tá Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban níos cosúla lena chéile ná na teangacha Ceilteacha eile.
  **Fíor**
- ✓ Is í an Bhreatnais an teanga Cheilteach is mó a labhraítear sa lá atá inniu ann.
  **Bréagach** (Is í Gaeilge na hÉireann an teanga is láidre)
- ✓ Labhraítear an Bhreatnais san Airgintín.
  **Fíor** (5,000 cainteoirí)
- ✓ Is teanga oifigiúil í an Bhriotáinis sa Fhrainc.
  **Bréagach** (níl aon stádas oifigiúil aici)
- ✓ Tá 3 mhíle duine a labhraíonn Gaeilge Mhanann.
  **Bréagach** (1,823)

### Réamhobair 3

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | l | m | d | s | a | o | q | h | c | n | e | k | t | f | r | j | p | b | i |


# 4F. Na Teangacha Ceilteacha

## Sleamhnán 1





**Bearnaí le líonadh:** tuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte; **Eolas a thabhairt:** tíortha ina labhraítear na teangacha, ainm na ndaoine sna tíortha sin; **gramadach:** i/in vs sa/san.

## Sleamhnán 2




**Obair bheirte:** eolas faoi na teangacha Ceilteacha.

## Sleamhnán 3




**Tuiscint:** conas teacht ar chiall fhocal nach bhfuil ar eolas.

## Sleamhnán 4

### Na Teangacha Ceilteacha
Réamhobair 4

**Féach ar na focail a bheidh san alt. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.**

| | |
|---|---|
| 1. Tíriúil | a. Insight |
| 2. Dara Cogadh Domhanda | b. It's a big difference |
| 3. Dhá scór | c. Urine |
| 4. Dornán | d. A few (handful) |
| 5. go saolófar | e. To the grave |
| 6. Léargas | f. Secretly (behind a bush) |
| 7. Ainneoin sin | g. Homely |
| 8. A scaipeadh & a cothaíodh | h. Inattention |
| 9. Neamhaird | i. Getting close to |
| 10. Mún | j. Class |
| 11. Leathchéad | k. Increase |
| 12. Chun na cille | l. Second World War |
| 13. Méadú | m. Forty (2 x *score*) |
| 14. Meath | n. Fifty |
| 15. Ar chúl sceiche | o. Notwithstanding |
| 16. Sciar | p. Professional middleclass |
| 17. Aicme | q. Spread and fostered |
| 18. Meánaicme ghairmiúil | r. Portion / share |
| 19. Is mór idir | s. That … will be born |
| 20. Ag druidim | t. decline |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

**Tuiscint, foghraíocht:** éist le foghraíocht na bhfocal; **obair bheirte:** focal Gaeilge a cheangal le míniú Béarla.

## Sleamhnán 5

### Na Teangacha Ceilteacha
Léamh

*Chaith Diarmuid Johnson an samhradh ar thóir na Briotáinise. Seo léargas ar a bhfaca sé.*

Paróiste beag tíriúil atá sa Chapel Nevez (an 'Séipéal Nua'). Ba í an Bhriotáinis teanga na ndaoine ann go dtí an dara cogadh domhanda. Tharla athrú teanga sa mBriotáin tar éis an dara cogadh domhanda, faoi mar a tharla in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir. (1) Is sna caogaidí a tógadh an chéad ghlúin páistí le Fraincis i nGaeltacht na Briotáine.

I dtús na haoise, bhí líon na gcainteoirí Briotáinise ag tarraingt ar mhilliún. I bhfad faoi bhun a leath oiread atá anois ann. (2) Faoi cheann dhá scór bliain, beidh dornán seandaoine sa Chapel Nevez fós ag labhairt na Briotáinise, faoi mar a bhí i roinnt iarGhaeltachtaí thall is abhus in Éirinn sna caogaidí. (3) As seo go ceann dhá scór bliain, ní cosúil go saolófar cainteoir Briotáinise ar bith sa Chapel Nevez. Sin léargas ar chás aon pharóiste amháin. Is sampla atá ann – micreacosma – den rud atá ag tarlú go forleathan. Go deimhin, ní dhá scór bliain an fad saoil atá ag an mBriotáinis i gceantair go leor, ach scór.

Ainneoin sin is uile, tá muintir na Briotáine an-dóchasach ar fad. (4) Ceaptar go slánóidh an t-oideachas an teanga. Ní hé an t-oideachas stáit atá i gceist, ach an t-oideachas a chuireann eagras neamhspleách ar bun. Diwan ('eascairt') an t-ainm atá ar an eagras seo.

**Léitheoireacht:** alt faoin mBriotáinis.

## Sleamhnán 6

### Na Teangacha Ceilteacha
Léamh

Bunaíodh Diwan i 1978, agus thosaigh siad ag cur scolaíochta ar naíonáin bheaga trí mheán na Briotáinise.

De réir mar a chuaigh na naíonáin in aois, chuir Diwan oideachas trí Bhriotáinis ar fáil dóibh. Anuraidh, rinne cuid de scoláirí Diwan an bac (Ardteist) den chéad uair. Tá muintir na Briotáine ar fad ar an eolas faoi Diwan. Is é an port atá ag an ngnáthdhuine go bhfuil ag éirí thar barr le Diwan. Is trí na meáin chumarsáide a scaipeadh is a cothaíodh an smaoineamh seo. Déarfadh duine gur sárobair phoiblíochta a bhí ansin.

Ach déantar neamhaird ghlan de na staitisticí. Faoi bhun 2,000 páiste atá i scoileanna Diwan. Mún dreoilín sa bhfarraige. As seo go ceann leathchéad bliain, rachaidh os cionn ceathrú milliúin cainteoir Briotáinise chun na cille. Seans go dtiocfaidh méadú ar Diwan. Fiú má thagann méadú deich n-uaire air, ní chuirfidh sin cosc ar mheath na Briotáinise. Ní hé gur éirigh go maith le poiblíocht Diwan: is amhlaidh a bhain na meáin chumarsáide cor as an scéal (úsáid as) leis an meath a cheilt. D'éirigh leo bás teanga a chur ar chúl sceiche.

Ní miste fiafraí an bhfuil cosúlacht idir seo agus cás na ngaelscoileanna in Éirinn. Is fíor a rá go raibh oiread Gaeilge sa ngnáthbhunscoil tríocha bliain ó shin in Éirinn is atá sa ngnáthGhaelscoil inniu. Bhí líon mór foghlaimeoirí Gaeilge ann riamh, ach cén sciar díobh a thug an Ghaeilge leo? Tá líon na bhfoghlaimeoirí slán. Ní leor sin.

**Léitheoireacht:** alt faoin mBriotáinis.

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 7</td>
<td>

## Na Teangacha Ceilteacha

**Léamh**

(5) Níl aon stádas oifigiúil ag an mBriotáinis i bPoblacht na Fraince. Níl léamh ná scríobh a dteanga dhúchais ag na Briotánaigh. (6) Baineann an teanga le haicme faoi leith: na feirmeoirí. Níl aon mheánaicme ghairmiúil a chleachtann an Bhriotáinis. (7) Tuairim agus uair a' chloig teilifíse in aghaidh na seachtaine a bhíonn i mBriotáinis. Cloistear gach lá ar an raidió í. Múintear an Bhriotáinis i ndornán beag scoileanna stáit, (8) agus is ábhar roghnach breise í i meánscoileanna thall is abhus. Is féidir céim ollscoile a dhéanamh i mBriotáinis ó 1989. (9) Is mór idir Briotáinis na bhfoghlaimeoirí agus na gcainteoirí dúchais: is minic nach dtuigeann an dá dhream a chéile. Is í an Bhriotáinis an t-aon teanga Cheilteach atá fós á labhairt ar mhór-roinn na hEorpa. Tá sí á labhairt ann ón gceathrú haois i leith. Roimhe sin, bhí treibheanna Ceilteacha ag labhairt na Gaeilise ó tuairim agus 500 bliain roimh Chríost. De réir dealraimh, tá ré dhá mhíle go leith bliain ag druidim chun deiridh lenár linn féin.

</td>
<td>Léitheoireacht: alt faoin mBriotáinis.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 8</td>
<td>

## Na Teangacha Ceilteacha

**Iarobair 1**

1. Léigh an t-alt arís agus breac síos na naoi bpointí a bhfuil líne fúthu i do chóipleabhar.
2. Cén tslí a bhfuil na pointí sin cosúil leis an saol atá agat féin, is é sin an saol mar chainteoir Gaeilge.
3. Labhair leis an duine in aice leat le fáil amach an bhfuil na tuairimí céanna agaibh beirt!

Más as an nGaeltacht tú labhair faoin nGaeltacht sin.
Má tá tú i do chónaí taobh amuigh den Ghaeltacht labhair faoin nGaeltacht a bhfuil cur amach agat uirthi.








</td>
<td>Scríbhneoireacht: na frásaí a bhfuil líne fúthu a bhreacadh síos; comparáid lena saol in Éirinn; obair bheirte: plé ar na tuairimí.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 9</td>
<td>

## Na Teangacha Ceilteacha

**Iarobair 2**

### Príosún do ghníomhaire Breatnaise

**GAELSCÉAL**
**22 Lúnasa, 2012**
**Anton Mac Cába**



GEARRADH 45 lá príosúnachta ar Bhreatnach, mar gur dhiúltaigh sé glacadh le hordú cúirte i mBéarla.

Bhí Jamie Bevin ar dhuine de dhream a ghlac seilbh ar oifig an Fheisire Chaomhaigh, Jonathan Evans, i gCaerdydd anuraidh. Rinneadh é sin mar agóid in éadan ciorruithe ar bhuiséad S4C.

Scríobh Bevin mana ar an mballa agus d'ordaigh an chúirt dó cúiteamh £1,021 (€1,298) a dhíol as. Dúirt sé go raibh na hacmhainní aige leis an gcúiteamh a dhíol, ach nach ndéanfadh sé sin, mar go raibh an t-ordú i mBéarla, in ainneoin gur iarr sé trí huaire gur i mBreatnais a bheadh sé.

Dúirt sé leis an gcúirt gur "pribhléid" a bhí ann dul faoi ghlas.

**PLÉ**

**Cad a cheapann sibh faoina bhfuil déanta ag an bhfear sa sliocht?**

**An ndéanfá an rud céanna ar son na Gaeilge? Cén fáth?**

</td>
<td>Léitheoireacht: alt faoi chearta teanga; plé ranga: ábhar an ailt; troid ar son teanga.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 10 | **Na Teangacha Ceilteacha** Iarobair 3<br><br>Beidh tú ag éisteacht le bean óg as Albain ag caint. An féidir leat na focail seo a dhéanamh amach sa mhír?<br><br><br><br>Is mise<br>Ag déanamh damhsa Gaelach<br>Tír mhór<br>Oileán<br>An áit<br><br>An bhfuil an Ghàidhlig cosúil leis an nGaeilge in Éirinn?<br><br>An bhfuil sí cosúil le haon chanúint faoi leith in Éirinn? Cén fáth, dar leat? | Éisteacht: Gàidhlig na hAlbain; **feasacht chultúrtha:** cosúlachtaí idir Gaeilge agus teangacha Ceilteacha eile. |

# 4G. Réaltaí na Gaeilge: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – An Ghaeilge agus daoine mór le rá |
| Stór focal | An Ghaeilge agus daoine mór le rá |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Soiséarach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh faoin nGaeilge sna meáin chumarsáide.
- ✓ Tabhair samplaí dóibh de dhaoine a bhfuil Gaeilge acu sna meáin mura féidir leo smaoineamh ar aon duine. Is é Gabriel Byrne an fear ar an sleamhnán agus tá sé ag foghlaim Gaeilge arís anois mar dhuine fásta.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad tar éis do na daltaí plé gearr a dhéanamh ina mbeirteanna.

## Réamhobair 2

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh faoi úsáid na Gaeilge sa pholaitíocht agus an tábhacht a bhaineann le ceannairí na tíre an Ghaeilge a úsáid.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad tar éis do na daltaí plé gearr a dhéanamh ina mbeirteanna. Féach na freagraí.

## Réamhobair 3

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag léamh ailt faoi bhean darb ainm Clíona Ní Chíosáin ar ball.
- ✓ Is féidir leat an sliocht ón gclár a thaispeáint dóibh chun tús a chur leis an gcaint.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun plé a dhéanamh ar an bhfoclóir a bheas san alt. Iarr orthu iarracht a dhéanamh buille faoi thuairim a thabhairt ar dtús, sula bhféachfaidh siad san fhoclóir.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin ag cinntiú go bhfuil na focail ar fad ar eolas acu. Féach na freagraí.

## Léamh

- ✓ Léigh na treoracha ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann siad cad a bheas le déanamh acu.
- ✓ Roinn an rang i mbeirteanna.

- Bíodh cóipeanna déanta agat den alt atá ag deireadh na moltaí seo. Tabhair an t-alt **Clíona Ní Chíosáin Duine A** do dhuine amháin agus **Clíona Ní Chíosáin Duine B** don duine eile.
- Caithfidh gach beirt sealanna a ghlacadh na hailt a léamh amach. Fad is a léifidh duine amháin alt amach beidh ar an duine eile éisteacht go cruinn agus na bearnaí a líonadh.
- Léigh an t-alt leis an rang ar fad agus bí cinnte go bhfuil na bearnaí líonta leis na focail chearta.

## Iarphlé 1

- Iarr ar gach beirt cúpla pointe a bhreacadh síos faoi na rudaí deacra a bhí i saol Chlíona nuair a bhí sí ag aisteoireacht.
- Pléigh na pointí a bhí ag gach beirt.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin chun na ceisteanna a fhreagairt.
- Pléigh a gcuid freagraí mar rang iomlán ansin.

## Iarobair 2

- Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an ngníomhaíocht atá ar an sleamhnán seo.
- Cuir leis an liosta post más féidir leat, nó iarr ar na daltaí cur leis más féidir.
- Is í aidhm an sleamhnáin seo ná na daltaí a chur ag machnamh faoin saol amach rompu agus na deiseanna atá ann anois do dhaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu.
- Déan plé leis an rang iomlán nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu. Is féidir leat plé a dhéanamh chomh maith ar na tréithe atá ag teastáil chun na poist áirithe a dhéanamh.

## Iarobair 3

- Cuir gach beirt ag obair ar na ceisteanna ar an sleamhán.
- Tuairimíocht atá ann agus feasacht chultúrtha.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

## Freagraí

### Réamhobair 2

Michael D. Higgins / *Micheál D. Ó hUiginn*

Uachtarán na hÉireann / An Taoiseach

### Réamhobair 3

tairbhe - benefit

iomráiteach – famous

aisteoireacht – acting

ar bís – excited / impatient

triail (le haghaidh na trialach) - audition

ainmniúchán – nomination

caonach – moss / mould

ar na bacáin – being prepared

éalú – escape / break

maoiniú – funding

guthán – phone

infheistiú – investment

ag stealladh báistí – pouring rain

taithí oibre – work experience

lách – kind

innealra – machinery

deighilt – gap / division

earnáil – sector

aigne phobail – community mind-set

gan choinne – without warning

imeallach – marginal / on the fringes

cinniúnach – fateful / deciding

blas canúna – accent



foighde (foighne) – patient

an t-ádh – luck

fuil – blood

# 4G. Réaltaí na Gaeilge

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Réaltaí na Gaeilge** Réamhobair 1<br>Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:<br>1. An bhféachann tú ar TG4? Cén fáth?<br>2. An éisteann tú le Raidió na Gaeltachta? Cén fáth?<br>3. Cé hiad na daoine cáiliúla a bhfuil Gaeilge acu, go bhfios duit?<br> | **Obair bheirte:** daoine mór le rá le Gaeilge. |
| Sleamhnán 2 | **Réaltaí na Gaeilge** Réamhobair 2<br>Cé hé an fear seo thíos? An féidir leat a ainm a scríobh go cruinn i nGaeilge agus i mBéarla?<br><br>Líon na bearnaí sna teidil anois:<br>U _ _ _ _ _ _ _ _ na hÉ _ _ _ _ _ _<br>A _ T _ _ _ _ _ _ _ _<br>An bhfuil Gaeilge ag Enda Kenny?<br>An bhfuil sé tábhachtach go bhfuil Gaeilge ag an mbeirt fhear sin? | **Feasacht chultúrtha:** úsáid na Gaeilge sa pholaitíocht, agus an tábhacht a bhaineann léi. |
| Sleamhnán 3 | **Réaltaí na Gaeilge** Réamhobair 3<br>Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh ailt faoi Chlíona Ní Chíosáin ar ball. Cad atá ar eolas agaibh fúithi?<br>An bhfuil na focail thíos ar eolas agaibh? Mura bhfuil féach san fhoclóir!<br>tairbhe<br>aisteoireacht<br>triail (le haghaidh na trialach)<br>caonach<br>éalú<br>guthán<br>ag stealladh báistí<br>lách<br>deighilt<br>aigne phobail<br>imeallach<br>blas canúna<br>an t-ádh<br>iomráiteach<br>ar bís<br>ainmniúchán<br>ar na bacáin<br>maoiniú<br>infheistiú<br>taithí oibre<br>innealra<br>earnáil<br>gan choinne<br>cinniúnach<br>foighde (foighne)<br>fuil<br> | **Obair bheirte:** plé ar na focail. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Réaltaí na Gaeilge** Léamh<br>**Treoracha**<br><br>✓ Bí ag obair leis an duine in aice leat.<br>✓ Téigí siar ar an bhfoclóir ón sleamhnán deireanach agus cuirigí ceisteanna mar seo ar a chéile: 'Cad is brí leis an bhfocal….?<br>✓ Tabharfaidh an múinteoir Cóip A do dhuine amháin agaibh agus Cóip B don duine eile.<br>✓ Caithfidh sibh an t-alt a léamh amach os ard dá chéile, alt ar alt.<br>✓ Fad is a bheidh do pháirtnéir ag léamh amach ailt duit beidh ortsa na bearnaí a líonadh i do leagan féin.<br>✓ Beidh ortsa ansin alt a léamh amach don duine eile agus beidh ar an duine sin na bearnaí ina leagan féin a líonadh. | **Obair bheirte:** alt a léamh, bearnaí le líonadh. |
| Sleamhnán 5 | **Réaltaí na Gaeilge** Iarphlé 1<br><br>Tar éis daoibh an t-alt a léamh faoi Chlíona, reacaigí síos cúpla rud a bhí deacair di nuair a bhí sí ag aisteoireacht agus cúpla rud a thaitin go mór léi ag an am.<br>**Plé**<br>1. Ar mhaith leat bheith i d'aisteoir? Cén fáth?<br>2. Cad iad na tréithe is tábhachtaí a bheadh ag teastáil le bheith i d'aisteoir?<br>3. An bhfuil saol deacair nó éasca ag aisteoirí mór le rá? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh? | **Obair bheirte:** pointí faoin alt a phlé, ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 6 | **Réaltaí na Gaeilge** Iarphlé 2<br>Féach ar na poist ar fad atá ar fáil do dhaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu. Cuir na poist sna boscaí atá fíor fút féin. Mar shampla, dúirt Clíona gur shíl sí gur mhaith léi bheith ina múinteoir ach níl aon fhoighne aici. Chuirfeadh sise an post ***Múinteoir*** sa bhosca ***Ní dóigh liom***. Féach cad atá ag an duine in aice leat nuair atá tú críochnaithe.<br>Aisteoir<br>Múinteoir<br>Aistritheoir<br>Scríbhneoir<br>File<br>Iriseoir<br>Láithreoir nuachta<br>Teangeolaí<br>Ollamh<br>Go cinnte!<br>Tá seans maith ann…<br>Ní bheadh a fhios agat…<br>Ní dóigh liom…<br>Is cinnte nach… | **Obair bheirte, stór focal:** plé ar phoist le Gaeilge; **feasacht fostaíochta:** na féidearthachtaí atá ann do dhaoine le Gaeilge; **plé ranga:** tréithe pearsanta atá de dhíth i bpoist éagsúla. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Réaltaí na Gaeilge** Iarphlé 3<br>**Imeallach**<br>An bhfuil na daoine thíos imeallach, dar leat? Cén fáth?<br> <br>An bhfuil muintir na Gaeltachta imeallach, dar leat? Cén fáth?<br>An bhfuil cainteoirí Gaeilge i mBaile Átha Cliath imeallach, dar leat? Cén fáth? | **Obair bheirte, feasacht chultúrtha:** an t-imeallú. |

# Fócas ar Theanga
## Inscne an ainmfhocail: Nótaí an Mhúinteora

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
|---|---|
| Spriocanna | Aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an ainmfhocal sa Ghaeilge |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha ginearálta faoi na hainmfhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha.

Bí cinnte go míníonn tú dóibh nach bhfuil sna rialacha seo ach treoracha i ndáiríre agus gur cheart dóibh an foclóir a úsáid má tá siad in amhras. Abair leo go bhfuil go leor eisceachtaí ann agus mar sin gur chóir dóibh inscne an fhocail a fhoghlaim gach uair a fhoghlaimíonn siad focal nua.

Is fiú ag an bpointe seo dul siar ar an tslí an foclóir a úsáid mar is ceart.

### Freagraí

Braitheann na freagraí ar na samplaí a bhíonn ag na daltaí féin.

*Féach leathanach 101 – 111 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga:** Inscne an Ainmfhocail

Sleamhnán 1



## An t-ainmfhocal


baininscneach

Seo thíos na grúpaí focal de na focail bhaininscneacha. An féidir leat féin agus an duine in aice leat cur leis an liosta?

| | |
|---|---|
| Focail a chríochnaíonn le –eog / -óg:<br><br>**fuinneog, bábóg** | Focail a chríochnaíonn le consan caol:<br><br>**conclúid, sráid, próifíl, anáil, oscailt, tuiscint, tiomáint, cúirt, sábháil, seic, céim, síocháin, cóip, stoirm** |
| Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:<br><br>**filíocht, cleasaíocht** | Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:<br>**gluaiseacht, daonnacht** |
| Focail a chríochnaíonn le –chan:<br><br>**athbheochan** | Focail a chríochnaíonn le –lann:<br><br>**pictiúrlann, bialann** |

**Gramadach:** focail bhaininscneacha.

Sleamhnán 2



## An t-ainmfhocal

baininscneach


Nuair a bhíonn inscne an fhocail ar eolas agat is féidir leat an t-alt a chur leis gan aon stró! Féach ar na samplaí seo:

| | |
|---|---|
| Focal a thosaíonn le guta<br>(ní chuirtear aon ní i bhfeidhm): | an áit |
| Focail a thosaíonn le consan<br>(cuirtear séimhiú ar an bhfocal): | an bhábóg |
| Focail a thosaíonn le s<br>(cuirtear t rompu): | an tsráid |
| Focail a thosaíonn le d agus t<br>(ní chuirtear aon ní i bhfeidhm): | an duine |

Cuir an t-alt roimh na focail ar fad ar an sleamhnán deireanach.

**Gramadach:** úsáid an ailt le hainmfhocail bhaininscneacha.

Sleamhnán 3




## An t-ainmfhocal

firinscneach

Seo thíos na grúpaí focal de na focail fhirinscneacha. An féidir leat féin agus an duine in aice leat cur leis an liosta?

| | |
|---|---|
| Focail a chríochnaíonn le guta:<br><br>**iascaire, trócaire, ceo, páiste, scrúdú** | Focail a chríochnaíonn le consan leathan:<br><br>**trealamh, pobal, amhrán, iarratas, buicéad, samhradh, scéal, staidéar, príosún, pictiúr, déantús** |
| Focail a chríochnaíonn le –ín, nuair is 'níos lú' atá i gceist:<br><br>**cailín, toitín** | Focail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth:<br><br>**siúinéir, múinteoir, dochtúir, cúntóir** |
| Focail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu:<br><br>**ceacht, acht** | |

**Gramadach:** ainmfhocail fhirinscneacha.

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: úsáid an ailt le hainmfhocail fhirinscneacha.</td>
</tr>
</table>

# Fócas ar Theanga
## *sa* agus *i*: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar ***sa*** agus ***i*** |
| Stór focal | Ginearálta |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí cathain a úsáidtear sa / san / i / in.

Bí cinnte go míníonn tú dóibh go mbíonn urú tar éis ***i*** agus go bhfuaimnítear ***fh*** mar ghuta agus dá bhrí sin leantar na rialacha céanna le guta, mar shampla: san fhuacht.

### *Freagraí*

1. Níl aon suim agam **sa** cheol.
2. Tá sí ina cónaí **sa** Ghearmáin.
3. An raibh tú riamh **i** Meiriceá?
4. Cad atá **san** uisce?
5. Ní raibh mé riamh **in** áit mar seo.
6. Cé atá **sa** bhaile?
7. Tá sé ar cuairt **i** gCorcaigh.
8. Cén teanga a labhraítear **in** Albain?
9. Labhraíonn siad Breatnais **sa** Bhreatain Bheag.
10. Tar isteach, ná fan **san** fhuacht.

## **Fócas ar Theanga:** sa agus i

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | ***Sa* agus *i***<br>Féach:<br>**i** = in<br>**i gCúba**<br>**sa** (i + an) = in the<br>**sa Spáinn**<br>**in** roimh ghuta<br>**in Albain**<br>**san** roimh ghuta<br>**san Iodáil** | **Gramadach:** sa agus i le tíortha. |
| Sleamhnán 2 | ***Sa* agus *i***<br>Roghnaigh an focal ceart le cur sna bearnaí.<br>**sa** **san** **i** **in**<br>1. Níl aon suim agam _____ cheol.<br>2. Tá sí ina cónaí _____ Ghearmáin.<br>3. An raibh tú riamh _____ Meiriceá?<br>4. Cad atá _____ uisce?<br>5. Ní raibh mé riamh _____ áit mar seo.<br>6. Cé atá _____ bhaile?<br>7. Tá sé ar cuairt _____ gCorcaigh.<br>8. Cén teanga a labhraíonn siad _____ Albain?<br>9. Labhraíonn siad Breatnais _____ Bhreatain Bheag.<br>10. Tar isteach, ná fan _____ fhuacht. | **Gramadach:** sa agus i. |

# Caibidil 5:
# **Mé Féin in Éirinn**

**A.** An teilifís

**B.** Facebook (Measartha dúshlánach)

**C.** Ceol

**D.** An bochtanas (Dúshlánach)

**E.** An béal bocht (Dúshlánach)

**F.** Mé féin agus scrúduithe (Measartha dúshlánach)

**G.** Ocáidí móra (dúshlánach)

**H.** Fócas ar theanga: i. An tuiseal gairmeach

ii. 'ró' agus 'an-'



# 5A. An teilifís: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an teilifís i saol an déagóra |
| Stór focal | an teilifís |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar cheithre mhír físe ina bhfuil déagóirí ag déanamh cur síos ar an teilifís ina saol féin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ Léigh amach a bhfuil ar an sleamhnán don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad gach rud agus cad atá le déanamh.
- ✔ Caithfidh na daltaí na freagraí cearta san aimsir láithreach a aimsiú, idir dhiúltach agus dhearfach.
- ✔ Is fiú súil siar a dhéanamh ar an aimsir láithreach ag an bpointe seo, go háirithe ar an tslí chun ceisteanna a chumadh agus a fhreagairt.
- ✔ Iarr ar gach beirt na freagraí cearta a aimsiú sula bpléann tú féin na freagraí leis an rang ar fad.

## Réamhobair 2

- ✔ Léigh amach a bhfuil ar an sleamhnán don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad gach rud agus cad atá le déanamh.
- ✔ Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus iarr orthu an cheist: *An bhféachann tú ar an teilifís go minic?* a chur ar a chéile.
- ✔ Cuir sampla den chomhrá ar an gclár más gá:

- An bhféachann tú ar an teilifís go minic?
- Féachaim, anois is arís.

- ✔ Iarr ar gach beirt an comhrá gearr a dhéanamh os comhair an ranga.
- ✔ Bí cinnte go bhfuil gach dalta in ann an cheist agus an freagra seo a thabhairt.

## Réamhobair 3

- ✔ Caithfidh gach dalta liosta de na cláir is breá leo, is maith leo agus is fuath leo a scríobh, ag tosú leis na cinn is fearr leo.
- ✔ Iarr ar dhaltaí éagsúla a liostaí a léamh amach.
- ✔ Déan iarracht rud beag cainte a spreagadh faoi na cláir áirithe, ag an bpointe seo.

## Éisteacht

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóirí ag caint faoin teilifís.
- Abair leo éisteacht leis an mír uair amháin gan aon rud a scríobh.
- Léigh na treoracha sa bhosca leo le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- Cuir an mhír ar siúl ar a laghad dhá uair eile, ag stopadh idir gach cainteoir.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu (féach an script).

## Iarobair

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leo agus abair leo an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- Níl an ghníomhaíocht an-deacair ach ba cheart go dtabharfadh sí seans do na daltaí labhairt faoi na cláir is fearr leo.
- Bí ag siúl timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta.



## Léamh

- Iarr ar gach beirt an léirmheas a léamh le chéile.
- Níl sé an-deacair, ach cuidigh leo le haon fhocal nach bhfuil ar eolas acu.
- Is féidir leat iarraidh ar dhaltaí éagsúla abairtí a léamh amach os ard duit, ag cur béime ar an bhfoghraíocht.

## Scríobh

- Abair leis na daltaí léirmheas simplí a scríobh faoin gclár is fearr leo.
- Abair leo an ceann faoi *The Americans* a úsáid, mar shampla.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a thabhairt dóibh mar obair bhaile nó mar chuid den rang.
- Bailigh na léirmheasanna agus ceartaigh iad. Téigh siar ar aon deacracht a bhí ag na daltaí, duine le duine.

# 5A. An Teilifís


<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: aimsir láithreach</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte: comhrá faoi amharc ar an teilifís.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
</td>
<td>Obair scríofa: cláir theilifíse.</td>
</tr>
</table>

Sleamhnán 4




**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

Sleamhnán 5





**Tasc labhartha:** na cláir is fearr leo agus na cúiseanna.

Sleamhnán 6




**Léitheoireacht:** alt le léamh.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>**An teilifís** Scríobh<br>Scríobh léirmheas gearr anois cosúil leis an gceann ar an sleamhnán deireanach, faoin gclár is fearr leat féin. | **Obair scríofa:** léirmheas le scríobh. |

# **5B. Facebook:** Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – na gréasáin shóisialta agus Facebook |
| Stór focal | Na gréasáin shóisialta agus Facebook |

**Straitéisí Múinteoireachta Molta**

Tá na ceachtanna bunaithe ar bheirt daltaí scoile as Baile Átha Cliath ag caint faoi Facebook.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✔ Abair leis na daltaí an fhoirm a líonadh isteach leo féin ar dtús. Níor cheart dóibh a n-ainmneacha a scríobh isteach. Féach an sampla sna Freagraí.
- ✔ Bailigh na foirmeacha ó na daltaí ansin agus measc suas go maith iad.
- ✔ Tabhair foirm amháin do gach dalta sa rang agus iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé leis an fhoirm atá acu. Caithfidh siad a bheith in ann a rá cén fáth a gceapann siad amhlaidh.
- ✔ Is féidir leis na daltaí, nach bhfuil cuntas Facebook acu, an ghníomhaíocht seo a dhéanamh chomh maith.
- ✔ Iarr ar dhaltaí éagsúla cur síos a dhéanamh ar an bhfoirm atá acu agus cé leis í.
- ✔ Téigh siar ar aon deacracht teanga a bhí acu le linn na gníomhaíochta agus má tháinig aon stór focal nua chun cinn, scríobh ar an gclár é.

## Réamhobair 2 (A agus B)

- ✔ Tabhair bileog **A** dóibh siúd a bhfuil Facebook acu agus bileog **B** dóibh siúd nach bhfuil Facebook acu.
- ✔ Léigh tríd an dá bhileog leis na grúpaí agus abair leo na ceisteanna a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- ✔ Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo más gá.
- ✔ Pléigh na ceisteanna ar fad (**A** agus **B**) le gach duine sa rang.

## Éisteacht

- ✔ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le beirt ag caint faoi Facebook.
- ✔ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad éisteacht leis an mír den chéad uair gan aon rud a scríobh síos fós.
- ✔ Ansin, cuir an mhír ar siúl don dara huair agus abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a fhreagairt.
- ✔ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

## Iarobair 1

- ✓ Téigh siar ar a bhfuil ar an sleamhán.
- ✓ Iarr orthu na ceisteanna faoin ainm briathartha a phlé ina mbeirteanna, is é sin na samplaí i gcló dubh. Mínigh dóibh go dtagraíonn an 'á' siar go dtí an chuspóir. Thiocfadh leat dul siar a dhéanamh ar an aidiacht shealbhach ag an bpointe seo agus a mhíniú dóibh gurb ionann na rialacha a bhaineann leis an 'á' + ainm briathartha agus an aidiacht shealbhach. Mar shampla:

- Tá an glanadh á dhéanamh aige. (glanadh = firinscneach)
- Tá an obair á déanamh aige. (obair = baininscneach)
- Tá na scrúduithe á ndéanamh aige. (scrúduithe = uimhir iolra)

- ✓ Ansin, caithfidh siad na bearnaí a líonadh sna habairtí faoi cheist 3 (féach na Freagraí).

## Iarobair 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad agus roinn na daltaí i ngrúpaí chun an chéad cheist a phlé.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag gach duine faoi cad is bulaíocht ann.
- ✓ Iarr ar gach grúpa na téarmaí Gaeilge a cheangal leis na téarmaí Béarla (féach na Freagraí).
- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla samplaí de na cineálacha éagsúla bulaíochta a sholáthar duit.

## Iarobair 3

- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí arís agus léigh tríd an sleamhnán leo.
- ✓ Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé sna grúpaí.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga chun cuidiú leo.
- ✓ Pléigh na pointí agus tuairimí ar fad leis an rang ina iomláine ansin.
- ✓ Féach ar na nótaí atá ar fáil ar an suíomh idirlín: http://www.watchyourspace.ie/ga/do-spas/gan-aghaidh-gan-ainm-gan-trocaire-bulaiocht-anaithnid-ar-line/

## Cibearbhulaíocht

Tarlaíonn seo nuair a bhaineann an bulaí úsáid as an idirlíon chun bulaíocht a dhéanamh. Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta de réir mar atá an teicneolaíocht ag fás agus ag forbairt. Baintear úsáid as an téarma 'cibearbhulaíocht' nuair a dhéantar bulaíocht ar dhuine óg trí theicneolaíocht dhigiteach agus fóin shoghluaiste, trína náiriú, trí bhagairtí agus trí chiapadh.

### Tá dhá chineál cibearbhulaíochta ann:

Ionsaí díreach ina gcuirtear teachtaireachtaí díreacha go dtí an t-ógánach agus ionsaí trí úsáid a bhaint as duine nó daoine eile chun cibearbhulaíocht a dhéanamh ar an íospartach.

### Samplaí d'iompar cibearbhulaíochta:

Teachtaireachtaí ionsaitheacha nó magadh ar Facebook, Twitter agus araile.

- Tráchtanna, físeáin nó íomhánna maslacha ar líne

- Scaipeadh cúlchainte ar líne
- Briseadh isteach ar do chuntas ar líne

### Chun cibearbhulaíocht a sheachaint:

- Ná tabhair do phasfhocal d'aon duine.
- Logáil amach as do ríomhphost nó as Facebook i gcónaí.
- Bíodh sé de nós agat logáil amach go háirithe nuair a bhíonn tú ag úsáid ríomhaire poiblí.
- Roghnaigh do chairde go cúramach ar Facebook. Tá sé tábhachtach go smaoineofá ar cé leis a bhfuil tú ag iarraidh do chuid eolais a roinnt.
- Bí múinte le daoine eile ar Facebook. Smaoinigh ar céard atá á rá agat ar fhaitíos go ngortófá nó go náireofá duine eile.

### Chun déileáil le cibearbhulaíocht:

- Ná freagair aon duine atá ag déanamh cibearbhulaíochta ort.
- Ba cheart do ghuthán nó do ríomhaire a mhúchadh.
- Mura bhfaigheann an bulaí aon fhreagra, seans maith go n-éireoidh sé bréan den scéal agus go stopfaidh sé.
- Cuir do sholáthraí seirbhísí Idirlín ar an eolas. B'fhéidir go mbeidís in ann stop a chur le cuid de na teachtaireachtaí ar líne nó leis na glaonna agus teachtaireachtaí ar an bhfón.
- Athraigh do shonraí teagmhála. Roghnaigh ainm úsáideora, pasfhocal, seoladh ríomhphoist nó uimhir nua.
- Má tá na teachtaireachtaí tromchúiseach agus bagrach ba cheart dul go dtí na Gardaí.
- Chun cuidiú leis na Gardaí, ba cheart duit cuntas a choinneáil ar am agus ar dhátaí na dteachtaireachtaí.

### Cén fáth a ndéanann daoine bulaíocht?

Tá go leor tosc i gceist leis na fáthanna a ndéanann daoine bulaíocht. Bíonn tosca sa bhaile, ar scoil agus sa phobal i gcoitinne bainteach le hiompar ionsaitheach. Ar na tosca baile a d'fhéadfadh a bheith mar chúis tá, easpa ceana agus cúraim, an iomarca saoirse, cruálacht, tuismitheoirí foréigneacha agus ar na tosca scoile a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá pionós ródhian, náireach agus maslach agus easpa feitheoireachta.

### Tionchar na bulaíochta
### Seo cuid de na tionchair a d'fhéadfadh bulaíocht a chur ar mhic léinn:

- Strus
- Laghdú cumais chun díriú isteach ar obair scoile
- Easpa spreagtha agus fuinnimh
- Obair scoile lag
- Imní
- Easpa goile nó gan a bheith ag ithe go leor
- Dúlagar
- Fadhbanna codlata
- Fadhbanna boilg agus putóige

### Céard is féidir a dhéanamh faoin bhulaíocht

Má tá bulaíocht á déanamh ort ba cheart duit é a insint do thuismitheoir, do mhúinteoir nó do chara a bhfuil muinín agat astu. Nuair a insíonn tú do dhuine éigin faoin bhulaíocht ba cheart duit a insint cé atá á déanamh, cé chomh minic agus atá sé ag tarlú, cé eile atá ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú.

## Freagraí

### Réamhobair 1

**Eolas ginearálta**

| | |
|---|---|
| Gnéas | *bean / fear* |
| Lá breithe | *17 Aibreán 1995* |
| Áit chónaithe | *9 An Bóthar Glas, An Daingean, Co. Chiarraí* |

**Eolas pearsanta**

| | |
|---|---|
| Suimeanna | *teangacha, cispheil agus léitheoireacht* |
| Ceol is fearr | *ceol indie – Vampire Weekend* |
| Cláir theilifíse is fearr | *Homeland* |
| Scannáin is fearr | *The Godfather* |
| Leabhair is fearr | *Jane Eyre, Charlotte Bronte* |
| Déan cur síos ar do ghrianghraf próifíle | Pictiúr díom féin agus mo chara is fearr ag cóisir bliain ó shin. |
| Déan cur síos ar do ghrianghraf clúdaigh | Pictiúr de mo theaghlach. |


### Iarobair 1

- Tá an bruscar á **chur** amach aige.
- Cad atá á **dhéanamh** agat?
- Tá an fhuinneog á **glanadh** aici.
- Is mór an trua go bhfuil an timpeallacht á **milleadh** againn.
- Nach deas na pictiúir atá á **dtarraingt** agat?

### Iarobair 2

| | |
|---|---|
| Bulaíocht chainte | Verbal bullying |
| Bulaíocht fhisiciúil | Physical bullying |
| Bulaíocht indíreach | Indirect bullying |
| Bulaíocht Eisiaimh | Social alienation |
| Cibearbhulaíocht | Cyber bullying |

# 5B. Facebook


| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | <br>facebook<br>Réamhobair 1<br>Líon isteach do phróifíl *Facebook*. Ná scríobh d'ainm.<br>**Eolas ginearálta**<br>Gnéas ___<br>Lá breithe ___<br>Áit chónaithe ___<br>**Eolas pearsanta**<br>Suimeanna ___<br>Ceol is fearr ___<br>Cláir theilifíse is fearr ___<br>Scannáin is fearr ___<br>Leabhair is fearr ___<br>Déan cur síos ar do ghrianghraf próifíle ___<br>Déan cur síos ar do ghrianghraf clúdaigh ___ | **Tasc scríofa:** próifíl Facebook a líonadh isteach; **obair labhartha:** daoine a aithint ón gcur síos. |
| Sleamhnán 2 | <br>facebook<br>Réamhobair 2 (A)<br>**Líon isteach an ceistneoir seo faoi *Facebook*.**<br>1. Cé chomh fada is atá cuntas *Facebook* agat?<br>2. Cé chomh minic is a bhíonn tú ar *Facebook*?<br>3. Cé mhéad cairde atá agat ar *Facebook*?<br>4. Cé chomh minic is a athraíonn tú do stádas, de ghnáth? Cén fáth?<br>5. Cé chomh minic is a chuireann tú grianghraf nua in airde ar do leathanach *Facebook*?<br>6. Cé chomh minic is a athraíonn tú do ghrianghraf próifíle nó clúdaigh? Cén fáth?<br>7. Cén fáth a mbaineann tú úsáid as *Facebook*?<br>8. Cén teanga a úsáideann tú de ghnáth ar *Facebook*? Cén fáth? | **Obair bheirte:** an ceistneoir faoi Facebook a líonadh isteach – daoine a bhfuil leathanach Facebook acu. |
| Sleamhnán 3 | <br>facebook<br>Réamhobair 2 (B)<br>**Líon isteach an ceistneoir seo faoi *Facebook*.**<br>1. An bhfuil leathanach *Facebook* ag an gcuid is mó de na daoine sa rang?<br>2. Cén fáth nach bhfuil *Facebook* agat féin?<br>3. Cad a dhéanann daoine ar *Facebook*, dar leat?<br>4. Cad iad na buntáistí a bhaineann le *Facebook*, dar leat?<br>5. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le *Facebook*, dar leat? | **Obair bheirte:** an ceistneoir faoi Facebook a líonadh isteach – daoine nach bhfuil leathanach Facebook acu. |

**Sleamhnán 4**





**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt faoi bheirt daltaí atá ag caint faoi Facebook.

**Sleamhnán 5**




**Gramadach:** an t-ainm briathartha; an aidiacht shealbhach; **obair scríofa:** bearnaí le líonadh.

**Sleamhnán 6**




**Obair ghrúpa:** bulaíocht a phlé; **plé ranga:** tuairimí a roinnt; **tasc scríofa:** téarmaí Gaeilge agus Béarla a cheangal.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>facebook<br>Iarobair 3<br>**Bí ag obair leis an duine in aice leat.**<br>Déanaigí liosta de na slite inar féidir bulaíocht a dhéanamh ar líne – cibearbhulaíocht?<br>___<br>Conas is féidir déileáil le cibearbhulaíocht?<br>___<br>Cén tslí a gcuireann cibearbhulaíocht isteach ar dhéagóir, dar leat?<br>___ | **Obair bheirte/ghrúpa:** pointí faoi chibearbhulaíocht a phlé. |

# 5C. Cúrsaí ceoil: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an ceol ina saol féin |
| Stór focal | An ceol |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá mhír físe ina bhfuil déagóirí ag déanamh cur síos ar chúrsaí ceoil.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá canúint Chonnacht ag an mbeirt chainteoirí.

## Réamhobair 1

- ✔ Cuir an dá fhís ar siúl i ndiaidh a chéile agus cuir na daltaí ar a suaimhneas. Ní gá ach nóiméad de gach mír a chur ar siúl, mar tuigtear cé chomh gearr is atá na ranganna.
- ✔ Scríobh ***Sibéal Davitt*** agus ***Lurgan*** ar an gclár, agus breac síos ar an gclár na tuairimí a bhí ag na daltaí faoin dá fhís faoi na teidil sin.

## Réamhobair 2

- ✔ Léigh tríd na focail atá sa bhosca glas ar an sleamhnán. Mínigh aon fhocal nach bhfuil ar eolas ag na daltaí.
- ✔ Iarr orthu, ag obair leo féin ar dtús, na focail a chur faoi na teidil sna scamaill.
- ✔ Abair leo a gcuid oibre a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo.
- ✔ Pléigh thusa tuairimí an ranga ansin.

## Réamhobair 3

- ✔ Iarr ar gach beirt na cineálacha ceoil ar chlé a cheangal leis na samplaí ceoil cearta ar dheis. Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach cineál ceoil ar chlé, ba cheart dóibh buille faoi thuairim a thabhairt.
- ✔ Ceartaigh an méid sin (féach na Freagraí).
- ✔ Abair leo na cineálacha ceoil a chur in ord – uimhir 1 don chineál ceoil is fearr leo agus mar sin ar aghaidh.
- ✔ Cuir ceisteanna ar dhaltaí éagsúla faoin gcineál ceoil is fearr leo.

## Éisteacht

- ✔ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóirí óga ag caint faoin gceol.
- ✔ Abair leo éisteacht leis uair amháin gan aon rud a scríobh.

- Léigh na ceisteanna 1-4 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.

## Iarobair 1

- Bíodh an sleamhnán seo in airde agus iarr ar gach beirt na huirlisí ceoil a bhreacadh síos ina gcóipleabhair.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin. Féach na Freagraí.

## Iarobair 2

- Abair leis na daltaí na huimhreacha pearsanta (1-10) a scríobh ina gcóipleabhair. Téigh siar ar an tábhacht a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta agus cén uair a úsáidtear iad.
- Cuir gach beirt le chéile arís agus iarr orthu na ceisteanna (1-10) a chur ar a chéile. Mínigh dóibh nach bhfuil ach focal amháin ag teastáil sna freagraí.
- Braitheann cuid de na freagraí ar shaol pearsanta na ndaltaí, ach féach na Freagraí chun na cinn eile a fháil.

## Plé

- Léigh na ceisteanna ar an sleamhán agus bí cinnte go dtuigeann na daltaí ar fad iad.
- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus abair leo na ceisteanna a chur ar a chéile.
- Mínigh dóibh arís go bhfuil sé nádúrtha sa Ghaeilge freagra a thabhairt ar cheist, ag baint úsáide as an mbriathra céanna.
- Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis na foghlaimeoirí le linn na gníomhaíochta agus breac síos aon bhotún a chluineann tú, chun plé leo tar éis na gníomhaíochta.

## Freagraí

### Réamhobair 3

| | |
|---|---|
| Ceol clasaiceach | Vivaldi, *Na Ceithre Shéasúr* |
| Popcheol | Madonna, *Hard Candy* |
| Ceol ar an sean-nós | *Bruach na Carraige Báine* |
| Ceol Hip Hap | Jay-Z, *American Gangster* |
| Na gormacha | John Lee Hooker, *Boom Boom* |
| Ceol traidisiúnta | Altan, *Gleann Nimhe* |
| Rac-cheol | The Rolling Stones, *Sticky Fingers* |
| Ceol domhanda | Amadou & Mariam, *Welcome to Mali* |
| Ríl | *An Rógaire Dubh* |
| Ceol leictreonach | Daft Punk, *Random Access Memories* |


### Iarobair 1


An pianó
An fhidil
An bosca ceoil
An dordveidhil
Na drumaí
An giotár
An bodhrán
An fheadóg stáin
An chláirseach/an chruit
An trumpa
An bainseó

1. Cé mhéad deirfiúr atá agat?
2. Cé mhéad deartháir atá agat?
3. Cé mhéad múinteoir Gaeilge atá sa scoil?
4. Cé mhéad cara maith atá agat?
5. Cé mhéad duine atá sa ghrúpa *U2*? **Ceathrar**
6. Cé mhéad duine atá i lánúin? **Beirt**
7. Cé mhéad seantuismitheoir atá agat?
8. Cé mhéad duine a leag cos ar Mhars? **Duine ar bith**
9. Cé mhéad ban-Uachtarán a bhí againn in Éirinn? **Beirt**
10. Cé mhéad páistí a bhí i gClann Lir? **Ceathrar**

# 5C. Ceol

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Cúrsaí Ceoil** Réamhobair 1<br>**Féach ar an dá fhíseán:**<br><br><br>**Cé acu ab fhearr leat?**<br>**Cén fáth?** | **Féachaint:** dhá fhíseán ceoil; **obair ranga:** tuairimí a lorg. |
| Sleamhnán 2 | **Cúrsaí Ceoil** Réamhobair 2<br>Féach ar an liosta focal seo thíos. Roghnaigh na focail is fearr a oireann do gach físeán agus cuir sna boscaí cearta iad!<br>bríomhar<br>traidisiúnta<br>comhaimseartha<br>séimh<br>proifisiúnta<br>banna ceoil<br>tionchar iasachtach<br>nua-aimseartha<br>Éireannach<br>aistriúchán<br>Sibéal Davitt<br>Lurgan | **Stór focal:** cur síos ar na físeáin. |
| Sleamhnán 3 | **Cúrsaí Ceoil** Réamhobair 3<br>Ceangal na cineálacha ceoil leis na samplaí ceoil.<br>Ceol clasaiceach<br>Popcheol<br>Ceol ar an sean-nós<br>Ceol Hip Hap<br>Na gormacha<br>Ceol traidisiúnta<br>Rac-cheol<br>Ceol domhanda<br>Ríl<br>Ceol leictreonach<br><br>Amadou & Mariam, *Welcome to Mali*<br>Daft Punk, *Random Access Memories*<br>Altan, *Gleann Nimhe*<br>Jay-Z, *American Gangster*<br>The Rolling Stones, *Sticky Fingers*<br>*An Rógaire Dubh*<br>Madonna, *Hard Candy*<br>Vivaldi, *Na Ceithre Shéasúr*<br>*Bruach na Carraige Báine*<br>John Lee Hooker, *Boom Boom*<br><br>Cén cineál ceoil a thaitníonn leat féin? Cuir na cineálacha ceoil ar chlé in ord, ag cur uimhir 1 in aice leis an gcineál ceoil is fearr leat, agus mar sin ar aghaidh. | **Obair bheirte; stór focal:** stíleanna ceoil; **obair ranga:** labhairt faoi na cineálacha ceoil a thaitníonn leo. |

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte, stór focal: uirlisí ceoil</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: uimhreacha pearsanta; obair bheirte: ceisteanna le freagairt le focal amháin.</td>
</tr>
</table>

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 7</td>
<td>
</td>
<td>Obair ghrúpa: ceisteanna le cur agus le freagairt.</td>
</tr>
</table>

# 5D. An Bochtanas: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an tsochaí agus bochtanas |
| Stór focal | Bochtanas |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil dalta scoile ag tabhairt óráid díospóireachta. Tá an píosa dúshlánach go leor ó thaobh stór focal de agus ó thaobh canúna de.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhphlé 1

- ✔ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi bhochtanas go ginearálta. Beidh siad ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✔ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus cuir ar an gclár iad.

## Réamhphlé 2 (agus ar lean)

- ✔ Nuair atá tamall maith cainte déanta ag na daltaí ar cad is bochtanas ann, agus nuair atá na sainmhínithe a bhí acu pléite leis an rang ina iomláine, is féidir an chéad dá shleamhnán a thaispeáint.
- ✔ Léigh tríd na sainmhínithe ar fad leo agus déan plé leo ar conas atá na sainmhínithe éagsúil nó cosúil leis na cinn a bhí acu féin.
- ✔ Iarr ar gach beirt ansin na nithe sna sleamhnáin a chur in ord tábhachta. Is dócha go mbeidh gach duine den tuairim go bhfuil bia agus uisce ar na cinn is tábhachtaí (uimhir 1 agus 2), ach ba cheart go mbeadh tuairimí difriúla ag grúpaí éagsúla maidir leis na cinn eile. An bhfuil oideachas níos tábhachtaí ná dídean i saol duine, mar shampla?
- ✔ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad ansin. Scríobh aon stór focal nua a tháinig chun cinn ar an gclár.

## Réamhobair 1

- ✔ Is gníomhaíocht é seo a chuireann an stór focal is deacra a bheidh sa mhír éisteachta i láthair na ndaltaí.
- ✔ Abair le gach beirt na focail a cheangal leis na sainmhínithe (féach na Freagraí).
- ✔ Pléigh na focail leis an rang ina iomláine ansin.

## Réamhobair 2

- ✓ An aidhm atá leis an ngníomhaíocht seo ná aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar struchtúr na bhfocal. Feasacht teanga atá i gceist.
- ✓ Iarr ar gach beirt na focail atá cosúil lena chéile a cheangal le chéile, is é sin na focail ina bhfuil na deirí cosúil lena chéile (féach na Freagraí).
- ✓ Abair leo pointí a bhreacadh síos faoi na cosúlachtaí atá idir na focail. Bíodh na pointí seo san áireamh:

- Eagraíochtaí / Iasachtaí: Is minic a bhíonn –aí nó –í le deireadh an fhocail chun an uimhir iolra a chur in iúl. Má chríochnaíonn an focal le consan leathan, mar atá sa chás seo, cuirtear –aí leis. Má chríochnaíonn an focal le consan caol, cuirtear –í leis.
- An mhórchuid / Dúshraith: Críochnaíonn an dá fhocal seo le consan caol, rud a léiríonn gur focail bhaininscneacha iad. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal baininscneach (a thosaíonn le consan) sa tuiseal ainmneach.
- Ganntanas / Dualgas: Críochnaíonn an dá fhocal seo le consan leathan, rud a léiríonn gur focail fhirinscneacha iad. Ní bhíonn aon rud ar an ainmfhocal (a thosaíonn le consan) sa tuiseal ainmneach.
- Carthanacht / Caimiléireacht: Focail a bhfuil níos mó ná dhá shiolla iontu is focail bhaininscneacha iad de ghnáth. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal baininscneach (a thosaíonn le consan) sa tuiseal ainmneach. Mar is léir ó na samplaí seo, cuirtear an riail 'caol le caol agus leathan le leathan' i bhfeidhm i gcónaí.

- ✓ Pléigh na pointí leis an rang ina iomláine ansin, agus iarr orthu na focail ag deireadh an sleamhnáin a chur leis na grúpaí ag barr an sleamhnáin, (féach na Freagraí).
- ✓ Tá sé an-tábhachtach aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar struchtúr na bhfocal i nGaeilge an oiread agus is féidir, sa dóigh is go dtagann siad isteach ar litriú na Gaeilge. É sin ráite áfach, ní gá dul chomh domhain sin sa scéal má cheapann tú nach bhfuil do rang in ann dó. Mínigh na pointí thuas don rang chomh fada is nach gcuireann tú mearbhall orthu.

## Éisteacht

- ✓ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le mír atá deacair agus fada go leor.
- ✓ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad éisteacht leis an mír den chéad uair gan aon rud a scríobh síos.
- ✓ Ansin, cuir an mhír ar siúl arís, ag stopadh tar éis gach coda chun deis a thabhairt do na daltaí na freagraí a bhreacadh síos.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís, ag stopadh fós tar éis gach coda.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin agus déanaigí plé ar an mír.

## Iarobair 1

- ✓ Tá an seans ann go mbeidh an sleamhnán seo ródheacair do ranganna áirithe, is féidir é a fhágáil ar lár má cheapann tú nach bhfuil do rang in ann dó.
- ✓ Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag tuiscint agus ag míniú dhá ghraf faoin mbochtanas. Tá cuid de na graif i mBéarla ach beidh orthu iad a mhíniú i nGaeilge amháin.
- ✓ Léigh tríd na graif le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✓ Iarr ar gach beirt cur síos a dhéanamh ar na graif le chéile ar dtús.
- ✓ Pléigh thusa na graif leis an rang iomlán ansin, mar shampla:

**An chéad ghraf:** Ba é 77 billiún dollar an OTI a bhí ag Éirinn sa bhliain 1999. Chuaigh sé i méid go leanúnach go dtí an bhliain 2007 go dtí beagnach 200 billiún dollar. Chuaigh sé i laghad arís ansin go dtí an bhliain 2010. Tháinig méadú beag ar an OTI idir 2010 agus 2011.

**An dara graf**: Bhí i bhfad níos mó daoine bochta sa tír sa bhliain 1997 (10% den daonra) ná mar a bhí sa bhliain 2008 (3.5%). Tháinig méadú mór ar líon na ndaoine bochta idir an bhliain 2008 agus 2009 áfach.



## Iarobair 2

- Is féidir díospóireacht ranga a dhéanamh ar théama an bhochtanais.
- Is féidir an rún atá ar an sleamhnán deireanach a úsáid nó rún cosúil leis a dhéanamh leo.
- Téigh siar ar an tslí chun tús agus deireadh a chur le díospóireacht leo.

## *Freagraí*

### Réamhobair 1

| | |
|---|---|
| **1.** Eagraíochtaí deonacha | Grúpaí a dhéanann obair gan aon íocaíocht. |
| **2.** An mhórchuid | An chuid is mó. |
| **3.** Ganntanas | Díobháil nó easpa rud éigin. |
| **4.** Carthanacht | Ag cuidiú nó ag tabhairt airgid do dhaoine eile. |
| **5.** Dúshraith | Bun rud éigin, nó an chéad sraith de theach. |
| **6.** Dualgas | Oibleagáid. |
| **7.** Mangairí cogaí | Daoine a chuireann tús le cogaí. |
| **8.** Caimiléireacht | Nuair nach bhfuil duine macánta, nó mí-ionracas. |
| **9.** Gadaíocht | Goid, nó ag glacadh rud éigin nach leat é. |
| **10.** Ús | An t-airgead a íoctar ar iasachtaí. |
| **11.** Iasachtaí | Airgead a fhaightear ón mbanc, mar shampla. |

### Réamhobair 2

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| d (mangairí) | a | b (ús) | c (gadaíocht) |

# 5D. An bochtanas

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **Bochtanas** Réamhphlé 1<br>**Cad is bochtanas ann? An bhfuil sainmhíniú agat?**<br>**Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na fotheidil seo – an féidir libh a rá conas a bhaineann siad le bochtanas?**<br>**Bia**<br>**Uisce óil**<br><br>**Saoráidí sláintíochta (*sanitation facilities*)**<br>**Sláinte**<br>**Dídean**<br>**Oideachas**<br>**Eolas**<br> | **Obair bheirte/ghrúpa:** bochtanas a phlé; sainmhínithe a chumadh don bhochtanas faoi na ceannteidil atá tugtha. |
| Sleamhnán 2 | **Bochtanas** Réamhphlé 2<br>**Seo an sainmhíniú a bhí ag fear darbh ainm David Gordon ar riachtanais dhaonna, le bochtanas a sheachaint.**<br>**Bia:**<br>Caithfidh an innéacs corpmhaise (*body mass index*) a bheith níos mó ná 16.<br>**Uisce óil:**<br>Ba cheart go mbeadh uisce óil ar fáil taobh istigh de shiúlóid cheathrú uaire, agus níor cheart go dtiocfadh an t-uisce seo ó aibhneacha amháin.<br>**Saoráidí sláintíochta (*sanitation facilities*):**<br>Ba cheart go mbeadh leithreas sa bhaile nó in aice leis an mbaile.<br>**Sláinte:**<br>Ba chóir go mbeadh cóir leighis ar fáil, má tá duine an-tinn nó ag iompar clainne.<br>**Dídean:**<br>Níor cheart go mbeadh níos mó ná ceathrar ina gcónaí in aon seomra amháin; níor cheart go mbeadh urlár salachair, láibe nó cré sa teach. | **Obair ranga:** plé ar shainmhínithe dhuine eile ar an mbochtanas; **obair bheirte:** na pointí a chur in ord tábhachta. |
| Sleamhnán 3 | **Bochtanas** Réamhphlé 2 ar lean<br>**Oideachas:**<br>Ba chóir go mbeadh oideachas ar fáil do chách, nó ar a laghad go mbeadh léamh ag duine.<br>**Eolas:**<br>Ba cheart go mbeadh teacht ag gach duine ar pháipéir nuachta, ar an raidió, ar an teilifís, ar ríomhairí nó ar ghutháin.<br><br>**An raibh na riachtanais chéanna luaite agaibh féin?**<br>**Cuirigí na teidil in ord tábhachta, de réir bhur dtuairimí féin.** | **Stór focal:** focail nua le scríobh ar an gclár. |

## Sleamhnán 4

### Bochtanas
**Réamhobair 1**

Beidh tú ag éisteacht le cailín ag caint faoin mbochtanas ar ball. An féidir leat na focail a cheangal leis na sainmhínithe cearta?

| | |
|---|---|
| 1. Eagraíochtaí deonacha | Díobháil nó easpa rud éigin. |
| 2. An mhórchuid | An t-airgead a íoctar ar iasachtaí. |
| 3. Ganntanas | Oibleagáid. |
| 4. Carthanacht | Mímhacántacht nó mí-ionracas. |
| 5. Dúshraith | Grúpaí a dhéanann obair gan aon íocaíocht. |
| 6. Dualgas | Ag cuidiú le nó ag tabhairt airgid do dhaoine eile. |
| 7. Mangairí cogaí | Bun rud éigin, nó an chéad sraith de theach. |
| 8. Caimiléireacht | An chuid is mó. |
| 9. Gadaíocht | Airgead a fhaightear ón mbanc, mar shampla. |
| 10. Ús | Daoine a chuireann tús le cogaí. |
| 11. Iasachtaí | Goid, nó ag glacadh rud éigin nach leat é. |

**Stór focal:** focail ón tasc éisteachta; **obair bheirte:** na focail a cheangal lena míniú.

## Sleamhnán 5

### Bochtanas
**Réamhobair 2**

Féach ar na focail arís. Meaitseáil na focail a bhfuil na deirí céanna acu.

| | |
|---|---|
| 1. Eagraíochtaí | a. Dúshraith |
| 2. An mhórchuid | b. Dualgas |
| 3. Ganntanas | c. Caimiléireacht |
| 4. Carthanacht | d. Iasachtaí |

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| | | | |

**Bí ag obair leis an duine in aice leat.**

An féidir libh aon rud a rá faoi na focail thuas - a bhfuil na deirí céanna acu?

Cad faoi na focail seo, cuirigí leis an ngrúpa is fearr a oireann thuas (1-4) iad! Mínígí bhur rogha!!


Mangairí Gadaíocht Ús

**Feasacht teanga:** cosúlachtaí i bhfocail a aithint agus a mhíniú; **plé ranga:** na cosúlachtaí phlé agus a shoiléiriú.

## Sleamhnán 6

### Bochtanas
**Éisteacht 1**

Éist le Sorcha, an dara cainteoir, i gcomórtas díospóireachta. Freagair gach ceist tar éis gach coda.





**Cuid 1**

1. Cad é an rún, agus an bhfuil Sorcha i gcoinne nó ar son an rúin?
2. Cad air a mbeidh sí ag caint?
3. Cad a deir sí faoi *Trócaire*?

**Cuir 2**

1. Cad a deir Sorcha faoin mbeirt i mBaile Átha Cliath?
2. Déanann sí cur síos ar bhoicht na tíre seo, cad é?
3. Cad a deir sí faoi charthanacht?

**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt faoi ábhar díospóireachta.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 |  | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt faoi ábhar díospóireachta. |
| Sleamhnán 8 |  | **Réamhobair:** mínigh na graif; **obair bheirte:** cur síos le déanamh ar na graif; **plé ranga:** na torthaí a phlé. |
| Sleamhnán 9 |  | **Díospóireacht ranga:** an bochtanas. |

# **5E. An béal bocht:** Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an tsochaí agus cúrsaí eacnamaíochta |
| Stór focal | An tsochaí agus cúrsaí eacnamaíochta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar óráid le linn díospóireachta, ó dhalta scoile as Gaoth Dobhair.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le ***ró / an-*** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

## Réamhobair 1

- ✓ Léigh na treoracha agus na focail atá ar an sleamhnán. Ná mínigh na focail do na daltaí go fóill.
- ✓ Iarr orthu na focail a chur faoi na teidil chearta iad féin ar dtús, sula bpléifidh siad na focail leis na daoine in aice leo.
- ✓ Ansin, téigh féin siar ar na focail ar fad (féach na Freagraí).

## Réamhobair 2

- ✓ Léigh na nathanna cainte leis an rang agus mínigh iad más gá. Pléigh aon leagan eile atá ag an rang.
- ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí abairtí a chumadh leis na nathanna agus ansin iarr orthu iad a chur i gcomparáid leis na daoine in aice leo.
- ✓ Pléigh na freagraí leis na daltaí ansin (féach Freagraí thíos).

## Réamhobair 3

- ✓ Léigh tríd na nathanna atá ar an sleamhnán seo agus bí cinnte go bhfuil siad ar eolas ag na daltaí.
- ✓ Téigh siar ar na cinn eile (féach na Freagraí).
- ✓ Iarr ar gach beirt an cheist ag bun an sleamhnáin a phlé le chéile ar dtús sula bpléifidh tú féin í leis an rang ar fad.

## Réamhobair 4

- ✓ Tabhair deis do gach beirt sainmhíniú a chumadh ar an téarma: *an béal bocht / the poor mouth*. Tabhair an leagan Béarla dóibh más gá. Sainmhíniú: ag rá go bhfuil tú níos boichte ná mar atá tú agus tú ag iarraidh airgid/cuidiú ó dhuine, nó tú ag iarraidh go mbeidh trua ag duine duit.
- ✓ Léigh na ráitis leis an rang ansin le cinntiú go dtuigtear gach ceann.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí de bheirt agus tabhair tamall dóibh na ráitis a phlé le chéile.

- Tá cúpla rogha agat anseo, ag brath ar chumas do ranga. Más rang é nach bhfuil ró-iontach ag déanamh plé ar thopaicí, is féidir a rá leo ceann de na freagraí (*Aontaím, níl mé cinnte nó ní aontaím*) a roghnú do gach ráiteas, agus sin é. Má tá cainteoirí maithe agat sa rang, bheifeá ag súil go mbeidís in ann forbairt éigin a dhéanamh ar a gcuid tuairimí.
- Pléigh tusa tuairimí an ranga tar éis dóibh tamall maith cainte a dhéanamh leo féin.
- Scríobh aon stór focal nua ar an gclár.

## Éisteacht 1

- Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- Cuir an mhír ar siúl cúpla uair, ag stopadh tar éis freagra gach ceiste más gá.
- Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.

## Éisteacht 2

- Mínigh don rang go mbeidh siad ag éisteacht leis an mír arís, ach an t-am seo go gcaithfidh siad na focail a bhaineann le bochtanas agus na focail a bhaineann leis an mbéal bocht a scríobh síos.
- Abair leo nach bhfuil aon fhreagra beacht ann, go mbeidh tuairimí difriúla ag gach duine.
- Pléigh na focail a roghnaigh siad. Féach na Freagraí mar threoir.

## Iarphlé 1

- Abair le gach beirt an sleamhnán a léamh amach os ard le chéile.
- Iarr ar dhaltaí éagsúla abairtí ón sleamhnán a léamh amach os ard ansin.
- Iarr orthu aon eolas breise atá acu faoi Brian O'Nolan a sholáthar; nó/agus tabhair tuilleadh eolais dóibh faoin scríbhneoir.

## Iarphlé 2

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad agus mínigh aon ní nach dtuigeann siad.
- Cuir gach beirt ina suí le chéile, ag plé na gceisteanna.
- Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo más gá.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ina iomláine ansin.

## Freagraí

### Réamhobair 1

**Stát na hÉireann**
pobal na hÉireann
eagraíochtaí deonacha
caiteachas stáit
rannóg stáit

**An tríú domhan**
i mbéal forbartha
rialtas

**Bochtanas / anró**
gannchuid
ráta féinmharaithe
in umar na haimléise
ag streachailt

**Cúlú eacnamaíochta**
pá
bancbhriste
gearradh siar
géarchéim
cáin

### Réamhobair 2

Ar aon intinn le duine – ag aontú le duine, den tuairim chéanna, ag teacht le duine
I láthair na huaire – faoi láthair
Ag dul thar fóir – ag déanamh an iomarca
In umar na haimléise – i mbéal na hainnise

### Réamhobair 3



Ar eagla na heagla
Sona sásta
Ag cur agus ag cúiteamh



### Éisteacht 2

Bochtanas: ar an ghannchuid, ag streachailt leis an saol, ag brath ar thacaíocht ó thíortha saibhre, daoine ag fáil bháis in árasáin.

An béal bocht: rófhlaithiuil leis an tríú domhan, nuair nach bhfuil sé againn le tabhairt (airgead), bancbhriste, nach bhfuil an t-airgead againn, caithfidh muid ár gcuid fadhbanna féin a réiteach sula dtosaíonn muid ag iarraidh fadhbanna an tríú domhan a réiteach, má tá sé ar ár gcumas é (an t-airgead) a thabhairt.

# 5E. An béal bocht

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | <br>**An béal bocht** Réamhobair 1<br>**Beidh tú ag éisteacht ar ball beag le Megan as Gaoth Dobhair ag déanamh díospóireachta. Sula n-éisteann tú léi, cuir na focail seo thíos, atá le cloisteáil ina cuid cainte, sna rannóga cearta.**<br>i mbéal forbartha, gannchuid, pobal na hÉireann, pá, bancbhriste<br>gearradh siar, ráta féinmharaithe, eagraíochtaí deonacha, caiteachas stáit, in umar na haimléise<br>géarchéim, rialtas, ag streachailt, cáin, rannóg stáit<br> | **Stór focal:** focail le míniú; **obair aonair:** focail a rangú. |
| Sleamhnán 2 | <br>**An béal bocht** Réamhobair 2<br>1. Tá a lán nathanna cainte deasa ag Megan, cad is brí leo?<br>**- ar aon intinn le duine**<br>**- i láthair na huaire**<br>**- ag dul thar fóir**<br>**- in umar na haimléise**<br>2. An bhfuil leaganacha éagsúla agat féin? Cad iad?<br>3. Cuir na nathanna cainte in abairtí lena mbrí a léiriú.<br>4. Cad iad na habairtí a bhí ag an duine in aice leat? | **Saibhriú teanga:** nathanna cainte le míniú agus le plé; **obair aonair:** nathanna a chur in abairtí. |
| Sleamhnán 3 | <br>**An béal bocht** Réamhobair 3<br>Tá an nós ann i nGaeilge, focail a bhfuil an chiall chéanna acu a úsáid i nathanna. Go minic tosaíonn siad leis an litir chéanna freisin. Féach ar na cinn a bheidh le cloisteáil i ndíospóireacht Megan:<br>**Go huile agus go hiomlán**<br>**Fial agus flaithiúil**<br>**Lá i ndiaidh lae**<br>**Cóir agus ceart**<br>An féidir leat deireadh a chur leis na cinn seo thíos?<br>**Ar eagla** ___________________<br>**Sona** ___________________<br>**Ag cur agus** ___________________<br>Cuireann na samplaí thuas le saibhreas na Gaeilge, conas? Déan plé leis an duine in aice leat faoi sin. | **Saibhriú teanga:** nathanna cainte le míniú, le plé agus le críochnú. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An béal bocht** Réamhobair 4<br><br>**A.** Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh sainmhíniú a thabhairt ar an téarma: *an béal bocht*?<br><br>**B.** Léigí na ráitis seo a leanas, an aontaíonn sibh leo?<br><br>Abair: (i) Aontaím leis an ráiteas sin.<br>(ii) Níl mé cinnte faoin ráiteas sin.<br>(iii) Ní aontaím leis an ráiteas sin.<br><br>1. Tosaíonn an charthanacht sa bhaile.<br>2. Bíonn an béal bocht ag muintir na hÉireann go minic.<br>3. Is tír shaibhir í Éire.<br>4. Tá muintir na hÉireann an-fhlaithiúil.<br>5. Tá an saol in Éirinn níos deacra anois ná mar a bhí deich mbliana ó shin.<br>6. Tá Éire bancbhriste.<br>7. Tá níos mó daoine bochta in Éirinn anois ná mar a bhí cúig bliana ó shin.<br>8. Tá daoine óga na tíre ag dul ar imirce sa lá atá inniu ann. | **Saibhriú teanga:** an nath "an béal bocht" a mhíniú; **obair bheirte:** ráitis le plé agus aontú nó easaontú leo. |
| Sleamhnán 5 | **An béal bocht** Éisteacht 1<br><br>**Éist le díospóireacht Megan agus freagair na ceisteanna:**<br><br>1. An bhfuil foireann Phobalscoil Ghaoth Dobhair i gcoinne nó i bhfabhar an rúin?<br>2. Cén sainmhíniú a thugann Megan ar Stát na hÉireann agus ar an tríú domhan?<br>3. Cad is brí leis an nath Laidine a úsáideann Megan?<br>4. Cad a deir an stát le muintir na hÉireann faoin staid eacnamaíochta ina bhfuil an tír faoi láthair, dar le Megan?<br>5. Liostaíonn Megan cuid de na fadhbanna atá ag muintir na hÉireann faoi láthair. Cad iad?<br><br> | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 6 | **An béal bocht** Éisteacht 2<br><br>**Éist le Megan arís agus breac síos na focail / frásaí a luann sí a bhaineann le bochtanas sa tír; agus na focail / frásaí a bhaineann leis an mbéal bocht.**<br><br><br><br>Bochtanas \| Béal bocht | **Tasc éisteachta:** stór focal a bhaineann leis an ábhar "an béal bocht" a scríobh síos. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **An béal bocht** Iarphlé 1<br><br>**Léigh an píosa seo thíos faoin scríbhneoir Brian O'Nolan, a scríobh an leabhar cáiliúil *An Béal Bocht*. Léigh amach os ard é leis an duine in aice leat.**<br><br>Ba scríbhneoir, drámadóir agus aorthóir mór le rá é Brian O'Nolan. Rugadh é ar an Srath Bán i gContae Thír Eoghain sa bhliain 1911, ach chaith sé an chuid is mó dá shaol ina chónaí i mBaile Átha Cliath. Ba é an duine ba shine sa teaghlach é agus nuair a fuair a athair bás ba é a thug aire don teaghlach go léir, bhí aon duine dhéag sa teaghlach ar fad.<br><br>Chomh maith le bheith ag obair sa stát seirbhís, scríobh sé colún san *Irish Times,* agus ba iad na húrscéalta ba cháiliúla a scríobh sé ná: *At Swim-Two-Birds*; *The Third Policeman* agus *An Béal Bocht*.<br><br>Bhí a lán ainmneacha cleite (*nom de plume)* ag Brian O'Nolan. Scríobh sé a chuid úrscéalta Béarla faoin ainm Flann O'Brien, agus nuair a scríobh sé i nGaeilge bhain sé úsáid as an ainm Myles na gCopaleen. | **Léitheoireacht:** léamh os ard i mbeirteanna; **eolas:** tabhair eolas faoin údar. |
| Sleamhnán 8 | **An béal bocht** Iarphlé 2<br>**Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:**<br><br>1. Ar chuala tú faoin scríbhneoir Brian O'Nolan riamh?<br>2. Cad is brí le Myles na gCopaleen, dar leat?<br>3. Cén sloinne atá ort féin? An sloinne coitianta é?<br>4. Cén cúlra a bhaineann le do shloinne?<br>5. An bhfuil leagan eile (i mBéarla nó i dteanga eile) de d'ainm? Cad é?<br>6. Ar mhaith leat d'ainm a athrú? Cen fáth?<br> | **Obair bheirte:** ceisteanna le plé faoi Brian O'Nolan agus sloinnte. |

# 5F. Mé féin & scrúduithe: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus foghraíochta na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – na scrúduithe |
| Stór focal | Na scrúduithe agus roinn IV i bpáipéar 1 |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Ní rang é a phléann strus na scrúduithe amháin, téitear i ngleic go pointe le conas déileáil leis an gceist chumadóireachta sa scrúdú Gaeilge. Moltar cur leis na moltaí agus leis na tuairimí atá sa rang faoi conas dul i ngleic leis an gcuid sin den scrúdú.

## Réamhobair 1

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán amach don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- Caithfidh na daltaí na focail chuí a chur sna boscaí cearta (féach na Freagraí).
- Mínigh do na foghlaimeoirí gur minic a bhíonn mothúchán ***ort*** sa Ghaeilge, ar nós – *tá ocras orm / bíonn fearg orm*. In amanna eile is ionann an struchtúr Gaeilge agus an struchtúr Béarla: briathar + aidiacht, mar shampla: Bím neirbhíseach.
- Mínigh don rang gurb ionann 'ag + briathar' as Gaeilge agus '-ing' an Bhéarla.
- Is féidir a mhíniú do na foghlaimeoirí ag an bpointe seo freisin conas aidiacht a thuiscint: -each / -ach / -úil / -iúil / -te / -ta.
- Tabhair sampla amháin le haghaidh gach colúin, más gá.

## Réamhobair 2

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán amach don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- A – Iarr orthu breacadh síos conas a mhothaíonn siad féin faoi scrúduithe. Pléigh tuairimí gach duine agus breac síos ar an gclár aon stór focal nua a thagann chun cinn.
- B – Cuir an mhír ar siúl faoi dhó. Ba cheart go mbainfidís sult as an mír. Iarr orthu na mothúcháin ar fad a ritheann leo le linn na míre a scríobh síos agus ansin na focail atá acu a chur i gcomparáid leis na daoine in aice leo.
- Pléigh thusa an stór focal ar fad a bhíonn ag gach duine agus déan iarracht caint a spreagadh faoin mbrú a bhaineann le scrúduithe.

## Réamhobair 3

- Roinn an rang in dhá ghrúpa, grúpa A agus grúpa B.
- Déanfaidh grúpa A liosta de na buntáistí a bhaineann le scrúduithe agus déanfaidh grúpa B liosta de na míbhuntáistí a bhaineann le scrúduithe.
- Iarr ar dhaltaí éagsúla ó ghrúpa A pointí difriúla a léamh amach agus scríobh ar an gclár iad. Abair leis na daltaí ó ghrúpa B na pointí sin a bhreacadh síos ina gcóipleabhair – murar scaip tú cóipeanna den sleamhnán (Réamhobair 3) orthu cheana.

- Ansin, iarr ar dhaltaí éagsúla ó ghrúpa B pointí difriúla a léamh amach agus scríobh ar an gclár iad. Abair leis na daltaí ó ghrúpa A na pointí sin a bhreacadh síos ina gcóipleabhair.
- Bíodh plé ginearálta agat ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le scrúduithe.

## Léamh 1 / 2 /3

- Léigh na treoracha atá ar shleamhnán **Léamh 1** leis an rang sa dóigh is go dtuigeann siad go maith a bhfuil le déanamh acu.
- Iarr ar gach beirt **na treoracha** a léamh ar dtús agus téigh siar ar aon stór focal nach dtuigeann siad. Bí cinnte go dtuigeann gach dalta na treoracha ar fad.
- Iarr ar gach beirt **na ceisteanna** féin a léamh ansin agus téigh siar ar aon stór focal nach dtuigeann siad. Bí cinnte go dtuigeann gach dalta na ceisteanna ar fad.

## Iarphlé 1

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leo agus abair leo an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís, ach iarr orthu **cuid A** a dhéanamh ina n-aonar.
- Abair le gach beirt na pointí a scríobh siad faoi **chuid A** a chur i gcomparáid le chéile, agus difríocht amháin a bhí eatarthu a scríobh faoi **chuid B**.
- Pléigh na roghanna éagsúla a bhí ag na foghlaimeoirí.
- Is é atá i gceist le **cuid C** ná deis a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na deacrachtaí a bhíonn acu tús a chur le píosa scríbhneoireachta.
- Bí ag siúl timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta.

## Iarphlé 2

- Iarr ar gach beirt na pointí a léamh amach le chéile.
- Léigh thusa na pointí leis an rang ar fad ansin agus pléigh aon ní nach dtuigeann siad.

## Scríobh


- Iarr ar an rang plean a dhéanamh amach don cheist a roghnaigh siad.
- Mínigh dóibh gur cheart dóibh amhlaidh a dhéanamh agus iad i scrúdú.
- Bailigh na pleananna agus ceartaigh don chéad rang eile iad; nó ceartaigh gach plean os comhair an ranga.
- Ba chóir cur leis an gcomhairle faoi scrúduithe más féidir.

### Freagraí

| | | |
|---|---|---|
| Fearg, neirbhíseach, ag clamhsán, dallamullóg, áthas, eagla, sceon, anbhá, ag cur i gcéill, ag caoineadh, brón, faoiseamh, suaite, diongbháilte, ag cóipeáil, éadóchas, faoi dheifir, faoi bhrú. | | |
| Bíonn _______ orm. | Bím ____________. | Briathair: |
| fearg, dallamullóg, áthas, eagla, scéin, anbhá, brón, éadóchas | neirbhíseach, suaite, diongbháilte, faoi dheifir, faoi bhrú | ag clamhsán, ag cur i gcéill, ag caoineadh, ag cóipeáil |

# 5F. Mé féin agus scrúduithe

**Sleamhnán 1**



## Mé féin & scrúduithe

**Réamhobair 1**

Féach ar na focail thíos a bhaineann le scrúduithe. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus (i) aimsígí brí na bhfocal agus; (ii) athscríobhaigí faoi na teidil chearta iad.

Fearg, neirbhíseach, ag clamhsán, dallamullóg, áthas, eagla, scéin, anbhá, ag cur i gcéill, ag caoineadh, brón, faoiseamh, suaite, diongbháilte, ag cóipeáil, éadóchas, faoi dheifir, faoi bhrú.

| Bíonn _______ orm. | Bím __________. | Briathair: |
|---|---|---|
| | | |

**Feasacht teanga:** bím neirbhíseach / bíonn fearg orm;

**Sleamhnán 2**



## Mé féin & scrúduithe

**Réamhobair 2**

**A**. Cad fút féin? Breac síos conas a bhíonn tú féin ag tús scrúduithe:

________________________________________
________________________________________
________________________________________
________________________________________

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**B**. Féach ar an sliocht ón gclár *Mr Bean* faoi dhó. Breac síos na focail ar fad a ritheann leat agus tú ag féachaint air don dara uair. Bain úsáid as na focail ón sleamhnán deireanach.

An raibh na focail chéanna ag an duine in aice leat?

**Obair aonair:** nóta a scríobh faoina mothúcháin féin faoi scrúduithe; **mír físeáin:** Mr. Bean, **obair scríofa:** mothúcháin a ritheann leo a bhreacadh síos; **plé ranga:** an brú a bhaineann le scrúduithe.

**Sleamhnán 3**



## Mé féin & scrúduithe

**Réamhobair 3**

Grúpa A: Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus breacaigí síos ocht mbuntáiste faoi scrúduithe. Scríobh síos faoi ***Buntáistí*** iad. Ansin, éistigí le tuairimí an ghrúpa eile agus breacaigí síos a dtuairimí faoi ***Míbhuntáistí***.

Grúpa B: Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus breacaigí síos ocht míbhuntáiste faoi scrúduithe. Scríobh síos faoi ***Míbhuntáistí*** iad. Ansin, éistigí le tuairimí an ghrúpa eile agus breacaigí síos a dtuairimí faoi ***Buntáistí***.

**Buntáistí** | **Míbhuntáistí**

**Obair aonair:** buntáistí (grúpa A)agus míbhuntáistí (grúpa B) scrúduithe a bhreacadh síos. Na pointí a chur ar an gclár; **plé ranga:** ar na buntáistí agus míbhuntáistí.

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>

**Mé féin & scrúduithe** Léamh 1

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Léigí cuid IV den scrúdú Gaeilge (ardleibhéal) ar an gcéad dá shleamhnán eile. Déanaigí na nithe seo a leanas agus sibh á léamh:

✓ Léigí na treoracha ar fad ar dtús agus cuirigí líne faoi aon fhocal nach dtuigeann sibh.

✓ Tugaigí buille faoi thuairim faoi chiall na bhfocal nár thuig sibh (sna treoracha). Pléigí na focail ansin leis an múinteoir agus leis an rang ina iomláine.

✓ Léigí na ceisteanna anois, agus cuirigí líne faoi aon fhocal nach dtuigeann sibh.

✓ Tugaigí buille faoi thuairim faoi chiall na bhfocal nár thuig sibh (sna ceisteanna). Pléigí na focail ansin leis an múinteoir agus leis an rang ina iomláine.



</td>
<td>

**Léitheoireacht:** treoracha le léamh agus le míniú.

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>

**Mé féin & scrúduithe** Léamh 2

**ROINN IV** **CEAPADÓIREACHT** **50 MARC**

**Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C** anseo thíos.

**(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)**

**A. AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE**

Scríobh ar do rogha ceann amháin díobh seo.

(i) Séasúir na bliana anseo in Éirinn.<br>
(ii) Foireann sacair na hÉireann.<br>
(iii) Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith cáiliúil.<br>
(iv) Turas scoile a raibh mé air le déanaí.<br>
(v) Ócáid mhór phoiblí in Éirinn le gairid.

</td>
<td>

**Léitheoireacht:** ceisteanna le léamh

</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>

**Mé féin & scrúduithe** Léamh 3

**B. SCÉAL nó EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:

" 'Is bulaíocht í sin. Tá mé chun rud éigin a dhéanamh faoi anois,' arsa m'athair liom."

(ii) Eachtra a tharla duit nuair a bhí tú ag dioscó le do chairde.

**C. DÍOSPÓIREACHT**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:




(i) 'Bíonn laethanta saoire rófhada ag daltaí scoile sa samhradh.'

(ii) 'Ba cheart cosc a chur le húsáid an fhóin phóca in áiteanna poiblí.'

</td>
<td>

**Léitheoireacht:** ceisteanna le léamh

</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>**Mé féin & scrúduithe** Iarphlé 1<br>**A**. Roghnaigh an cheist a dhéanfá féin, agus breac síos cúig chúis ar roghnaigh tú é:<br>**B**. Cén cheist a roghnaigh an duine in aice leat? Éist leis na cúiseanna ar roghnaigh sé/sí é agus breac síos ar a laghad difríocht amháin a bhí eadraibh:<br>**C**. Breac síos na deacrachtaí is mó a bhíonn agat tús a chur le ceist cosúil leis an gceist a roghnaigh tú: | **Obair aonair:** breac síos cén cheist a roghnóidís agus cén fáth; **obair bheirte:** comparáid a dhéanamh idir cúiseanna, cosúlachtaí agus difríocht a bhreacadh síos; deacrachtaí a bhaineann le tús a chur le scríbhneoireacht. |
| Sleamhnán 8 | <br>**Mé féin & scrúduithe** Iarphlé 2<br>Ní féidir aiste mhaith a scríobh gan pleanáil mhaith! Féach ar na pointí seo:<br>✓ Léigh gach teideal go cúramach.<br>✓ Roghnaigh teideal a bhfuil cur amach agat air.<br>✓ Déan iarracht scríobh faoi theideal a bhfuil suim agat ann.<br>✓ Déan ransú smaointe, agus breac síos na tuairimí ar fad a ritheann leat.<br>✓ Scríobh amach plean ansin don aiste a scríobhfaidh tú. Cuir na pointí a leanas san áireamh agus tú ag scríobh do phlean:<br>- **Alt 1**: Cuireann tú tús leis an scéal nó argóint agus déanann tú iarracht aird an léitheora a mhealladh.<br>- **Alt 2 – 4**: Is sna hailt seo a insíonn tú do scéal, go soiléir agus go tarraingteach; nó is sna hailt seo a chuireann tú do chuid pointí agus tuairimí ina luí ar an léitheoir.<br>- **Alt 5**: Cuireann tú críoch leis an aiste agus déanann tú iarracht suim an léitheora a choinneáil go dtí an nóiméad deireanach. Más óráid díospóireachta nó píosa iriseoireachta í d'aiste, déanann tú achoimre ar do chuid pointí ar fad agus cuireann tú an dlaoi mhullaigh ar d'argóint san alt seo. Más ceapadóireacht atá i gceist, déanann tú iarracht geit a bhaint as an léitheoir le cor sa scéal. | **Scríbhneoireacht a phleanáil:** léigh na pointí, plé aon phointe is gá. |
| Sleamhnán 9 | <br>**Mé féin & scrúduithe** Scríobh<br>**Ransú smaointe:**<br>Teideal na haiste<br>**Plean na haiste:**<br>Alt 1 (Intreoir):<br>Alt 2:<br>Alt 3:<br>Alt 4:<br>Alt 5 (Críoch, conclúid): | **Tasc scríofa:** plean a scríobh don cheist a roghnaigh siad; cuir le comhairle phleanála más féidir. |

# 5G. Ócáidí móra (Dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – traidisiúin agus ócáidí móra na hÉireann |
| Stór focal | Traidisiúin agus ócáidí móra na hÉireann |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt atá ar www.beo.ie.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhphlé 1

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde agat agus déan ransú smaointe ar na hócáidí móra agus na féilte is tábhachtaí in Éirinn.
- ✓ Déan iarracht an stór focal a fháil ó na daltaí ar dtús sula gcuirfidh tú féin an t-eolas ar fáil. Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar litriú na bhféilte ach go háirithe.
- ✓ Bíodh na cinn seo san áireamh:

- An Nollaig
- An Nollaig Bheag, Oíche Nollag na mBan
- An Bhliain Úr, Oíche Chinn Bhliana, Lá Caille
- Lá Fhéile Bríde
- Lá Fhéile Pádraig
- Lá San Vailintín
- An Cháisc (Aoine an Chéasta, Domhnach Cásca)
- Lá Bealtaine
- An tSamhain

## Réamhphlé 2

- ✓ Léigh tríd an sleamhnán leis an rang, le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil air.
- ✓ Cuir gach beirt ina suí le chéile chun na dátaí a chur leis na féilte cearta. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht agus pléigh an stór focal leis an rang ar fad tar éis tamaill (féach Freagraí thíos).

## Réamhphlé 3

- Iarr ar gach beirt na fíricí a léamh amach os ard le chéile.
- Abair leo cinneadh a dhéanamh an bhfuil siad fíor nó bréagach, fiú mura bhfuil siad cinnte faoi bhrí na bhfíricí, nó mura dtuigeann siad iad.
- Léigh na fíricí leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.
- Pléigh fírinne na bhfíricí ansin (féach Freagraí thíos).

## Léamh 1 / 2 / 3

- Bíodh cóip déanta agat de na sleamhnáin **Léamh (1-3)** do gach duine sa rang.
- Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh amach os ard le chéile.
- Abair leo líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad.
- Téigh siar ar aon stór focal a raibh deacracht ag an rang leis.
- Léigh an t-alt leis an rang ar fad ansin, ag iarraidh ar dhaltaí éagsúla ailt áirithe a léamh.
- Iarr orthu ansin a machnamh a dhéanamh faoi na briathra a bhfuil líne fúthu! Cén chanúint lena mbaineann siad? An bhfuil leagan eile ar eolas acu? Féach na Freagraí.

## Iarphlé

- Cuir an sliocht gearr ó na *Bibeanna* ar siúl uair amháin. Mínigh dóibh go bhfuil sé deacair go leor na cainteoirí a thuiscint, ach gan a bheith buartha faoi. Is minic a bhíonn seandaoine níos deacra a thuiscint sa Ghaeilge mar bíonn canúint an-láidir acu.
- Tar éis an sliocht a chur ar siúl faoi dhó, cuir ceist ar na daltaí faoin méid a thuig siad. Déan plé air sin.
- Cuir an mhír ar siúl arís, ach an iarraidh seo iarr ar na daltaí an leagan Gaeilge de na focail seo a aimsiú: Salted fish, white sauce, night of fasting, ling, jar, electricity (féach na Freagraí).
- Bíodh plé agaibh ansin faoi na difríochtaí idir an Nollaig inniu agus an Nollaig a bhí ag na mná sa mhír. Scríobh na difríochtaí ar an gclár agus déan iarracht plé a chothú ar chúis na ndifríochtaí.

## Freagraí

### Réamhphlé 2

- 1 Samhain – *Día de Muertos* / Lá na Marbh / *All Souls' Day*, féile Chríostaí
- Idir deireadh mhí na Samhna agus deireadh mhí na Nollag – Hanukkah, féile Ghiúdach
- 25 Nollaig – An Nollaig, féile Chríostaí
- Márta nó Aibreán – Cáisc na nGiúdach / *Passover*, féile Ghiúdach
- An 3ú mí den bhliain Ioslamach – *Mawlid-al-Nabi* (Breithlá Mohammad), féile Ioslamach
- Idir deireadh na Márta agus deireadh mhí Aibreáin – An Cháisc, féile Chríostaí
- 5 Bealtaine – Lá an Lucht Oibre
- 28 Samhain – *Thanksgiving* / Lá Altaithe
- An 9ú mí den bhliain Ioslamach – *Ramadan*, féile Ioslamach

### Réamhphlé 3

1) Fíor.
2) Fíor.
3) Bréagach. B'oilithrigh Phrotastúnacha iad.
4) Bréagach. Turcaí agus prátaí milse.
5) Bréagach. Is saoire shaolta í.
6) Fíor.

### Léamh 1/2/3

Dhéanfas – a dhéanfaidh

Níor thuigeas – níor thuig mé

D'fhreagraíos – d'fhreagair mé

Threabhadar – threabh siad

D'fhoghlaimíodar – D'fhoghlaim siad

Chuamar – chuaigh muid

Shroicheamar – shroich muid

Chaitheamar – chaith muid

### Iarphlé

Salted fish – iasc garbh

White sauce – anlann bán

Night of fasting – oíche troscaidh


Ling – langa

Jar – próca

Electricity – aibhléis

# 5G. Ócáidí móra

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
</td>
<td>Ransú smaointe: feilte is tábhachtaí in Éirinn.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte: féilte a mheaitseáil lena ndátaí; plé ranga: plé ar an stór focal.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte: buille faoi thuairim a thabhairt faoi na fíricí faoi fhéilte a bheith fíor nó bréagach; plé ranga: na pointí seo a phlé agus freagraí a thabhairt faoi iad a bheith fíor nó bréagach.</td>
</tr>
</table>

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>Ócáidí móra Léamh 1<br><br>Lá Altaithe: an fhéile is ansa leis na Meiriceánaigh<br><br>“Céard a dhéanfas tú Lá Altaithe?” a d’fhiafraigh cara ollscoile díom, gan mé i Meiriceá ach cúpla mí, agus mé fós gan charr, gan treoir. Níor thuigeas Lá Altaithe, i ndáiríre.<br><br>“Dheamhan a fhios agam,” a d’fhreagraíos.<br><br>“Beidh tú leat féin Lá Altaithe?”<br>“Is cosúil go mbeidh.”<br>“Bhuel, mura bhfuil pleananna eile agat, beidh tú ag teacht abhaile liomsa, mar sin.”<br><br>Nós é i Meiriceá gan éinne a fhágáil leis féin Lá Altaithe. Cuirtear féastaí ar siúl fiú do dhaoine gan dídean ar an lá seo, agus is é Lá Altaithe ceann de thrí lá mhóra na bliana i Meiriceá (Lá Nollag agus an 4 Iúil na cinn eile, ar ndóigh).<br><br>Lá tábhachtach is ea Lá Altaithe i miotaseolaíocht Mheiriceá. Tá pobal na tíre an-bhródúil as, b’fhéidir fiú níos bródúla ná mar atá siad as an 4 Iúil. Is ócáid é, tar éis an tsaoil, a cheiliúrann síocháin, cairdeas, agus carthanacht. Agus mar gheall ar an mbród sin, tá ceangal ar Mheiriceánaigh é a thaispeáint do dhaoine nach bhfaca a leithéid cheana.</td>
<td>Léitheoireacht: an t-alt a léamh amach os ard i mbeirteanna, líne a chur faoi fhocail nach dtuigeann siad; léitheoireacht os ard; foclóir: focail a mhíniú.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>Ócáidí móra Léamh 2<br><br>An chéad cheiliúradh<br><br>I ndeireadh an tsamhraidh 1620, tháinig grúpa oilithreach i dtír in Plymouth, Massachusetts, agus iad ar a mbealach go Virginia, áit a raibh Sasanaigh ina gcónaí ó 1607 i leith. Níorbh fhéidir leo seoladh thar Cape Cod in am don gheimhreadh, ámh, agus shocraíodar dul i dtír ansin.<br><br>Fuair 49 den 102 oilithreach bás an geimhreadh sin, ach threabhadar leo (they ploughed on), agus le cúnamh Indiaigh darbh ainm Squanto, a raibh Béarla aige ó na blianta a chaith sé mar sclábhaí ag na Sasanaigh, d’fhoghlaimíodar modhanna feirmeoireachta. Mhair an chuid is mó acu trí 1621, agus mar chomhartha buíochais, shocraíodar fleá a eagrú.<br><br>Ba shin, chomh fada agus is eol dúinn, an chéad dinnéar altaithe i Meiriceá.<br><br> </td>
<td>Léitheoireacht: an t-alt a léamh amach os ard i mbeirteanna, líne a chur faoi fhocail nach dtuigeann siad; léitheoireacht os ard; foclóir: focail a mhíniú.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>Ócáidí móra Léamh 3<br><br>Maidin Lá Altaithe chuamar uilig amach ag siúl. Ullmhúchán, a dúradh liom, don fhéasta a bhí le teacht. Agus, dar fia, b’fhéasta é. Chomh luath agus a shroicheamar an teach arís, luíodh isteach ar réiteach bia sa chistin, agus chaitheamar trí nó ceithre huaire an chloig ag ullmhú turcaí, prátaí, búiste (stuffing), anlann mónóg (cranberry), pióg puimcín, agus cá bhfios cad eile.<br><br>Tá dhá rud a dhéanann gach éinne i Meiriceá Lá Altaithe. Téann siad ag siúl, agus itheann siad béile ollmhór. Le tamall anuas, faraor, tá an tríú rud sleamhnaithe isteach san fhéile, is é sin, an Pheil Mheiriceánach. Imrítear dhá chluiche mhóra an lá sin, agus suíonn i bhfad an iomarca daoine os comhair an teilifíseáin.<br><br>An chéad cheann oifigiúil<br><br>Níor ceiliúradh Lá Altaithe i Meiriceá ar bhonn náisiúnta go hoifigiúil go dtí 1863, nuair a ghair an tUachtarán Lincoln lá altaithe do Dhéardaoin dheireanach mhí na Samhna an bhliain sin.<br><br>Altú do Dhia a bhí ann ar dtús, is dócha, ach ós rud é gur tír shaolta (secular) í na Stáit Aontaithe go hoifigiúil, breathnaítear ar an bhféile anois mar ócáid cheiliúrtha do gach éinne ar an Oileán Úr.<br><br>Tá an t-alt bunaithe ar alt ag Brian Ó Broin ar www.beo.ie. Tá Brian Ó Broin ag obair i Roinn an Bhéarla in Ollscoil William Paterson i Nua-Gheirsí, áit a bhfuil sé ag plé leis an Teangeolaíocht, Léann na Meánaoiseanna agus an Léann Éireannach. Is as cathair na Gaillimhe ó dhúchas é.</td>
<td>Léitheoireacht: an t-alt a léamh amach os ard i mbeirteanna, líne a chur faoi fhocail nach dtuigeann siad; léitheoireacht os ard; foclóir: focail a mhíniú.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **Ócáidí móra** Iarphlé<br>Féach ar na mná ag caint faoin Nollaig ar an gclár *Na Bibeanna,* a bhí ar TG4 sa bhliain 2011.<br> <br>Cén Ghaeilge atá acu ar na focail seo:<br>**Salted fish, white sauce, night of fasting, ling, jar, electricity**<br>Conas atá an Nollaig a bhíonn agat féin anois éagsúil ón Nollaig a bhfuil na mná ag caint uirthi sa mhír? Pléigh leis an duine in aice leat é. | **Tasc éisteachta:** sliocht as *Bibeanna* TG4 a sheinm; pléigh an méid a thuig siad; **stór focail:** focail áirithe a aimsiú; **plé ranga:** na difríochtaí idir an Nollaig inniu agus an Nollaig léirithe sa sliocht. |

# Fócas ar Theanga
## An Tuiseal Gairmeach: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | An tuiseal gairmeach a chur i láthair na ndaltaí |
| Stór focal | Ginearálta |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Níl anseo ach léargas ginearálta ar an tuiseal gairmeach. Ní dhéantar staidéar anseo ar na díochlaontaí ar fad.

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí cad atá i gceist leis an tuiseal gairmeach, san uatha agus san iolra.

### Freagraí

- ✓ Cuirtear '**a**' roimh an ainm:

  **a** Sheáin, **a** Phádraig, **a** Shiobhán, **a** Bhríd
- ✓ Cuirtear **séimhiú** ar an ainm:

  a S**h**eáin, a P**h**ádraig, a S**h**iobhán, a B**h**ríd
- ✓ Is minic ainmneacha fear a bheith firinscneach agus mar sin críochnaíonn siad go minic le consan leathan – más ea is gá an t-ainm a dhéanamh **caol**:

  a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd
- ✓ Is minic ainmneacha ban a bheith caol agus ní gá iad a chaolú mar sin:

  a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd
- ✓ Ach fiú má tá an t-ainm mná leathan ní **chaolaítear** é:

  a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd

# **Fócas ar Theanga:** An Tuiseal Gairmeach

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | **An Tuiseal Gairmeach** súil siar ar an uatha<br>Cén fáth a mbaintear úsáid as an tuiseal gairmeach? Seo thíos cúpla nod chun cuidiú leat an tuiseal gairmeach a úsáid! Líon na bearnaí.<br>✓Cuirtear _ roimh an ainm: →<br>**a** Sheáin, **a** Phádraig, **a** Shiobhán, **a** Bhríd<br>✓Cuirtear ______ ar an ainm: →<br>a S**h**eáin, a P**h**ádraig, a S**h**iobhán, a B**h**ríd<br>✓Is minic ainmneacha fear a bheith firinscneach agus mar sin críochnaíonn siad go minic le consan leathan – más ea is gá an t-ainm a dhéanamh ___: →<br>a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd<br>✓Is minic ainmneacha ban a bheith caol agus ní gá iad a chaolú mar sin: →<br>a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd<br>✓Ach, fiú má tá an t-ainm mná leathan ní _________ é: →<br>a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd | **Gramadach, feasacht teanga:** an tuiseal gairmeach. |
| Sleamhnán 2 | **An Tuiseal Gairmeach** Iolra<br>✓ Tá 'a' agus séimhiú i gceist leis an tuiseal gairmeach san iolra chomh maith: **a ch**airde<br>✓ Má chaolaítear an t-ainm san iolra de ghnáth, mar shampla: fear > fir, cuirtear **a** leis an leagan san uatha:<br>fear – fir → a fheara<br>✓ Má chríochnaíonn an t-ainm le **a** san iolra, mar shampla: bean – mná, ní chuirtear aon rud leis:<br>bean – mná → a mhná<br>✓ Má chríochnaíonn an t-ainm le **í** san iolra, mar shampla: moltóir – moltóirí, ní chuirtear aon rud leis:<br>moltóir – moltóirí → a mholtóirí | **Gramadach, feasacht teanga:** an tuiseal gairmeach. |

# Fócas ar Theanga
## ró agus an-: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar ***ró*** agus ***an-*** |
| Stór focal | Ginearálta |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha a bhaineann le *ró* agus *an*-.

## *Freagraí*

### Sleamhnán 1
Cuirtear séimhiú ar chonsan tar éis *ró*-, agus ní bhíonn fleiscín ann de ghnáth. Cuirtear fleiscín ann anois agus arís má bhíonn aon doiléire ann ó thaobh céille de, nó le dhá ghuta a scarúint óna chéile.

### Sleamhnán 2
Ní féidir a lán gutaí a bheith le chéile i bhfocail sa Ghaeilge.

### Sleamhnán 3
Cuirtear séimhiú ar chonsan tar éis an-. Ní féidir séimhiú a chur ar s/t/l/s/n tar éis an- áfach, agus ní féidir séimhiú a chur ar ghuta.

*Féach leathanach 71 – 73 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga:** ró agus an-

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 | ***Ró* agus *an-*** 1<br>Féach:<br>**rómhaith (maith)**<br>**róchrua (crua)**<br>**ródheacair (deacair)**<br>**rófhuar (fuar)**<br>**róthanaí (tanaí)**<br>**róshean (sean)**<br>**Cad a tharla do na focail idir lúibíní?** | **Gramadach:** ró gan fleiscín |
| Sleamhnán 2 | ***Ró* agus *an-*** 2<br>Féach:<br>**ró-óg**<br>**ró-aosta**<br>**ró-ionraic**<br>**ró-éasca**<br>**ró-aibí**<br>**ró-eagraithe**<br>**Cén fáth a bhfuil an fleiscín ann?** | **Gramadach:** ró le fleiscín |
| Sleamhnán 3 | ***Ró* agus *an-*** 3<br>Féach:<br>**an-mhaith (maith)**<br>**an-chrua (crua)**<br>**an-deacair (deacair)**<br>**an-fhuar (fuar)**<br>**an-tanaí (tanaí)**<br>**an-sean (sean)**<br>**an-óg (óg)**<br>**an-aosta (aosta)**<br>**Cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a thagann ar na focail tar éis *an-*?** | **Gramadach:** an- |

# Caibidil 6:
# **Mé Féin sa Saol Mór**

**A.** An duine agus an nádúr (Measartha dúshlánach)

**B.** An tríú domhan (Dúshlánach)

**C.** An tríú domhan ar lean (Dúshlánach)

**D.** Béasaí an domhain (Dúshlánach)

**E.** Cúrsaí comhshaoil

**F.** Inimirce (Measartha dúshlánach)

**G.** Me féin agus an Eoraip (Measartha dúshlánach)

**H.** Fócas ar theanga:
- i. An aimsir fháistineach
- ii. An briathar saor
- iii. Céimeanna comparáide na haidiachta



# 6A. An duine agus an nádúr: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus foghraíochta na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an nádúr |
| Stór focal | Spórt agus an nádúr |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán amach don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad gach focal. Féach na Freagraí.
- Nuair atá na gníomhaíochtaí ar fad ar eolas ag na foghlaimeoirí, iarr orthu cuid A a dhéanamh ina n-aonar.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin agus abair leo cuid B agus C a dhéanamh le chéile ansin.
- Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo.
- Pléigh na tuairimí a bhí acu maidir le gach cuid.
- Scríobh aon fhocail nua a tháinig chun cinn ar an gclár.

## Réamhobair 2

- Iarr ar na daltaí na habairtí a cheangal leis na pictiúir. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- Abair leo a gcuid freagraí a phlé leis na daoine in aice leo sula bpléifidh tusa iad. Féach na Freagraí.
- Pléigh aimsir an lae inniu, chomh maith le haimsir na seachtaine.
- Breac an stór focal a thagann aníos ar an gclár.

## Réamhobair 3

- Roinn an rang i mbeirteanna arís agus abair leo na ceannlínte a léamh amach os ard le chéile.
- Baineann na ceannlínte le timpistí a tharla nuair a bhí daoine ag déanamh spóirt áirithe. Caithfidh siad tuairimí a thabhairt faoin spórt lena mbaineann na ceannlínte, dar leo.
- Pléigh na tuairimí a bhí acu.
- Ansin, iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar an gcineál aimsire a cheapann siad a bhí ann nuair a tharla na timpistí.
- Bíodh plé ginearálta agat ar na spóirt éagsúla, agus an dainséar a bhaineann leis na spóirt sin.

## Éisteacht

Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir ag caint faoin am a chaitheann sé amuigh faoin aer.

- ✓ Abair leo éisteacht leis an mír uair amháin gan aon rud a scríobh.
- ✓ Léigh na ceisteanna ar an sleamhnán leo le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl ar a laghad dhá uair eile, ag tabhairt deise dóibh freagraí ar cheisteanna 1-3 a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu (féach an script).
- ✓ Ansin, iarr orthu ceisteanna 4-7 a dhéanamh le chéile.
- ✓ Téigh siar ar a gcuid freagraí (féach na Freagraí).

## Iarphlé 1

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile arís, agus iarr orthu a ndeir Síle a léamh amach os ard le chéile.
- ✓ Abair leo ansin na ceisteanna ag bun an tsleamhnáin a phlé le chéile.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad.

## Iarphlé 2

- ✓ Iarr ar gach beirt na pointí a léamh amach le chéile.
- ✓ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad na ceisteanna a fhreagairt go hionraic.

## Iarphlé 3

- ✓ Abair leo go bhfuil torthaí an tsuirbhé ar an sleamhnán seo.
- ✓ Caithfidh duine amháin toradh an duine eile a léamh amach dó.
- ✓ Cuir ceist ar dhaoine éagsúla faoi na torthaí a fuair siad féin.
- ✓ Téigh siar ar aon stór focal nua a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta.

## Freagraí

### Réamhobair 1

canúáil – canoeing
boghdóireacht – archery
tonnmharcaíocht choirp – body surfing
seoltóireacht – sailing
ziplíne – zip-lining, cable riding, canopying touring
ailleadóireacht – rock climbing
surfáil – surfing
gaothshurfáil – windsurfing
clárscimeáil sneachta – snow boarding
sciáil – skiing
iascaireacht – fishing
dreapadóireacht – climbing
fánaíocht – hiking
raftú bánuisce – white water rafting
marcaíocht ar chapall – horse riding
cadhcáil – kayaking
galf – golf
rópadóireacht anuas – abseiling

### Réamhobair 2




### Éisteacht (ceist 4-7)

4. Beithíoch, bó nó eallach (cattle) i gCúige Uladh.
5. Horse.
6. Cattle.
7. Sicíní/cearca/coileach; muc agus cráin; coinín; gabhar; caora; capall agus lacha (lachain).

# 6A. An duine agus an nádúr

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>



**An duine & an nádúr** Réamhobair 1

Féach ar na gníomhaíochtaí seo a dhéantar amuigh faoin aer.

**A**. Cuir ciorcal timpeall na ngníomhaíochtaí **nach** bhfuil chomh coitianta sin in Éirinn.

canúáil, seoltóireacht, surfáil, sciáil, fánaíocht, cadhcáil<br>
boghdóireacht, ziplíne, gaothshurfáil, iascaireacht, raftú bánuisce, galf<br>
tonnmharcaíocht choirp, ailleadóireacht, clárscimeáil sneachta, dreapadóireacht, marcaíocht ar chapall, rópadóireacht anuas


**B**. Cuir líne faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá déanta agat agus bí in ann cur síos a dhéanamh uirthi.

**C**. Labhair leis an duine in aice leat faoi na gníomhaíochtaí a rinne tú.
</td>
<td>**Stór focal:** gníomhaíochtaí taobh amuigh; **obair aonair:** cuid A; **obair bheirte:** taithí pearsanta ar ghníomhaíochtaí.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>


**An duine & an nádúr** Réamhobair 2

**Ceangal na pictiúir leis na habairtí cearta! Tá níos mó pictiúr ná abairtí.**

1. Beidh stoirmeacha againn tráthnóna; agus tintreach agus toirneach. Beidh gaoth fórsa gála ann le linn na hoíche agus beidh sé ag stealladh báistí.
2. Lá te agus grianmhar a bheidh againn amárach.
3. Beidh sé scamallach agus beidh sealanna báistí againn.
4. Tá muid ag súil le sneachta ag an deireadh seachtaine.
5. Beidh sealanna báistí agus gréine ann.
6. Beidh ceathanna flichshneachta againn um thráthnóna.

**Cén cineáil aimsire atá agaibh inniu?**
</td>
<td>**Obair aonair:** réamhaisnéis aimsire a thuiscint; **obair bheirte:** freagraí a chur i gcomparáid lena chéile; **plé ranga:** an aimsir.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>


**An duine & an nádúr** Réamhobair 3

Cén spóirt lena mbaineann na ceannlínte seo?

Cén cineáil aimsire a bhí ann i ngach cás, dar leat?

Tá cúigear fear ar iarraidh amach ó chósta Chorcaí.


Chaith an bhean an oíche ar fad léi féin ar an sliabh, sula raibh sí in ann a bealach a dhéanamh abhaile.

Thit an déagóir isteach i scáine a bhí lán de sneachta. D'fhán sé ansin ar feadh dhá uair a chloig sular tarrtháladh é

Chuir an criú glao ar an nGarda Cósta nuair a bhris an crann ar an mbád.

Tugadh go dtí an t-ospidéal an fear tar éis do shaighead é a tholladh sa chos.

Mhaolaigh an ghaoth agus níor éirigh leis an mbean an trá a bhaint amach toisc go raibh an taoide ag trá.
</td>
<td>**Obair bheirte, léitheoireacht:** na ceannlínte os ard le chéile, tuairimí a thabhairt faoi na spóirt lena mbaineann siad, an aimsir a bhí ann ag an am; **plé ranga:** spóirt éagsúla agus an dainséar a bhaineann leo.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An duine & an nádúr** **Éisteacht**<br>Éist le Bertie agus freagair na ceisteanna:<br>1. Cad iad na hainmhithe ar fad a dtugann Bertie aire dóibh?<br>2. Cad iad na hainmhithe atá coitianta sa cheantar?<br>3. Conas a thugann sé bia do na ba agus do na hasail?<br>xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx<br>4. Baineann Bertie úsáid as an bhfocal ***beithíoch*** – an bhfuil focal eile agat féin?<br>5. An bhfuil a fhios agat cad is brí le ***beithíoch*** i gcanúint Uladh?<br>6. Cad is brí leis an bhfocal ***eallach***?<br>7. An bhfuil an Ghaeilge agat do na hainmhithe seo:<br> | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |
| Sleamhnán 5 | **An duine & an nádúr** **Iarphlé 1**<br>**Nuair a cuireadh ceist ar Shíle ó Choláiste Iosagáin an gcaitheann sí mórán ama amuigh faoin aer, seo an méid a dúirt sí:**<br>"Imrím peil Ghaelach agus imrím cispheil chomh maith ar son na scoile. Agus, i mbliana bhuaigh muid craobh na hÉireann – peil Ghaelach. "<br>"Tá mé sna Gasóga Mara, bíonn muid ag seoltóireacht agus ag rámhaíocht i rith an tsamhraidh. Is breá liom bheith amuigh ar an bhfarraige, tá sé ar fheabhas, bíonn sé an-fhuar."<br>"Téann muid ag campáil i rith an tsamhraidh chomh maith agus i rith na Cásca. De ghnáth, bíonn muid ag campáil in aice le loch. Bíonn bricfeasta againn agus ansin téann muid amach ar na báid. Bíonn lón againn agus téann muid amach arís, ansin bíonn dinnéar againn agus téann muid amach ag siúl nó rud éigin mar sin ansin. Bíonn orainn ár ndinnéar a dhéanamh ar thine agus gach rud."<br><br>1. An ndéanann tú féin aon cheann de na gníomhaíochtaí a luann Síle? Cad iad?<br>2. Conas atá an t-am a chaitheann Síle amuigh faoin aer difriúil leis an am a chaitheann Bertie amuigh faoin aer? | **Obair bheirte:** léitheoireacht os ard le chéile, ceisteanna le plé. |
| Sleamhnán 6 | **An duine & an nádúr** **Iarphlé 2**<br>An duine tú arbh fhearr ar fad leat fanacht istigh sa teach, nó an duine thú ar bhreá leat bheith amuigh faoin spéir? Faigh amach…<br>1. Tá snámh agam agus is breá liom bheith ag snámh. **Fíor / Bréagach**<br>2. Dá n-iarrfaí orm cluiche beag peile a imirt, d'imreoinn go cinnte. **Fíor / Bréagach**<br>3. Cuireann luí agus éirí na gréine áthas an domhain orm. **Fíor / Bréagach**<br>4. B'fhearr liom mo chuid prátaí féin a fhás ná iad a cheannach. **Fíor / Bréagach**<br>5. Tuigim cén fáth a dtaitníonn galf le daoine. **Fíor / Bréagach**<br>6. Nuair a fheicim clós súgartha, bíonn fonn orm a bheith ag súgradh. **Fíor / Bréagach**<br>7. B'fhearr liom leabhar a léamh sa ghairdín ná i mo sheomra. **Fíor / Bréagach**<br>8. Tá rothar agam agus tá sé réidh le húsáid. **Fíor / Bréagach**<br>9. Tá mé in ann trí réaltbhuíon a ainmniú, ar a laghad. **Fíor / Bréagach**<br>10. Tá mé in ann cúig éan a ainmniú i mo cheantar, ar a laghad. **Fíor / Bréagach** | **Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt faoin nádúr. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **An duine & an nádúr** Iarphlé 3<br>**Torthaí an cheistneora:**<br><br>**Idir 7-10 (fíor):** Is maith leat bheith amuigh faoin spéir agus is duine aclaí tú. Cuireann tú spéis sa nádúr agus is maith leat an méid atá ar eolas agat a léiriú do dhaoine eile.<br><br>**Idir 4-7 (fíor)**: Is maith leat gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh amuigh faoin aer. Má chuirtear brú ort dul amach, téann tú amach, ach sin é. Is maith leat éin agus bláthanna agus mar sin, ach ní bheifeá rómhaith á n-ainmniú.<br><br>**Idir 1-4 (fíor)**: Is sámhaí (*couch potato*) ceart tú! Ní maith leat bogadh amach as an teach, fiú agus an ghrian ag soilsiú. Ní maith leat spórt, ach amháin má tá cluiche maith ar siúl ar an teilifís. Is ar éigean a aithníonn tú an difríocht idir éan agus bláth.<br> | **Plé ranga:** torthaí an cheistneora le plé le chéile sa rang; **stór focal:** focail nua a chur ar an gclár. |

# 6B. An tríú domhan: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – forbairt agus an tríú domhan |
| Stór focal | Forbairt agus an tríú domhan |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil dalta scoile ag tabhairt óráid díospóireachta. Tá an píosa dúshlánach go leor ó thaobh stór focal de agus ó thaobh canúna de.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a nascadh le **Céimeanna Comparáide na hAidiachta**, Fócas ar Theanga.

## Réamhphlé

- ✔ Cuir na daltaí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✔ Iarr ar na daltaí a gcuid tuairimí a phlé le chéile. Féach na Freagraí.

## Réamhobair 1

- ✔ Déan plé oscailte, os comhair an ranga ar fad, ar na pointí éagsúla atá ar an sleamhnán.
- ✔ Féach na Freagraí.

## Réamhobair 2

- ✔ An aidhm atá leis an ngníomhaíocht seo ná aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an stór focal deacair a bheidh sa mhír éisteachta.
- ✔ Iarr ar gach foghlaimeoir na focail ar chlé a cheangal leis na focail ar dheis. Ansin iarr orthu a bhfreagraí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo.
- ✔ Pléigh thusa na freagraí cearta ansin, féach na Freagraí.

## Éisteacht

- ✔ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le mír atá deacair agus fada go leor.
- ✔ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad éisteacht leis an mír den chéad uair gan aon rud a scríobh síos fós.
- ✔ Ansin abair leo na ráitis ar an sleamhnán a léamh agus cuidigh le haon ní nach dtuigeann siad.
- ✔ Mínigh dóibh go gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus go gcaithfidh siad a bhreacadh síos ina gcóipleabhair a bhfuil na frásaí fíor nó bréagach.

- Cuir stop leis an mír tar éis gach ráitis má cheapann tú go bhfuil gá leis sin.
- Pléigh na freagraí (féach na Freagraí).

## Éisteacht 2

- Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht leis an mír arís, agus go gcaithfidh siad na ceisteanna a fhreagairt.
- Léigh na ceisteanna leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin agus déanaigí plé ar an mír.

## Iarobair 1

- Cuir an sleamhnán seo in airde agus iarr ar gach beirt na ceisteanna a dhéanamh.
- Ní gá duit féin aon ní a mhíniú dóibh, ba cheart go mbeadh siad in ann buile faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí na gceisteanna, fiú mura bhfuil siad cinnte.
- Tar éis tamaill, pléigh na tuairimí a bhí acu ar fad. Féach na Freagraí.

## Iarobair 2

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang iomlán.
- Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo na ceisteanna a phlé le chéile.
- Bí ar fáil chun cuidiú leo nó chun aon cheist a fhreagairt le linn na gníomhaíochta.
- Scríobh aon fhocail nua ar an gclár.

## *Freagraí*

### Réamhphlé

Is freagraí ginearálta a bheidh i gceist, mar shampla: *Is iad tíortha san Afraic agus san Áise na tíortha is boichte.*

### Réamhobair 1

Eas-: *ex- nó dis-*

Iom- / *Im-: in-*

Féin-: *self-*

I ngaireacht scread asail – *to be within spitting distance*

Seacht míle dícheall – *doing the level best*

### Réamhobair 2

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | h | a | e | j | i | g | c | f | b |

### Éisteacht 1

1. Fíor
2. Bréagach
3. Bréagach
4. Fíor
5. Fíor
6. Fíor
7. Bréagach
8. Bréagach

### Iarobair 1

An chéad domhan (gorm) – Tíortha forbartha

An dara domhan (dearg) – Bloc an Oirthir. Tháinig deireadh le cumhacht an chumannachais le titim bhalla Beirlín sa bhliain 1989.

An tríú domhan (glas) – Tíortha i mbéal forbartha

# **Script** – An tríú domhan

## Sinéad

A Chathaoirligh, a mholtóir agus a chairde Gael, fairim fíorchaoin fáilte romhaibh go dtí an díospóireacht um thráthnóna. Sinéad is ainm domsa agus beidh mise ag plé gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus gur fearr beagán cúnaimh ná mórán trua.

Braithimid ar thíortha eile ó thaobh fhormhór na n-earraí a úsáidimid gach lá. Déantar an chuid is mó dár n-éadach agus dár n-amhábhar a iompórtáil. Is geilleagar sinn a bhraitheann go mór ar an easpórtáil. Tá muid go léir ag brath ar a chéile, ardaíonn teacht na taoide gach bád. Dá mhéad cabhrach a thugann muid dóibh is ea is fearr dúinn féin é amach anseo.

Príomhaidhm chúnamh na hÉireann is ea forbairt a dhéanamh ar gheilleagar an tríú domhan chun a chinntiú nach mbeidís ag brath ar chúnamh ón gcéad domhan a thuilleadh ionas go mbeidís féinchothabhálach. Agus anois, faoi mar a dúirt, is fearr beagán cúnaimh ná mórán trua. I 1970 gheall na tíortha is saibhre sa domhan go dtabharfaidís 0.7% dá GNP gach bliain don tríú domhan. Ghlac Éire leis an rún seo ó na Náisiúin Aontaithe agus thugadar geallúint go ndéanfaidís a seacht míle dícheall an 0.7% seo a thabhairt. I gcomhthéacs na bhfadhbanna atá ag an tríú domhan, faoi mar a léireoidh Aoife, níl dóthain anseo.

Cinnte a Chonchúir, tá muid i ngéarchéim eacnamaíochta, ach nach bhfuil sé soiléir ón méid a dúirt Helena go bhfuil fadhbanna an tríú domhan i bhfad Éireann níos measa ná ár bhfadhbanna beaga féin anseo. Ach, fiú go bhfuilimid i ngéarchéim eacnamaíochta is féidir an méid seo a láimhseáil gan dua, a chairde. Ach, daichead bliain ina dhiaidh sin nílimid i ngaireacht scread asail don sprioc seo a bhaint amach. I láthair na huaire 0.52% atá lamhálta ag an stát agus fós tá Meagan agus Bernard ag gearán faoin bhfíorbheagán a thugaimid. Ba í dearcadh mhuintir na hÉireann riamh ná gur fearr beagán cúnaimh ná mórán trua. Anuraidh bhíomar €227,000 faoi mbun an bhunsprice (an bunsprioc) a leagadar féinig amach. An mó beatha daonna a shábhálfadh an méid sin? An mó scoil a osclódh sé? An mó tionscnaimh sláinte a thosnódh sé? Téann ár n-airgead i bhfad Éireann níos faide thall sa tríú domhan ná mar a théann anseo. Bhí agus tá an fhlaithiúlacht agus an chomharsanúlacht (comharsanacht) i muintir na hÉireann. Níor dhúnadar an doras riamh ar éinne a bhí ag lorg cabhrach. Agus nach bhfuil an rialtas agus an stát ann chun ionadaíocht a dhéanamh thar ár gceann? Mar sin, níor chóir dúinn bheith ag gearán faoin bhfíorbheagán a thugann muid dóibh.

Go raibh míle maith agaibh as cluas na héisteachta a thabhairt dom agus táim chomh cinnte is go sníonn uisce síos, go n-aontóidh sibh liom féin agus le mo chomhghleacaithe nuair a deirimid nach bhfuil an stát rófhlaithiúil lena chúnamh (gcúnamh) don tríú domhan.


# 6B. An tríú domhan

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
An tríú domhan Réamhphlé<br>
Féach ar an léarscáil agus freagair na ceisteanna:<br>
<br>
Cad iad na tíortha is saibhre?<br>
Cad iad na tíortha is boichte?
</td>
<td>Obair bheirte: ceisteanna le freagairt agus le plé.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
An tríú domhan Réamhobair 1<br>
Cad is brí leis na réimíreanna seo a leanas?<br>
Eas- Iom- / Im- Féin-<br>
An bhfuil aon fhocal ar eolas agat leis na réimíreanna thuas iontu?<br>
Cad is brí leis na nathanna cainte seo:<br>
‘i ngaireacht scread asail’<br>
agus<br>
‘seacht míle dícheall’<br>

</td>
<td>Plé ranga: réimíreanna agus nathanna cainte.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
An tríú domhan Réamhobair 2<br>
Beidh tú ag éisteacht le cailín ag caint faoin tríú domhan ar ball. An féidir leat na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?<br>
<table>
<tr><td>1. amhábhar</td><td>a. economy</td></tr>
<tr><td>2. iompórtáil</td><td>b. neighbourliness</td></tr>
<tr><td>3. geilleagar</td><td>c. easy</td></tr>
<tr><td>4. easpórtáil</td><td>d. raw material</td></tr>
<tr><td>5. féinchothabhálach</td><td>e. export</td></tr>
<tr><td>6. Na Náisiúin Aontaithe</td><td>f. allowed</td></tr>
<tr><td>7. géarchéim</td><td>g. crises</td></tr>
<tr><td>8. gan dua</td><td>h. import</td></tr>
<tr><td>9. lamhála</td><td>i. The United Nations</td></tr>
<tr><td>10. comharsanúlacht</td><td>j. self-sustaining</td></tr>
</table>
<table>
<tr><td>1</td><td>2</td><td>3</td><td>4</td><td>5</td><td>6</td><td>7</td><td>8</td><td>9</td><td>10</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>
</td>
<td>Stór focal: an Tríú Domhan.</td>
</tr>
</table>

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
An tríú domhan Éisteacht 1<br>
Éist le Sinéad ag tabhairt óráide i gcomórtas díospóireachta. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach. Cuir ✓ sa bhosca ceart le do thuairim a léiriú.
<table>
<tr><th>Ráiteas</th><th>Fíor</th><th>Bréagach</th></tr>
<tr><td>1. Is fearr beagán cúnaimh ná mórán trua, dar le Sinéad.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>2. Déantar an chuid is mó dár n-éadaí agus dár n-amhábhar in Éirinn.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>3. Creideann Sinéad go mbeadh an tríú domhan níos féinchothabhálaí gan chúnamh.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>4. Gheall na tíortha saibhre go dtabharfaidís cúnamh (0.7% den *GNP) sa bhliain 1970.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>5. Is dóigh le Sinéad gur féidir le hÉirinn an cúnamh seo a thabhairt.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>6. Tugann an stát 0.52% den GNP faoi láthair.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>7. Thug an stát €227,000 anuraidh.</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>8. Ní raibh muintir na hÉireann flaithiúil riamh, dar le Sinéad.</td><td></td><td></td></tr>
</table>
*GDP / OTI - Olltáirgeacht intíre (billiúin dollar)
</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt; plé ranga: freagraí le plé.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
An tríú domhan Éisteacht 2<br>
Éist le Sinéad arís agus freagair na ceisteanna seo.<br>
1. Is é an rún ná: ‘Tugann an stát an iomarca cúnaimh don tríú domhan’. An bhfuil Sinéad ar son nó i gcoinne an rúin?<br>
2. Conas a mhíníonn Sinéad gur ar mhaithe lenár dtír féin é, cuidiú a thabhairt don tríú domhan?<br>
3. Tugann Sinéad cúpla sampla dúinn faoi conas a chuideodh an t-airgead, nár íoc muid anuraidh (€277,000), leis na tíortha sa tríú domhan. Cad iad?<br>

</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt; plé ranga: freagraí le plé.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>
An tríú domhan Iarobair 1<br>
Cén dath a bhaineann leis na téarmaí seo ar an léarscáil:<br>
An chéad domhan<br>
An dara domhan<br>
An tríú domhan<br>
<br>
Ceangail na téarmaí ar chlé leis na téarmaí ar dheis:<br>
An chéad domhan: Bloc an oirthir<br>
An dara domhan: Tíortha i mbéal forbartha<br>
An tríú domhan: Tíortha forbartha<br>
Plé: Ní bhaintear an oiread sin úsáide as an téarma ‘An dara domhan’ níos mó. Cén fáth?
</td>
<td>Obair bheirte: ceisteanna le plé; plé ranga: tuairimí.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>**An tríú domhan** Iarobair 2<br>**Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:**<br>1. An mbailítear airgead sa scoil le haghaidh tíortha sa tríú domhan? Cad iad?<br>2. An dtugann tú féin airgead ar bith do charthanacht ar bith? Cad é? Cén fáth?<br>3. Conas a chuidíonn an t-airgead a thugann an chéad domhan don tríú domhan, dar leat?<br>4. Ar mhaith leat féin obair dheonach a dhéanamh sa tríú domhan lá éigin? Cén fáth?<br>5. Cad is brí leis an téarma **trócaire**?<br>Trócaire | **Obair ghrúpa:** na ceisteanna faoin tríú domhan le freagairt agus le plé. |

# 6C. An tríú domhan ar lean: Nótaí an Mhúinteora Dúshlánach

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an tríú domhan |
| Stór focal | An tríú domhan agus tíortha i mbéal forbartha |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar óráid le linn díospóireachta, ó dhalta scoile as Coláiste Eoin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ Léigh na treoracha agus na focail atá ar an sleamhnán. Ná mínigh na focail do na daltaí go fóill.
- ✓ Iarr orthu na ceisteanna a dhéanamh ina mbeirteanna.
- ✓ Ansin, téigh féin siar ar na focail ar fad (féach na Freagraí).

## Réamhobair 2

- ✓ Léigh na ceisteanna atá ar an sleamhnán.
- ✓ Iarr orthu na ceisteanna a dhéanamh ina mbeirteanna.
- ✓ Ansin, téigh féin siar ar na freagraí ar fad (féach na Freagraí).

## Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl cúpla uair, ag stopadh tar éis freagra gach ceiste más gá.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.

## Éisteacht 2

- ✓ Mínigh don rang go mbeidh siad ag éisteacht leis an mír arís, ach an t-am seo go gcaithfidh siad na bearnaí sa script a líonadh.
- ✓ Pléigh na focail a roghnaigh siad. Féach an script mar threoir.

## Iarphlé 1

- Léigh na ceisteanna ar an sleamhnán ionas go dtuigfidh na foghlaimeoirí gach ní.
- Is féidir an rang a roinnt ina bheirteanna, i ngrúpaí nó is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an rang ina iomláine.
- Ba cheart píosa maith cainte a bheith agaibh leis na foghlaimeoirí faoi na ceisteanna seo. Is minic a bhíonn fonn ar dhéagóirí labhairt faoi na fadhbanna a bhíonn acu, go háirithe ó thaobh foghlamtha de.
- Is páirt an-tábhachtach iad an fheasacht foghlamtha agus an fheasacht teanga i bhfoghlaim teanga agus níor cheart faillí a dhéanamh iontu.

## Iarphlé 1 (A agus B)

- Roinn an rang i mbeirteanna agus bíodh cóip phriontáilte agat de A agus B do gach duine sa rang.
- Tabhair cóip A do dhuine A agus tabhair cóip B do dhuine B. Abair leo gan a gcuid bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Léifidh duine A na ceisteanna amach do dhuine B agus beidh ar dhuine B freagraí na gceisteanna a thomhas. Tabharfaidh duine A an freagra ceart do dhuine B tar éis gach ceiste.
- Ansin, abair leo róil a mhalartú.
- Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo más gá.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ina iomláine ansin, agus bí cinnte go bhfuil cóip A agus B ag gach duine.

## Iarphlé 3

- Léigh na ceisteanna ar an sleamhnán ionas go dtuigfidh na foghlaimeoirí gach ní.
- Bíodh plé oscailte agaibh ar fad faoi na difríochtaí idir scoil i Mósaimbíc agus an scoil ina bhfuil sibh féin.
- Scríobh an stór focal a thagann aníos ar an gclár.

## Freagraí

### Réamhobair 1

(1) comhbhádóir
gnáthmhuintir
míchothú bia
riachtanach
géarchéim
caiteachas
paiseanta
vacsaíniú
ragobair
leigheas

soiléiriú
Indiaigh
maláire
liúntais
sainiúil

(2) Braitheann na freagraí ar gach foghlaimeoir.

(3) comhbhádóir – fellow speaker, mate
gnáthmhuintir - ordinary people
míchothú bia – malnutrition
riachtanach – necessary
caiteachas – expenditure
géarchéim – crisis
paiseanta – passionate (go paiseanta – passionately)
vacsaíniú – vaccination
ragobair – overtime
leigheas – medicine
soiléiriú – clarification
Indiaigh – Indians
maláire – malaria
liúntais – allowances
sainiúil – specific

(4) Cúrsaí Sláinte
míchothú bia – malnutrition
vacsaíniú – vaccination
leigheas – medicine
maláire – malaria
Cúrsaí oibre
caiteachas – expenditure
géarchéim – crisis
ragobair – overtime
liúntais – allowances
Daoine
gnáthmhuintir - ordinary people
comhbhádóir – fellow speaker, mate
Indiaigh – Indians
Eile
riachtanach – necessary
paiseanta – passionate
soiléiriú – clarification
sainiúil – specific

**Réamhobair 2**

(1) Sainiúil, riachtanach agus paiseanta.

(2) Comhbhádóirí.

(3) Liúntais – liúntas agus Indiaigh – Indiach.

(4) Comhbhádóir: comh=co / bádóir = sailor
Géarchéim: géar=sharp, cutting / céim= step, phase
Gnáthmhuintir: gnáth=usual / muintir=people

# Script – An tríú domhan

## Jack Lewis — Coláiste Eoin

A chathaoirligh, a mholtóirí, a lucht an fhreasúra agus a dhaoine uaisle eile. Is mise Jack Lewis, an dara cainteoir ó fhoireann Choláiste Eoin agus táimse, le mo chaptaen Mícheál agus mo chomhbhádóir Conall, go hiomlán i gcoinne rún na hoíche anocht – go bhfuil an stát seo rófhlaithiúil lena chúnamh don tríú domhan. Labhair Mícheál go paiseanta agus go réadúil mar gheall ar an méid a chaitheann an stát sa tríú domhan, ag léiriú nach rófhlaithiúil ar chor ar bith é ach róriachtanach. Léireoidh Conall samplaí sainiúla de chúnamh an stáit, chomh maith le soiléiriú breise a dhéanamh ar fhadhbanna móra an tríú domhan, nach féidir linn a thuiscint i gceart anseo in Éirinn.


A dhaoine uaisle, mar is eol dúinn go léir tá fadhbanna móra sláinte agus leighis sa tríú domhan. Mar a dúirt Mícheál téann 90% de chúnamh an stáit don tríú domhan go tíortha sa Afraic. Ach, a dhaoine uaisle, i 2011 fuair 6.9 milliún páiste faoi chúig bás de bharr na bhfadhbanna seo. Níos mó ná daonra na hÉireann a dhaoine uaisle. Ar a laghad sa tír seo tá na hospidéil ar oscailt agus ag feidhmiú, a Bhernard. Níl ganntanas leighis agus vacsaíniú, tá córas agus tá cúnamh. Ní mar sin don tríú domhan a dhaoine uaisle, mar a léiríonn beagnach 7 milliún páiste marbh. Tá an cúnamh riachtanach mar a léiríonn rátaí damanta HIV, maláire agus míchothú bia. A Chonchúir ó Choláiste Rís, labhair tusa faoin difríocht iontach a dhéanfadh an cúnamh airgid a thug an stát don tríú domhan i seirbhísí leighis na hÉireann. Bhuel, an raibh a fhios agat a Chonchúir, gur chaith an HSE amháin i mbliana 610 milliún euro ar liúntais agus ragobair? Is flaithiúil sin, rófhlaithiúil b'fhéidir a dhaoine uaisle.

A dhaoine uaisle, de bharr chúnamh an stáit sa Mhósaimbíc tá laghdú 25% i méid (líon) na ndaoine a bhfuil HIV orthu. Faoi 2012 bhí ardú ó 150 míle go 250 míle i méid na ndaoine a bhfuil leigheas HIV á fháil acu. Ach tá 23 milliún duine sa Mhósaimbíc amháin a dhaoine uaisle, tá na milliúin fós i mbaol. Sin an fáth nach bhfuil an cúnamh rófhlaithiúil. A Mhegan, ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair, dúirt tú nach bhfuil an t-airgead againn le tabhairt don tríú domhan, mar a dúirt Mícheál, 0.5% dár gcaiteachas iomlán, agus deir tú go bhfuil sin rófhlaithiúil? Ní hionann géarchéim na tíre seo a dhaoine uaisle agus an fhulaingt, an bochtanas agus an bás sa tríú domhan, a dhaoine uaisle, mar a luaigh Mícheál romham.

A dhaoine uaisle, amannta deacra iad seo mar a léirigh Mícheál agus sna hamannta deacra léiríonn muid an-chuid fúinn féin sa chaoi is a gcaitheann muid le daoine níos boichte fós ná sinn. Ní rófhada siar inár stair féin, a dhaoine uaisle, go raibh daoine ag ithe féir ar thaobh an bhóthair, agus go raibh muid ag brath ar chúnamh ó Indiaigh dhúchasacha Mheiriceá, ó ghnáthmhuintir na Tuirce agus ó phobail bheaga ar fud na hEorpa. Daoine nach raibh mórán acu le tabhairt. A dhaoine uaisle, mar a léirigh Mícheál agus mar a léireoidh Conall arís i mo dhiaidh, tá cúnamh an stáit ag rá gur fiú agus gur féidir cabhrú leo siúd atá i bhfad níos measa as ná muid, a dhaoine uaisle, mar a dúirt Mícheál, ní dúinn féin ach do gach éinne. A dhaoine uaisle, ní fíor don rún, go raibh míle maith agaibh.


# 6C. An tríú domhan

**Sleamhnán 1**




**Obair bheirte:** ceisteanna a fhreagairt; **stór focal:** focail a mhíniú.

**Sleamhnán 2**




**Obair bheirte, feasacht teanga:** ceisteanna le freagairt.

**Sleamhnán 3**




**Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **An tríú domhan** Éisteacht 2<br><br>**Éist le Jack arís agus líon na bearnaí sa script an t-am seo. Níl anseo ach cuid 2 agus cuid 3.**<br><br>A dhaoine uaisle, mar is eol dúinn go léir tá fadhbanna móra sláinte agus leighis sa tríú domhan. Mar a dúirt Mícheál téann _______ de chúnamh an stáit don tríú domhan go tíortha sa Afraic. Ach, a dhaoine uaisle, i 2011 fuair _______ milliún páiste faoi chúig bás de bharr na bhfadhbanna seo. Níos mó ná daonra na hÉireann, a dhaoine uaisle. Ar a laghad sa tír seo tá na hospidéil ar oscailt agus ag feidhmiú, a Bhernard. Níl ganntanas leighis agus vacsaíniú, tá córas agus tá cúnamh. Ní mar sin don tríú domhan, a dhaoine uaisle, mar a léiríonn beagnach _______ milliún páiste marbh. Tá an cúnamh riachtanach mar a léiríonn rátaí damanta HIV, maláire agus míchothú bia. A Chonchúir ó Choláiste Rís, labhair tusa faoin difríocht iontach a dhéanfadh an cúnamh airgid a thug an stát don tríú domhan i seirbhísí leighis na hÉireann. Bhuel, an raibh a fhios agat a Chonchúir gur chaith an HSE amháin i mbliana _______ milliún euro ar liúntais agus ragobair. Is flaithiúil sin, rófhlaithiúil b'fhéidir, a dhaoine uaisle. | **Tasc éisteachta:** bearnaí sa script le líonadh. |
| Sleamhnán 5 | **An tríú domhan** Éisteacht 2<br><br>A dhaoine uaisle, de bharr chúnamh an stáit sa Mhósaimbíc tá laghdú _______ i méid (líon) na ndaoine a bhfuil HIV orthu. Faoi 2012 bhí ardú ó 150 míle go _______ míle i méid na ndaoine a bhfuil leigheas HIV á fháil acu. Ach tá _______ milliún duine sa Mhósaimbíc amháin, a dhaoine uaisle, tá na milliúin fós i mbaol. Sin an fáth nach bhfuil an cúnamh rófhlaithiúil. A Mhegan, ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair, dúirt tú nach bhfuil an t-airgead againn le tabhairt don tríú domhan, mar a dúirt Mícheál, _______ dár gcaiteachas iomlán, agus deir tú go bhfuil sin rófhlaithiúil? Ní hionann géarchéim na tíre seo, a dhaoine uaisle, agus an fhulaingt, an bochtanas agus an bás sa tríú domhan, a dhaoine uaisle, mar a luaigh Mícheál romham.<br> | **Tasc éisteachta:** bearnaí sa script le líonadh. |
| Sleamhnán 6 | **An tríú domhan** Iarphlé 1<br><br>Ceisteanna faoi éisteacht.<br>1. An raibh an mhír éisteachta deacair, dar leat? Cén fáth?<br>2. An maith leat gníomhaíochtaí cluastuisceana? Cén fáth?<br>3. An maith leat gníomhaíochtaí cluastuisceana sa teanga eile a bhfuil staidéar á dhéanamh agat air? Cén fáth?<br>4. An gcuidíonn sé má bhíonn cur amach agat ar ábhar na míre roimh ré? Conas?<br>5. An gá an foclóir ar fad a bheith ar eolas agat sula n-éisteann tú le mír?<br>6. An gceapann tú go bhfuil mír raidió níos deacra ná mír theilifíse? Cén fáth?<br>7. Cad is féidir leat a rá faoi na gnéithe seo a leanas agus tú ag éisteacht le mír ar scoil, i scrúdú, ar an raidió nó ar an teilifís:<br>canúint<br>luas an chainteora<br>uimhreacha<br>stór focal<br> | **Plé, feasacht foghlama, feasacht teanga:** tuairimí faoi thascanna éisteachta. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | **An tríú domhan** Iarphlé 2 (A)<br>**Léigh amach na ráitis faoi Mhósaimbíc don duine in aice leat. Caithfidh sé a rá an bhfuil siad fíor nó bréagach.**<br>1. Tá Mósaimbíc chomh mór céanna le California.<br>2. Tá teorainn aici leis an Tansáin.<br>3. Tá aeráid theochriosach (*tropical*) agus fo-theochriosach ag Mósaimbíc.<br>4. Is é an abhainn a théann tríd an tír ná an Zambezi.<br>5. Ba choilíneacht Shasanach í tráth.<br><br>**Freagraí**<br>1. Bréagach. Tá an tír beagnach dhá oiread níos mó ná California.<br>2. Fíor.<br>3. Fíor.<br>4. Fíor.<br>5. Bréagach. Ba choilíneacht Phortaingéalach í. | **Obair bheirte:** eolas a thomhas; **plé ranga:** ar an eolas. |
| Sleamhnán 8 | **An tríú domhan** Iarphlé 2 (B)<br>**Léigh amach na ráitis faoi Mhósaimbíc don duine in aice leat. Caithfidh sé a rá an bhfuil siad fíor nó bréagach.**<br>1. Tá timpeall 23 milliún duine ina gcónaí i Mósaimbíc.<br>2. Is é 50 bliain an t-ionchas saoil atá ag an ngnáthdhuine sa tír.<br>3. Bíonn timpeall ochtar páistí ag mná.<br>4. Níl léamh ag níos mó ná leath an daonra.<br>5. Bhain siad neamhspleáchas amach sa bhliain 1995.<br><br>**Freagraí**<br>1. Fíor.<br>2. Bréagach. 40 bliain.<br>3. Bréagach. Cúigear.<br>4. Fíor.<br>5. Bréagach. 1975. | **Obair bheirte:** eolas a thomhas; **plé ranga:** ar an eolas. |
| Sleamhnán 9 | **An tríú domhan** Iarphlé 3<br>**Féach ar an bpictiúr thíos de sheomra ranga i Mósaimbíc, leis an duine in aice leat. Breacaigí síos na difríochtaí idir seomra ranga in bhur scoil féin agus é sin sa phictiúr.**<br>**An féidir libh smaoineamh ar aon difríochtaí eile?**<br> | **Plé ranga:** difríochtaí idir an scoil i Mósaimbíc agus an scoil anseo. |

# 6D. Béasaí an domhain: Nótaí an Mhúinteora Dúshlánach

| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Dúshlánach |
|---|---|
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – béasaí, gnásanna agus nósanna |
| Stór focal | Béasaí, gnásanna agus tíortha |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna bunaithe ar shliocht a bhaineann le béasaí an domhain.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí seo a nascadh leis ***An Briathar Saor***, Fócas ar Theanga.

## Réamhphlé 1 / 2

- ✔ Beidh na tíortha sa liosta seo luaite san alt ar ball.
- ✔ Tabhair deis do na foghlaimeoirí iarracht a dhéanamh uimhir na dtíortha a chur ar an áit chuí ar an léarscáil. Ba cheart go mbeadh an chuid is mó díobh ar eolas acu.
- ✔ Nuair atá siad críochnaithe, cuir an chéad sleamhnán eile in airde, a bhfuil na tíortha marcáilte ar an léarscáil air.
- ✔ Téigh siar ar shuíomh gach tíre, ar litriú gach tíre agus ar an bhfoghraíocht.
- ✔ Cuir ar a súile dóibh go mbíonn na tíortha baininscneach den chuid is mó.

## Réamhphlé 3

- ✔ Léigh na treoracha ar an sleamhnán seo agus mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh orthu abairt amháin faoi gach tír a scríobh sna bearnaí. Abair leo gur leor píosa eolais faoi chultúr na tíre, níl aon ghá le fíricí casta. Beidh orthu an bosca a tharraingt ina gcóipleabhair mura bhfuil cóip déanta agat cheana do gach dalta.
- ✔ Cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu an tasc a dhéanamh.
- ✔ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad. Scríobh ar an gclár aon stór focal nua a tháinig chun cinn.
- ✔ Tá samplaí tugtha sna Freagraí.

## Réamhphlé 4

- ✔ Is gníomhaíocht é seo a chuireann an stór focal is deacra a bheidh san alt i láthair na ndaltaí.
- ✔ Abair le gach beirt na focail a cheangal leis na pictiúir (féach na Freagraí).
- ✔ Pléigh na focail leis an rang ina iomláine.

## Léamh

- ✔ Ba cheart go mbeadh cóip phriontáilte den alt ag gach dalta. Cuir i mbun léitheoireachta iad, ina mbeirteanna.

- ✔ Pléigh an t-alt leis an rang iomlán ansin agus cabhraigh leo le haon deacrachtaí a bheidh acu leis.
- ✔ Fiafraigh de na foghlaimeoirí faoi na pointí nach raibh eolas acu fúthu. Déan iarracht plé a chothú faoi na béasaí éagsúla.
- ✔ Léigh an t-alt leis an rang iomlán más gá.

## Iarphlé 1

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang agus téigh siar ar aon fhocal nach bhfuil ar eolas acu.
- ✔ Mínigh dóibh go mbeidh ar gach beirt cúpla abairt a scríobh síos faoi na béasaí agus nósanna atá muintir na hÉireann sna cásanna áirithe. Tá sampla tugtha.
- ✔ Pléigh na tuairimí a bhí acu agus scríobh aon stór focal nua a tháinig chun cinn ar an gclár.

## Iarphlé 2

- ✔ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang agus roinn i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar é.
- ✔ Abair le duine amháin as gach grúpa na tuairimí atá ag gach duine sa ghrúpa a scríobh síos.
- ✔ Téigh siar ar na tuairimí a bhí ag na grúpaí áirithe.

## *Freagraí*

### Réamhobair 3

| | |
|---|---|
| Meiriceá | Is tír réasúnta nua í. |
| Ceanada | Tá an Fhraincis ina teanga oifigiúil ann, chomh maith leis an mBéarla. |
| An Fhrainc | Tá François Hollande ina Uachtarán. |
| An Iaráin | Is é Tehran an phríomhchathair. |
| An India | Tagann an curaí ón tír seo. |
| Vítneam | Bhí droch-chogadh idir é agus na Stáit Aontaithe idir 1955 agus 1975. |
| An Téalainn | Is é an Búdachas an reiligiún is coitianta. |
| An Iodáil | Itear a lán pasta agus pizza ann. |
| An Spáinn | Glactar *siesta* i rith an lae go minic. |
| Sasana | Tá an mhonarcacht i gcónaí i mbéal an phobail. |
| Éire | Tá dhá theanga oifigiúil sa tír – an Béarla agus an Ghaeilge. |
| An Rúis | Óltar vodka ann. |
| Meicsiceo | Itear bia spíosrach ann. |
| An tSín | Tá geilleagar na tíre seo ag fás i gcónaí. |
| An tSeapáin | Bhí crith talún olc sa tír sa bhliain 2011. |
| An Chóiré | Tá an Chóiré Thuas agus Theas ann. |

### Réamhobair 4

Croith lámha – shake hands

Umhlaigh – bow

Cliabhrach – chest

Moslamach – Muslim

Cipíní itheacháin – chop sticks

Óstach – host

# 6D. Béasaí an domhain

**Sleamhnán 1**

## Béasaí an domhain
Réamhphlé 1

An féidir leat na tíortha seo a líonadh isteach ar an léarscáil?

1. Meiriceá 2. An tSeapáin 3. An Spáinn
4. Ceanada 5. An Téalainn 6. An Iodáil
7. Sasana 8. An tSín 9. An Iaráin
10. An Áise 11. An Chóiré 12. Meicsiceo
13. An Fhrainc 14. Vítneam 15. An Ríocht Aontaithe
16. An India 17. An Rúis 18. Éire



**Agus cad faoi:**
Meiriceá Theas, na Stáit Aontaithe agus an Meánoirthear?

**Obair bheirte:** suíomh na dtíortha liostáilte a aithint.

**Sleamhnán 2**

## Béasaí an domhain
Réamhphlé 2

An raibh an ceart agat?

1. Meiriceá 2. An tSeapáin 3. An Spáinn
4. Ceanada 5. An Téalainn 6. An Iodáil
7. Sasana 8. An tSín 9. An Iaráin
10. An Áise 11. An Chóiré 12. Meicsiceo
13. An Fhrainc 14. Vítneam 15. An Ríocht Aontaithe
16. An India 17. An Rúis 18. Éire




**Feasacht teanga, obair ranga:** dul trí fhoghraíocht, litriú agus suíomh gach tíre.

**Sleamhnán 3**

## Béasaí an domhain
Réamhphlé 3

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh smaoineamh ar aon phíosa eolais amháin faoi gach tír? Breacaigí síos bhur gcuid tuairimí sna spásanna cuí. Tá sampla amháin déanta!

| | |
|---|---|
| Meiriceá | Is tír réasúnta nua í. |
| Ceanada | |
| An Fhrainc | |
| An Iaráin | |
| An India | |
| Vítneam | |
| An Téalainn | |
| An Iodáil | |
| An Spáinn | |
| Sasana | |
| Éire | |
| An Rúis | |
| Meicsiceo | |
| An tSín | |
| An tSeapáin | |
| An Chóiré | |


**Obair bheirte:** píosa eolais faoi na tíortha tugtha; **plé ranga:** na freagraí a phlé.

**Sleamhnán 4**




**Stór focal, obair bheirte:** focail agus pictiúir a cheangal le chéile.

**Sleamhnán 5**



Béasaí an domhain

Léamh 1

Léigh an t-alt amach os ard leis an duine in aice leat.

Tá an domhan ina bhfuil muid inár gcónaí ar nós sráidbhaile beag na laethanta seo. Tá daoine ag taisteal i bhfad níos minice anois ná riamh, de bharr líon na n-aerlínte sa domhan atá ag cur eitiltí ar fáil ar chostas an-bheag ar fad. Tugann an t-idirlíon léargas an-leathan dúinn chomh maith ar chultúr agus ar stair thíortha eile. Ach, cad faoi na nósanna áirithe atá ag daoine i dtíortha eile, nósanna atá an-éagsúil ó na béasaí atá againn féin in Éirinn? Is minic a chothaíonn an easpa eolais seo ar chultúr eile achrann idir daoine.

**Ag beannú do dhaoine**

Croitheann daoine lámh le chéile i Meiriceá, Ceanada agus i Sasana agus iad ag féachaint sa tsúil ar a chéile ag an am céanna.


De ghnáth, ní bhíonn aon teagmháil fhisiciúil ann nuair a chasann daoine ón Áise le chéile den chéad uair.

Umhlaíonn daoine dá chéile sa tSeapáin, dá ísle a umhlaítear is ea is mó measa a léirítear don duine eile. Ní fhéachtar sa tsúil ar dhuine eile.

Sa Téalainn, ardaíonn muintir na tíre sin a lámha go dtí an cliabhrach, amhail is go raibh siad ag guí, agus umhlaíonn siad dá chéile. Ní fhéachann siad sa tsúil ar dhuine eile ach an oiread.

**Tasc léitheoireachta, obair bheirte:** os ard; **plé ranga:** ábhar an ailt.

**Sleamhnán 6**



Béasaí an domhain

Léamh 2

**Éadaí**

San Áise agus i dtíortha Moslamacha moltar gan aon chuid den chorp a nochtadh, go háirithe na mná.

Ní féidir bróga a chaitheamh sa teach sna tíortha seo: an tSeapáin, an tSín, an Chóiré, an Téalainn nó an Iaráin. Ba cheart iad a fhágáil taobh amuigh den doras tosaigh, agus iad fágtha go néata.

Sa tSín, deirtear gur droch-ádh é éadaí bána a chaitheamh.

**Bia agus deoch**

Is é an lón an béile is mó sa lá i Meiriceá Theas, sa Spáinn agus san Iodáil.

Is minic a mhaireann an lón nó an dinnéar i ndeisceart na hEorpa níos mó ná cúpla uair an chloig.

Is minic a dhéantar gnó le linn béile sa Ríocht Aontaithe.



Ní dhéanann na Meicsicigh nó na Sínigh gnó go deo agus iad ag ithe béile. Glacann siad sos maith agus iad ag ithe.

Itheann na Francaigh a lán feola agus ní maith leo feoil atá ródhéanta.

Itear feoil madra sa tSín, i Vítneam agus i gCóiré Theas. D'ití madraí ar fud an domhain fadó áfach, is as sin a thagann an téarma 'hot dog' i mBéarla. Feoil madra a bhí san ispín an chéad lá riamh.

Féach ar na pointí seo a leanas a bhí i leabhar taistil, chun comhairle a chur ar dhaoine maidir le hócáidí sóisialta i dtíortha éagsúla.

**Tasc léitheoireachta, obair bheirte:** os ard; **plé ranga:** ábhar an ailt, béasaí an domhain.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>**Béasaí an domhain** **Léamh 3**<br>➢ Más mian leat a léiriú go bhfuil an bia an-mhaith ar fad i dtíortha áirithe san Áise, is féidir leat do chuid beola a bhrú le chéile agus a oscailt arís. Is fearr torann an-láidir a dhéanamh agus é sin idir lámha agat.<br>➢ Sa Fhrainc, má chasann tú le cairde i gcaifé, mar shampla, tá sé drochmhúinte suí síos gan lámh a chroitheadh le gach duine nó gan póg a thabhairt dóibh siúd a bhfuil aithne agat orthu.<br>➢ San India agus sa Mheánoirthear, ní féidir leat ithe le do lámh chlé.<br>➢ Mura gcuireann tú do chuid cipíní itheacháin ar bharr do bhabhla nuair atá do dhóthain bia agat sa tSín, leanfaidh an t-óstach ar aghaidh ag tabhairt bia duit.<br>➢ Tá sé de nós ag na Meicsicigh agus ag formhór de mhuintir Mheiriceá Theas seasamh an-chóngarach duit agus iad ag caint leat. Is cuma cé chomh míchompordach is a mhothaíonn tú, níor cheart duit bogadh.<br>➢ Sa Rúis, mura n-ólann tú an méid céanna deochanna is a ólann an t-óstach, glacfar leat mar dhuine an-drochmhúinte ar fad.<br>➢ Go minic in Éirinn, críochnaíonn gach féasta le ceol agus damhsa. Bí cinnte go n-iarrfaí ort amhrán a chasadh.<br>➢ Agus tú sna Stáit Aontaithe, moltar duit do bhurgar a ithe chomh gasta agus is féidir, agus le do dhá lámh. Níor cheart duit iarracht a dhéanamh labhairt agus tú ag ithe. | **Tasc léitheoireachta, obair bheirte:** os ard; **plé ranga:** ábhar an ailt, béasaí an domhain. |
| Sleamhnán 8 | <br>**Béasaí an domhain** **Iarphlé 1**<br>**Béasaí in Éirinn**<br>**Cad iad na béasaí a bhaineann leis na nithe seo a leanas in Éirinn?**<br>Cúrsaí bia<br>Éadaí<br>Breithlaethanta<br>Breitheanna<br>Daoine Aosta<br>Cóisirí<br>Ceol<br>Ag beannú do dhaoine<br>Mar shampla:<br>*Ithimid dinnéar sách luath um thráthnóna, timpeall a sé a chlog.* | **Obair bheirte:** nósanna na hÉireann a bhreacadh síos; **plé ranga:** stór focal nua a chur ar an gclár. |
| Sleamhnán 9 | <br>**Béasaí an domhain** **Iarphlé 2**<br>**An bhfuil páistí an lae inniu chomh múinte céanna is a bhí ár seantuismitheoirí?**<br>Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus breacaigí síos bhur dtuairimí.<br>Mar shampla:<br>*Tá páistí inniu níos millte.* | **Obair ghrúpa:** tuairim a thabhairt agus a phlé. |

# 6E. Cúrsaí Comhshaoil: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Bunúsach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – cúrsaí comhshaoil |
| Stór focal | An timpeallacht agus an comhshaol |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá mhír físe ina bhfuil déagóirí ag déanamh cur síos ar chúrsaí comhshaoil ina saol féin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar na gníomhaíochtaí a nascadh le **Céimeanna Comparáide na hAidiachta**, Fócas ar Theanga.

## Réamhobair 1

- Iarr ar gach beirt an stór focal ar fad a ritheann leo a scríobh síos ina gcóipleabhair agus iad ag féachaint ar an sleamhnán.
- Pléigh na focail ar fad atá ag na daltaí agus cuir leo más gá.
- Bí cinnte go bhfuil liosta focal cuimsitheach ag gach foghlaimeoir.

## Réamhobair 2

- Léigh an stór focal atá ar an sleamhnán.
- Abair leis na daltaí aon fhocal sa liosta seo, nach bhfuil ar a liostaí féin, a chur lena liostaí féin.
- Tabhair deis do na foghlaimeoirí an stór focal seo a fhoghlaim.

## Éisteacht

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóirí ag caint faoin gcomhshaol.
- Abair leo éisteacht leis an mír uair amháin gan aon rud a scríobh.
- Léigh na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Maidir le ceist 1, beidh orthu tic a chur leis na focail sa liosta ina gcóipleabhair, a bhfuil na focail ón sleamhnán deireanach mar chuid de.
- Cuir an mhír ar siúl ar a laghad dhá uair eile, ag stopadh tar éis gach ceiste.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu (féach an script).

## Iarphlé 1

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leo agus abair leo an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- B'fhéidir go mbeidh sé dúshlánach go leor do na daltaí plé a dhéanamh ar na topaicí seo, ach más ea b'fhiú iarracht mhór a dhéanamh iad a ghríosú, mar is topaicí an-tábhachtacha iad, go háirithe ó thaobh feasacht chultúrtha de.
- Bí ag siúl timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta.


## Iarphlé 2

- Is tráth na gceist é seo a thástálann cé chomh glas is atá duine.
- Léigh na ceisteanna leo agus ansin tabhair tamall dóibh é a dhéanamh ina n-aonar ar dtús.
- Iarr ar gach beirt a bhfreagraí a phlé le chéile.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla cé chomh glas is atá siad.

## Scríobh

- Abair leis na daltaí cúig phointe a scríobh, faoi na rudaí dearfacha a dhéanann siad chun an timpeallacht a chaomhnú agus cúig phointe faoi na rudaí ar cheart dóibh a dhéanamh chun an timpeallacht a chaomhnú.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a thabhairt dóibh mar obair bhaile nó mar chuid den rang.
- Bailigh na píosaí scríbhneoireachta agus ceartaigh iad. Téigh siar ar aon deacracht a bhí ag na daltaí, duine le duine.

# 6E. Cúrsaí Comhshaoil

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 1 |  | **Ransú smaointe, obair bheirte:** cúrsaí comhshaoil; **obair ranga:** stór focal a bhailiú. |
| Sleamhnán 2 |  | **Obair ranga:** cur leis an stór focal; **foghlaim:** aon fhocail nua. |
| Sleamhnán 3 |  | **Tasc éisteachta:** ceisteanna le freagairt. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 4 | **Cúrsaí Comhshaoil** Iarphlé 1<br>Dúirt Bertie 'biní athchúrsála'. Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:<br>1. An mbaineann tú féin úsáid as focail Bhéarla agus tú ag caint i nGaeilge? Cén fáth?<br>2. An mbíonn níos mó focal Béarla ag cainteoirí dúchasacha ná ag daoine atá ag foghlaim na Gaeilge, dar leat?<br>3. An cuma má bhíonn an Ghaeilge agus an Béarla measctha le chéile sa chaint? Cén fáth?<br>GAEILGE BABY | **Feasacht chultúir, obair bheirte:** ceisteanna le freagairt faoi Bhéarlachas. |
| Sleamhnán 5 | **Cúrsaí comhshaoil** Iarphlé 2<br>Cé chomh glas is atá tú? Cuir ✓ leis na rudaí a dhéanann tú, agus ✗ leis na rudaí nach ndéanann tú.<br>1. An n-athchúrsálann tú na nithe seo a leanas:<br>gloine<br>ábhair phlaisteacha<br>páipéar<br>2. Má théann tú ag siopadóireacht, an nglacann tú do mhála féin leat?<br>3. An gceannaíonn tú earraí nó éadaí athláimhe riamh?<br>4. An siúlann tú chun na scoile nó an dtéann tú ar an rothar?<br>5. An múchann tú gach solas nuair a fhágann tú seomra? | **Obair aonair:** ceisteanna le freagairt; **obair bheirte, ranga:** freagraí le plé. |
| Sleamhnán 6 | **Cúrsaí comhshaoil** Iarphlé 2 (ar lean)<br>6. An ndúnann tú gach doras i do dhiaidh chun an teas a choinneáil istigh?<br>7. An gcasann tú an sconna as, agus tú ag scuabadh do chuid fiacla?<br>8. An ndíphlugálann tú gach gléas leictreach gach oíche?<br>9. An ndéanann tú iarracht bia agus earraí áitiúla a cheannach?<br>10. Má fheiceann tú bruscar ar an talamh, an bpiocann tú suas é?<br>**Cé mhéad ✓ as 10 a fuair tú? An duine glas tú? Cad faoin duine in aice leat?**<br> | **Obair aonair:** ceisteanna le freagairt; **obair bheirte, ranga:** freagraí le plé. |

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>**Cúrsaí Comhshaoil** Scríobh<br>Scríobh 5 rud a dhéanann tú ar son na timpeallachta; agus 5 rud ba cheart duit a dhéanamh níos fearr ar son na timpeallachta: | **Obair scríofa:** an timpeallacht. |

# **6F. Inimirce:** Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus foghraíochta na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – inimircigh in Éirinn |
| Stór focal | Cultúr agus teangacha na n-inimirceach in Éirinn |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Ní rang é a phléann cultúir eile amháin, ach pléitear cultúr na hÉireann (agus an Ghaeltacht go háirithe) i gcomhthéacs na gcultúr seo.

## Réamhobair 1

- ✔ Pléigh an chéad dá cheist leis an rang ina iomláine. Tá seans ann go mothóidh daltaí áirithe faoi bhrú mura bhfuil Gaeilge ag a dtuismitheoirí agus ba cheart na ceisteanna a phlé go mothálach dá bharr sin.
- ✔ Bí cinnte go bhfuil an struchtúr: ***Tá*** _______________ ***agam*** ag na daltaí. Bí cinnte chomh maith go bhfuil an forainm réamhfhoclach ***ag*** ar eolas ag na foghlaimeoirí: ***agam, agat, aige, aici, againn, agaibh, acu.***
- ✔ Iarr ar gach beirt an chéad dá cheist eile a phlé le chéile ar feadh tamaill.
- ✔ Pléigh thusa na tuairimí a bhí ag gach duine os comhair an ranga ansin. Déan iarracht an oiread agus is féidir plé maith a chothú anseo.

## Réamhobair 2

- ✔ Léigh amach a bhfuil ar an sleamhnán don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✔ Is é atá i gceist leis an sleamhnán seo ná a chur ina luí ar na daltaí go bhfuil fréamh amháin ag a lán focal, agus gur féidir a lán focal a chumadh má tá an fréamh ar eolas. Féach na Freagraí.

## Réamhobair 3

- ✔ Léigh amach a bhfuil ar an sleamhnán don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✔ Is cleachtadh é an ceacht seo ar an struchtúr: ***Tá*** _______________ ***agam***.
- ✔ Caithfidh na foghlaimeoirí tic a chur leis na scileanna / buanna má tá siad acu féin, ar dtús.
- ✔ Caithfidh siad ansin labhairt le gach duine sa rang le daoine a aimsiú a bhfuil na scileanna / buanna acu.
- ✔ Scríobh an comhrá seo ar an gclár má cheapann tú go bhfuil deacracht ag na daltaí leis an struchtúr.

- *An bhfuil ceol agat?*
- *Tá / níl. An bhfuil ceol* ***agatsa (agat féin)****?*
- *Tá / níl.*

- Cuir béim chomh maith ar an bhfoirm threise, atá i gcló dubh sa chomhrá thuas.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang a bhfuil na scileanna áirithe acu.
- Pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta.

## Éisteacht

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir ag caint faoin nGaeilge agus faoi inimircigh ina ceantar.
- Abair leo éisteacht leis an mír uair amháin gan aon rud a scríobh.
- Léigh na ceisteanna ar an sleamhnán leo le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- Cuir an mhír ar siúl ar a laghad dhá uair eile, ag tabhairt deise dóibh a gcuid freagraí a scríobh síos.
- Téigh siar ar na freagraí a bhí acu (féach an script).

## Iarphlé 1

- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad.
- Mínigh dóibh go dtuigeann tú nach mbeidh siad cinnte faoi líon na n-inimirceach in Éirinn ach go gcaithfidh siad buille faoi thuairim a thabhairt, bunaithe ar a gcuid taithí pearsanta féin.
- Bí ag siúl timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta. Féach na Freagraí.

## Iarphlé 2 / 3

- Iarr ar na daltaí an bosca atá ar shleamhnán **Iarphlé 2** a tharraingt ina gcóipleabhair. Bí cinnte go dtuigeann siad gach rud ann.
- Ansin, cuir **Iarphlé 3** in airde agus léigh trí gach píosa eolais le bheith cinnte go dtuigeann siad an t-eolas ar fad.
- Iarr ar gach beirt ansin na bearnaí sa bhosca a líonadh isteach le chéile.
- Abair leo sleamhnán **Iarphlé 1** a úsáid freisin, chun cuidiú leo.
- Bí ag siúl timpeall an ranga, ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta. Féach na Freagraí.

## Freagraí

### Réamhobair 2

Eisimirce – emigration
Inimirce – immigration
Imirceach – immigrant
*Imircigh – immigrants

*Ní gá an 'e' a bheith ann mar is leor an 'i' in –igh chun an riail 'caol le caol agus leathan le leathan a chomhlíonadh.

### Iarphlé 1


Na Polannaigh (Polannach)
Muintir na Ríochta Aontaithe (duine ón Ríocht Aontaithe)
Na Liotuánaigh (Liotuánach)
Na Nigéaraigh (Nigéarach)
Na Laitviaigh (Laitviach)
Muintir na Stát Aontaithe (duine ó na Stáit Aontaithe / Meiriceánach)
Na Sínigh (Síneach)
Na Gearmánaigh (Gearmánach)
Na Filipínigh (Filipíneach)
Na Francaigh (Francach)

### Iarphlé 2 / 3

| An Tír | An Duine | An Teanga | Gné chultúrtha |
|---|---|---|---|
| An Pholainn | Polannach | Polainnis | Is tír Chaitliceach í. |
| An Ríocht Aontaithe | Duine ón Ríocht Aontaithe | Béarla | Tá daonra de 62 milliún sa tír seo. |
| An Liotuáin | Liotuánach | Liotuáinis | Is é Vilnius príomhchathair na tíre seo. |
| An Nigéir | Nigéarach | Béarla | Tá 521 teanga cláraithe sa tír seo. |
| An Laitvia | Laitviach | Laitvis | Is daoine an-phríobháideacha iad seo agus tá an ceol an-tábhachtach dóibh chomh maith. |
| Na Stáit Aontaithe | Duine ó na Stáit Aontaithe | Béarla | Áirítear cathracha na tíre seo mar shamplaí den chomhleá cultúr (melting pot culture). |
| An tSín | Síneach | Sínis | Is í an ceathrú tír is mó sa domhan í. |
| An Ghearmáin | Gearmánach | Gearmáinis | Tá sé an-tábhachtach do na daoine seo a bheith eagraithe agus an teach slachtmhar. |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | Filipíneach | Filipínis | Nuair a chastar le daoine den chéad uair sa tír seo, beannaítear don duine is sine nó is tábhachtaí ar dtús. |
| An Fhrainc | Francach | Fraincis | Óltar a lán fíona sa tír seo. |


# 6F. Inimirce


<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>


</td>
<td>Obair ranga: dhá cheist le plé; gramadach: tá x agam; obair bheirte: dhá cheist eile le plé; plé ranga: an Ghaeltacht agus an Ghaeilge.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>


</td>
<td>Feasacht teanga, obair ranga: fréamh agus a thábhacht.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>


</td>
<td>Gramadach: tá x agam; an fhoirm threise – agam<u>sa</u>, agat<u>sa</u>; obair labhartha: ceisteanna le cur ar dhaoine eile.</td>
</tr>
</table>

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 4</td>
<td>
Inimirce Éisteacht<br>
Éist le Saoirse ag caint agus freagair na ceisteanna seo a leanas:<br>
<br>
1. An bhfuil Gaeilge ag tuismitheoirí na ndaltaí i scoil Shaoirse?<br>
2. An labhraítear Gaeilge sna siopaí i gceantar Shaoirse?<br>
3. Cén éifeacht atá ag na daoine nua, atá ag bogadh isteach sa cheantar, ar an nGaeilge?<br>
4. Cad iad na teangacha ar fad atá sa cheantar, dar le Saoirse?<br>
5. Cad a cheapann sí faoi na teangacha nua atá le cloisteáil sa cheantar?
</td>
<td>Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 5</td>
<td>
Inimirce Iarphlé 1<br>
Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an liosta de na grúpaí inimirceach atá againn anseo in Éirinn. Cad é an grúpa is mó, dar libh? Cuirigí an liosta in ord de réir líon na n-inimirceach in Éirinn, trí 1 a chur leis an ngrúpa is mó agus mar sin ar aghaidh.<br>
<br>
Na Liotuánaigh<br>
Muintir na Ríochta Aontaithe<br>
Na Filipínigh<br>
Na Laitviaigh<br>
Na Gearmánaigh<br>
Na Polannaigh<br>
Na Francaigh<br>
Muintir na Stát Aontaithe<br>
Na Nigéaraigh<br>
Na Sínigh<br>
<br>
Cad é an uimhir uatha? Is é sin conas a scríobhfá duine amháin as gach tír? Mar shampla:<br>
Liotuán<u>aigh</u> - Liotuán<u>ach</u><br>
Ná déan dearmad den riail thábhachtach sin – caol le caol agus leathan le leathan!
</td>
<td>Obair bheirte: imircigh in Éirinn, buille faoi thuairim a thógáil nuair nach bhfuil siad cinnte; gramadach: duine as tír faoi leith - uatha agus iolra.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 6</td>
<td>
Inimirce Iarphlé 2<br>
Líon na bearnaí sa bhosca. Tá cuid den eolas ar an gcéad sleamhnán eile.<br>
<table>
<tr><th>An Tír</th><th>An Duine</th><th>An Teanga</th><th>Gné chultúrtha</th></tr>
<tr><td>An Pholainn</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An Ríocht Aontaithe</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An Liotuáin</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An Nigéir</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An Laitvia</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Na Stáit Aontaithe</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An tSín</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An Ghearmáin</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Na hOileáin Fhilipíneacha</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>An Fhrainc</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>
</td>
<td>Obair bheirte: an bosca a líonadh isteach.</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 | <br>**Inimirce** **Iarphlé 3**<br>Seo roinnt eolais faoi na tíortha atá luaite ar an sleamhnán deireanach.<br>Gearmáinis, Sínis, Béarla, Filipínis, Liotuáinis, Fraincis, Laitvis, Polainnis.<br>Labhraítear a lán teangacha eile sna tíortha luaite go minic, ach níl anseo ach na teangacha oifigiúla.<br>❖ Is í an ceathrú tír is mó ar domhan í.<br>❖ Is é Vilnius príomhchathair na tíre seo.<br>❖ Óltar a lán fíona sa tír seo.<br>❖ Nuair a chastar le daoine den chéad uair sa tír seo, beannaítear don duine is sine nó is tábhachtaí ar dtús.<br>❖ Is daoine an-phríobháideacha iad seo agus tá an ceol an-tábhachtach dóibh chomh maith.<br>❖ Tá sé an-tábhachtach do na daoine seo a bheith eagraithe agus an teach slachtmhar.<br>❖ Áirítear cathracha na tíre seo mar shamplaí den chomhleá cultúr (melting pot culture).<br>❖ Tá 521 teanga cláraithe sa tír seo.<br>❖ Tá daonra de 62 milliún sa tír seo.<br>❖ Is tír Chaitliceach í. | **Eolas:** faoi thíortha agus faoi theangacha. |

# 6G. Mé féin & an Eoraip: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach – Measartha dúshlánach |
| Spriocanna | Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus foghraíochta na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an Eoraip |
| Stór focal | An Eoraip |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don Teastas Sóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.

## Réamhobair 1

- ✓ Ba cheart cóip phriontáilte a thabhairt do gach dalta, ach an sleamhnán a bheith in airde le linn na gníomhaíochta chomh maith.
- ✓ Léigh amach a bhfuil ar an sleamhnán don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Déan cleachtadh ar an bhfoghraíocht ag an bpointe seo, ag iarraidh ar na foghlaimeoirí na tíortha ar fad a léamh amach i do dhiaidh.
- ✓ Caithfidh na daltaí uimhreacha na dtíortha a mharcáil ar an léarscáil.
- ✓ Téigh siar ar a gcuid freagraí tar éis tamaill.

## Scríobh

- ✓ Iarr ar an rang cúig thír a roghnú ón liosta agus cúpla abairt a scríobh faoi na tíortha sin.
- ✓ Beidh castacht na n-abairtí ag brath ar chumas do ranga, ar ndóigh. Tá na cinn sa sampla deacair go leor. Is leor abairtí faoin mbia agus faoin aimsir, mar shampla.
- ✓ Bailigh na habairtí agus ceartaigh don chéad rang eile iad; nó ceartaigh os comhair an ranga iad.

## Léamh 1 / 2

- ✓ Léigh na treoracha atá ar shleamhnán **Léamh 1** leis an rang sa dóigh is go dtuigeann siad go maith a bhfuil le déanamh acu.
- ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí na ceannlínte a bhreacadh ina gcóipleabhair.
- ✓ Cuir sleamhnán **Léamh 2** in airde ansin agus iarr ar gach beirt na staitisticí a cheangal leis na ceannlínte a scríobh siad síos.
- ✓ Mínigh dóibh gur leor buille faoi thuairim a thabhairt, ach go gcaithfidh siad a bheith in ann a rá cén fáth ar roghnaigh siad amhlaidh.
- ✓ Déan iarracht ansin plé a chothú sa rang faoi na fadhbanna éagsúla a bhíonn i saol an déagóra agus conas a bhíonn na fadhbanna sin éagsúil leis na fadhbanna i dtíortha eile.

## Plé

- Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leo, ag iarraidh ar dhaltaí éagsúla abairtí a léamh amach os ard. Cuir béim ar an bhfoghraíocht arís.
- Téigh siar ar an stór focal deacair.
- Iarr ar gach beirt an dá cheist a phlé le chéile.
- Bí ag siúl timpeall an ranga ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cuidiú leo, le linn na gníomhaíochta.
- Pléigh a gcuid tuairimí ar fad ansin.
- Scríobh aon fhocail nua ar an gclár.

## Quiz 1 / 2

- Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad agus pléigh aon ní nach dtuigeann siad. Ná tabhair na freagraí dóibh go fóill.
- Iarr ar gach beirt an quiz a dhéanamh le chéile.
- Pléigh na freagraí leis an rang iomlán ansin.

## *Freagraí*

### Léamh 1 / 2

Bosca 1: na déagóirí a mhí-úsáideann alcól.

Bosca 2: na déagóirí is aclaí.

Bosca 3: na déagóirí a fhaigheann bás foréigneach.

### Quiz 1 / 2

1. 28
2. 12
3. 500
4. 17
5. 24
6. An Bheilg, An Ghearmáin, An Fhrainc, An Iodáil, An Ísiltír, Lucsamburg
7. An Bhruiséil
8. An Naoú Siansa le Beethoven
9. 'Aontaithe san éagsúlacht'
10. Málta

# 6G. Mé féin & an Eoraip

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
</td>
<td>Obair bheirte: tíortha an AE a aimsiú ar léarscáil; foghraíocht: ainmneacha na dtíortha a fhuaimniú i gceart.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
</td>
<td>Obair aonair, scríofa: abairtí a scríobh faoi chúig thír ón liosta.</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
</td>
<td>Léamh: ceannlínte a cheangal le staitisticí, buille faoi thuairim a thógáil; plé ranga: fadhbanna déagóra i dtíortha éagsúla.</td>
</tr>
</table>

## Sleamhnán 4

### Mé féin & an Eoraip
léamh 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Ceanglaígí na fíricí cearta leis na teidil chuí ón sleamhnán deireanach. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim, ach bí in ann a rá cén fáth ar roghnaigh sibh amhlaidh.

1.

| | |
|---|---|
| Na Stáit Aontaithe: | 30% |
| Éire: | 29% |
| An Ostair: | 28% |
| An Íoslainn: | 26% |
| Málta: | 21% |
| An Eilvéis: | 16% |
| Lucsamburg: | 13% |
| An Fhrainc: | 12% |

2.

| | |
|---|---|
| Na Stáit Aontaithe: | 35% |
| Ceanada: | 31% |
| Poblacht na Seice: | 28% |
| An Ostair: | 27% |
| Éire: | 27% |
| An Bheilg: | 24% |
| An Fhionlainn: | 24% |
| An Íoslainn: | 24% |
| Iosrael: | 24% |
| An Ísiltír: | 24% |
| An Ríocht Aontaithe: | 24% |

3.
*Amach as 100,000*

| | |
|---|---|
| Na Stáit Aontaithe: | 17 |
| Iosrael: | 4 |
| An Eilvéis: | 4 |
| Ceanada: | 3 |
| Éire: | 3 |
| An Nua-Shéalainn: | 3 |
| An Eastóin: | 2 |
| An tSualainn: | 2 |



**Léamh, obair bheirte:** ceannlínte a cheangal le staitisticí, buille faoi thuairim a thógáil; **plé ranga:** fadhbanna déagóra i dtíortha éagsúla.

## Sleamhnán 5

### Mé féin & an Eoraip
Plé

"Déagóirí ón Ríocht Aontaithe gafa i bhfáinne fí an aonteangachais"



Sin ceannteideal a bhí in alt sa *Telegraph*. Féach ar na pointí eile a bhí san alt:

- ❑ Is iad na déagóirí is fearr a labhraíonn teanga iasachtach ná déagóirí ón tSualainn, ó Mhálta agus ón Ísiltír.
- ❑ Is iad na déagóirí ón mBreatain na déagóirí is measa ó thaobh scríobh i dteanga iasachta de.
- ❑ Bhí déagóirí ón bhFrainc nach mór chomh holc le déagóirí ón mBreatain i labhairt i dteanga iasachtach.

1. **Cén fáth a bhfuil na Briotanaigh agus na Francaigh chomh holc ag labhairt teanga iasachta, dar leat?**
2. **An bhfuil déagóirí na hÉireann go maith ag labhairt teangacha dar leat? Cén fáth?**


**Léamh:** os ard; **stór focal:** míniú agus soiléiriú; **obair bheirte:** plé ar na pointí; **plé ranga:** tuairimí a roinnt.

## Sleamhnán 6

### Mé féin & an Eoraip
Quiz 1

1. Cé mhéad tír atá san Aontas Eorpach?
   ☐ 21 ☐ 24 ☐ 27 ☐ 28
2. Cé mhéad réalta atá ar an mbrat Eorpach?
   ☐ 5 ☐ 12 ☐ 28 ☐ 29
3. Cé mhéad duine a chónaíonn sa AE?
   ☐ 400 ☐500 ☐ 600 milliún
4. Cé mhéad tír ina bhfuil an euro in úsáid?
   ☐ 15 ☐ 24 ☐ 17
5. Cé mhéad teanga oifigiúil a labhraítear san AE?
   ☐ 17 ☐ 20 ☐ 24 ☐ 27
6. Cad iad na sé thír a bhunaigh an AE?
   - ☐ An Bheilg, An Iodáil, An Ísiltír, an Fhrainc, an Ghearmáin, An Spáinn
   - ☐ An Bheilg, An Ghearmáin, An Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg
   - ☐ An Bheilg, An Ghearmáin, An Fhrainc, an Iodáil, Málta, Lucsamburg
7. Cad í príomhchathair an AE (an chathair leis an líon is mó institiúidí de chuid an AE)?
   - ☐ Páras
   - ☐ An Bhruiséil
   - ☐ Strasbourg

**Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt faoin AE.

| | | |
|---|---|---|
| Sleamhnán 7 |  | **Obair bheirte:** ceisteanna le freagairt faoin AE; **plé ranga:** na freagraí a phlé. |

# Fócas ar Theanga
## An Aimsir Fháistineach: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Rialacha faoin aimsir fháistineach a mhúineadh do na foghlaimeoirí |
| Stór focal | Ginearálta |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***An duine agus an nádúr***, Aonad 6 (Mé féin sa saol mór). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aimsir fháistineach.

Bí cinnte go bhfuil na rialacha a bhaineann leis na briathra san aimsir láithreach ar eolas ag do rang sula dtosóidh tú ar an aimsir fháistineach.

## Freagraí

### Aimsir Fháistineach

- ✓ Tá **cuir** sa chéad réimniú mar nach bhfuil ach siolla amháin ann.
- ✓ Tá éirigh sa dara réimniú mar go bhfuil níos mó ná siolla amháin ann.
- ✓ Seo na deirí:

| An chéad réimniú - caol | An chéad réimniú - leathan | An dara réimniú - caol | An dara réimniú - leathan |
|---|---|---|---|
| -fidh<br>-fimid | - faidh<br>- faimid | - eoidh<br>- eoimid | - óidh<br>- óimid |

| | |
|---|---|
| **Dún** | **Ceannaigh** |
| Dúnfaidh mé | Ceannóidh mé |
| Dúnfaidh tú | Ceannóidh tú |
| Dúnfaidh sé / sí | Ceannóidh sé / sí |
| Dúnfaimid | Ceannóimid |
| Dúnfaidh sibh | Ceannóidh sibh |
| Dúnfaidh siad | Ceannóidh siad |
| An ndúnfaidh sé? | An gceannóidh siad? |
| Dúnfaidh / ní dhúnfaidh | Ceannóidh / ní cheannóidh |

### Aimsir fháistineach - ceisteanna

An ólfaidh tú?




An gcaithfidh mé?

An mbaileoidh sibh?

An imeoidh siad?

*Féach leathanach 1 – 20 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga:** An Aimsir Fháistineach

<table>
<tr>
<td>Sleamhnán 1</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: an aimsir fháistineach</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 2</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: an aimsir fháistineach</td>
</tr>
<tr>
<td>Sleamhnán 3</td>
<td>
</td>
<td>Gramadach: an aimsir fháistineach, na briathra neamhrialta.</td>
</tr>
</table>

# Fócas ar Theanga
## An Briathar Saor: Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Rialacha faoin mbriathar saor a mhúineadh do na daltaí |
| Stór focal | Ginearálta |

| Straitéisí Múinteoireachta Molta |
|---|

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Béasaí an domhain,*** Aonad 6 (Mé féin sa saol mór). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin mbriathar saor.

## **Fócas ar Theanga:** An Briathar Saor

### An Briathar Saor

Féach ar an mbriathar saor sna haimsirí éagsúla sa bhosca.

| An Briathar | An Aimsir Chaite | An Aimsir Láithreach | An Aimsir Fháistineach |
|---|---|---|---|
| Cuir | Ar cuireadh?<br>Cuireadh<br>Níor cuireadh | An gcuirtear?<br>Cuirtear<br>Ní chuirtear | An gcuirfear?<br>Cuirfear<br>Ní chuirfear |
| Glan | Ar glanadh?<br>Glanadh<br>Níor glanadh | An nglantar?<br>Glantar<br>Ní ghlantar | An nglanfar?<br>Glanfar<br>Ní ghlanfar |
| Fág | Ar fágadh?<br>Fágadh<br>Níor fágadh | An bhfágtar?<br>Fágtar<br>Ní fhágtar | An bhfágfar?<br>Fágfar<br>Ní fhágfar |
| Ionsaigh | Ar ionsaíodh?<br>Ionsaíodh<br>Níor ionsaíodh | An ionsaítear?<br>Ionsaítear<br>Ní ionsaítear | An ionsófar?<br>Ionsófar<br>Ní ionsófar |
| Bailigh | Ar bailíodh?<br>Bailíodh<br>Níor bailíodh | An mbailítear?<br>Bailítear<br>Ní bhailítear | An mbaileofar?<br>Baileofar<br>Ní bhaileofar |

**Gramadach:** an briathar saor

### An Briathar Saor

Cad is féidir leat a rá faoin mbriathar saor agus na pointí seo a leanas? Pléigh iad leis an duine in aice leat.

✓**An riail – caol le caol agus leathan le leathan.**

✓**'An' nó 'Ar' san fhoirm cheisteach?**

✓**An chéad réimniú vs an dara réimniú?**

✓**Séimhiú nó gan séimhiú?**

**Gramadach:** an briathar saor

# Fócas ar Theanga
## An Aidiacht – Céimeanna Comparáide:
## Nótaí an Mhúinteora

| | |
|---|---|
| Leibhéal | An Teastas Sóisearach |
| Spriocanna | Rialacha faoi chéimeanna comparáide na haidiachta a mhúineadh do na daltaí |
| Stór focal | Ginearálta |

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi ***Cúrsaí Comhshaoil,*** Aonad 6 (Mé féin sa saol mór). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoi chéimeanna comparáide na haidiachta.

## *Freagraí*


| **Míniú** | **Aidiacht** | **Tar éis *níos* agus *is*** |
|---|---|---|
| *Ní athraíonn aidiachtaí a chríochnaíonn le guta.* | Buí, uaine | níos buí, is uaine |
| *Caolaítear na haidiachtaí seo agus cuirtear **e** leo.* | Saor, daor | níos saoire, is daoire |
| *Leathnaítear –(i)úil go –(i)úla* | Polaitiúil, suimiúil | níos polaitiúla, is suimiúla |
| *Athraíonn –each go dtí -í* | Faiteach, aisteach | níos faití, is aistí |
| *Athraíonn –ach go dtí -aí* | Torannach, glórach | níos torannaí, is glóraí |
| *Athraíonn –aíoch go dtí -aíche* | Ionadaíoch, eolaíoch | níos ionadaíche, is eolaíche |
| *Baintear amach an 'i' in aidiachtaí a chríochnaíonn le –air agus leathnaítear iad.* | Socair, deacair | níos socra, is deacra |

| Breischéim na haidiachta | Sárchéim na haidiachta |
|---|---|
| Níos déine | Is déine |
| Níos faide | Is faide |
| Níos lú | Is lú |
| Níos teo | Is teo |
| Níos áille | Is áille |
| Níos fearr | Is fearr |
| Níos measa | Is measa |
| Níos fusa | Is fusa |
| Níos mó | Is mó |
| Níos fliche | Is fliche |
| Níos tréine | Is tréine |
| Níos breátha | Is breátha |
| Níos saibhre | Is saibhre |
| Níos leithne | Is leithne |
| Níos giorra | Is giorra |
| Níos raimhre | Is raimhre |

*Féach leathanach 58 – 61 sa leabhar ***Cogar Nua***

# **Fócas ar Theanga: An Aidiacht** – Céimeanna Comparáide

Sleamhnán 1



## An Aidiacht

Céimeanna Comparáide

Líon na bearnaí sa cholún ar dheis leis an bhfoirm cheart den aidiacht.

| Aidiacht | Tar éis *níos* agus *is* |
|---|---|
| buí | níos buí |
| Saor | |
| Polaitiúil | |
| Faiteach | |
| torannach | |
| Ionadaíoch | |
| socair | |

**Gramadach:** céimeanna comparáide na haidiachta.

Sleamhnán 2



## An Aidiacht

Céimeanna Comparáide

Cad faoi na haidiachtaí seo a leanas? Bí cúramach, tá siad eisceachtúil, ach tá siad feicthe agat go minic!

**Dian** ________ **Mór** ________
**Fada** ________ **Fliuch** ________
**Beag** ________ **Tréan** ________
**Te** ________ **Breá** ________
**Álainn** ________ **Saibhir** ________
**Maith** ________ **Leathan** ________
**Olc** ________ **Gearr** ________
**Furasta** ________ **Ramhar** ________

**Gramadach:** céimeanna comparáide na haidiachta, na heisceachtaí.

# Ceacht.ie

Cúrsa Gaeilge d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

## Treoir don mhúinteoir

Iarradh ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ábhar oiriúnach do theagasc na Gaeilge in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur ar fáil de bharr mí-oiriúnacht na dtéacsleabhar atá ar an margadh.

Cinneadh suíomh gréasáin a fhorbairt le hábhar físe, fuaime agus scríofa a bheadh oiriúnach do chainteoirí dúchais agus do chainteoirí líofa Gaeilge.

Faoi stiúir Shiuán Ní Mhaonaigh, scríobh Úna Nic Gabhann agus Aoife Ní Chonchúir an t-ábhar atá ar an suíomh. Treoir in úsáid an ábhair sin atá sa leabhar seo.



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta